

Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne agus Deargruathar Chonail Chearnaigh: Eagrán Criticiúil

Dhá Imleabhar
(Imleabhar a hAon)



NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lára Ní Mhaoláin, B.A.

Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
don chéim dochtúireachta

Scoil an Léinn Cheiltigh,
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Co. Chill Dara, Éire.
Ceann na Scoile: An Dochtúir Tadhg Ó Dúshláine

Stiúrthóir: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn
Mí Iúil 2008

Clár

Imleabhar a hAon: Dearbhú	3
Nóta Buíochais	4
Coimriú	5
Réamhrá	7
1. Cúlra an Scéil	12
2. Lámhscríbhinní agus Polasaí Eagarthóireachta	27
3. Teanga	67
4. Filíocht	126
5. Eagrán Criticiúil	155
6. Imleabhar a Dó: Nótaí	1
Aguisín 1. Eagrán Dioplómaitiúil	56
Aguisín 2. Laoithe Breise	135
Innéacs Daoine agus Ainmhithe	139
Innéacs Áiteanna	146
Leabharliosta	152

Dearbhú

Dearbhaím gur liom féin an saothar seo, agus go bhfuil tagairt déanta do shaothar nó d'fhoinse ar bith a d'úsáid mé sa tráchtas.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Mí Iúil, 2008

Lára Ní Mhaoláin

Nóta Buíochais

Ar dtús, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo stiúrthóir, an tOllamh Ruairí Ó hUiginn. Táim faoi chomaoin mhór aige as ucht a chomhairle agus a thacaíochta agus mé i mbun oibre ar an tráchtas seo. Go raibh míle maith agat, a Ruairí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Ceann Scoil an Léinn Cheiltigh, an Dr Tadhg Ó Dúshláine, agus le foireann na Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad; an Dr Brian Ó Catháin, an Dr Máire Ní Annracháin, an Dr Aisling Ní Dhonnchadha, agus an Dr Damien Ó Muirí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Tracey Ní Mhaonaigh agus le Gearóidín Uí Ruadháin chomh maith. Táim fíorbhuíoch den Ollamh Kim McCone as an bhfeabhas a chuir mé ar mo chuid Sean-Ghaeilge agus Laidine agus mé faoina threoir.

Táim an-bhuíoch den fhoireann i Leabharlann Eoin Pól II agus i Leabharlann Russell in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, agus de na foirne i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, i Leabharlann Náisiúnta na hAlban, in Acadamh Ríoga na hÉireann, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus san Institiúid Ard-Léinn, Baile Átha Cliath, as an gcúnamh agus an gcomhairle a thug siad dom agus mé ag baint úsáide as na háiseanna iontu.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo thuismitheoirí, Ben agus Anne, a bhí tuisceanach agus foighneach agus mé i mbun oibre, agus a thugann chuile tacaíocht dom i gcónaí. Táim fíorbhuíoch de mo dheartháireacha, Gary agus Stephen, agus de mo chairde, go háirithe Gareth McCarthy, Vicky Mulvihill, Laoise Ní Cheallaigh, Ciarán Mac Raghnaill, Philip Murphy agus Khalid Gamudi.

Coimriú

Is éard atá sa tráchtas seo agam eagrán úrnua den scéal *Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne agus Deargruathar Chonaill Chearnaigh*. Is scéal é a bhaineann leis an tSraith Ultach agus a bhfuil a chuid fréamhacha le fáil i dtréimhse na Sean-Ghaeilge, ach is le haimsir na Nua-Ghaeilge Moiche a bhaineann an leagan seo againne. Bás Chú Chulainn, sárlaoch na Rúraíochta, agus an díoltas a imríonn a chara agus a chomhalta, Conall Cearnach, ar a naimhde i ndiaidh a bháis atá mar bhunábhar an scéil, agus déantar plé ar na téamaí seo sa chéad chaibidil.

Tá traidisiún fada ag baint leis na lámhscríbhinní ina bhfuil an téacs seo le fáil, agus tá breis is 120 cóip aimsithe agam ón 15ú haois go dtí an 19ú haois. Tá siad curtha i liosta de réir na haoise ón gceann is sine go dtí na cóipeanna is óige, agus tá rangú déanta orthu sa dara caibidil. Tá an polasaí eagarthóireachta le fáil ag deireadh na caibidle seo.

An Nua-Ghaeilge Mhoch atá mar theanga an téacs, is as an gcéad cheathrú den 17ú haois an phríomhlámhscríbhinn. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an teanga, agus is uirthi siúd atá an tríú caibidil bunaithe. Tá anailís ar an ainmfhocal, ar an aidiacht, ar an mbriathar, ar an réamhfhocal agus ar an bhforainm mar atá siad sa scéal.

Is díol spéise é an luaineacht agus an neamhspleáchas a bhaineann le filíocht an téacs seo, agus déantar plé ar na gnéithe seo, agus ar mheadarachtaí na laoithe sa cheathrú caibidil.

Leanann an t-eagrán criticiúil mar aon le nótaí cuimsitheacha ar an téacs an méid sin. Tá an t-eagrán dioplómaitiúil le fáil mar aguisín, agus tá innéacsanna daoine, ainmhithe, logainmneacha, agus an leabharliosta ag deireadh an tráchtais.

RÉAMHRÁ

Is scéal é *Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne agus Deargruathar Chonaill Chearnaigh* (BMMM) a thugann cuntas ar mhórghné de shaolré an laoi Chulainn, mar atá, a oidheadh nó a bhás. Ó tharla gurb é Cú Chulainn sárlaoch na Rúraíochta ní hiontas gur dá shaolré atá roinnt mhaith de scéalta na sraithe seo tiomnaithe. Tá roinnt leaganacha againn de scéal a bhreithe, *Compert Con Culainn*¹, tá cur síos ar a mhacghníomhartha le fáil i gcorp na móireipice, *Táin Bó Chuailgne*², agus insíonn *Tochmharc Eimhire*³ faoin gcaoi a bhfuair sé iníon Fhorghaill Mhonaigh mar bhean chéile. Tá an méid seo ag teacht le pátrun idirnáisiúnta beathaisnéise an laoi⁴.

Dhá leagan de scéal a bháis atá tagtha anuas chugainn. Is le haimsir na Sean-Ghaeilge a bhaineann an chéad cheann (BMMM¹). Ar an drochuair, níl againn den téacs seo ach leagan as an Leabhar Laighneach (LL)⁵ atá easnamhach doiléir, mar aon le roinnt bheag sleachta eile atá i lámhscríbhinn dar teideal TCD H.3.18⁶. Is taobh le leagan eile a scríobhadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche (BMMM²) atáimid, dá bharr. Insint fhada fhoclach a bhfuil idir phrós agus fhilíocht ann atá i gceist. Trí chuid atá ann, mar atá (i) *Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne* (§§1-70 san eagrán agamsa), a thugann léargas ar bhás an laoi, (ii) *Deargruathar Chonaill Chearnaigh* (§§71-111), ina bhfuil cuntas ar an díoltas a bhaineann Conall amach ar naimhde Chú Chulainn i ndiaidh a bháis, agus (iii) *Laoi na gCeann* (§109), ar liosta é de na laochra a mharaigh Conall sa deargruathar. Tá teacht ar an leagan seo in 113 lámhscríbhinn idir an 15ú agus an 19ú haois, rud a léiríonn an tóir a bhí

¹ Féach Van Hamel 1933, 1-9, mar shampla

² O' Rahilly 1976, 13-26

³ Van Hamel 1933, 16-69

⁴ Maidir le heolas ar phátrún idirnáisiúnta beathaisnéise an laoi, féach Ó Cathasaigh 1977, 1-23

⁵ Best & O'Brien 1956, 442-57

⁶ Maidir le hachóimre agus plé ar an méid atá in LL agus TCD H. 3. 18, féach **Cúlra an Scéil (1.2)**

air trí na céadta, agus tá fianaise againn go ndeachaigh leaganacha de, agus go háirithe den tríú cuid, *LC*, isteach sa traidisiún béil in Éirinn agus in Albain⁷.

Bíodh go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le *BMMM*, níl eagrán sásúil ar fáil. Chuir J.H. Lloyd agus S. Hogan eagrán luath i gcló in *Irisleabhar na Gaedhilge*⁸. Tá cuid bheag de i gcló ag P. Ó Néill in *Mil na mBeach*⁹. D'fhoilsigh S. Ó Ceallaigh leagan iomlán sa téacsleabhar *Rudhraigheacht*¹⁰, ach ní luann sé a fhoinse. Is é an leagan a chuir A. G. Van Hamel i gcló in *Compert Con Culainn and Other Stories*¹¹, an leagan scolártha is mó a úsáidtear, ach ní leagan gan locht é. Bíodh go mbaineann sé leas as an lámhscríbhinn is sine den scéal (NLS 45, uimhir 1 ar liosta na lámhscríbhinní, féach 2.2), níl an téacs iomlán próis ann agus tá an chuid is mó den fhilíocht shiollach fágtha ar lár (níl ach cuid d'aon laoi amháin ann, *Uch a chinn, ón, uch a chinn*, §91 san eagrán agamsa). Cé gur bhain sé leas as lámhscríbhinn eile leis na bearnaí a líonadh, fiú ansin, níor chuir sé na laoithe i gcló san eagrán, ach rinne sé tagairt dóibh sna fonótaí. Ina cheann sin, tá an t-eagrán seo gan nótaí téacsúla, bíodh gur téacs é a bhfuil a riar féin de dheacrachtaí ag baint leis. Is léir, mar sin, go bhfuil gá le heagrán nua den scéal seo.

Is éard a chuir mé romham ar dtús, mar sin, eagrán criticiúil den scéal a chur ar fáil mar aon le nótaí téacsúla, plé ar na lámhscríbhinní, móránailís a dhéanamh ar an gcúlra liteartha agus forbairt an scéil a leanacht in Éirinn agus in Albain ó thaobh na leaganacha béil. Ní i bhfad a thóg sé orm a thuiscint, áfach, gur aidhm ró-uaimhianach a bheadh anseo de bharr gur scéal fada casta é a bhfuil teacht air i in

⁷ Maidir leis na leaganacha béil de *LC* in Albain, féach **liosta na lámhscríbhinní (2.2)**

⁸ Lloyd & Hogan 1901, 81, 145, 161, 177; 1907, 305, 321, 337, 353, 381

⁹ Ó Néill 1915, 48-56.

¹⁰ Ó Ceallaigh 1935, 59-107

¹¹ Van Hamel 1933, 69-133

113 lámhscríbhinn. Ar an ábhar sin, chinn mé ar dhíriú ar eagrán iontaofa criticiúil den téacs a chur ar fáil mar aon le nótaí téacsúla agus le cuntas ar an teanga, ar na lámhscríbhinní, ar an bhfilíocht agus ar an gcúlra ginearálta liteartha a bhaineann leis.

I seacht gcaibidil (mar aon le hagusíní, innéacsanna agus liosta léitheoireachta) atá an tráchtas roinnte. Cúlra an scéil atá mar ábhar an chéad chaibidil. Tugtar aird ar an seanleagan den téacs (*BMMM¹*), agus tá anailís ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an leagan seo agus *BMMM²*. Tá achoimrí ar *BMMM¹* agus *BMMM²*, agus cuntas ar théamaí an scéil le fáil freisin.

Tá plé ar na lámhscríbhinní sa dara caibidil. Tugtar eolas ar thraidisiún na lámhscríbhinní a bhaineann le *BMMM²*, tréimhse 400 bliain atá i gceist. Tá liosta de na cóipeanna a d'aimsigh mé ina bhfuil an scéal iomlán, nó cuid de, le fáil, agus déantar rangú orthu ar fad ina dhiaidh sin.

Is leis an bpolasaí eagarthóireachta a bhaineann an tríú caibidil, agus tá cuntas ar an teanga i gcaibidil 4 ina bhfuil plé ar an ainmfhocal, ar an aidiacht, ar an mbriathar, ar an réamhfhocal, agus ar an bhforainm, maille le samplaí agus staitisticí ón téacs.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bhfilíocht in *BMMM²*. 30 laoi atá sa phríomhlámhscríbhinn (NLS 72.1.38, uimhir 3 ar liosta na lámhscríbhinní, féach 2.2), dhá cheann eile atá le fáil ar leathanach atá ar lár sa chóip seo (§§42-46 san eagrán agamsa), agus trí cinn eile atá le fáil i roinnt bheag lámhscríbhinní eile (féach **na lámhscríbhinní, 2.1**). Tá teacht ar 35 laoi sa scéal, mar sin, mar aon le roisc agus próis fileata. Déantar plé iomlán ar na cineálacha filíochta agus a n-úsáid sa

chúigiú caibidil, tugtar aird ar an bhfilíocht in *BMMM*¹, agus leanann anailís ar mheadarachtaí na ndánta an méid sin.

An t-eagrán criticiúil féin atá sa séú caibidil, agus tá na nótaí téacsúla a théann leis le fáil i gcaibidil 7. Tugaim eolas ar phointí amhrais, ar charachtair, ar logainmneacha, agus ar phointí gramadaí sa chaibidil seo. Tá teacht ar an eagrán dioplómaitiúil agus ar na laoihe breise (féach thuas) sna hagusíní.

Ba mhaith liom go gcuirfidh an t-eagrán seo an scéal chun tosaigh arís, go bhfaighidh *BMMM* an plé atá tuillte aige, agus go gcuirfear dá réir leis an eolas atá againn le luathlitríocht na Gaeilge go ginearálta, agus leis an Rúraíocht agus le saolré Chú Chulainn go háirithe.

1. CÚLRA AN SCÉIL

1.1 Dhá leagan den scéal seo atá tagtha anuas chugainn; ceann ó thréimhse na Sean-Ghaeilge (*BMMM*¹) agus an leagan seo againne (*BMMM*²) ar le tréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche a bhaineann sé. Nós a bhí i dtreis go pointe áirithe leaganacha nua-chóirithe de sheanscéalta a chur ar fáil sa tréimhse seo; féach mar shampla *Oileamhain Con Culainn*¹² ar leagan cóirithe den dara leath de *Tochmarc Emire*¹³ é, *Oidheadh Chonnlaoidh*¹⁴ (< *Aided Énfir Aife*¹⁵), *Oidheadh Chloinne hUisneach*¹⁶ (< *Longas mac nUislenn*¹⁷), *Cath Maighe Tuireadh*¹⁸ (< *Cath Maige Tuired*¹⁹) etc. Ní hé gur athrú simplí teanga a rinneadh sna leaganacha seo. Is mó d'athchóiriú a bhí iontu inar athraíodh ní hamháin an teanga ach gnéithe den scéal freisin. Áitíonn Mac Giolla Léith (1993, 14-21), cuirim i gcás, go bhfuil a liacht sin éagsúlacht idir *Longas mac nUisleann* agus *Oidheadh Chloinne hUisneach* gur féidir breathnú orthu mar dhá scéal ar leith, agus tabharfar mórchuid athruithe faoi deara idir leaganacha luatha agus déanacha de scéalta eile ar caitheadh mar seo leo.

Is ag baint feidhme as leagan de *BMMM*¹ a bhí tiomsaitheoir *BMMM*² mar sin, agus an chéad cheist a gcaithfimid aghaidh a thabhairt uirthi anseo cé chomh mór i dtuilleamaí an tseanscéil a bhí údar *BMMM*². Tugaim anseo i mo dhiaidh thíos achoimre orthu araon.

1.2 *BMMM*¹:

¹² Ó hUiginn 2002

¹³ Van Hamel 1933, 16-68

¹⁴ Walsh, P. 1909. 'The death of Conlaoch son of Cuchulain', *Irishleabhar Mhuighe Nuadhat* 1909, 56-64; foilsithe freisin in *Éigse Suadh is Seanchaidh*. Baile Átha Cliath

¹⁵ Van Hamel 1933, 9-15

¹⁶ Mac Giolla Léith 1993

¹⁷ Hull 1971

¹⁸ Ó Cuív 1945

¹⁹ Gray 1982

Is sa Leabhar Laighneach (Best & O'Brien 1956, 442-57) a mhaireann an chuid is mó de sheanleagan an scéil seo (*BMMM'*). Ar an drochuair, tá an leagan seo bearnach agus easnamhach. Roisc don chuid is mó atá ann agus baineann deacrachtaí ar leith lena thuiscint. Chomh maith leis an méid atá in LL, tá blúirí den scéal céanna le fáil mar ghluaiseanna i lámhscríbhinn de chuid Choláiste na Tríonóide, TCD H.3.18, chomh maith. Ní hionann an méid atá sa lámhscríbhinn seo agus an méid atá in LL. Le tús an scéil a bhaineann sleachta TCD; ag pointe níos deireanaí ná sin a thosaíonn insint LL.

Tosaíonn an méid atá in TCD H.3.18 leis na forsaí atá i gcoinne Chú Chulainn á n-ullmhú. Tuigimid gur mar dhíoltas i mbás a n-aithreacha atá fúthu sin a dhéanamh. Dallann Meadhbh Clann Chailitín agus déanann sí amaidí díobh, agus foghlamaíonn siad na scileanna atá uathu, idir an draíocht agus an diabhlaíocht, chun Cú Chulainn a mharú. Cruthaíonn siad airm nimhe chomh maith, le cabhair ó Mhaine. Tuigeann na hUltaigh céard atá ar siúl acu agus gur chóir do Chú Chulainn Eamhain a fhágáil. Sin an méid den scéal atá in TCD H.3.18.

Osclaíonn téacs LL le caoga ríon ag nochtadh a gcíoch do Chú Chulainn agus leis na hUltaigh ag tabhairt thrí dhabhach uisce chuige chun an racht feirge atá air a mhúchadh. Ní théann sé isteach sa chath an lá sin, ach deir Clann Chailitín le Lughaidh mac Con Raoi go mbéarfaidh siad air an chéad lá eile.

Déanann Leabharcham iarracht Cú Chulainn a spreagadh chun catha le rosc gríosaithe (*At:rai, a Chú Chulainn, comérig..*)²⁰. Tuigeann sé go bhfuil an bás i ndán dó ach glacann sé leis toisc nach féidir leis é a sheachaint.

Déanann Cú Chulainn iarracht a bhrat a chur uime ach titeann an dealg agus deir sé rosc (*Ni bidba brat..*)²¹. Tuigeann sé gur rabhadh é go bhfuil an bás ag teacht. Réitíonn Laogh mac Rianghabhra an carbad (a bhris an Morrígú an oíche roimh ré mar níor theastaigh uaithi go rachadh Cú Chulainn sa chath), ach níl an Liath Mhacha sásta teacht leis. Labhraíonn Cú Chulainn leis an Liath (*Nibu gnáth, a Léith..*)²², agus sileann deora fola thar a grua. Téann Cú Chulainn i dtreo an chatha.

Faigheann sé deoch i dteach a mháthar altrama agus imíonn sé, castar triúr amaidí air agus iad ag réiteach cú ar an bhfulacht. Iarrtar air píosa den fheoil a ithe. Is geis dó cú a ithe, ach is geis eile dó dul thar fulacht gan páirt a ghlacadh sa bhéile. Tugtar feoil an chú dó ina lámh agus cuireann sé in aice lena cheathrú chlé í, agus cailleann sé an neart a bhí aige sna géaga sin. Comhartha báis é sin.

Faoi dheireadh, ionsaíonn Cú Chulainn an slua. Faigheann na forsaí comhairle ó Earc, agus deir sé rosc gríosaithe chun iad a spreagadh in aghaidh Chú Chulainn (*Comergid a fhiru Herend*)²³. Leanann an cath, baineann Cú Chulainn úsáid as roinnt de na cleasa atá aige agus maraíonn sé an-chuid

²⁰ LL 13779-13786

²¹ LL 13802-13805

²² LL 13818-13822

²³ LL 13925-13934

naimhde. Iarrann cáinte a shleá air agus maraíonn Cú Chulainn é agus naonúr fear atá taobh thiar de. Tarlaíonn sé sin trí huaire.

Baineann Earc úsáid as ceann de na hairm nimhe a chruthaigh Clann Chailtín chun an Liath Mhacha a ghortú, agus goineann Lughaidh Laogh mac Rianghabhra sa chaoi chéanna. Ionsaíonn Lughaidh Cú Chulainn féin leis an tríú ga. Téann Cú Chulainn chuig loch agus faigheann sé deoch uisce sula seasann sé le coirthe chun bás a fháil.

Nuair a fheiceann fir Éireann mar sin é, ceapann siad go bhfuil sé fós beo. Tá eagla orthu teacht ina threo, go háirithe nuair a thagann an Liath Mhacha chun corp Chú Chulainn a chosaint. Tuigeann siad go bhfuil an laoch marbh nuair a shuíonn badhbh ar a ghualainn. Dícheannann Lughaidh é ach baintear a lámh de nuair a thiteann claíomh Chú Chulainn as a lámh féin.

Nuair a fhaigheann Conall Cearnach scéala a bháis imíonn sé chun díoltas a imirt ar a naimhde. Tagann sé go dtí an áit a bhfuil Lughaidh mac Con Raoi, tá sé á fholchadh féin nuair a fheiceann sé Conall ag teacht. Deir sé nach cara é an t-aonmharcach atá ag teacht ina threo. Buaileann Conall agus Lughaidh le chéile agus leanann cath eatarthu. Níl ach lámh amháin in úsáid ag Lughaidh, agus mar sin, nasctar lámh Chonaill lena thaobh. Is é an Dearg Drúchtach, capall Chonaill Chearnaigh, a ghoineann Lughaidh ar deireadh. Dícheannann Conall é ina dhiaidh sin.

Téann sé ar ais go hEamhain leis an gceann, agus nochtar anam Chú Chulainn do mhná Uladh. Feictear sa spéir ina *shiaburcarpat* é agus deir sé

rosc faoi theacht na Críostaíochta. Ina dhiaidh sin, canann Eimhear laoi fhada faoi bhás an laoich. Dúnann an scéal mar sin.

1.3 *BMMM*²:

Tá *BMMM*² ag teacht lena bhfuil againn de *BMMM*¹ i gcuid mhaith de na sonraí. Ag teacht le stíl na haimsire, áfach, tá an leagan seo i bhfad níos foclaí agus cuirtear go mór le fad an scéil trí úsáid filíochta etc. Is léir gur ag obair ó sheanleagan den scéal a bhí scríobhaí *BMMM*² ach ní gá gurbh é an leagan atá in LL a bhí in úsáid aige.

Osclaíonn an scéal le maithe Uladh ag teacht abhaile tar éis buanna a fháil i gcathanna éagsúla. Deirtear gurb é an t-éacht is mó a rinne Cú Chulainn ná Cailitín agus a sheachtar mac is fiche a mharú in Táin Bó Cuailgne. Tá bean Chailitín ag iompar clainne nuair a mharaítear a fear céile agus beireann sí triúr mac agus triúr iníonacha. Tagann Meadhbh, banríon Chonnacht, chucu nuair a bheirtear iad agus déanann sí amaidí díobh. Imíonn siad ar fud an domhain chun scileanna a fhoghlaim le Cú Chulainn a mharú. Téann siad go hIfreann fiú, agus faigheann siad airm dhraíochta ó Bholcán (§§1-6).

Nuair a thagann siad ar ais go hÉirinn agus an draíocht foghlamtha acu, cuireann Meadhbh slua mór le chéile d'fhir Éireann ar mharaigh Cú Chulainn a n-aithreacha. Tá fonn díoltais orthu go léir (§§7-10).

Tugann Conchubhar agus muintir Uladh Cú Chulainn go Gleann na mBodhar chun Clann Chailitín agus an slua a sheachaint. Teipeann ar an bplean seo áfach, nuair a fheiceann Clann Chailitín an Dubh Saoileann agus an Liath Mhacha ar úrlár an ghleanna, agus tuigeann siad go bhfuil Cú Chulainn i

bhfolach ann. Baineann siad úsáid as an draíocht atá acu chun sluaite a chruthú as féar agus duilliúr (§§10-32).

Coilleann Cú Chulainn roinnt de na geasa atá aige nuair a fheiceann sé graí mheic Lir agus nuair a chloiseann sé cruit mheic Mannoir ar an bhfaiche. Tuigeann sé go bhfuil an bás i ndán dó (§§18-19).

Tá fonn mór ar Chú Chulainn an cúige a chosaint ach thug sé a bhriathar dá leannán (Niamh) nach rachadh sé in aghaidh an tslua gan cead a fháil uaithi. Tuigeann Badhb, iníon Chailtín, é seo áfach, agus baineann sí úsáid as an draíocht atá foghlamtha aici chun riocht Néimhe a chur uirthi féin, agus gríosann sí chun catha é. Ionsaíonn Cú Chulainn an slua (§§33-35).

Faigheann sé comharthaí báis nuair a thiteann an dealg as a bhrat agus nuair nach dtagann an Liath Mhacha chuige agus é ag iarraidh í a ghabháil. Nuair a thagann sí ar deireadh, sileann deora fola thar a grua. Faigheann sé rabhadh eile nuair a théann sé go teach a mháthar. Tá sé de nós aici deoch a thabhairt dó agus é ag dul ar thuras nó chuig cath, ach is lán le fuil atá an cupán gach uair a líonann sí dó é (§§36-46).

Téann sé go dtí an cath ina dhiaidh sin, cailleann sé cuid dá neart ar an tslí nuair a bhuaileann sé le hiníonacha Chailtín a thugann feoil chú le hithe dó (§§47-51). Ionsaíonn sé an slua agus tagann an riasradh air, agus baineann sé úsáid as na cleasa éagsúla atá aige. Maraíonn sé an-chuid de na forsaí atá ina aghaidh, ach tá an draíocht ag an slua agus faigheann siad an lámh in uachtar ar Chú Chulainn ar deireadh (§§52-69).

Cabhraíonn a ghiolla (Laogh mac Rianghabhra) leis dul chuig coirthe agus faigheann sé bás ina sheasamh, agus seo deireadh na chéad choda den scéal (*Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne*) (§70).

Leanann *Deargruathar Chonaill Chearnaigh* an méid sin. Scéal díoltais é seo seo ina maraíonn Conall Cearnach na naimhde go léir a bhí páirteach i mbás Chú Chulainn. Is ar laochas Chonaill a leagtar an bhéim anseo.

Ag tús na dara coda, déanann an Liath Mhacha iarracht corp Chú Chulainn a chosaint agus é ina sheasamh marbh leis an gcoirthe, agus fanann fir Éireann trí lá agus trí oíche sula dtéann siad ina threo mar gheall ar an eagla atá orthu, go dtí go dtéann an Bhadhb i bhfoirm éin chuige agus go suíonn sí ar a ghualainn. Dícheanntar ag an bpointe seo é (§§71-72).

Téann Leabharcham le scéala a bháis chuig Conall, agus imríonn sé díoltas ar naimhde Chú Chulainn. Dícheannann sé na laochra seo go léir, Lughaidh mac Con Raoi agus Clann Chailitín ina measc, cuireann sé na cinn ar an ngad atá aige, agus tugann sé d'Eimhear, bean Chú Chulainn iad (§§73-108).

Leanann an tríú cuid den scéal, *Laoi na gCeann*, é sin, laoi atá i bhfoirm chomhrá idir Eimhear agus Conall Cearnach atá i gceist, ina ndéanann Conall cur síos ar na cinn go léir a thug sé abhaile leis (§109).

Is léir ón méid cosúlachtaí atá idir an dá leagan den scéal go bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile agus gur ó leagan de *BMMM*¹ a shíolraíonn *BMMM*², cé nach gá gurb é

an leagan céanna é is atá in LL. Is gléineach a fheictear seo sna dánta sin atá le fáil sa dá leagan (féach **filíocht (4.2)**). An plota céanna atá iontu, don chuid is mó, ach tá *BMMM*² i bhfad níos faide, níos iomláine agus níos forbartha ná *BMMM*¹. Faighimid neart filíochta nach bhfuil sa seanleagan, agus déantar forbairt ar eachtraí nach bhfuil ach trácht déanta orthu in *BMMM*¹, mar shampla, an eachtra sin a thugann cur síos ar Chú Chulainn ag dul chuig a mháthair chun deoch a fháil sula dtéann sé go dtí an cath. In *BMMM*¹ níl ach 40 focal i gceist²⁴, ach baineann c.300 focal leis an eachtra seo, ina bhfuil meascán de phrós agus d'fhilíocht, in *BMMM*² (§§44-45).

Ina dhiaidh sin féin, tá roinnt eachtraí agus eolais in *BMMM*¹ nach bhfuil teacht orthu sa leagan seo againne. Ní luaitear an caoga ríon a nochtann a gcíocha do Chú Chulainn ag tús an tsleachta in LL²⁵ in *BMMM*². Deirtear in *BMMM*¹ gurb í Niamh bean Chonaill Chearnaigh²⁶, rud nach luaitear sa leagan ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, ina bhfuil cuntas ar Niamh mar leannán Chú Chulainn amháin. Tá an Morrígú le fáil mar charachtar sa seanleagan; briseann sí carbad Chú Chulainn mar tuigeann sí go marófar é nuair a rachaidh sé sa chath i gcoinne fhir Éireann²⁷, ach níl teacht uirthi mar charachtar in *BMMM*². In *BMMM*² is é Conall Cearnach a ghoineann agus a mharaíonn Lughaidh mac Con Raoi in *Deargruathar Chonaill Chearnaigh* (§107), ach is é capall Chonaill, an Dearg Drúchtach, a ghortaíonn go marfach in *BMMM*¹ é, agus dícheannann Conall ina dhiaidh sin é²⁸. Tá difríochtaí chomh maith idir an méid a leanann bás Chú Chulainn sa dá leagan. In *BMMM*¹

²⁴LL 13877-13880

²⁵LL 13673-13678

²⁶LL 13792

²⁷LL 13814-13816

²⁸LL 14153-14165

nochtar a anam do mhná Uladh tar éis dó bás a fháil, agus feictear sa spéir ina *shiaburcarpat* é²⁹. Canann sé rosc faoina bhás féin agus déanann sé tairngreacht faoi theacht na Críostaíochta agus Phádraig³⁰. Níl an méid sin le fáil in *BMMM*². Cé go bhfuil éagsúlachtaí idir an dá leagan, áfach, is léir ón méid cosúlachtaí sa phlota, sna téamaí, agus sna móitífeanna atá iontu go bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile.

Ní léir ar bhunús na teanga cén uair a cuireadh leagan seo na Nua-Ghaeilge Moiche ar fáil. Tá seanfhoirmeacha le hais foirmeacha nua le fáil sa téacs agus is léir ar líon agus ar éagsúlacht na lámhscríbhinní go bhfuil stair fhada seachadta agus fáis taobh thiar de. Is é an teagasc a bhí ag Thurneysen (1921, 73) faoin gceist, gur duine a bhí gníomhach sa 15ú haois a rinne an athnuachan ar an scéal. Ní hamháin sin, ach leagann sé roinnt saothar eile ar an ‘Modernisator’ céanna seo, mar atá, *Cath Ruis na Ríg*, agus *Foghlaim Con Culainn*. Tá méid áirithe amhrais faoi thuairim Thurneysen maidir le *Cath Ruis na Ríg* léirithe le deireanas ag Mac Gearailt (2004, 81-2) mar a mhaíonn sé gur sine ná an 15ú haois an leagan Nua-Ghaeilge den scéal. Áitíonn sé go bhféadfadh gur sine ná an 15ú haois freisin *BMMM*² ach níl mórán fianaise curtha ar fáil aige le bonn a chur faoina bharúil. Mar atá an téacs againn faoi láthair, ní féidir linn a rá ach gur cumadh sa 15ú déag (i.e. an dáta a leagtar ar an lámhscríbhinn is sine) nó tamall roimhe sin é. In éagmais fianaise inmheánaí, ní dóigh liom go mbeimis ag dul amú go mór dá gceapfaimis gur sa cheathrú nó sa chúigiú haois déag a rinneadh an t-athchóiriú seo ar an scéal.

²⁹ LL 14174-14176

³⁰ LL 14179-14215

1.4 Maidir le téamaí an scéil, is é an ceann is láidre agus is tábhachtaí, ní nach ionadh, ná téama an bháis. Baineann an scéal seo againne le seánra na *n-aideda* a bhfuil roinnt díobh tagtha anuas chugainn, mar shampla, *Aided Chonchobuir*, *Aided Fergusa*, etc.³¹ Gné bhunúsach de shaolré an laoich a bhás, ní hamháin i litríocht na Gaeilge ach i dtraidisiúin eile chomh maith³². Más duine é an laoch a ndearsnaíonn bunghnéithe a shaolré é, mar atá, a bhreith, a óige, a phósadh etc., ní hiontas go mbeadh bás neamhchoitianta aige.³³ Is faide an scéal seo go mór ná na *haideda* eile; fiú *BMMM'*, is faide a bhfuil tagtha anuas chugainn de ná na *haideda* eile de chuid na Rúraíochta.

Sa phlé atá déanta ag Melia (1978) ar na *haideda*, aithnítear dhá mhórmhóitíf: faigheann an laoch bás mar gheall ar bhean (mar shampla, Cú Raoi, Fearghus, Ailill, etc.), nó mar gheall ar gheasa a bhriseadh (mar shampla, Cú Chulainn, Conchobhar, Fear Diadh, Conall, etc.). Is minic a bhíonn an dá chúis fite fuaite sna scéalta chomh maith, mar atá sa téacs seo againne.

Briseann Cú Chulainn geasa éagsúla sa scéal seo. Is geis dó graí mheic Lir a fheiceáil agus cruit mheic Mannoir a chloisteáil, ach briseann sé na geasa sin go luath sa scéal:

do-chonnaire groigh mheic Lir aran bhfaithche 7 bá geis dó-san sin d'fhaicsin,
7 dar leis fós do-chualaidh cruit mheic Mannoir aran bhfaithche agá seinm go
súbhach síreachdach sírbhinn sásamhail 7 bá geis dó-san éisdeachd fris an
orgán síthe soineamhail-sin, 7 do athain Cú Chulainn as na neithibh-sin gur

³¹ Maidir leis na scéalta seo, féach Meyer 1906.

³² Maidir le saolré an laoich i dtraidisiún na hÉireann agus sa traidisiún idirnáisiúnta, féach Ó Cathasaigh 1977, 1-23.

³³ 'The manner of his [i.e. the hero's] death is extraordinary', Ó Cathasaigh 1977, 3 (ag tabhairt achoimre dó ar thuairimí Alfred Nutt).

coilleadh go firinneach fiadhnach a bhuadha, et gur briseadh a bhuaingheasa,
7 go dtáinig críoch a chaithréime.. (§18).

Sa dá chás seo, áfach, ní léir go raibh aon dul as aige. Is measa fós mar scéal aige é nuair a chastar Clann Chailitín air agus iad ag réiteach cú ar fhulacht. Tá sé faoi gheasa gan cú a ithe, ach is geis eile dó é dul thar fhulacht gan páirt a ghlacadh sa bhéile. Anseo arís ní féidir leis an chinniúint a sheachaint. Cailleann sé cuid dá neart nuair a thagann a ghéaga i dteagmháil leis an bhfeoil (§50). Sa chás seo, feicimid go bhfuil mná agus geasa fite fuaite i mbás an laoich. Is í Badhbh, iníon Chailitín, a chaitheann feoil an chú le Cú Chulainn agus a bheireann a neart uaidh, mar sin. Déanann mná Uladh iarracht Cú Chulainn a chosaint ar an gcinniúint, cé gur iarracht gan tairbhe í. Fiú Eimhear, bean Chú Chulainn, tá sí sásta ligean dá leannán Niamh tosaíocht a ghlacadh: “Ní rach-sa ann,” ar Eimhir, “agus eirgeadh Niamh ann ar ár mbeannachdain, ór is í is docra leis d’éara nó dh’eiteach.” (§30). Is tráthúil mar a chuireann Badhbh riocht Néimhe uirthi féin ina dhiaidh sin le Cú Chulainn a mhealladh chun a bháis.

Tá samplaí eile sa scéal de mhná a bheith mar chúis bháis ag an laoch. Ag tús an téacs cuireann Meadhbh slua mór le chéile in aghaidh Chú Chulainn, agus cuireann sí Clann Chailitín ar fud an domhain, agus go hlfreann fiú, chun iad a oiliúint le Cú Chulainn a mharú. Tá páirt aici i mbás an laoich, mar sin. Maidir leis an mBadhbh, chomh maith le feoil chú a thabhairt don laoch, foghlamaíonn sí draíocht maille lena deirfiúracha agus a deartháireacha chun Cú Chulainn a mharú, agus cuireann sí riocht Néimhe uirthi nuair a thuigeann sí nach rachaidh Cú Chulainn go dtí an cath gan cead a fáil uaithe (§33). Nuair a fhaigheann sé bás,

téann sí chuige i bhfoirm éin agus suíonn sí ar a ghualainn, rud a léiríonn d'fhir Éireann go bhfuil sé marbh, agus dícheanntar ina dhiaidh sin é (§71).

Chomh maith le mná agus geasa, tá baint mhór ag cúrsaí draíochta le bás Chú Chulainn sa scéal. Ní ghnáthlaoch é agus mar sin, ní fhaigheann sé gnáthbhás. Tá draíocht agus diabhlaíocht foghlamtha go maith ag Clann Chailitín, agus tá airm nimhe acu a fuair siad in Ifreann ó Bholcán. Cruthaíonn siad sluaite draíochta as féar agus duilliúir chun meascán mearaí a chur ar Chú Chulainn. Ar deireadh, maraítear le craoiseach dhraíochta atá ag Lughaidh mac Con Raoi é.

Mar sin, ní i ngeall ar chumas troda ná ar fheabhas laochra a fhaigheann Cú Chulainn bás, ach i ngeall ar dhraíocht agus ar choilleadh geas. Is bás dosheachanta é agus tá comharthaí báis le feiceáil tríd an scéal. Nuair a dhéanann sé iarracht éin a mharú, imíonn siad go léir slán uaidh (§10). Briseann sé a gheasa (§§18, 50), titeann an dealg óna bhrat agus gortaíonn sí a chos (§36), líonann a mháthair ballán dó trí huair agus é ar an mbealach go dtí an cath, ach tá sé lán le fuil nuair a dhéanann sé iarracht é a ól gach uair (§44), feiceann sé féin agus Laogh an Bhadhbh ag ní a fhaidhbhe cois abhann (§47), maraíonn sé dobharchú (§68), caoineann an Liath Mhacha deora fola (§70). Tuigeann sé go maith go bhfuil an bás i ndán dó i ndiaidh na comharthaí seo a fháil.

Tá an díoltas suntasach mar théama chomh maith, agus tá nasc idir an téama seo agus an bás, mar atá i scéalta eile na Rúraíochta (mar shampla, *Oideadh Chloinne hUisneach*³⁴). Is chun díoltas a imirt ar Chú Chulainn ar son mharú a n-aithreacha a thagann fir Éireann le chéile ina aghaidh, agus a théann Clann Chailitín ar fud na cruinne chun scileanna a fhoghlaim sa draíocht. Tá fonn díoltais ar

³⁴ Mac Giolla Léith 1993

Mheadhbh i ndiaidh an bhua a fuair Cú Chulainn in Táin Bó Chuailgne, agus cuireann sí an slua ollmhór le chéile ina choinne mar gheall air sin. Maraíonn Lughaidh mac Con Raoi ag deireadh na chéad choda den scéal é toisc gur mharaigh Cú Chulainn a athair féin.

Tá an díoltas go mór chun tosaigh in *Deargruathar Chonaill Chearnaigh*. Cuntas foiréigeanaigh é sin ina maraíonn agus ina ndícheannann Conall Cearnach na laochra go léir a raibh páirt acu i mbás a charad agus a chomhalta, Cú Chulainn mac Subhaltaigh. Is mar gheall ar dhílseacht do Chú Chulainn a imríonn Conall díoltas ar a naimhde. In *Aonmharcach sunn ar an maigh* (§84), mar shampla, míníonn Conall do Lughaidh gurb é fáth an easaontais eatarthu ná marú Chú Chulainn, agus go dtabharfaidh Lughaidh a cheann ar a shon sin.

‘Más tú do bhean a cheann de,
Do Choin gCulainn Muirtheimhne,
Fúigfear do cheann aran maigh,
I ndíoghail mhic Shubhaltaigh.’

Tá onóir agus cód an laochais le fáil mar théamaí sa téacs seo freisin. Is é Cú Chulainn cosantóir Uladh, agus mar sin, teastaíonn uaidh muintir Uladh a chosaint ó na forsaí ón taobh amuigh. Tuigeann sé go bhfuil an bás ag teacht ó na comharthaí éagsúla a fhaigheann sé (féach thuas), ach glacann sé leis an mbás go cróga, tuigeann sé nach féidir é a sheachaint, agus téann sé in aghaidh an tslua ina aonar chun Ulaidh a chosaint agus maithe an chúige sa Cheas Naoidhean. Níl sé sásta dul i bhfolach i nGleann na mBodhar mar tuigeann sé gur cúis náire í:

“Truagh sin,” ar Cú Chulainn, “ní maith an tráth óil nó aoibhneasa dhamh-sa anois, ⁷ ceithre hollchóigidh Éireann ag losgadh ⁷ ag luathargain an chóigidh, ⁷ Ultaigh san Cheas Naoidhean, et Conall i gcríochaibh allmharrach, et atáid fir Éireann dá rádh gurab ag teitheadh atú-sa, ⁷ atáid siad dom aithisiughadh ⁷ dom imdheargadh, ⁷ gidh eadh, muna bheitheá-sa [Cathfadh] ⁷ Conchobhar et Geanann ⁷ Feircheirtne ⁷ na fileadha ⁷ an bantrachd uile archeana, do rachainn-se dá n-ionnsaighe et do-bhéarainn dianscaoileadh námhad orra ionnas gomadh lia a mairbh ionáid a mbí. (§31).

Tuigeann sé a ról mar chosantóir Uladh, agus níl eagla air bás a fháil mar ‘is buaine bladh ná saoghal’ (§46), abairt a mheabhraíonn an dúshlán neamhfhaiteach a thug sé ar an saol ina mhacghníomhartha nuair a deir sé le Cathbad draoi *Acht ropa airderc-sa, maith lim cenco beind acht óenlá for domun. TBC 1, ll.640-1* (O’Rahilly 1976, 20)³⁵.

Castar téamaí móra láidre orainn sa scéal seo, mar sin, atá ceangailte agus fite fuaite lena chéile, go háirithe an bás agus an díoltas. Is trí theacht le chéile d’eilimintí éagsúla nach bhfuil smacht aige orthu (an draíocht, briseadh geas, mná, etc.) a mharaítear Cú Chulainn agus a théann Conall ar an deargruathar. Is cuntas drámatúil, foiréigneach ar bhás an laoi é atá fréamhaithe i dtréimhse na Sean-Ghaeilge, mar is léir ó na cosúlachtaí idir an leagan seo againne agus *BMMM*¹ ó thaobh na dtéamaí agus an phlota de. Bíodh go bhfuil difríochtaí suntasacha idir an stíl agus an fhilíocht idir an dá leagan, ní mór iad a chur i gcomparáid chun *BMMM*² a thuiscint go héifeachtach. Is sampla den scoth d’*aided* é an scéal seo a thugann léargas ar cheann de na hócáidí is tábhachtaí i saolré an laoi, a bhás.

³⁵ ‘Provided I be famous I am content to be only one day on earth’ (O’Rahilly, 1976, lch 143).

**2. LÁMHSCRÍBHINNÍ AGUS
POLASAÍ
EAGARTHÓIREACHTA**

Giorrúcháin:

RIA - Royal Irish Academy

MN - Coláiste Phádraig, Má Nuad

BM - British Museum

TCD - Trinity College, Dublin

NLI - National Library of Ireland

NLS - National Library of Scotland

BB – An Bhreatain Bhig

UCC - Coláiste Ollscoile Chorcaí: Cnuasach Uí Mhurchú

FLK - Franciscan Library Killiney

LC - Leabharlann na Cléire agus Mionchnuasaigh

CA - University Library Cambridge

OX - Bodleian Library at Oxford and Oxford College Libraries

Lámhscríbhinní

2.1 Is féidir linn an scéal seo a roinnt i dtrí chuid – 1) *Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne (BMMM)*, 2) *Deargruathar Chonaill Chearnaigh (DCC)*, agus 3) *Laoi na gCeann (LC)*. Bíodh go bhfaightear na trí chuid le chéile i roinnt lámhscríbhinní, tá teacht orthu mar théacsanna neamhspleácha freisin. Tharlódh go bhfuil sé amhlaidh mar gur scaradh lámhscríbhinní áirithe as a chéile mar a tharla i gcás NLI G 113-114 (uimhir 12 thíos), arbh iad an lámhscríbhinn chéanna ó bhunús iad. I gcásanna eile, áfach, is léir nach raibh na coda den scéal le chéile sa chóip riamh. Tá fianaise againn ar *BMMM* agus *DCC* a bheith i lámhscríbhinní éagsúla a scríobh an duine céanna, Tomás Ó hIceadha mar shampla, a scríobh *DCC* gan *BMMM* in 65 thíos, agus *BMMM* gan *DCC* in 83 thíos.

Go dtí seo, tá an scéal iomlán, nó cuid den scéal, aimsithe agam in 113 lámhscríbhinn. Maidir leis na cinn a bhfuil scrúdú déanta agam orthu, tá an scéal iomlán in 57 cóip, *BMMM* amháin atá i gceithre cinn déag, agus *DCC* amháin atá i seacht gcinn déag eile. Tá 20 lámhscríbhinn ina bhfaighimid *LC* ina haonar, gan aon phrós, dhá cheann ina bhfuil *LC* agus laoithe eile ón scéal gan aon phrós, agus trí cinn ina bhfuil filíocht amháin gan *LC* agus gan aon phrós. Níl cóip ar bith, áfach, ina bhfuil *BMMM* agus *LC* gan *DCC*, rud a léiríonn an dlúthbhaint idir *DCC* agus *LC*.

Tá leagan den scéal seo le fáil ó thréimhse na Sean-Ghaeilge sa Leabhar Laighneach (LL)³⁶. Ar an drochuair tá sé bearnach agus easnamhach doiléir, agus

³⁶ Best & O'Brien 1956, 442-457

roisc don chuid is mó atá ann. Ní thugann sé léargas iomlán dúinn dá bharr ar bhunús an leagain Nua-Ghaeilge seo. Maidir leis an leagan seo againne, a bhaineann le tréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, tréimhse 400 bliain atá i gceist leis na lámhscríbhinní. Is leis an gcúigiú haois déag a bhaineann an chóip is sine, NLS 72.1.45, (uimhir 1 ar an liosta thíos), agus is leis an naoú haois déag a bhaineann na cóipeanna is óige.

Cé gurb í NLS 72.1.45 an chóip is sine, agus go bhfuil tábhacht dá réir ag baint léi, níl sí oiriúnach mar phríomhlámhscríbhinn toisc nach bhfuil sí iomlán. I dtosach báire, tá tús agus deireadh an scéil ar iarraidh inti, agus tá sí doiléir in áiteanna eile. Anuas air sin, níl an chuid is mó de na laoithe atá sa scéal inti³⁷. Ar na húdair sin chonacthas dom gurbh fhearr cóip eile a roghnú mar phríomhlámhscríbhinn.

Is ar an gcóip is sine a bhfuil an scéal gar do bheith iomlán inti atá an t-eagrán seo agamsa bunaithe mar atá NLS 72.1.38 (uimhir 3 ar an liosta thíos a scríobhadh sa chéad cheathrú den 17ú haois). Tríd is tríd, tá sí soiléir agus soléite. Tá bearna amháin sa phrós áfach, (§§42-46³⁸), de bharr leathanach a bheith ar iarraidh inti. Chomh maith leis sin, tá trí laoi le fáil i roinnt bheag lámhscríbhinní níos deireanaí nach bhfuil le fáil in NLS 72.1.38³⁹. Mar sin féin, is sine go mór an lámhscríbhinn seo ná an chéad chóip eile a bhfuil an scéal iomlán inti⁴⁰ agus dá bharr sin is í NLS 72.1.38 an lámhscríbhinn ar a mbunófar an t-eagrán criticiúil.

³⁷ Tá cuid d'aon laoi amháin *Uch a chinn* (§91 san eagrán agamsa) le fáil in NLS 45.

³⁸ Tagairtí ar bith don téacs, is don eagrán seo agamsa atá siad.

³⁹ Tá trí laoi bhreise le fáil sna lámhscríbhinní seo: **BM Egerton 132, RIA 23 K 37, NLI G 457, NLI G 146**. Baineann an chéad laoi bhreise le *BMMM* agus tá an laoi bhreise seo amháin le fáil in: **TCD 1362** agus **NLS 72.2.9**. Is le *DCC* a bhaineann an dá laoi bhreise eile, agus faighimid iad gan an chéad laoi in **CA Add. 3085**.

⁴⁰ Is í an chéad lámhscríbhinn eile a bhfuil an scéal iomlán inti ná TCD 1362 (uimhir 8 ar an liosta thíos), a scríobhadh in 1691-1692.

Tugtar léamha malartacha as roinnt lámhscríbhinní eile, áfach, nuair a bhíonn difríochtaí nó pointí deacrachta i gceist, agus chun bearnaí a líonadh. Tugtar léamha malartacha as na lámhscríbhinní is sine nó is iomláine as gach mórghrúpa tábhachtach.

Tríd is tríd, is é an scéal céanna atá le fáil sna lámhscríbhinní ar fad, agus i roinnt cásanna is léir gur cóipeanna iad cuid díobh seo de lámhscríbhinní eile atá againn, mar shampla, dhá cheann atá aimsithe agam (uimhir **28** agus **87** ar an liosta thíos), a chríochnaíonn san alt céanna, (§68), agus a bhaineann leis an ngrúpa céanna (**B1**). I gcásanna eile, tá difríochtaí teanga, stíle agus foclaíochta le sonrú idir cóipeanna éagsúla. Tá plé déanta ag Ó Cuív (1952) ar a leithéid sa scrúdú a rinne sé ar an traidisiún téacsúil a bhaineann le *Párlament na mBan*. Ag trácht dó ar na deacrachtaí a bhaineann le lámhscríbhinní an téacs seo a rangú, deir sé:

Such difficulties in classification are commonplace in connection with texts like the present, which, owing to their popularity, were frequently copied, and with which it was the rule rather than the exception for the scribe to take liberties. The difficulties are increased by the fact that probably as many copies have been lost as have survived, so that in many cases the links between extant copies are missing. (Ó Cuív 1952, xviii)

Níor tháinig i gceist sa phlé aigesean ach 42 lámhscríbhinn. Tá an fhadhb chéanna aitheanta ag Mac Giolla Léith (1993) san eagrán a rinne sé ar an scéal *Oidheadh Chloinne hUisneach*, maidir leis na deacrachtaí a thagann i gceist i rangú lámhscríbhinní.

Bíodh go bhfágann na deacrachtaí sin nach féidir *stemma* cruinn a dhéanamh amach, is féidir mar sin féin, grúpaí garbha a dhéanamh de lámhscríbhinní an téacs againne a léiríonn, dar liom, sruthanna éagsúla seachadta. Is ar phátrún na laoithe, agus ar dhifríochtaí áirithe sa phrós féin, atá na grúpaí seo bunaithe. Cúig ghrúpa de na lámhscríbhinní atá aimsithe agam. Tá trí mhórghrúpa i gceist (**A**, **B**, agus **C**), agus tá foghrúpaí éagsúla le feiceáil taobh istigh de chuid díobh (**A1**, **A2**, **B1**, **B2**). Anuas air sin, tá dhá ghrúpa bheaga i gceist (**D** agus **E**) nach foghrúpaí iad de na mórghrúpaí thuas.

Is iad na laoithe na pointí difríochta is mó idir na leaganacha éagsúla. Baineann na difríochtaí seo le:

- a) líon na laoithe in aon lámhscríbhinn
- b) líon na véarsaí taobh istigh d'aon laoi
- c) hord na véarsaí (go pointe áirithe)

Is iad seo na laoithe atá sa scéal. Tá siad tugtha anseo agam mar atá siad san eagrán seo agus is d'ailt an eagráin seo atá na tagairtí:

I. Atáid sunna bhur n-airm áigh	§ 3, 3 véarsa
II. Dia bhur mbeatha, a sheisear saor	§ 5, 8 véarsa
III. A dhearbhráthair Dheitchine	§ 17, 4 véarsa
IV. Do coilleadh mo gheasa féin	§ 19, 6 véarsa
V. Gáir na sluagh um thealaigh dTeamhra	§ 21, 12 véarsa
VI. Atá gleó rom mheadhair	§ 26, 3 véarsa
VII. Éirigh, a Chú Chulainn	§28, 3 véarsa

VIII. A Chú Chulainn Cuailgne chruaidh	§ 34, 7 véarsa
IX. Ní biodhbha brat	§ 37, aon véarsa amháin
X. Níorsad eaglach n-oirmheata	§ 40, 7 véarsa
XI. A fhir, ná toirmisg ár séad	§ 48, 2 véarsa
XII. Do tolladh mo leith leat-sa	§ 51, 3 véarsa
XIII. Mochean duit, a Chú	§ 54, 5 véarsa
XIV. Goirt rom ghaoth, trém chneas chuanna	§ 64, 14 véarsa
XV. Rom ghabh aníú aigeadh eile	§ 69, 5 véarsa
<i><u>DCC:</u></i>	
XVI. Goirt rom gaoth	§ 75, aon véarsa amháin
XVII. Geibh mo charbad fort, a Léith	§ 78, 3 véarsa
XVIII. Cú Chulainn ba hamhra an ghein	§ 80, 4 véarsa
XIX. Dursan, a Chú Chulainn cháigh	§ 82, 5 véarsa
XX. Aonmharcach sunn ar an maigh	§ 84, 11 véarsa
XXI. Maine Móeibeart fochean	§ 86, 3 véarsa
XXII. Oidhidh Mhaoil agus Mhiodhna	§ 89, 3 véarsa
XXIII. Uch a chinn, ón, uch a chinn	§ 91, 14 véarsa
XXIV. Uchán ach, ón, uchán ach	§ 93, 14 véarsa
XXV. Sádhal suaimhneach sin, a Eirc	§ 96, 4 véarsa
XXVI. Ceann Cholla mheic Fáitheamhail	§ 99, 3 véarsa
XXVII. Cuilleann Bhreagh a bruachaibh Meadh	§ 101, 3 véarsa
XXVIII. Ní hiad na cairde rom char	§ 103, 3 véarsa
XXIX. An ghlaise-se Glaise Chró	§ 106, 4 véarsa

XXX. Laoi na gCeann (A Chonail, gidh hiad na cinn) § 109, 29 véarsa

Tá trí laoi bhreise i roinnt lámhscríbhinní nach bhfuil in NLS. 72.1.38. Is iad seo na laoi breise mar atá siad sa chóip is sine de na lámhscríbhinní seo (ls. 14 – **BM Egerton 132**). Is do na hailt a mbeidís iontu san eagrán seo atá na tagairtí agam:

XXXI. A Leabharcham luaimneach (*BMMM*) § 11, 4 véarsa

XXXII. Dún Dealgan an dún-sa thiar (*DCC*) § 92, 5 véarsa

XXXIII. Claoitear mo fheart budheasda (*DCC*) § 111, 11 véarsa

Anuas air sin, tá dhá laoi a bhaineann leis an leathanach atá ar iarraidh in NLS 72.1.38, agus mar sin, níl siad curtha san áireamh sa liosta thuas, is as RIA 23 K 37 (ls. 17 ar an liosta thíos) atá siad tógtha san eagrán criticiúil:

XXXIV. A Chathfaidh mheic Mhaoilchroich ó Charmhaigh § 43, 3 véarsa

XXXV. A Dheichtine, is fás do bhallán § 45, 4 véarsa

2.2 Liosta na Lámhscríbhinní:

Liosta atá anseo de na lámhscríbhinní go léir ar éirigh liom teacht orthu a raibh *BMMM* iontu. Is de réir dátaí atá siad liostaithe agus tugtar eolas faoin scríobhaí agus áit a scríofa má tá teacht ar an eolas sin. Is ar na catalóga éagsúla (féach an leabharliosta) atá an méid seo bunaithe. I gcás na mbailiúchán nach raibh catalóg lena n-aghaidh, (mar shampla, John Rylands, Manchain), bhreathnaigh mé ar na lámhscríbhinní ar fad sa chnuasach chun leaganacha den scéal a aimsiú. Fágтар

ainmneacha na scríobhaithe, logainmneacha srl. mar atá sna catalóga. Ní i gcónaí a luaitear an dáta ná áit a scríofa ach i roinnt cásanna bheadh eolas ar an scríobhaí ó fhoinní eile (- Ó Madagáin 1974, agus Ó Conchúir 1982, mar shampla), rud a chabhraíonn linn na bearnaí seo a líonadh, más go garbh féin é. Tá an grúpa lena mbaineann na lámhscríbhinní go léir curtha in iúl agam idir lúbíní. (Féach an plé thíos).

Is eol dom an scéal seo, ina iomláine nó codanna de, a bheith ar fáil sna 113 (?) lámhscríbhinn seo a leanas:

1. **NLS. 72.1.45.** *Dáta:* 15ú haois. *Scríobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. Seo í an lámhscríbhinn is sine den scéal, agus tá tábhacht dá réir ag baint léi, mar sin, bíodh nach í an chóip is iomláine. Níl na laoihe sa chóip seo, ach amháin cuid de *Uch a chinn, ón, uch a chinn* (§91 san eagrán againne), agus tá an chuid is mó den phrós inti. (A)

2. **NLS 72.1.37.** *Dáta:* 16ú haois, 1512-1529. *Scríobhaithe:* ‘Sir James MacGregor, Dean of Lismore, and his brother, Duncan MacGregor.’ *Áit:* Lios Mór (na hAlban). *LC* atá anseo. (E)

3. **NLS. 72.1.38.** *Dáta:* an chéad cheathrú den seachtú haois déag. *Scríobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. Tá an chóip seo in úsáid agam mar phríomhlámhscríbhinn. Tá an scéal iomlán inti, (ach amháin go bhfuil bearna i gceist de bharr chailliúint leathanaigh (§§42-46 san eagrán)), agus an chuid is mó de na laoihe (I-XXX). (A)

4. **FLK A 25.** *Dáta:* 17ú haois, c.1628. *Scríobhaí:* Meastar gurb é Brian Mag Niallghuis an scríobhaí. *Áit:* Ní luaitear. An chéad dá laoi sa scéal atá le fáil sa

lámhscríbhinn seo ach briseann an téacs ina dhiaidh sin. Ní féidir í a chur i ngrúpa le haon chinnteacht mar sin, ach réitíonn an dá laoi atá inti agus an rosc *A Chuagáin Mhuirtheimhne* (§20) leis an bpríomhlámhscríbhinn. (A)

5. **RIA C iv 3.** *Dáta:* 17ú haois. Tá an dáta ‘an cúigiú lá déag de Mheán Fómhair 1633’ ar *f65v*. *Scriobhaí:* Brian Mac Aodhagáin. *Áit:* Ní luaitear. Deireadh *DCC* amháin atá anseo. Tosaíonn an scéal in §105 san eagrán agamsa, agus na laoihe seo atá inti: ‘(An) (g)lais beag so bid Glais Cró’, (XXIX) agus ‘[Cho]naill cia hiet n(a) (cinn)’ (*Laoi na gCeann* (XXX)). Níl mórán den téacs le fáil sa chóip seo, ach réitíonn an méid atá le feiceáil le ls. 3 thuas, rud a fhágann gur le grúpa A a bhaineann sí. Tá éiginnteacht i gceist maidir leis an rangú seo mar gheall ar an méid atá cailte. (A)

6. **RIA 23 M 25:** *Dáta:* 17-18ú haois, 1684-1707. *Scriobhaí:* Eóghan Ó Caoimh. *Áit:* Co. Chorcaí agus Co. Chiarraí. Tá dhá shliocht próis i ngrúpa A nach bhfuil sa leagan seo, agus tá difríochtaí i bpátrún na laoihe idir an chóip seo agus grúpa A freisin. Déanfar plé níos iomláine ar an gceist seo i rangú na lámhscríbhinní féin (féach thíos). (B)

7. **NLS. 72.1.36.** *Dáta:* 17ú haois, 1690-1691 (an séú lá de Mhárta, 1691). *Scriobhaí:* Ewen MacLean (Eoghan Mac Gilleoin). *Áit:* Albain (?). *LC* amháin atá anseo. (E)

8. **TCD 1362.** *Dáta:* 17ú haois, 1691-1692. *Scriobhaí:* Eoghan McGillein (Hugh McLén) as Cantire, Argyll. *Áit:* Ceann Tíre (?). Tá laoi amháin bhreise (XXXI) sa chóip seo nach bhfuil sa phríomhlámhscríbhinn (NLS 72.1.38). (A)

9. **TCD 1376.** *Dáta:* 17ú-18ú haois, 1699-1702, ‘an tríochú lá de Mhárta, 1701-2’. *Scríobhaí:* Art O’Caoimh. *Áit:* Corcaigh (?). Tá an chóip seo neamhiomlán, mar go bhfuil sé nó seacht leathanach cailte ag tús an scéil. Tosaíonn an scéal in §13 san eagrán agamsa. **(B)**
10. **NLS. 72.2.9.** *Dáta:* deireadh na seachtú haoise déag nó tús na hochtú haoise déag (?). *Scríobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. An chéad chuid den scéal (*BMMM*) amháin atá ann. **(A1)**
11. **RIA 23 K 7.** *Dáta:* 18ú haois, 1700-1702. *Scríobhaí:* Domhnall Mac Donnchadha. *Áit:* Droichead na Ruachtuidhe, Co. Chiarraí. **(B1)**. Pléifear na héagsúlachtaí idir grúpa **B** agus grúpa **B1** i rangú na lámhscríbhinní **(2.3)** thíos.
12. **NLI G113-114.** *Dáta:* 18ú haois, 1700-1703. *Scríobhaí:* Uilliam Mac Cartáin (*Gulielmus Curtain*). *Áit:* Co. Chorcaí. *BMMM* atá in NLI G 113 agus *DCC* atá in NLI G 114, (an lámhscríbhinn chéanna ó bhunús atá iontu seo). **(B)**
13. **TCD 1354.** *Dáta:* 18ú haois, 1704-1713. *Scríobhaí:* Domhnall Mac Giolla Comhaill. *Áit:* Ní luaitear. *LC* atá sa lámhscríbhinn seo, maille le trí laoi eile, *Uch a chinn, ón, uch a chinn* (laoi XXIII), *Uchán ach, ón, uchán ach* (laoi XXIV), agus *Claidhtear an feart budheasda* (laoi XXXIII). Níl aon phrós ag baint leis an leagan seo. **(E)**
14. **BM Egerton 132.** *Dáta:* 18ú haois, 1712-1713. *Scríobhaí:* Richard Tipper. *Áit:* Baile Mhistéil in aice le Mullach Eadrad i mBaile Átha Cliath. Trí laoi bhreise atá anseo nach bhfuil sa phríomhlámhscríbhinn (XXXI, XXXII, XXXIII). **(A1)**
15. **MN C 98 (b).** *Dáta:* 18ú haois, 1714. *Scríobhaí:* Diarmaid Ó Conchubhair (*cf. 252i*). *Áit:* Ní luaitear sa chóip seo ach is i Luimneach a scríobhadh lámhscríbhinní

eile dá chuid – TCD H.2.5 in 1712 agus RIA 23 L 4 in 1713. *BMMM* atá anseo gan *DCC*. (A2)

16. John Rylands Ir. Ms. no. 78. *Dáta:* 18ú haois, 1717. *Scriobhaí:* Aindrias Mac Cruitín. *Áit:* Co. an Chláir. *BMMM* atá anseo gan *DCC*. (B1)

17. RIA 23 K 37. *Dáta:* 18ú haois, 1718 (lch. 245). *Scriobhaí:* Seón Mac Solaidh. *Áit:* Baile Hardaman, Co. na Mí. Tá na laoithe breise (XXXI, XXXII, XXXIII) anseo. (A1)

18. NLI G 18. *Dáta:* 18ú haois, 1721-1722. *Scriobhaí:* Conchubhar Óg Ó Cruadhlaoidh. *Áit:* ‘Leath. bar. Of Trughanacmy, Co. Kerry (pp. 388, 407), and at Lacka More, bar. Of Clanmaurice, Co. Kerry (p. 467)’. Tá an méid seo ag deireadh an scéil: *Arna sgríobhadh so an seiseadh la don midhe deich* (= Deire Fómhair) *die mars* (= Dé Máirt), *1722 le Conchubhar og O Cruadhlaoidh a Liad*. Níl na laoithe breise le fáil agus tá roinnt dánta eile ar lár tríd an scéal. (A2)

19. LC CF 22(b). *Dáta:* 18ú haois, 8-10-1725 ((a) 148i) – 25-4-1729 ((b) 54m). *Scriobhaí:* ‘ Sé Cornelius Lyen / Conchubhar Ó Laidhin príomhscriobhaí an leabhair’. *Áit:* Ní luaitear. (B)

20. RIA E iv 3. *Dáta:* 18ú haois, 1727 (lgh. 1, 108, 128, 171). *Scriobhaí:* Aindrias Mac Cruitín. *Áit:* Moyglass (Magh-ghlas), Co. an Chláir. Tá sliocht amháin atá i ngrúpa A nach bhfuil sa chóip seo, agus tá éagsúlachtaí le feiceáil sna laoithe freisin. Baintear úsáid as an lámhscríbhinn seo le léamha malartachta a chur ar fáil. (C)

21. RIA 23 M 47 (b). *Dáta:* 18ú haois, an cúigiú lá déag d’Aibreán 1734 (lch. 62). *Scriobhaí:* Aindrias Mac Cruitín. *Áit:* Co an Chláir. Tá píosa den téacs cailte ag an

tús, tosaíonn an scéal le: *mac Subhaltaigh do mharbh é. Do chuir Meadhbh fios ar Earc mac Cairbre 7 táinig Earc dá hionnsaighe.* (§8 san eagrán). (C)

22. TCD 3397. *Dáta:* 18ú haois, 1737. *Scriobhaí:* Phillip mac Braduighe. *Áit:* Ní fios. (B)

23. RIA 23 L 27. *Dáta:* 18ú haois, 1737-1738 (lgh. 54, 88i, 124i, 160, 162a, 212). *Scriobhaí:* Seán Ó Cinéide. *Áit:* ó Inis Córthaidh, Co. Loch Garmain. Tá an lámhscríbhinn seo neamhiomlán, tá píosa ar iarraidh i ndiaidh na dara laoi (§§15-31 san eagrán agamsa). (C)

24. LC CF 23. *Dáta:* 18ú haois, 1745-1747 (cf 39m, 96m etc.) 24-8-1747 an dáta is déanaí aige. *Scriobhaí:* Seán Ó Laochadh. *Áit:* Baile Átha Cliath. (D)

25. TCD 1287 (H. 1. 13). *Dáta:* 18ú haois, 1746. *Scriobhaí:* Tras-scríofa ag Hugh O' Daly. *Áit:* Ní luaitear. Níl na laoi the breise sa lámhscríbhinn seo, agus tá roinnt dánta eile ar iarraidh tríd an téacs, ach tá an próis iomlán anseo. (A2)

26. RIA 12 F 7. *Dáta:* 18ú haois, 1749-1750. *Scriobhaí:* Uillióg a Búrc (a Bource, A Bourc, Ulick a bourke). *Áit:* Co. Chorcaí; Unach, Co. Chorcaí (lgh. 179, 326, 341) = Annagh, Co. Chorcaí. *BMMM* atá anseo gan *DCC*. (C)

27. RIA 23 P 13. *Dáta:* 18ú haois⁴¹. *Scriobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. Críochnaíonn an scéal go neamhiomlán, ach níl ach méid an-bheag ar lár. Níl véarsaí 26-29 in *LC*. (A2)

28. RIA 24 C 38. *Dáta:* 18ú haois. *Scriobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. *BMMM* amháin atá anseo, gan *DCC*. Críochnaíonn an chóip seo go neamhiomlán, (§68 san eagrán). (B1)

⁴¹ I gcás na lámhscríbhinní nach dtugann aon eolas faoina n-aois ach amháin an céad a mbaineann siad leis, cuirim i lár an chéid iad.

29. MN C 38 (j). *Dáta:* 18ú haois. *Scríobhaí:* i bpeannaireacht Aindrias Mhic Cruitín. *Áit:* Co. an Chláir. Níl ach méid an-bheag den scéal le fáil sa lámhscríbhinn seo. Tá an chéad dá laoi inti agus leanann siad an pátrún atá i ngrúpa C maidir leis an méid véarsaí atá ar lár. Tá éiginnteacht i gceist maidir leis an ngrúpáil seo, áfach. (C)

30. NLS. 73.2.2. *Dáta:* Scríobhadh an chóip seo i lár na hochtú haoise déag. *Scríobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. Laoithe amháin gan aon phrós atá anseo. (E)

31. CA 10 (c) Add 3085. *Dáta:* 18-19ú haois, 1755 (f. 152v). *Scríobhaí:* Peadar Mha Ghuidhir mc Rudhraigh mc Conchúir. *Áit:* Ní luaitear. *DCC* atá anseo gan *BMMM*, agus tá dhá laoi as na trí laoi bhreise (XXXII, XXXIII) le fáil sa lámhscríbhinn seo (mar baineann an chéad laoi, XXXI, le *BMMM*). (A1)

32. NLI G 457. *Dáta:* 18ú haois, 1759. *Scríobhaí:* Pádrúig Ua Pronntuidh ‘ón Éirne’. *Áit:* Oiriaila. Ag deireadh an scéil tá: ‘Aig sin oidhe Chuchulainn conuige sin, airna sgríobhadh lé Pádrúig Úa Pronntuidh, mhic Néill, mhic Seathain 7c. ón Éirne, an treas lá do mhídh na Lúghnasa agus an bhliadhain daoís an Tighearna 1759.’ Tá na laoithe breise anseo (XXXI, XXXII, XXXIII). (A1)

33. RIA 24 B 26. *Dáta:* 18ú haois, 1760-1763. *Scríobhaí:* Uilliam Ó Cléire, as Rathaoín (Rathéen). *LC* amháin atá anseo, agus tá cúig véarsa breise ag tús na laoi sa chóip seo (‘Sgéala Con gCulainn ós ard’⁴²). (E)

34. RIA 23 C 26. *Dáta:* 18ú haois, 1761 (lgh. 176, 199). *Scríobhaí:* Seaghan Ó Conuill, a cCilliuird [Kilworth/Cill Uird], Co. Chorcaí. Tá an scéal neamhiomlán anseo, briseann an téacs ar lch. 292 den lámhscríbhinn le: *et a laogh, ar Eimhir, do*

⁴² Tugtar na véarsaí breise seo sna léamha malartacha ar *LC* sna fonótaí san eagrán criticiúil.

bhádhmairne seisear, (§92 san eagrán). Tagann *LC* roimh *BMMM* agus *DCC* sa chóip seo. (B1)

35. NLI G 296. *Dáta:* 18ú haois, 1763-1765. *Scriobhaí:* Donchadh Ó Floinn. *Áit:* Inis, Co. an Chláir. (A2)

36. NLI G 149. *Dáta:* 18ú haois, 1765. *Scriobhaí:* Míchéal Ó Horgain. *Áit:* ‘Achruim a gConntae Chiarraidhe’. Tá deacrachtaí ag baint leis an lámhscríbhinn áirithe seo. Tá doiléireacht i gceist i ngeall ar mharcanna ar na leathanaigh, agus tá duilleoga éagsúla san ord mícheart. Tá éiginnteacht sa rangú, mar sin. (C)

37. Longford – St. Mel’s College (Ardagh Diocesan Library), Ir. Ms. 3. *Dáta:* 18ú haois, 1766. *Scriobhaí:* Diarmaid Ó Mulchonaire. *Áit:* Luimneach. Níl i gceist sa chóip seo ach *LC*. (E)

38. RIA 23 N 14. *Dáta:* 18ú haois, 1766. *Scriobhaí:* Mícheál Mac Peadair Uí Longáin (1693-1770), agus Ribeárd Breathnach. *Áit:* Corcaigh. *LC* amháin atá anseo. Is ceann de na leaganacha é seo ina bhfuil cúig véarsa breise le fáil ag tús an dáin (‘Sgéala Con gCulainn ós ard’). Tá an t-eolas seo le fáil ag deireadh na laoi: ‘Ag sin agallamh Iobhar (Emer) le Conall Cearnach...le Ribeárd Breathnach ar an Baile mBreac an tan sin san mí Fabhra an 9ú lá déag 1766’. (E)

39. RIA 23 L 24. *Dáta:* 18ú haois, 1766-1769. *Scriobhaí:* Diarmuid Ó Mulchaoinne. *Áit:* Caisleán Hannraoi, Co. an Chláir. *LC* amháin atá anseo. (E)

40. RIA 23 C 22. *Dáta:* 18ú haois, 1767. *Scriobhaí:* Peattair Ó Fehín. *Áit:* Corcaigh. Véarsaí agus próis atá sa chóip seo, agus tá ‘Sgéala Con gCulainn ós ard’ le fáil ag tús *LC*. (B1)

- 41. RIA 24 B 16.** *Dáta:* 18ú haois, 1767-1768. *Scriobhaí:* Ríghrí Mac Raghnaill. *Áit:* Baile an Chaisleáin an Róistig. Tá an lámhscríbhinn neamhiomlán ag deireadh an scéil (*DCC*). Níl laoi ar bith eile i ndiaidh uimhir XX. **(B1)**
- 42. RIA 23 H 15.** *Dáta:* 18ú haois, 1768-1769. *Scriobhaí:* Ríghrí Mac Raghnaill. *Áit:* Corcaigh. Níl anseo ach véarsa amháin as laoi XXIII. **(E)**
- 43. NLI G 146.** *Dáta:* 18ú haois, 1770. *Scriobhaí:* Muiris O Gorman. *Áit:* Baile Átha Cliath. Tá na laoi breise (XXXI-XXXIII) sa chóip seo. **(A1)**
- 44. RIA 24 B 22.** *Dáta:* 18ú haois, c.1772. *Scriobhaí:* Tomás Ruiséal. *Áit:* Luimneach (?). Prós amháin atá anseo, agus faighimid *DCC* gan *BMMM*. Níl teacht ar *LC* ná laoi ar bith eile ann. **(A)**
- 45. BM Egerton 150.** *Dáta:* 18ú haois, 1773-1774. *Scriobhaí:* Seón Lloyd, file agus scríobhaí as Co. an Chláir. *Áit:* Luimneach. *BMMM* agus *DCC* atá le fáil sa lámhscríbhinn seo, agus ag deireadh an scéil tá: ‘Gurb í sin oíghidh Cuchollain et Dearguathar Chonuill Chearna gonuige sin. Finit a Loim na neach san Mí Ianuair aois Criost 1774 Seón Lloyd’. **(A2)**
- 46. RIA 23 M 47 (c).** *Dáta:* 18ú haois, 1776. *Scriobhaí:* Seaghán Ó Conuill (ó ls. a scríobh S. Ó. Murchadha). *Áit:* Cill Uird, i gCorcaigh. *DCC* atá anseo gan *BMMM*. **(C)**
- 47. RIA 23 H 16.** *Dáta:* 18ú haois, dátaí áirithe idir mí an Mheithimh, 1776, agus mí Eanáir, 1781. *Scriobhaí:* Seaghán Ó Dómhnail. *Áit:* Tugtar an áit ar lch. 205: ‘Tula Órbhuidhe ris a ráidhtear Tullerboy’ (i Luimneach). **(C)**
- 48. UCC Ir. Ms. no. 96.** *Dáta:* 18ú haois, 1780. *Scriobhaí:* Labhrás Ó Fuartháin. *Áit:* Pórt Láirge. **(B1)**

- 49. RIA 24 P 6.** *Dáta:* 18ú haois, c. 1780-1783. Ar lch. 274 tá: ‘Jany. the 8th 1783’ (Tosaíonn *BMMM* ar an lch. seo). *Scriobhaí:* John MacNamara. *Áit:* Ní luaitear. (C)
- 50. RIA 23 L 13.** *Dáta:* 18ú haois, 1782. *Scriobhaí:* Peadar Ó Conaill. *Áit:* Ní fios. *LC* amháin atá sa chóip seo, gan aon phrós. (E)
- 51. RIA 23 G 20.** *Dáta:* 18ú haois, 1786-1791. *Scriobhaí:* Mícheál Ó Longáin. *Áit:* Corcaigh, Ciarraí agus Luimneach. *LC* amháin atá anseo, le ‘Sgéala CongCulainn ós ard’ ag an tús. (E)
- 52. MN M 51.** *Dáta:* 18ú haois, 1792. *Scriobhaí:* Eoghan A’tShithigh (‘Owen Sheehey’, ‘Ógan bha tSeithig’ etc.). *Áit:* Ceann tSáile an t-aon log a luaitear. (D)
- 53. NLI G 501.** *Dáta:* 18ú haois, 1793-1796. *Scriobhaí:* Thady Kelly (Tadhag Ó Cao(i)l(u)idh [Ó Ceilidh, Ó Caoilidhe, Ó Cealuidh(e)]). *Áit:* Cloghanebegg (Moyarta, Co. an Chláir). Tagann *DCC* ar dtús sa lámhscríbhinn seo (lgh. 103-124), agus *BMMM* ina dhiaidh sin (lgh. 267-297). Tá briseadh eatarthu. (C)
- 54. RIA 23 G 21.** *Dáta:* 18-19ú haois, ó 1795 go 1797, agus cuireadh leis an lámhscríbhinn sna blianta 1800-1804, 1809, 1819, 1828. *Scriobhaí:* Mícheál Óg Ó Longáin. *Áit:* Corcaigh. Tá ‘Sgéal Chúchulainn ós ard’ le fáil ag tús *LC*. (B)
- 55. Gaillimh – Cnuasach Hyde – Ir. Ms. 6.** *Dáta:* 18-19ú haois, 1795-1805. *Scriobhaí:* Martin O Dea. *Áit:* Ní luaitear. *LC* amháin atá anseo. (E)
- 56. RIA 3 B 43.** *Dáta:* 18-19ú haois. *Scriobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. Tá an lámhscríbhinn seo neamhiomlán, níl *LC* ag an deireadh. Críochnaíonn an scéal in §107 san eagrán. (B1)

57. NLI G 314. *Dáta:* 19ú haois, 1800-1823, 1827, 1835, 1843. *Scriobhaithe:* Tomás agus Mícheal Ó Nial[í]áin (O Niulán(n)), James Tierney (Samous O Tieughurna), Wm. Looney, Monreal, Maria Mc Guane Ennistymon, Míochael Mac Giolla Phátrúig. *Áit:* Kilfenora? (is as Kilfenora é Tomás Ó Nial[í]áin). *LC* amháin atá anseo. (E)

58. RIA 23 L 16. *Dáta:* 18-19ú haois, 1802 (lgh. 16, 17, 33). *Scriobhaí:* Dáibhídh Barra (David Barry). *Áit:* Bánbhaile, Co. Chorcaí (?). Briseann an téacs go neamhiomlán le: *adubhairt ris a mhic ionmhuinn fan air mo chomhairle si aníú gan dul anaghaidh bhfear nEirionn*, (§38 san eagrán). Níl *BMMM* iomlán ann agus níl *DCC* ann. (C)

59. Gaillimh – Cnuasach Hyde – Ir. Ms. 25. *Dáta:* 19ú haois, 1803. *Scriobhaí:* Samuel Bryson. *Áit:* Béal Feirste. *LC* amháin atá sa chóip seo. Níl ach 18 véarsa i gceist. (E)

60. BM Add 18947. *Dáta:* 19ú haois, c.1804-1819. *Scriobhaí:* Seán Ó Réagáin. *Áit:* Cnocachuillin i gCo. Chorcaí. Tá: ‘Críoch leis sin 1804’ sa cholafan in *BMMM*. (B)

61. RIA 23 B 4. *Dáta:* 19ú haois, 1806-1815. *Scriobhaí:* Tomás Ó Críadáin. *Áit:* Ballibhadin agus Cluainín, i dTiobraid Árann. *DCC* atá le fáil anseo gan *BMMM*. Níl *LC* ag an deireadh. (B1)

62. RIA 23 G 10. *Dáta:* 19ú haois. *Scriobhaí:* (a) Séamus Brúghan (lch. 67) a thugann 1807 (lch. 67) mar bhliain scríbhneoireachta. Tá an bhliain 1805 scríofa níos luaithe, ar lch. 44 agus arís ar lch. 292. (b) Patruic Brúghan a scríobh ag Cill

Mhícheail, 1823 (lch. 227). *Áit*: Cill Mhícheail. Ar lch. 28 tá: *Deire le Brisleach béimionnach Mor na con*. Is véarsa é agus tugtar an dáta 1805 air. (C)

63. RIA 23 H 10. *Dáta*: 19ú haois, 1808. *Scríobhaí*: Seamus Ó Urthuille (James Hurley). *Áit*: Baile Chaisleáin Chinn Eich, Co. Chorcaí. Críochnaíonn an scéal go neamhiomlán, (§107 san eagrán). (B)

64. Gaillimh – Cnuasach Hyde – Ir. Ms. no. 13. *Dáta*: 19ú haois, 1809-1811. *Scríobhaí*: John Mac Mahon (Seaghan Mac Maghthamhna). *Áit*: ‘An Oilean Aorach Innis Da Dhromm’. Tagann *DCC* roimh *BMMM* sa lámhscríbhinn seo. Leanann *DCC* an pátrún atá le fáil i ngrúpa C, ach leanann *BMMM* an pátrún atá i ngrúpa B. Tá briseadh idir an dá chuid den scéal sa lámhscríbhinn. (D)

65. RIA 24 L 24. *Dáta*: 19ú haois, 1809-1842. *Scríobhaí*: Tomás Ó hIcheadha. *Áit*: Baile Grae i bPort Láirge. *DCC* amháin atá anseo. (C)

66. RIA 3 B 9. *Dáta*: 19ú haois, 1810-1814. *Scríobhaí*: Micheál Óg Ó Longáin. *Áit*: An Baile Breac, ‘láimh le Corca’. *LC* amháin atá anseo, le ‘Sgéala CongCulainn ós ard’ ag an tús. (E)

67. Gaillimh – Cnuasach Hyde – Ir. Ms. 21: *Dáta*: 19ú haois, 1811-1812. *Scríobhaí*: Michael Foren (M. Ó Forranán). *Áit*: Ní fios. *LC* amháin atá sa chóip seo. (E)

68. UCC – Cnuasach Uí Mhurchú 37, Táin Bó Cuailgne, Breisleach Mhór: *Dáta*: 19ú haois, 1812. *Scríobhaí*: Sheamas Mac Gilroi (Séamus Mac Giolla Ríogh). *Áit*: Baile an Scótaidh [Co. Mhuineacháin?]. *BMMM* atá anseo gan *DCC* agus críochnaíonn an scéal le: *Truagh sin, ar Cuchullann do gris bhí mo luth 7 mo neart 7*

mo lan cobliadh uille uam 7 muna beidis clann Cailitin ar namharach. (§50 san eagrán). (A1)

69. NLI G 185. *Dáta:* 19ú haois, 1812. *Scriobhaí:* Séamus Ó Niaghadh. *Áit:* Ní fios. *DCC* amháin gan *BMMM* atá le fáil sa chóip seo. Briseann an téacs in §92 san eagrán agamsa. (C)

70. RIA 24 A 7. *Dáta:* 19ú haois, 1812-1820. *Scriobhaí:* Duine de mhuintir Uí Longáin (?). *Áit:* Corcaigh (?). *DCC* amháin atá sa lámhscríbhinn seo, agus níl *LC* ag an deireadh. (B1)

71. RIA 3 B 11. *Dáta:* 19ú haois, 1813. *Scriobhaí:* Mícheál Óg Ó Longáin. *Áit:* Caruig-na-bhfear, Corcaigh. ‘Sgéal Chúchuluinn ós ard’ atá le fáil ag tús *LC*. (B)

72. UCC – Cnuasach Thorna, 45:89 / T.xIv. *Dáta:* 19ú haois, 1814. *Scriobhaí:* Piarus Móinséal (Piercius / Pierce Mansfield), ‘a ndún ar aill’. *Áit:* Dún ar Aill. Tá colafan ag deireadh an scéil: ‘Gonadh í sin Breisleach Muighe Murtheimne agus Oighidh Congchulainn gona (?) sin far na sgríobhadh le Piarus Móinséal, andúnairiail an 29mad do July 1814’. (B)

73. Éigse xix 1982 – Muileann gCearr 8. *Dáta:* 19ú haois, 1816. *Scriobhaí:* Mícheál Óg Ó Longáin. *Áit:* Corcaigh. (B)

74. OX 15 (Ir. e. 3). *Dáta:* 18-19ú haois. Níl aon dáta ann ach scríobh an fear céanna, Uilliam Breathnach, NLI G 161 sna blianta 1812-1813, scríobh sé cuid de NLI G 643 sa bhliain 1817, agus scríobh sé lámhscríbhinn eile, atá ag duine príobháideach, in 1813 agus 1817-1818. *Scriobhaí:* Uilliam Breathnach (William Walsh). *Áit:* Carraig Bheag, i bPort Láirge. *DCC* amháin atá anseo. (B1)

- 75. NLI G 100.** *Dáta:* 19ú haois, 1816. *Scriobhaí:* Seamus do Barra (James Barry). *Áit:* Corcaigh. *DCC* amháin atá anseo gan *BMMM*. Níl *LC* ann. **(B1)**
- 76. MN M 20.** *Dáta:* 19ú haois, 1817. *Scriobhaí:* Pól Ó Longáin. *Áit:* Corcaigh. *BMMM* agus *DCC* atá sa lámhscríbhinn seo. **(B)**
- 77. NLI G 356.** *Dáta:* 19ú haois, 1817-1823. *Scriobhaí:* Uilliam Ó Caithaoisa(igh). *Áit:* Traleí (Trá Lí). *DCC* amháin atá anseo. **(C)**
- 78. MN M 9.** *Dáta:* 19ú haois, 1818. *Scriobhaí:* Seághan Ó Muláin. *Áit:* Corcaigh. *LC* amháin. **(E)**
- 79. MN M 3.** *Dáta:* Ní fios. ('Lgh. 1-68 le Micheál Ó Longáin a ccorca san mbliaghain 1818'). *Scriobhaí:* Peter O Longan. *Áit:* Corcaigh (?). Tosaíonn an téacs ar lch. 208 sa lámhscríbhinn, agus níl ach véarsaí i gceist. Tá na laoithe seo sa lámhscríbhinn: II, V, XVIII, XX, XXVIII. **(E)**
- 80. RIA 24 A 12.** *Dáta:* 19ú haois, 1819. *Scriobhaí:* Séamus Ó Caoindealbháin. *Áit:* Luimneach. **(C)**
- 81. RIA E v 1.** *Dáta:* 19ú haois, 1819-1820. *Scriobhaí:* Pól Ó Longáin. *Áit:* Corcaigh. 'Sgéal Cúchuluinn ós ard' atá le fáil ag tús *LC*. **(B)**
- 82. NLI G 69.** *Dáta:* 19ú haois, c. 1821-1824. *Scriobhaí:* Ní fios. *Áit:* Ní fios. *LC* amháin atá anseo, le 'Sgéala Con gCulainn ós ard' ag an tús. **(E)**
- 83. RIA 24 L 26.** *Dáta:* 19ú haois, 1822-1827. *Scriobhaí:* Tomás Ó Iceadha. *Áit:* Baile Grae agus St. John's College, Port Láirge. *BMMM* atá anseo gan *DCC*. **(B1)**
- 84. Gaillimh – Cnuasach Hyde – Ir. Ms. no. 17.** *Dáta:* 19ú haois, 1822-1847. *Scriobhaí:* Dómhnal Mac Connsaidinn / Daniel Considine. *Áit:* Co an Chláir (?). Leabhar filíochta atá i gceist sa lámhscríbhinn seo, agus níl ach *LC* anseo. **(E)**

85. RIA 23 B 21. *Dáta:* 19ú haois, 1824 (lgh. 287, 327). *Scriobhaí:* Peattair Ó Longáin (lgh. 1-212, 243-327). *Áit:* a cCaraig na bFear [in aice le Corcaigh] (lch. 327). Tá ‘Sgéla Chúchulainn ós ard’ ag tús *LC*. **(B)**

86. MN R 70. *Dáta:* 19ú haois, ó 1825 (cf. 72i, 40i) go 1848 (cf. 269i, 270, 434, etc.). *Scriobhaí:* Micheál Ó Raghailliogh. *Áit:* Inis Díomáin. Tosaíonn *BMMM* ar lch. 74, agus ar lch. 97m tá an nóta: ‘Adeir Ó Flaithbhearta san stair ró sgríobh ar Éire gur éacc Cu Collain a nAois an Tighearna dhá bhlíadhan air mbeith seacht mbliadana fithchiod d’aois. Adeirid dronga eile lé seanchus gur triochad bliaghainn roimh bhreith Chríost a tugadh an caith so 7 sílim gurab iad is firinídhe.’ Leanann *DCC* ar lch. 98. **(B2)**

87. RIA 23 K 46. *Dáta:* 19ú haois, 1826 (lch. 43). *Scriobhaí:* Amhlaoibh O Suiliobhain. *Áit:* Co. Chill Chainnigh. *BMMM* atá anseo gan *DCC* agus tá an scéal neamhiomlán, críochnaíonn sé le: 7 iar rochtuinn gus an ccairthi do leig a ucht uirthi 7 tug. (§68 san eagrán). **(B1)**

88. LC CF 34. *Dáta:* 19ú haois, 5-2-1826. *Scriobhaí:* Tadhg Ó Conaill. *Áit:* Tobar Rí an Domhnaigh, i gCorcaigh. *BMMM* agus *DCC* atá anseo, agus ag deireadh an scéil tá: ‘Gurab íad soin Brisleach Mhór Mhaíge Muirtheimhne, Deargruathar Chonaill Cheárnaicc, et Laoi na gCeann, nó Agallamh Chonaill is Éimhir .i. bean Chúchuloinn, go nuige sin, le Tadhg Ó Conaill, lámh le Tobar Rígh an Dómhnaicc, Cois Laoí a ndeisgirt Múmhan, 5-2-1826’ (lch. 396m). **(B)**

89. RIA 23 L 6. *Dáta:* 19ú haois, 1826-1827 (dátaí éagsúla), lgh. 200, 237, 300. *Scriobhaí:* John O’ Daly. *Áit:* Lickoran, Port Lairge. Tá an chóip seo neamhiomlán:

tosaíonn *BMMM* ar lch. 301 agus críochnaíonn an scéal ar lch. 310 (§13 san eagrán).

Tá éiginnteacht sa ghrúpáil seo. **(B1)**

90. Ennis Co. Clare - County Library. *Dáta:* 19ú haois, 1829? *Scriobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. *LC* amháin atá anseo. **(E)**

91. NLI G 655. *Dáta:* 19ú haois, 1830. *Scriobhaí:* Daibhidh do Barradh. *Áit:* ‘a mBunasdó (a mBunastoicc) [Carraig Thuathail, Corcaigh]’. **(B1)**

92. UCC – Cnuasach Thorna, 62:63 (b) / T.Ixii. *Dáta:* 19ú haois, 1832. *Scriobhaí:* Tomás Ua Conchubhair. *Áit:* ‘a Londuin’. *DCC* atá anseo gan *BMMM*. *LC* atá le fáil ag an deireadh. Is í *LC* an t-aon laoi amháin atá sa chóip seo, ach leanann an próis an pátrún atá in **A**. **(A)**

93. UCC Cnuasach Uí Mhurchú 32:123.13. *Dáta:* 19ú haois, 1832. *Scriobhaí:* Tomas Uí Criadain ‘san cClórán’. *LC* amháin atá anseo, le ‘Sgéala Con gCulainn ós ard’ ag an tús. **(E)**

94. NLI G 490. *Dáta:* 19ú haois, 1834. *Scriobhaí:* Séamus Ua Caoindealbháin. *Áit:* Ráthcaithill, Luimneach. **(C)**

95. FLK A 59. *Dáta:* 19ú haois, 1835. *Scriobhaí:* Uilliam Ó Foghlúghadh. *Áit:* Carrick-on-Suir, Tiobraid Árann. Tagann *DCC* roimh *BMMM* agus tá briseadh eatarthu. Maidir le *BMMM*, briseann an téacs in §20 san eagrán agamsa. Ag deireadh an scéil tá: ‘Gona é sin Deargruathar Conaill Chearnach mc Amairgin, 7 bás Lughaidh mc Chonrí, Eirc Mhic Charbre 7 Clainne Cailitín. Lunasa 20, 1835’. **(D)**

96. RIA 24 A 29. *Dáta:* 19ú haois, 1835 (lgh. 84, 253, 326, 351, 386, 401, 404). *Scriobhaí:* Seán Ó Dreda. *Áit:* Corcaigh. Tá ‘Scéal Chúchulluinn os árd’ in *LC* ag an deireadh. **(B1)**

97. **TCD 1296.** *Dáta:* 19ú haois, 1839. *Scriobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. (A2)
98. **RIA 24 C 8.** *Dáta:* 19ú haois, 1842 (lch. 429). *Scriobhaí:* ‘Mícheál Ua Hánnracháin a gCeall Rois (Cill Ruis), a dtriúcha céad Chorca Bhaisgínn 7 a n-farthar Tíadhmhúmhan’. (D)
99. **John Rylands 95.** *Dáta:* 19ú haois, 1843. *Scriobhaí:* Seán Mac Mathghamhna. *Áit:* Inis Da Dhromm (?). (B2)
100. **RIA 24 A 23.** *Dáta:* 19ú haois, c.1843. *Scriobhaí:* Duine de mhuintir Uí Longáin, de réir dealraimh. *Áit:* Corcaigh (?). Tá ‘Sgéal Chúchulainn ós árd’ le fáil in *LC*. (B1)
101. **UCC - Deargruathar Chonail Chearnaigh (42.1).** *Dáta:* 19ú haois, 1845 (lch. 42). *Scriobhaí:* Seaghan Ua Dala. *Áit:* Baile Átha Cliath. *DCC* amháin atá anseo. (C)
102. **RIA 23 E 4.** *Dáta:* 19ú haois, 1847. *Scriobhaí:* Ní thugtar ainm an scríobhaí ach tá an lámhscríbhinn i scríbhneoireacht Nicholas Kearney. *Áit:* Ní luaitear. *BMMM* atá anseo gan *DCC*, agus tá an scéal aistrithe go Béarla freisin sa lámhscríbhinn seo. (D)
103. **Gaillimh – Cnuasach Hyde – Ir. Ms. no. 31.** *Dáta:* 19ú haois, 1847. *Scriobhaí:* Seághan Ó h-Aóidhe. *Áit:* An Chathair, Brogh na nDéise (?). *DCC* amháin atá anseo. Ag deireadh an scéil tá: ‘An deiceamhadh lá don mhídh ghríanach na Múighe míle ocht gceúd 7 cheithre chad agus a seacht mur aon sé sin blíadhain ar ttíghearna ar slánuíghtheóire Iósa Críost ar ndía’. (C)

104. **RIA 3 B 3.** *Dáta:* 19ú haois, 1848 (lgh. 147, 159). *Scriobhaí:* Pátrúig de Lóndre. *Áit:* Cionn Tráigh. *DCC* amháin. **(C)**
105. **NLI G 120.** *Dáta:* 19ú haois, 1849. *Scriobhaí:* Ioseph Ó Longáin. *Áit:* Corcaigh. Tá na véarsaí breise ag tús *LC*. **(B)**
106. **NLI G 423.** *Dáta:* 19ú haois. *Scriobhaí:* Seamus Ó Headh ‘ar an gCairig a gConte Hobaradárn’. *DCC* atá anseo gan *BMMM*. **(B1)**
107. **John Rylands 46.** *Dáta:* 19ú haois, 1852. *Scriobhaí:* Mícheál Mac Díarmada (?). *Áit:* Ní luaitear. *BMMM* agus *DCC* atá anseo agus tá an t-eolas seo ag deireadh an scéil: ‘Críochnaighthe ré Donnóhadh Uí Cheallaidh, Caisleánn Uí Chealladh, aois an Tíagharna míle ocht gcéud dhá bhliaghuin déag 7 dá fhithchiod’. **(B1)**
108. **UCC – Scéalta, etc. (14:96.9).** *Dáta:* 19ú haois, 1853 (lch. 56). *Scriobhaí:* S[éamas] Gudman(n). *Áit:* An Sciobairín i gCo. Chorcaí. *BMMM* gan *DCC* atá sa chóip seo. **(D)**
109. **BB A 26.** *Dáta:* 19ú haois, 1855 (lgh. [i], 59 [89]). *Scriobhaí:* Mícheál Mac Consaidín. *Áit:* Ní luaitear. *LC* amháin. **(E)**
110. **NLS 72.3.10.** *Dáta:* 19ú haois, 1871. *Scriobhaí:* Ní fios. *Áit:* Ní luaitear. *LC* amháin atá anseo. **(E)**

- Ní thugtar aois ar bith ar na lámhscríbhinní seo agus mar sin, is ag bun an liosta atá siad agam:

111. **John Rylands 87.** *Dáta:* Ní luaitear. *Scriobhaí:* Donchadh Mac Mathghamhuin (?). *Áit:* Ní luaitear. *DCC* atá anseo gan *BMMM*. **(B2)**

112. **NLS GU. Ms. Gen. 1090 (14).** *Dáta:* Ní fios. *Scriobhaí:* Ní fios. *Áit:* Ní fios. Laoi XIV amháin atá sa chóip seo, is as Gaeilge atá sí scríofa agus tá aistriúchán Béarla ar an gcéad seacht véarsa freisin. **(E)**

113. **Cashel, Co. Tipperary: GPA – Bolton [diocesan] Library 22 [formerly 4729].** *Dáta:* Ní luaitear. *Scriobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. *BMMM, DCC,* agus *LC* atá anseo. **(A2)**

- Cóipeanna d’fhillíocht agus go háirithe de *LC* ag Campbell atá thíos. Bailitheoir béaloidis é, agus tá seans maith gur leis an traidisiún béil a bhaineann na laoithe seo. Níl siad curtha i ngrúpa agam, mar sin:

NLS 50.2.8. *Dáta:* 19ú haois, 1871-1873 (?). *Scriobhaí:* J.F. Campbell (?). *Áit:* Niddry Lodge, Kensington (?). ‘Gaelic M.S. / 1872 / vol. xxii / Leabhar na Féinne’ atá mar theideal, agus laoithe amháin atá ann: XIV, XVIII, XX, XXIII, XXX (*LC*).

NLS 50.2.5. *Dáta:* 19ú haois, 1872. *Scriobhaí:* J.F. Campbell (?). *Áit:* Niddry Lodge, Kensington (?). ‘Gaelic M.S. / 1872 / vol. xix / Leabhar na Féinne’ atá mar theideal, agus *LC* amháin atá ann.

- Tras-scríobh as lámhscríbhinní eile atá sna cóipeanna seo a leanas, agus mar sin, níl siad curtha i ngrúpaí:

NLS. 72.3.11. *Dáta:* 17ú haois, 1603. *Scríobhaithe:* Eomhuin MacPhaill agus Ewen Maclean? *Áit:* Dunstaffnage in Albain. *LC* amháin atá i gceist anseo, agus tras-scríobh as dhá lámhscríbhinn eile, NLS 72.1.34 agus NLS 72.1.36 atá ann.

NLS 72.3.5. *Dáta:* 19ú haois, 1812. *Scríobhaí:* Ewen MacLachlan. *Áit:* Fortwilliam, Old Aberdeen. Níl an chóip seo scríofa sa litriú gaelach. Is tras-scríobh díreach é ón bpríomhlámhscríbhinn, NLS. 72.1.38.

Aberdeen University, King's College Library, AUL. Ms. 449. *Dáta:* 19ú haois, 1814. *Scríobhaí:* Tras-scríofa ag Ewen MacLachlan as *Leabhar Dhéan an Leasa Mhoir (LDLM)*. *Áit:* Old Aberdeen. *LC* amháin atá i gceist.

NLS 72.3.6. *Dáta:* 19ú haois, 1814. *Scríobhaí:* Tras-scríofa ag Ewen MacLachlan as *LDLM* ón séú haois déag. *Áit:* Old Aberdeen. Leagan de *LC* atá anseo.

NLS Ms. 3281. *Dáta:* 19ú haois, 1821-1824 (?). *Scríobhaí:* Ewen MacLachlan. *Áit:* Old Aberdeen (?). Is tras-scríobh i litreacha rómhánacha é seo ar an bpríomhlámhscríbhinn, NLS 72.1.38.

NLS 72.3.3. *Dáta:* 19ú haois. *Scríobhaí:* Ewen MacLachlan. *Áit:* Old Aberdeen. Tras-scríobh eile atá anseo as *LDLM*. *LC* amháin atá ann.

NLS 73.1.14. *Dáta:* Ní fios. *Scríobhaí:* Ní fios. *Áit:* Ní fios. Filíocht an téacs amháin atá sa chóip seo, níl aon phrós i gceist. *LC* atá anseo, maille leis na laoithe seo: XIV, XVIII (?), XXIII. Tugtar na dánta seo mar atá siad in NLS 73.2.2.

The Carmichael-Watson Collection 273 x. *Dáta:* Ní fios. *Scríobhaí:* Ní fios. *Áit:* Ní fios. *LC* atá anseo, maille leis na laoithe eile seo: XVIII, XXIII. Is tras-scríobh as NLS 73.2.2 é.

The Carmichael-Watson Collection 284 i-iv. *Dáta:* Ní fios. *Scriobhaí:* Alexander Cameron. *Áit:* Arran in Albain. *LC* amháin atá i gceist. Leaganacha éagsúla den laoi atá le fáil sa chóip seo, is as NLS 72.3.5 (ar thras-scriobh é sin ar NLS 72.1.38) agus NLS 72.1.37 (*LDLM*) iad.

The Carmichael-Watson Collection 288 viii agus xvii. *Dáta:* Ní fios. *Scriobhaí:* Alexander Cameron. *Áit:* Arran. *LC* amháin atá le fáil sa lámhscríbhinn seo. Tá leagan Béarla le fáil sa chóip seo freisin. Is leagan Nua-Ghaeilge é de *LC* mar atá sí in *LDLM*.

The Carmichael-Watson Collection 309 iii-iv. *Dáta:* Ní fios. *Scriobhaí:* Alexander Cameron. *Áit:* Arran. Dhá leagan de *LC* atá tógtha as na lámhscríbhinní NLS 72.1.38 agus 72.1.36 atá anseo.

NLS 73.2.7. *Dáta:* Ní fios. *Scriobhaí:* Donald C. MacPherson. *Áit:* Ní fios. *LC* atá anseo. Is leagan ceartaithe é de na dánta a chuir MacLauchlan agus Skene i gcló in 'Dean of Lismore's Book'.

- Aistriúcháin Bhéarla ar an scéal atá sna lámhscríbhinní seo a leanas. Ó tharla go bhfuil teacht orthu sna catalóga, tugaim i mo dhiaidh thíos iad, ach níl siad curtha sa phríomhliosta ná i ngrúpa ar bith agam. Níl ach gluaiseanna in TCD 1337 agus mar sin, cuirim ag bun an liosta é chomh maith:

NLS 72.3.4. *Dáta:* 19ú haois, an cúigiú lá is fiche de Bhealtaine, 1812. *Scriobhaí:* Ewen MacLachlan. *Áit:* Old Aberdeen. Is achoimre Bhéarla ar an scéal í, agus tá tagairt do *LC* ag an deireadh.

NLI G 295. *Dáta:* 19ú haois, dátaí éagsúla idir 1838 agus 1854. *Scríobhaí:* Ní fios. *Áit:* Ní fios. Aistriúchán Béarla de *LC* atá le fáil anseo.

NLS 50.2.4. *Dáta:* 19ú haois, 1871. *Scríobhaí:* Eachuin Mac Cisaig (?). *Áit:* Baineann ábhar na lámhscríbhinne seo leis na háiteanna seo in Albain: Muile, Tiriodh, Barraigh, an tEilean, Sgitheanach, Mingulay, Uibhist a Tuath agus Uibhist a Deas. Níl ach trí leathanach i gceist sa lámhscríbhinn seo, is achoimre í ar an scéal. An chuid is mó atá scríofa as Béarla.

TCD 1337. *Dáta:* Ní luaitear. *Scríobhaí:* Ní luaitear. *Áit:* Ní luaitear. Níl ach gluaiseanna i gceist sa lámhscríbhinn seo, agus, mar sin, ní féidir an í a chur i ngrúpa. Tá seans go mbaineann an chóip seo leis an seanleagan den scéal.

2.3 Rangú na lámhscríbhinní:

Mar gheall ar na deacrachtaí atá luaite agam thuas, ní féidir ach rangú ginearálta a dhéanamh ar na lámhscríbhinní. I gcúig ghrúpa atá siad rangaithe agam. Tá trí mhórghrúpa i gceist, grúpa **A**, **B** agus **C**, agus baineann foghrúpaí éagsúla leis na mórghrúpaí **A** agus **B**. Ina dteannta sin, tá dhá ghrúpa eile le feiceáil, grúpa **D** agus **E**, nach bhfuil mórán lámhscríbhinní ag baint leo ach atá éagsúil ó na grúpaí eile. Tá an rangú bunaithe ar na difríochtaí atá i bpátrún na laoithe sna lámhscríbhinní, agus ar an bprós freisin, go pointe áirithe.

Maidir leis an bprós, tá dhá shliocht in NLS 72.1.38 nach bhfuil cuntas iomlán orthu i ngrúpa **B**, an chéad cheann nuair a théann Cú Chulainn go háit darb ainm Gleann na mBodhar chun Clann Chailitín agus fir Éireann a sheachaint (§§24-31); agus an dara ceann nuair a thagann an riasradh ar Chú Chulainn (§§59-60). Níl

an cuntas iomlán ar an riasradh i ngrúpa **C** ach oiread. Is minic nach mbíonn ceann amháin de na sleachta ná an dá shliocht i ngrúpa **D**, mar tá grúpa **D** bunaithe ar mheascán de na heilimintí a bhaineann le grúpa **B** agus **C**. Bíonn an dá shliocht le fáil de ghnáth i ngrúpa **A**.

Maidir leis na laoithe, tá pátrúin éagsúla de na laoithe sna lámhscríbhíní, agus is orthu seo atá na grúpaí bunaithe don chuid is mó. Cé go leanann na cóipeanna i ngrúpa áirithe an pátrún céanna ar an iomlán, is minic a bhíonn difríochtaí beaga sna laoithe idir na lámhscríbhíní in aon ghrúpa amháin, agus mar gheall air sin, ní féidir gach difríocht a lua agus is rangú ginearálta é atá déanta agam ar na lámhscríbhíní mar sin. Is iad seo na grúpaí atá aimsithe agam:

- **Grúpa A:** Lss. **1, 3, 8** –*BMMM* agus *DCC* atá iontu. Ls. **4** –*BMMM* amháin atá le fáil. Lss. **5, 44, 92** –*DCC* amháin atá i gceist. Maidir le ls. **5**, níl ach deireadh *DCC* inti, ach réitíonn an méid atá anseo leis an bpríomhlámhscríbhinn (uimhir **3** ar an liosta), agus mar sin, cuirim an chóip seo i ngrúpa **A**. Níl ach tús *BMMM* in **4**, ach réitíonn an méid atá ann le ls. **3**. Tá na laoithe I - **XXX** le fáil go ginearálta sa ghrúpa seo, ach amháin i gcás na lss. **1, 44**, agus **92**, mar níl laoi ar bith i gceist iontu (tá *LC* in **92**, áfach agus tá cuid de **XXIII** in **1**). Níl na laoithe breise, **XXXI** – **XXXIII**, sa ghrúpa seo (ach amháin go bhfaighimid laoi **XXXI** in **8**). Tá an próis iomlán iontu. Tagann laoi IV roimh laoi III in **8**, agus tá na laoithe V agus VII in áit a chéile in **8** freisin. Ar an iomlán, leanann na lámhscríbhíní go léir sa ghrúpa seo an pátrún atá in **3**.

▪ **Grúpa A1:** Lss. 14, 17, 32, 43 –*BMMM* agus *DCC* atá iontu. Lss. 10, 68 – *BMMM* amháin atá iontu. Ls. 31 –*DCC* amháin atá le fáil. *LC* atá i ngach cóip, (ach amháin in 10 agus 68 mar níl ach an chéad chuid den scéal iontu). Is í an ghné is suntasaí san fhoghrúpa seo ná go bhfuil na laoithe breise, XXXI, XXXII, XXXIII, sna lámhscríbhinní. Baineann XXXI leis an gcéad chuid den scéal, *BMMM*, agus mar sin, níl sé i ls. 31, mar níl ach an dara cuid den scéal, *DCC*, inti. Is le *DCC* a bhaineann XXXII agus XXXIII, agus tá teacht orthu i ngach ceann de na cóipeanna san fhoghrúpa seo, ach amháin 10 agus 68, mar níl ach *BMMM* iontu. Anuas air sin, níl na laoithe XXV, XXVI agus XXVII anseo. Tagann laoi IV roimh III (mar a thagann i gcóipeanna áirithe i ngrúpa A), agus bíonn V agus VII in áit a chéile freisin, de ghnáth (cosúil le roinnt lámhscríbhinní i ngrúpa A). Tá an próis iomlán le fáil. Tá véarsa breise sna laoithe XI agus XIV i ngach lámhscríbhinn sa ghrúpa, ach amháin 10, agus faighimid na cúig véarsa breise ('Sgéala Con gCulainn ós ard'), a chuirtear ag tús *LC* go minic, go neamhspleách in áit XXI, ach amháin in 10 agus 68. Tá an chuid is mó de na laoithe in 3 san fhoghrúpa seo, agus leanann an próis an pátrún atá in 3 freisin.

▪ **Grúpa A2:** Lss. 18, 25, 27, 35, 45, 97, 113 –*BMMM* agus *DCC* atá iontu. Ls. 15 –*BMMM* amháin atá anseo. Níl na laoithe breise, XXXI, XXXII, XXXIII, sna lámhscríbhinní seo, agus leanann an próis an pátrún atá in 3. Tá difríochtaí áirithe le feiceáil sna laoithe san fhoghrúpa seo. Níl na cinn seo in A2: XVII, XXII, XXIV, XXVII, XXVIII, XIX. Níl XI agus XXVI i gcóipeanna áirithe (25, 27, 35, 45, 113). Tá *LC* i ngach lámhscríbhinn ach amháin ls. 15 toisc nach bhfuil ach *BMMM* inti.

▪ Grúpa B: Lss. 6, 9, 12, 19, 22, 54, 60, 63, 71, 72, 73, 79, 81, 85, 88, 105 – *BMMM* agus *DCC* atá iontu. Leanann na lámhscríbhinní seo an pátrún céanna go rialta, ar an iomlán. Go bunúsach, maidir leis an bprós, níl an cuntas atá in 3 agus i ngrúpa A, A1 agus A2 go ginearálta ar Ghleann na mBodhar agus an riasradh iontu, agus tá roinnt éagsúlachtaí le feiceáil sna laoithe freisin. Níl na cinn seo a leanas i lámhscríbhinn ar bith sa ghrúpa: III, IV, VI-XI, XV, XVII, XIX, XXI, XXIV-XXVII, XXIX. Níl XVI in 60 agus 71. Tá véarsaí ar lár sna dánta seo sa chuid is mó de na cóipeanna: I, II, V, XIII, XIV, XX, XXII. Maidir le *LC* (laoi XXX), níl sí in 6, 9, 12, 19, 60, 63, 72, agus tá sí le fáil, le ‘Sgéala Con gCulainn ós ard’ ag an tús, in 54, 71, 73, 79, 81, 85, 88, 105.

▪ Grúpa B1: Lss. 11, 34, 40, 41, 48, 56, 91, 96, 100, 107–*BMMM* agus *DCC* atá iontu. Lss. 16, 28, 83, 87, 89 –*BMMM* amháin atá i gceist (in 89 níl ach tús *BMMM* agus an chéad laoi le feiceáil ach leanann an méid atá sa chóip seo an pátrún atá i ngrúpa B1). Lss. 61, 70, 74, 75, 106 –*DCC* amháin atá i gceist. Maidir leis an bprós, leanann na lámhscríbhinní i ngrúpa B1 an pátrún atá le feiceáil i ngrúpa B go hiondúil, níl an cuntas ar Ghleann na mBodhar agus an riasradh iontu. Tá na difríochtaí is suntasaí idir B agus B1 atá le feiceáil arís sna laoithe. Níl na cinn seo a leanas le fáil: II-IV, VI-IX, XI-XII, XV, XVII, XIX, XXI, XXII (ach amháin i ls. 100, an píosa deireanach de XXII atá sa cheann seo), XXIV (ach amháin go bhfuil véarsaí in 107), XXV, XXVI, XXVIII (ach amháin in 100), XXIX (ach amháin in 107). Níl ach cuid de I, X, XIII, XIV, XX le fáil sa ghrúpa. Tá ord na véarsaí

difriúil in V, agus tá véarsa breise le fáil sa laoi seo in **B1** freisin. Maidir le XXVII, níl ach cuid di in **11, 40, 48, 56, 61, 70, 74, 75, 96, 92**, agus níl sí le fáil ar chor ar bith in **100, 107**. Briseann an téacs in **34** agus **41** roimh an bpointe seo sa scéal, agus mar sin ní féidir eolas a fháil ar an laoi sna leaganacha sin. Maidir le *LC*, níl sí in **56, 61, 70, 74, 75**, agus tá sí le fáil sna lámhscríbhinní eile le ‘Sgéala Con gCulainn ós ard’ ag an tús. Níl na laoithe breise (XXXI-XXXIII) i gceist, mar go mbaineann siad le grúpa **A1** amháin.

▪ **Grúpa B2:** Lss. **86, 99** –*BMMM* agus *DCC* atá iontu. Ls. 111 – *DCC* amháin atá i gceist. Is foghrúpa beag é, mar níl ach trí chóip ann. Leanann na lámhscríbhinní seo an pátrún atá i ngrúpa **B1** go díreach sa chéad chuid den scéal (*BMMM*). Tá athruithe beaga le feiceáil in *DCC* (is í XVI an chéad laoi in *DCC*). Tá an pátrún díreach mar atá sé i ngrúpa **B1** in *DCC* ach amháin go bhfuil cuid de XVII in **86** agus **99**, agus an laoi iomlán in **111** (níl sí seo i ngrúpa **B1**). Tá XIX i ngach lámhscríbhinn sa ghrúpa (níl sí i ngrúpa **B1**). Níl ach cuid de XXIII le fáil, cé go mbíonn sí le fáil de ghnáth i ngrúpa **B1**. Tá cuid de XXIV, nach bhfuil in **B1**, le fáil, agus tá véarsa breise sna lámhscríbhinní seo freisin. Níl XXVII sa ghrúpa seo ach tá sí in **B1**. Tá cuid de XXIX le fáil, agus *LC* gan ‘Sgéala Con gCulainn ós ard’ atá anseo freisin. Mar sin, cé go bhfuil an grúpa seo gar do **B1**, tá na lámhscríbhinní seo curtha i bhfoghrúpa eile agam mar gheall ar na difríochtaí thuasluaite a bhaineann le *DCC*.

▪ Grúpa C: Lss. 20, 21, 23, 36, 47, 49, 53, 62, 80, 94 –*BMMM* agus *DCC* atá iontu. Lss. 26, 29, 58 –*BMMM* amháin atá iontu. Lss. 46, 65, 69, 77, 101, 103, 104 –*DCC* amháin atá i gceist. Leanann na lámhscríbhinní seo an pátrún céanna go rialta, ar an iomlán. Go bunúsach, maidir leis an bprós, tá an sliocht faoi Ghleann na mBodhar sna lámhscríbhinní in **C**, ach níl an cur síos fada ar an riasradh iontu. Is sna laoithe atá na difríochtaí is suntasaí le feiceáil, mar is gnách. Níl na cinn seo in **C**: III-VI, VIII, X, XV, XXI, XXII, XXIV-XIX. Tá *LC* i ngach cóip, gan véarsaí 24-25 don chuid is mó. Is minic nach mbíonn véarsaí 5-7 in II sa ghrúpa seo, agus de ghnáth bíonn véarsa breise in XI agus XIV. Faighimid alt próis in áit laoi XIX sa chuid is mó de na lámhscríbhinní sa ghrúpa freisin.

▪ Grúpa D: Lss. 24, 52, 64, 95, 98 –*BMMM* agus *DCC* atá iontu. Lss. 102, 108 –*BMMM* amháin atá i gceist. Tá meascán d’eilimintí a bhaineann le grúpa **B** agus **C** sa ghrúpa seo. Réitíonn 24 agus 52 lena chéile go rialta, agus réitíonn 98 le 102 go rialta freisin. Maidir le 24 agus 52, níl na laoithe seo iontu: VI-IX, XVI-XXX. Níl mórán filíochta le fáil sna lámhscríbhinní seo. Maidir leis an bprós, níl an cuntas iomlán ar Ghleann na mBodhar agus an riasradh iontu.

Maidir le 98 agus 102, níl na laoithe seo sa chéad chuid den scéal (*BMMM*): III, IV, VI-VIII, XV. Níl *DCC* in 102, ach níl na dánta seo a bhaineann le *DCC* le fáil in 98: XIX, XXI-XXII, XXIV-XXIX. Tá *LC* le fáil gan véarsaí 24-25. Sa dá lámhscríbhinn seo tá véarsa breise in V agus XIV, ach níl véarsaí 5-7 in II agus níl ach véarsa 4 in X. Maidir leis an bprós, níl an cuntas ar Ghleann na mBodhar le fáil ach tá an sliocht faoin riasradh iontu. Réitíonn 108 le 98 agus le 102 don chuid is

mó maidir leis na laoihe, ach tá an cuntas iomlán ar Ghleann na mBodhar agus ar an riasradh sa chóip seo. Níl *DCC* in **108**.

Maidir le ls. **64**, leanann *BMMM* an pátrún a fhaighimid i ngrúpa **B1** go díreach, agus leanann *DCC* an pátrún i ngrúpa **C** go díreach. Tagann *DCC* roimh *BMMM* sa lámhscríbhinn seo, agus tá briseadh idir an dá chuid den scéal. In **69**, tagann *DCC* roimh *BMMM*. Briseann an téacs in *BMMM* in §20 san eagrán agamsa, ach leanann an méid atá ann an pátrún in **B1/B2**. Leanann *DCC* an pátrún i ngrúpa **C**.

▪ **Grúpa E:** Laoithe amháin atá i gceist sna lámhscríbhinní seo, gan aon phrós. Is féidir an grúpa a roinnt mar seo:

▪ **Grúpa E1:** Lss. **2, 7, 37, 39, 50, 55, 57, 59, 67, 78, 84, 90, 109, 110** – *LC* amháin atá sna lámhscríbhinní seo.

▪ **Grúpa E2:** Lss. **33, 38, 51, 66, 82, 98** – *LC* atá iontu le ‘Sgéala Con gCulainn ós ard’ ag tús na laoi.

▪ **Grúpa E3:** Lss. **13, 30** – *LC* atá iontu agus laoihe éagsúla eile ón scéal, gan aon phrós.

▪ **Grúpa E4:** Lss. **42, 79, 112** – Laoithe éagsúla ón scéal atá iontu gan *LC* agus gan aon phrós.

Tá na laoihe seo le fáil in **30 (E3):** XIV, XVIII, XX, XXIII, XXX. Tá na cinn seo in **79 (E4):** II, V, XVIII, XX, XXVIII. *LC* atá le fáil in **13 (E3)**, maille le XXIII,

XXIV, agus XXXIII. I ls. 42 (E4) níl i gceist ach píosa beag as XXIII. Laoi XIV amháin atá in 112 (E4).

Is léir, mar sin, go bhfuil difríochtaí éagsúla i gceist sna lámhscríbhinní ina bhfuil an scéal áirithe seo le fáil. Mar sin féin, cé go bhfuil éagsúlachtaí le feiceáil ó lámhscríbhinn go lámhscríbhinn ó thaobh ábhar an scéil, ní cinn shuntasacha iad. Mar a luaigh mé thuas, ní féidir rangú an-chruinn a dhéanamh ar na lámhscríbhinní seo mar gheall ar an méid atá ann agus, go deimhin, is léir go bhfuil difríochtaí le feiceáil i gcóipeanna in aon ghrúpa amháin. Ar an iomlán, áfach, leanann siad go léir na pátrúin éagsúla atá aimsithe agam agus tá siad curtha isteach sna grúpaí thuasluaite de réir na bpátrún sin. Is ar ls. 3 atá an t-eagrán seo bunaithe. Is as na lámhscríbhinní iomlána is sine i ngrúpa **A**, **B**, agus **C** a chuirfidh mé na léamha malartacha ar fáil, mar atá **6, 8, 14, 17, 18, 20, 27, 45**.

Polasaí Eagarthóireachta

2.4

Is ar théacs NLS 72.1.38, a bhfuil eagrán dioplómaitiúil de curtha ar fáil agam in **Aguisín 1**, atá an t-eagrán seo bunaithe. I roinnt cásanna, áfach, agus go háirithe san fhilíocht, b'éigean dom imeacht ón lámhscríbhinn sin agus léamha a roghnú as lámhscríbhinn eile de bharr doiléire, truailithe nó go raibh leagan NLS 38 ag sárú bhunrialacha meadarachta. Is idir lúibíní cearnógacha a chuirtear léamha dá leithéid agus ceartúcháin in iúl, ach tugtar léamh NLS 38 ag bun an leathanaigh, agus déantar plé ar an gcuid is tábhachtaí de na hathruithe seo sna nótaí. Is ar théacs RIA 23 K 37 atá §§42-46 bunaithe san áit nach bhfuil téacs NLS 38 ar fáil i ngeall ar chailliúint leathanaigh sa lámhscríbhinn. Is as RIA 23 K 37 na laoithe breise (ceann amháin in §111 san eagrán, dhá cheann eile in **Aguisín 2**).

- Is liomsa dealú na bhfocal, leagan amach na n-alt agus na n-abairtí, úsáid camóg, ceannlitreacha, comharthaí athfhriotail srl.
- Scaoileadh gnáthnodanna na lámhscríbhinne de réir an chomhthéacs os íseal. I gcásanna amhrais, bhain mé leas as foirmeacha *plene*, dá mba ann dóibh.
- Ar fhianaise na bhfoirmeacha *plene*, is mar *go* a scaoiltear an giorrúchán ar *co* nuair is don chónasc nó don réamhfhocal a sheasann sé; mar *co* a scaoiltear i ngach cás eile é.
- Is mar *Cú*, *C(h)on*, *Coin* ((*g*)*C(h)ulainn*) de réir an chomhthéacs a scaoiltear an giorrúchán *CC*, *qq*.

- Déantar léamha amhrasacha a phlé sna nótaí.
- Maidir leis an alt agus réamhfhocal, is gnách go scríobhtar le chéile mar aon fhocal amháin sa lámhscríbhinn iad, ach scaradh san eagrán iad ach amháin i gcás *san / den / don*, mar shampla *leisan > leis an, roimhan > roimh an*, etc.
- I gcás an chomhfhocail, cuirtear fleiscín idir an dá chuid den fhocal má tá consan caol agus consan leathan ag teacht le chéile, mar shampla *do mhór-ionghabháil, mór-neart*, etc.
- Tugaim litrithe stairiúla ar ais, mar shampla, *éigceas > éigeas, aisce > aisgidh, géin > gcéin*, etc.
- I gcás ainmneacha pearsanta, coinním na foirmeacha díobh a bhfuil glacadh coitianta acu, mar shampla, *Cathfadh, Conchobhar, Cú Chulainn, Dearca mhac Con Raoi, Fearghus, Laogh mhac Rianghabhra, Lughaidh mhac Con Raoi*.
- Consain:
 - a) Tá *dh* agus *gh* measctha sa lámhscríbhinn. Is í an fhoirm stairiúil, de réir *DIL*, a úsáidtear san eagrán, mar shampla, *adhaigh > aghaidh, Gáiridhe > Gáirighe, oigheadha > oidheadha*, etc.
 - b) Déantar amhlaidh freisin i gcás *bh* agus *mh* atá measctha i mbeagán cásanna, mar shampla, *cliamh > cliabh*.
 - c) I gcás *cc, tt*, tosaigh, ar réalú ar *c* nó *t* faoi urú iad, úsáidtear an litriú *gc, dt*, mar shampla, *ccéadna > gcéadna, ccathsa > gcath-sa, ccreach > gcreach; ttángador > dtángadar, ttíribh > dtíribh, ttarla > dtarla*, etc.

- Tá samplaí de *cc > g*, *tt > d* i lár nó ag deireadh an fhocail sa scéal, mar shampla, *truacch > truagh*, *sluicceadh > sluigeadh*, *táinicc > táinig*, *ráinicc > ráinig*; *airgitt > airgid*, *iatt > iad*, *chóirgheattor > chóirgheadar*, etc.
 - Mar a chéile *bf > bhf* nuair is urú ar *f* tosaigh atá i gceist, mar shampla, *bfeadabhair > bhfeadabhair*, *bfoghluma > bhfoghluma*, *bfochair > bhfochair*, etc.
 - Tá samplaí de *bf > bhf* i lár an fhocail freisin, mar shampla, *sofhorbfáoilidh > sofhorbhfaoilid*, *forbfáilte > forbhfáilte*, *ainbfeas > ainbhfeas*, etc.
- d) *nd > nn* ach amháin i gcomhfhocail, mar shampla, *Cú Chulaind > Cú Chulainn*, *Ifrind > Ifrinn*, *heinteachd > héinteannáil* etc.
- e) An giorrúchán *sed > chd* ar fhianaise na bhfoirmeacha *plene*, mar shampla, *éucht > éachd*, *seacht > seachd*, *imtheacht > imtheachd*, etc.
- f) *p > b* nuair is don fhuaim /b/ a sheasann sé nó nuair is réaltú ar *b* díghlóraithe é, mar shampla, *camlúp > camlúb*, *réaptha > réabtha*, *Móeipeart > Móeibeart*.
- g) Tá sé de nós ag scríobhaí na lámhscríbhinne *l* agus *r* a dhúbhailt i lár focal. Sna cásanna seo is iad na foirmeacha stairiúla (de réir *DIL*) a tugadh ar ais, mar shampla, *oirrdhearca > oirdhearca*, *thairrngire > thairngire*, *sírreachtach > síreachdach*; *Oillioll > Oileall*, *illreachtaigh > ilreachdaigh*, etc.
- h) Tá an séimhiú tugtha ar ais agam idir lúibíní cearnógacha i roinnt cásanna ina bhfágtar ar lár sa téacs é, mar shampla *do-f[h]aoth*, etc. Baintear amach é i gcásanna nach mbeifí ag súil leis, mar shampla *le feillcheardaibh fhallsa fhiorghránna > le feillcheardaibh fallsa fiorghránna*.

➤ Gutaí:

- a) *éu* > *éa*, mar shampla, *sgéul* > *sgéal*, *eúcht* > *éachd*, *éuga* > *éaga*, etc.
- b) *-i* deiridh neamhaiceanta > *-e*, mar shampla, *raibhi* > *raibhe*, *chlaoinmhillti* > *claoinmhillte*, *faithchi* > *faithche*, etc.
- c) *o(i)*, *u(i)* > *a(i)* i siollaí láir agus deiridh neamhaiceanta, mar shampla, *ttángador* > *dtángadar*, *fhearuibh* > *fearaibh*, *amhluidh* > *amhlaidh*, etc., ach amháin i gcás roinnt ainmfhocal pearsanta (féach thuas).
- d) *io*, *iu* > *ea* i siollaí neamhaiceanta láir agus deiridh, mar shampla, *seisiur* > *seisear*, *Éirionn*, *Éireann*, ach amháin sa deireadh *-iughadh*, mar shampla, *cuartughadh* (§8), *chomhairliughadh* (13), *urghairdiughadh* (§13), etc., agus i roinnt ainmneacha pearsanta ar choinnigh mé foirmeacha a bhfuil glacadh coitianta leo (féach thuas).
- e) Is mar *i* a scríobhtar *a* na lámhscríbhinne nuair is don réamhfhocal simplí a sheasann sé; i gcás an choibhnis réamhfhoclaigh is mar *a* a fhágtar é.
- f) Is mar *ea* a scaoiltear *E* ard, ach amháin sa chás go bhfuil consan caol ag teacht ina dhiaidh, scaoiltear mar *e* é, mar shampla, *ceingead*. Scaoiltear mar *e* i gcás an fhocail *eochairimlibh* é freisin.
- g) Glantar amach an síneadh fada i gcásanna nach bhfuil sé ann go stairiúil, mar shampla, *árd* > *ard*, *biodhbha* > *biodhbha*, ach amháin i gcás na ndéfhoghar *-ua-*, *-ia-*, *-ao-* ina gcloítear le nósanna liteartha an lae inniu, mar shampla, *do chúadar* > *do chuadar*, *sáor* > *saor*, etc.

3. TEANGA

Cuirtear (f) le foirmeacha a bhaineann le filíocht an téacs.

3.1 An tAinmfhocal

Inscne:

Firinscneach agus baininscneach atá na hainmfhocail sa téacs seo. Ní mhaireann de rian an tsean-neodraigh ach foirm an ainmnigh iolra le *-a* (*sgéala* (§§11, 13, 74, etc.), *bhuadha* (§38)).

Tá roinnt ainmfhocal a bhfuil an dá inscne acu, mar shampla, an t-ainm *Liath* (*Macha*): *a Liath Mhacha* (§77), ar cosúil gur gairmeach baininscneach é, vs. *a Léith* (§39 (f)), ar gairmeach firinscneach é; *na Léithe Macha* (§73) vs. *an Léith Mhacha* (§39) sa ghinideach; *ar an Liath Mhacha* (§67) vs. *ar an Léith Mhacha* (§76) sa tuiseal tabharthach.

An dá inscne atá ag an ainmfhocal *bantrachd* sa téacs freisin. Is focal firinscneach é sa phríomhlámhscríbhinn, NLS 72.1.38, (*an bantrachd* (§§13, 30, 31, etc.)), ach is focal baininscneach é in §42 - §46 (*an bhantrachd* (§44)), san áit a bhfuil RIA 23 K 37 in úsáid.

Tá foirmeacha firinscneacha agus baininscneacha den fhocal *sgiath* sa téacs freisin, féach an tuiseal tabharthach mar shampla, *ar an sgiath* (§71) vs. *eidir sgéith* (§97).

Uimhir:

Dhá uimhir atá i gceist san ainmfhocal, an uimhir uatha agus an uimhir iolra, agus tá samplaí den déach le fáil freisin (mar shampla, *A dhá shleigh, ón, a dhá shleigh* (§91 (f))). Maidir leis an uimhir iolra, tá roinnt deirí nua ó na tamhain chonsanta a tháinig

chun tosaigh i dtréimhse na Meán-Ghaeilge le sonrú anseo. Ar na deirí is coitianta tá iolraí le foircinn dhéadacha *-(e)adha, -the, -ta*, sa tuiseal ainmneach agus sa tuiseal cuspóireach:

Ainmneach: *oideadha* (§5 (f) x 4), *a n-ealbhada* (§12), *amaideadha* (§§15, 104), *sirideadha* (§23), *na harrachdada* (§32), *a chairineadha* (§59), *na taibhsighthe* (§49).

Cuspóireach: *amaideadha* (§§4, 102), *ealadhnada* (§30), *srianta* (§39).

Anuas air sin, tá sampla amháin d'iolra nua consanta le foirceann coguasach *-(e)acha* sa téacs i bhfoirm an ainmfhocail sa chuspóireach iolra *aithreacha* (§8). Tá an seaniolra (*aithre* (§58)), le fáil uair amháin sa scéal freisin.

I gcás an fhocail *file*, úsáidtear an seanainmneach (*filidh* (§§31, 44, 73)), agus an cuspóireach (*fileadha* (§§13 x 2, 30, 31 x 3)), mar fhoirm ghinearálta den ainmneach iolra sa téacs. An fhoirm *fileadha* is coitianta sa téacs le sé shampla, le hais trí shampla den fhoirm *filidh*. Maidir leis an gcuspóireach iolra den ainmfhocal seo agus d'ainmfhocail eile a bheith in úsáid thar ceann an ainmnigh ó thréimhse na Meán-Ghaeilge ar aghaidh, féach McCone 2005, 180.

Tuisil:

Cúig thuiséal a bhaineann leis an ainmfhocal, mar atá, ainmneach, gairmeach, cuspóireach, ginideach, agus tabharthach. Tá roinnt mhaith ainmfhocail nach bhfuil foirm ar leith den chuspóireach acu, go háirithe focail fhirinscneacha (*ó do ghabh-san ceannas 7 tighearnas orra* (§12), *do-rónsad muirn...7 meadhair...7 seasdán* (§13), *nach dtiubhradh sé éara nó eiteach* (§13), *do ghabhadar sosadh 7*

longphort (§14), *do dhealbhadar catha* (§15), *Fearfad-sa riú comhlann calma* (§21 (f), etc.).

I gcás cuid mhaith de na hainmfhocail bhaininsneacha, tá foirm ar leith ón ainmneach a úsáidtear sa chuspóireach agus sa tabharthach (féach na samplaí in **An tuiseal cuspóireach** agus **An tuiseal tabharthach** thíos).

Is féidir a rá go bhfuil iarsma den seanchuspóireach le feiceáil nuair a chuireann an t-alt (faoi réir réamhfhocail) urú ar fhocal ina dhiaidh, nó nuair a chuireann an t-ainmfhocal urú ar ainmfhocal nó ar aidiacht atá ag teacht ina dhiaidh (féach na samplaí in **An tuiseal cuspóireach** thíos). Tá rian den seantabharthach le feiceáil nuair a chuireann an t-alt (faoi réir réamhfhocail) nó ainmfhocal séimhiú ar ainmfhocal nó ar aidiacht atá ag teacht ina dhiaidh (féach na samplaí in **An tuiseal tabharthach** thíos).

An tuiseal ainmneach: Tá foirmeacha malartacha den ainmneach le fáil le hainmfhocail ar leith (ó thuisil éagsúla a shíolraíonn na foirmeacha seo): *adhaigh* (§9), *oidhche* (§8); *fileadha* (§30), *filidh* (§31) [féach thuas]. An t-ainmneach atá in úsáid thar ceann an chuspóirigh in áiteanna áirithe sa scéal mar chuspóir an bhriathair: *do chuir a lámh chlé faoi* (§16); *do bhuidhreadair.. mo chiall* (§20); *rug.. mo láthar uaim* (§20); *do-rinne neamh 7 talamh* (§49); *ní mhuirfeá-sa féin Cú Raoi mac Dáire* (§52); *do-chonnairc Cú Chulainn fir Éireann* (§58); *do bheirim mo bhriathar* (§§63, 84 (f)); *do bheirim mo bheannachd* (§63); *do-chonnairc an dobharchú* (§68); *tug a lámh* (§§68, 74); *cuir mo sgiath 7 mo chraoiseach* (§68); *do-chonnairc an long* (§74); *Ro chráidh mo chiall* (§93 (f)); agus i ndiaidh

réamhfhocail sa chás seo: *go críoch* (§66), etc. An t-ainmneach thar ceann an tabharthaigh atá i roinnt cásanna eile: *id rann* (§8); *do bheirim dom bhriathar* (§68); *i gcríoch Chuailgne* (§74); *san magh* (§83).

An tuiseal cuspóireach: De ghnáth is é an t-ainmneach a úsáidtear mar chuspóir díreach an bhriathair [féach na samplaí in **An tuiseal ainmneach** thuas]. I roinnt cásanna cuirtear infhilleadh an chuspóirigh i bhfeidhm, áfach: *naisgeas Meadhbh a bhréithir ar Earc* (§8); *tugais do bhréithir* (§27); *do-bhéar bréithir* (§34 (f)); *do ghabh Cú Chulainn a chaithbheirt catha* [bíodh nach bhfuil urú ag teacht ina dhiaidh] (§41); *nár iomghabhas cath ná iorghail* (§46); *Do léig Cú Chulainn an gcraoisigh reamhair rómhóir tarsna* (§55); *beir.. beannachdain* (§63); *do ghabh cloich chuige* (§§68, 87); *do-chiú ar gcaraid* (§84 (f)); *tug bréithir* (§84 (f)); *nochum fhaicfe rígh* (§93 (f)); *tug beannachdain* (§93 (f)); *ionar fhothraig-sean a shleigh* (§99 (f)), etc., agus i ndiaidh roinnt réamhfhocail: *gan chleith* (§21 (f)); *go talmhain* (§§36, 92); *gan anmain* (55); *go crích* (§60); *go Teamhraigh* (§87); *gan chéill* (§97), etc.

Leanann urú an tuiseal cuspóireach uatha go minic: *lé Coin gCulainn* (§7); *ar bioth mbuan* (§21 (f)); *go longphort bhfear nÉireann* (§23); *Eidir bhantrachd mban* (26 (f)); *le huair n-anfaidh* (§39 (f)); *tugasdar fóbairt mbíodhbhadh forra* (§60); *go [hAonghlaise] mBreagh* (§85), etc., agus an tuiseal cuspóireach uatha faoi urú i ndiaidh an ailt atá le feiceáil i roinnt samplaí: *do ghabh an gcraoisigh gcrainnreamhair gcrófairsing gcinngheir* (§67); *do ráidhsead fir Éireann an gcéadna* (§72); *ad-chonnairc an gcaoildeathach* (§83), etc. Tá roinnt samplaí eile,

áfach, nach leanann athrú tosaigh ar bith an tuiseal cuspóireach uatha (go háirithe firinsneach): *go clár Fódla* (§5 (f)); *tar Magh Cruinn 7 tar Magh Tuaim Mónadh 7 tar Magh Finn* (§9); *thug an ballán coimhde dhó* (§44); *do dheargadh géargha glan gorm* (§78 (f)); *Ro fhearsamar comhlann cruaidh* (§101 (f)); *do-chonnaire an cath coimheagair ceangailte* (§105); *go dtug Lughaidh béim cruaidhghéar cíocrach do Chonall* (§107), etc.

Tá roinnt foirmeacha malartacha den chuspóireach le fáil sa scéal, mar shampla, san iolra: *cia do mharbh bhur n-aithreacha* (§8), *dioghlaidh bhur n-aithre* (§58). Séimhítear cuspóir díreach an bhriathar i roinnt cásanna, nós a bhí réasúnta coitianta sa tSean- agus sa Mheán-Ghaeilge, maille leis an Nua-Ghaeilge Chlasaiceach (féach *SnaG* III, 4.6): *tug bheannachdain* (§93 (f)), *do-chonnaire dheataigh dhíomhóir* (§102), etc. De réir McManus (*SnaG* IV, 3.2), séimhítear cuspóir an bhriathair muna bhfuil an t-alt ag teacht roimhe, agus murab ionann foirm ainmneach agus chuspóireach uatha an ainmfhocail, ach tá eisceachtaí le fáil sa téacs freisin, mar shampla, *do ghabh cloich* (§§68, 87), etc. Is é an nós is coitianta sa téacs seo gan an cuspóir díreach a chur faoi shéimhiú i ndiaidh briathair.

An tuiseal ginideach: Is gnách infhilleadh an ghinidigh san uimhir uatha agus iolra. Má leanann dhá ainmfhocal (a) ainmfhocal eile, (b) ainm briathartha, (c) réamhfhocal comhshuite, is gnách an dá ainmfhocal a chur sa tuiseal ginideach, agus séimhiú a chur ar an gcéad ainmfhocal, mar shampla *fá chomhair **Chon** gCulainn do thuitim leo* (§7), *ar mhórchogadh **Thána** Bó Cuailgne* (§7), *draoidheacht dh-íomghabhála **Chloinne** Cailitín* (§10), etc. Tá samplaí eile gan an séimhiú, áfach,

mar shampla *le faoidibh fiortruagha ban 7 fear an chóigidh* (§92), etc. Leanann urú an tuiseal ginideach iolra don chuid is mó sa scéal: *rothaoiseachaibh fhear nÉireann* (§1); *ár fhear mBreagh* (§10); *tréanchosnamhach bhfear dtalmhan* [maidir leis an urú eisceachtúil ar *fear* sa chás seo agus i roinnt cásanna eile sa scéal, féach an nóta ar §11 sna **nótaí (6)**] (§10); *Iomhúsa bhfear nÉireann* (§14); *Is Cailtín na gcleas gcorr* (§19 (f)); *Muirfead leath ghiolladh bhfear nÉireann* (§21 (f)); *Muirfead-sa leath each bhfear nÉireann* (§21 (f)); *A chú na gcleas gcain* (§54 (f)); *a gcrioslaighibh a sgiath gcoimheagair* (§58); *do thréinfhearaihb fhear dtalmhan* (§90); *do ceannaibh ríogh 7 ruireach 7 rodhaoine bhfear nÉireann* (§108); *A Eimhir úr na mbreath mbinn* (§109 (f)); *Earc mhac Cairbre na ngruadh ndearg* (§109 (f)), etc. Tá samplaí eile gan urú i ndiaidh an ghinidigh iolra, áfach, mar shampla, *Cosair deich gcéad méidheadh fear* (§106 (f)), etc.

Tá cúpla sampla ina leanann urú an ginideach uatha sa scéal, cé nach mbeifí ag súil leis, agus an cás is coitianta, an ginideach den ainm *Cú Chulainn* (*fá chomhair Chon gCulainn* (§7)). Seo foirm an ghinidigh uatha den ainm seo tríd an scéal. Foirmeacha malartacha den ginideach uatha atá le fáil i roinnt bheag focal, mar shampla, *ghlinn* (§32) vs. *ghleanna* (§31). Maidir leis an bhfoirm *ghlinn*, is cosúil go bhfuil an tuiseal tabharthach uatha in úsáid thar ceann an ghinidigh, nó b'fhéidir gur ginideach nua (o-thamhain) é atá múnlaíthe ar *fear > fir*.

An tuiseal tabharthach: Tá foirmeacha ar leith den tuiseal tabharthach uatha, baininscneach agus firinscneach, le fáil tríd an scéal:

Baininsneach: *do láimh* (§8); *im láimh* (§§21 (f), 46); *i láimh* (§90); *iona láimh* (§90); *ar leathláimh* (§107); *go ngoil* (§19 (f)); *ar Néimh* (§24); *do Chloinn Chailtín* (§27); *gona gclainn* (§64 (f)); *ar ár mbeannachdain* (§30); *léna ceilg* (§33); *fan chathraigh* (§42); *ar bhréig* (§46); *'na héinteannáil teinntidhe* (§42); *don tulcha* (§44), *ó'm chraoisigh* (§47); *dom anmain* (§51 (f)); *go pubaill* (§56); *i mbrisligh mhór Mhaighe Muirtheimhne* (§60); *do leathanchraoisigh* (§62); *fo ghréin* (§64 (f)); *don fhleisg neimhe* (§67); *don dobharchoin* (§68); *as an loing* (§74); *i ndabhaigh* (§87); *roimh an gcloich* (§87); *fám bréithir* (§95); *eidir mhnaoi ⁊ fhior* [tá fhior firinsneach] (§100); *dá dheilbh* (§109 (f)), etc.

Firinsneach: *iona chionn* (§59); *ar a chionn* (§107); *do ló* (§4); *i ló* (§13); *ón ló* (§93 (f)); *don leith* (§31); *i ndrochsgur* (§40 (f)); *don airdrigh* (§49); *fan rímhílidh* (§59); *dom thoigh* (§85); etc.

Leanann séimhiú an tuiseal tabharthach uatha go ginearálta: *go ríoghraidh Mhumhan* (§8); *ar comhairle Chathfaidh ⁊ Gheanainn Ghruadhsholais* (§10); *ón cheilg choimhthimchill* (§10); *do chrích Bhreagh ⁊ Mhidhe* (§10); *san chath chómór chéadna* (§10); *san ló chéadna* (§10); *ar féarghort ghabhála* (§12); *i riochd fhuince* (§20); *i meirtin mheabhla* (§21 (f)); *a crích Chruithneach* (§30); *i riochd mhná* (§33); *don Chúlghlais cheinngheir chrainnreamhair* (§88); *Atá sunn 'na chosair chró* (§101 (f)), etc.

Urú a leanann an tabharthach uatha i roinnt bheag cásanna: *do Choin gCulainn* (an sampla is coitianta sa scéal, (§§11, 12, 29, etc.)); *go gcarbaid*

gcraoisleathan, go gcreit n-úraid n-úraoibhinn ndíreach ndásachdach.. go ndath gcaomhthláith gcoclach gcneismhiolla (§56); go ngoil ngaoith (§109 (f)); go bhfolt bhfann (§109 (f)), etc., agus tá roinnt bheag samplaí eile nach leanann athrú tosaigh ar bith an tabharthach uatha: i gcath Fionnchoradh (§1); i gcath gáibhtheach Gáirighe (§1); fa Shliabh Cuilleann (§12); lé móirimdheall Meidhbhe (§13); Atá sunn 'na luighe cró (§101 (f)), etc. Ní leanann athrú ar bith an tabharthach iolra.

Úsáidtear an tabharthach iolra thar ceann an ainmnigh uair amháin sa téacs: *gurbhó ciorrbhtha cneadhach créachdach caithmhíleadhaibh (§97)*, agus úsáidtear thar ceann an ghinidigh é sa sampla seo: *ós cionn Ghlinn na mBodhar (§32)* [más tabharthach é sin, seans gur ginideach nua é, féach an t-alt deireanach sa phlé ar **An tuiseal ginideach**]. I gcás an fhocail *Eimhir*, úsáidtear an tabharthach/cuspóireach uatha in áit an ainmnigh uatha tríd an téacs. Tá teacht ar an ainmneach thar ceann an tabharthaigh i roinnt cásanna sa scéal [féach na samplaí in **An tuiseal ainmneach** thuas].

3.2 An Aidiacht

Is minic sa scéal a dhéantar cur síos ar dhaoine, ar áiteanna nó ar eachtraí, agus is gnách liosta aidiachtaí ar mhaithe le huaim a bheith in úsáid sa deisríobh: *lion aingidheachda iomthnúthacha ainiarmairteacha Oilealla, 7 feidhm fhorránta fhorlannmhór fhoirneartmhar ceithre n-ollchóigeadh in aonmhaigh (§10); Glanbhuinne gusmhar gairgbheódha na Gamhanraidhe (§10); bantrachd binnbhriathrach 7 mná míne maordha macánta malachdhonna bíthe banamhla béalchorcra (§13); trí badhbha sirtheacha siobhlacha saobhghlúineacha*

siabhartha, 7 rob iad-sin na trí hamaideadha dubha duaibhseacha drochdhatha diangháibhtheacha diabhlaidhe (§15), etc.

Tá infhilleadh ar an aidiacht i roinnt cásanna sa téacs. Sa chuspóireach uatha, mar shampla, tá: *fo dhoghra nduibh (§45 (f)); fa linn ndeirg (§109 (f)), etc.*; agus san iolra: *do thógbhadar gártha faidheamhla fíorthruagha (§44), etc.* Sa tuiseal ginideach uatha tá: *ré seólchrann príomhluinge móire (§59); i linntibh fola foirrdheirge (§60); ceann na craoisighe coirreithne (§62); inghean an bhrughadh bharrghlain (§64 (f)), etc.*, agus san iolra: *A Chú na gcleas gcain (§54 (f)); Earc mhac Cairbre na ngruadh ndearg (§109 (f)), etc.* Tá samplaí d'infhilleadh ar an aidiacht sa tuiseal tabharthach uatha, mar shampla, *don Chúlghlais cheinnghéir chrainnreamhair (§88), etc.*, agus déantar infhilleadh cuspóireach ar an aidiacht i ndiaidh an tabharthaigh iolra (nós a bhfuil teacht air ó thréimhse na Meán-Ghaeilge ar aghaidh, féach McCone 2005, 183, C.6 (a)): *do leathanbhuidhnibh lánmhóra (§42); a hionadhaibh iomdha imchiana eile (§47); do chochlaibh croicneacha cruaidhe cíordhubha (§50), etc.*

Maidir leis an aidiacht fhaisnéiseach, de réir *SnaG* (IV, 5.6), úsáidtear an uimhir uatha le hainmní iolra más abairt ghinearálta atá i gceist, agus tugtar an sampla *is maith na haingil*. Tá roinnt samplaí de seo le fáil tríd an téacs: *Is mór na mearaighthe 7 na móraimsighthe sin (§42), Geal a n-aighthe, dubh a bhfuilt (§109), Gorm a n-aighthe (§109), etc.* Úsáidtear an uimhir iolra den aidiacht fhaisnéiseach in abairtí ina ndéantar tagairt do rud nó d'ócáid ar leith, agus an sampla a thugtar ná *is geala mó lámha ón abhainn*, ach ní córas seasmhach é, rud atá le feiceáil sa téacs seo againne, le sampla amháin den uimhir uatha agus sampla amháin den uimhir

iolra sa chomhthéacs seo: *Beid na boinn bána / Ó thairm agus eirg* (§28) vs. *Bidh dearg ó'm chneas-sa gaoi glasa* (§43).

Céimeanna comparáide: tá an tsean-chomhchéim le fáil in *[reimh]ighthir* (§§59, 60), *dírighthir* (§59), *tailcighthir* (§59), agus in *méadaighthir* (§59 x 3), bíodh gur ainmfhocal ó thús é. Is minice, áfach, an réimír *co(i)mh-*, an aidiacht, agus an réamhfhocal *le*: *gur coimhdhearg lé gréin* (§72); *gur coimhgheal an gruaidh eile lé sneachda* (§72), etc. Is ionann foirm den bhreischéim agus den tsárchéim, ach ní hionann comhréir dóibh:

Breischéim: *Córa meanma maith anois / Nó aonlá riamh dá rabhais* (§40 (f)); *is buaine bladhdhá na saoghal* (§46); *dob fhearr dhúinn* (§52); *ní fhaca riamh aoinfhear badhdhá mó 7 badhdhá rioghdhá, badhdhá háilne 7 badhdhá hoireaghdhá, badhdhá déine 7 badhdhá díogháire ioná sé* (§83); *'Sum luaithe ná gaoth* (§91 (f)); *Tighe nó sneachda* (§93 (f)); *ní córa do neach eile anmhain leis na sgéala-sin ioná dhamh-sa* (§94); *Deirge ná an rós* (§109 (f)); *Deirge a ngruaidhe ná fuil Laoigh* (§109 (f)), etc.

Sárchéim: *A bhean is áille do mhnáibh* (§93 (f)); *Is é is neasa dom leith clí* (§109 (f)); *is faide amach* (§109 (f)), etc. Is ionann foirmeacha na sárchéime anseo agus foirm na breischéime sa tSean-Ghaeilge. Níl seandéireadh na sárchéime (-em/-am) le fáil in áit ar bith sa scéal. Tá plé ar na forbairtí i bhfoirmeacha de chéimeanna comparáide na haidiachta i dtréimhse na Meán-Ghaeilge ag McCone (2005, 184-185).

3.3 An Briathar

Tríd is tríd, leanann pátrún na mbriathra sa téacs seo córas na mbriathra a bhaineann le tréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, mar atá plé déanta air ag McManus (*SnaG* IV, 7.1-7.36). Sa chur síos seo a leanas, cuirtear fleiscín roimh bhriathar iomlán nuair is briathar spleách é. Tugtar na foirmeacha mar atá siad sa téacs, ach san áit a bhfuil siad faoi shéimhiú nó faoi urú, is faoin gconsan lom a rangáitear anseo iad.

Foirmeacha scartha agus táite:

Foirmeacha táite de ghnáth a bhíonn sna briathra, mar shampla, *do-ghéan* (§21 (f)), *sgarfad* (§96 (f)), *do dheargas* (§109 (f)), etc. Mar sin féin, tá 47 sampla d'fhoirmeacha scartha le fáil sna haimsirí éagsúla, ina n-úsáidtear forainm pearsanta leis an tríú pearsa uatha den bhriathar (*roichfidh mé* (§44), *do radh tú* (§45 (f)), *do-ní sé* (§71), *do-chualaidh sinn* (§19 (f)), *do-chluinfe sibh* (§1), etc.). Foirm tháite atá i ngach briathar eile (*do-róine* (§1), *déanaidh* (§1), *rángadar* (§2), etc.). Maidir leis an bhfoirm scartha, tríú pearsa iolra, an briathar sa tríú pearsa iolra agus an forainm pearsanta, tríú pearsa iolra a úsáidtear sa dá shampla atá sa téacs: an tríú pearsa iolra, modh ordaitheach, *déanad siad* (§30), agus an tríú pearsa iolra, aimsir láithreach, *atáid siad* (§31)). De réir Uí Shúilleabháin (*SnaG* VI, 8.6), tá an briathar sa tríú pearsa iolra agus forainm pearsanta, tríú pearsa iolra fós in úsáid le chéile mar sin i nGaeilge na Mumhan, go háirithe san aimsir láithreach (mar shampla, *tagaid siad*) agus san aimsir fháistineach (mar shampla, *imeoid siad*). Níl sampla ar bith sa téacs de bhriathar sa tríú pearsa uatha le forainm sa tríú pearsa iolra, cé gur nós é atá ceadaithe sa Nua-Ghaeilge Mhoch (féach *SnaG* IV, 7.30).

Na réimíreanna *ro-*, *do-*, agus *no-* :

Úsáidtear na réimíreanna *do-* agus *ro-* go forleathan sa téacs le briathra san aimsir chaite. Is í *do-* an mhír is coitianta, le 419 sampla (*do bhean* (§1), *do ghluaiseadar* (§4), *do dhearc* (§4), etc.), le hais 30 sampla de *ro-* san aimsir chaite (*ro cheileabhradar* (§4), *ro thurnasdair* (§4), *ro éirigh* (§4), etc.)

Maidir leis na haimsirí eile, *do-* is coitianta arís le deich sampla sa mhodh coinníollach (*do thuitfeidís* (§10), *do thiucfadh* (§22), *do rachainn* (§31), etc.), le hais aon sampla amháin de *ro-* (*ro bheinn* (§63)), úsáid nach bhfuil ag teacht leis an tSean- ná leis an Meán-Ghaeilge. Tá an úsáid seo (.i. *do* sa mhodh coinníollach) ag teacht leis an tSean-Ghaeilge i gcás *do thuitfeidís*. *No* a bheadh sna samplaí eile agus is dúbláil réimíre atá i gceist in *do thiucfadh* (SG *do-icfad*).

Tá cúig shampla de *do-* san aimsir ghnáthchaite freisin (*do léigdis* (§32), *do thóghbhadaois* (§32), *do bhíodh* (§73), etc.). Níl sampla ar bith de *ro-* sa chomhthéacs seo.

Tá 22 sampla den réimír *do-* leis an gcopail san aimsir chaite (*do budh fearr* (§1), *dob aidhbhseach* (§19 (f)), *do badh dhalta* (§80 (f)), etc.) le hais 12 sampla de *ro-* (*rob adhbha* (§43 (f)), *robsam óglaoch* (§69 (f)), *ro badh corcra* (§101 (f)), etc.). Tá seacht gcás de *do-* sa mhodh coinníollach den chopail (*dob fearr liom* (§16), *do badh maith* (§102), *do badh lán leasg* (§107), etc.), agus níl sampla ar bith de *ro-* sa chomhthéacs seo.

Maidir le húsáid *ro-*, tugtar faoi deara go bhfuil forainm iontáite i gceist in 18 sampla (*rom [m]airn* (§21 (f)), *rom mheadhair* (§26 (f)), *rod chluin* (§45 (f)), etc.). Is é *ro-* an réimír is coitianta le forainmneacha iontáite sa Nua-Ghaeilge Mhoch (*SnaG* IV, 9.2). Níl *do-* in úsáid sa chomhthéacs seo.

Maidir leis an réimír *no-*, ní minic a úsáidtear sa téacs é. Níl ach aon sampla amháin de *no-* le briathar san aimsir ghnáthchaite (*no imghidís* (§60)), agus aon sampla amháin le forainm iontaíte (*nos tréigheann* (§64 (f))).

Míreanna diúltacha:

Is í *ní* an mhír dhiúltach is coitianta sa téacs, le 91 sampla (*ní raibhe* (§1), *ní chluinfeadh* (§30), *ní fhuil* (§32), etc.). Leanann séimhiú *ní* don chuid is mó, níl ach dhá shampla ina leanann urú í (*ní bhfuil* (§§42, 44)). Baineann an dá sampla seo d'urú i ndiaidh *ní* le RIA 23 K 37, *ní fhuil* atá mar fhoirm i ngach sampla in NLS 72.1.38 (naoi sampla). Maidir le bunús an 'uraithe' tar éis *ní* sa chás seo, féach M'Caughey (1968).

Tá 45 sampla de *ní* in úsáid mar chopail sa téacs (*ní conair* (§24), *ní fada* (§25), *ní maith* (§31), etc.). Ní leanann athrú tosaigh ar bith *ní* sa chomhthéacs seo, ach amháin an réamhlitir *h* roimh ghutaí (*ní heagail* (§84 (f)), *ní huch* (§93 (f)), *ní hiad* (§103 (f)), etc.)

Tá *nocha(n)* le fáil mar mhír dhiúltach sa téacs freisin (19 sampla), agus leanann urú an mhír seo de ghnáth (*nocha dtiucfá* (§17 (f)), *nocha dtréigfinn* (§45 (f)), *nocha dtig* (§48 (f)), etc.), le ceithre eisceacht (*nocha dhearnaidh* (§1), *nocha mhuirfidís* (§21 (f)), *nocha diongnadh* (§55), *nocha deachaidh* (§69 (f))). Úsáidtear *nochan* roimh ghutaí agus roimh an litir *f* (*nochan fogthar* (§64 (f)), *nochan fhaghair* (§96 (f))). Tá deich sampla de *nocha(n)* mar fhoirm dhiúltach na copaile sa téacs (*nocha buidhne* (§17 (f)), *nocha sluagh* (§17 (f)), *nocha biodhbha* (§36), etc.). Tá *nocha* pléite in *DIL* (*nicon*); *SnaG* IV, 3.2c; *SnaG* III, 11.7.

Úsáidtear an mhír dhiúltach *níor(bh)* / *níor(bhó)* san aimsir chaite amháin, agus leanann séimhiú i gcónaí í, ach amháin sa bhriathar saor, aimsir chaite. Tá 21 sampla de *níor* sa téacs (*níor fágbadh* 7 *níor folmhaigheadh* (§12), *níor fhaomh* (§30), *níor thoirmisgeas* (§31), etc.). Tá sé shampla de *níor(bh)* / *níor(bhó)* mar chopail (*níorbh fuláir* (§60), *níorbhó ceannas* (§84 (f)), etc.), agus na foirmeacha *níorsum*, an fhoirm dhiúltach den chopail agus foirceann pearsanta, chéad phearsa uatha (dhá shampla – *níorsum baoghal* (§26 (f)), *níorsum trú* (§34 (f))), agus *níorsad*, an fhoirm dhiúltach agus foirceann pearsanta, dara pearsa uatha (dhá shampla – *níorsad eaglach* (§40 (f)), *níorsad obthach* (§40 (f))) atá le fáil freisin.

Tá na míreanna *nochar(bh)* agus *nachar* le fáil freisin sa téacs san aimsir chaite amháin: tá ceithre shampla de *nochar* (*nochar fhéad* (§77), *nochar éar sé* (§91 (f)), *nochar thadhail* (§§101 (f), 106 (f))), agus sampla amháin de *nachar* (*nachar imdheargas* (§91 (f))). Tá *nochar(bh)* in úsáid mar chopail san aimsir chaite uair amháin (*nochar mhaoidhte* (§89 (f))).

Nochum atá le fáil mar mhír dhiúltach le forainm iontaíte, chéad phearsa uatha faoi dhó freisin (*nochum geibh* (§89 (f)), *nochum fhaicfe* (§93 (f))).

Ná atá mar fhoirm dhiúltach sa mhodh ordaitheach. Tá 15 sampla den mhír seo sa téacs (*ná tabhair* (§22), *ná coigill* (§28 (f)), *ná heirg* (§45 (f)), etc.), agus ní leanann athrú tosaigh ar bith í (ach amháin an réamhlitir *h* roimh ghutaí).

Maidir le míreanna diúltacha spleácha, tá *nach* agus *nár* sa téacs. De réir McManus (*SnaG* IV, 3.3) is minic a leanann urú *nach* i dtéacsanna ón 16ú haois amach, cé nach leanann urú sa Nua-Ghaeilge Mhoch ó cheart é. An dá nós atá in *BMMM* maidir le *nach*: lom a fhágtar an consan ina dhiaidh in ocht sampla, (*nach*

fuil (§§21 (f), 87), *nach bia* (§§34 (f), 85), *nach tréigfinn* (§63), etc.), ach urú a chuirtear air sna cásanna eile (6 shampla - *nach dtiucfadh* (§9), *nach bhfuaradar* (§32), *nach bhfuil* (§92), etc.).

Tá an mhír seo in úsáid mar chopail in ocht sampla, gan aon athrú tosaigh ina diaidh (*nach croidhe* (§69 (f)), *nach í* (§73), *nach ádhbhar* (§82 (f)), etc.). *Nár* atá in úsáid san aimsir chaite don chuid is mó (ceithre shampla – *nár thuit* (§7), *nár an* (§39), *nár iomghabhas* (§46), *nár fhágaibh sí* (§79)), agus leis an modh foshuiteach caite aon uair amháin (*nár fhaice* (§20 (f))). Leanann séimhiú *nár* i gcónaí leis na briathra seo sa téacs. Tá *nár* in úsáid mar chopail san samplaí seo sa téacs: *nár feadar nár croidhe* (§68), *nár chruaidh* (§69 (f)).

An mhír cheisteach:

Is í *an* an mhír cheisteach, agus tá 11 sampla le fáil. Leanann urú í (*an bhfeadabhair* (§§1, 8), *an gcualabhair* (§8), *an dtugabhair* (§29), etc.). Tá aon sampla amháin de *an* mar chopail (*an é nach gcualais* (§88)). Is iad na míreanna ceisteacha diúltacha ná *nach* (aon sampla amháin – *nach dígheoltar orra-soin* (§84 (f)), agus *nár* (dhá shampla san aimsir chaite – *nár athain Cú Chulainn mise dhiot* (§92), *nár iomráidh meise* (§93 (f))).

Cónaisc:

Achd: ‘but / except (for)’. 39 sampla sa téacs (*ní fhuil achd saobhshluagh* (§16), *achd féar agus duilleabhar* (§17 (f)), *ní bhfuil ann súd achd siangháirthe* (§32), etc.).

An gcéin: ‘while’. Tá dhá shampla sa téacs (*an gcéin ro bheinn-se im beathaidh* (§63), *an gcéin mhairfeas Conchubhar* (§87)).

Cé: ‘although’. Níl ach aon sampla amháin den chónasc *cé* (*cé do ghabh-san* (§65)). *Gé* is coitianta, le naoi sampla (*gé naisgir orm dol* (§34 (f)), *gé táthaoi-se dom fhasdódh-se* (§42), *gé do coilleadh mo gheasa* (§45 (f)), etc.). Tá aon sampla amháin de *gér* – an cónasc seo agus an chopail le chéile (*gér dhian níor dhoghabhála* (§40 (f))). Is í *gi(o)dh* an fhoirm is coitianta den chónasc leis an gcopail sa téacs le 18 sampla (*giodh mór do churadhaibh* (§1), *gidh maith a ghné* (§3 (f)), *gidh bás do-ghéabh dhe* (§33), etc.). Tá sampla amháin de *gidhbé* freisin (*gidhbé olc nó maith do-ghéabh dhe* (§71)).

Dá: ‘if’. Tá 18 sampla sa téacs, leanann urú é i ngach cás (*dá ndeachadh-san* (§10), *dá ndearnair* (§22), *dá n-anar* (§47), etc.). Leanann an modh foshuiteach *dá* don chuid is mó, agus níl ach sampla amháin den mhodh coinníollach le *dá* (*dá dtuitfeadh-san* (§13)). Ní úsáidtear an modh coinníollach le *dá* sa Nua-Ghaeilge Mhoch ach go heisceachtúil (*SnaG IV, 7.31(c)*).

Dia: ‘when’. Níl ach aon sampla amháin sa téacs, agus leanann urú é (*dia dtángadar* (§1)). Is ionann an fhoirm seo agus *dá* (‘if’) ó bhunús.

Go: ‘until / in order that’. Tá 81 sampla den chónasc seo sa téacs, agus leanann urú é (*go ndeachmaois* (§24), *go dtugainn* (§27), *go dtí* (§30), etc.). Úsáidtear go minic le briathra san aimsir chaite é (*go rángadar* (§2), *go dtáinig* (§8), *go ndearnsad* (§32), etc.). Tá *gonach* (naoi sampla), agus *gonár* (ceithre shampla) le fáil mar fhoirmeacha diúltacha. Ní leanann athrú tosaigh ar bith *gonach* (*gonach beith* (§24), *gonach chuinfé* (§30), *gonach raibhe* (§32), etc.), agus leanann séimhiú (agus an

aimsir chaite amháin) *gonár* (*gonár fhágbhadar* (§32), *gonár lamh* (§71), *gonár fhéadadar* (§72), etc.).

Maidir leis an gcopail, an fhoirm *gonadh* atá san aimsir láithreach (dhá shampla – *gonadh ann ro thurnasdair* (§4), *gonadh é sin an treas fear do-róine marcaidheachd* (§76)), agus *gomadh* atá sa mhodh foshuiteach caite (sé shampla – *gomadh tarfás dó-san* (§25), *gomadh lia a mairbh ionáid a mbí* (§31), *gomadh méadaighthir le béal fiodhchuaiche* (§59), etc.). Tá sampla amháin den chónasc seo le forainm iontaíte, chéad phearsa uatha, sa téacs freisin (*gonam torrachd dubhshluagh Eamhna* (§21 (f))).

Má: ‘if’. Tá ocht sampla sa téacs (*má do gheallamar* (§15), *má do thugas* (§27), *má tá sé beo* (§71), etc.). Is í *muna* an fhoirm dhiúltach, agus tá 12 sampla sa téacs. Leanann séimhiú í don chuid is mó (*muna thugam* (§29), *muna bheitheá-sa* (§31), *muna bheidís* (§50), etc.). Níl ach dhá eisceacht (*muna dtí* (§95), *muna dícheanntéa-sa* (§107)). *Más* atá mar fhoirm na copaille, agus tá ceithre shampla le fáil (*más eadh* (§§8, 13), *más é* (§84 (f)), *más tú* (§84 (f))).

Mar: ‘when’. Tá teacht ar 15 sampla (*mar do-chonnairc* (§25), *mar do-chluindís* (§32), *mar do-chualaidh* (§56), etc.).

Mar: ‘where’. Tá naoi sampla sa téacs (*mar a raibhe Cú Chulainn* (§11), *mar a rabhadar maithe Uladh* (§12), *mar a bhfacadar Cú Chulainn* (§32), etc.)

Ná: ‘than’. Tá naoi sampla le fáil (*ní budh sia ná tángadar* (§10), *ní mó ná mo chuid-se* (§10), *éachd budh mó ná gach uile éachd* (§10), etc.). Tá roinnt foirmeacha eile sa scéal freisin, *ioná* (12 sampla – *dob fhearr liom-sa ioná óir an domhain* (§16), *buaine bladhdh ioná saoghal* (§16), *is leisge liom-sa ioná libh-se*

(§47), etc.); *ionáid* (2 shampla – *gomadh lia a mairbh ionáid a mbí* (§31), *do badh fhearr leam an ceann-so do bhreith d'ionnsaighe a cholla féin ionáid sin uile do dhéanamh dhuit* (§90)). *Ionás* atá mar fhoirm an chónaisc le foirceann pearsanta, tríú pearsa uatha firinscneach (2 shampla – *ní thángas uair is lugha orm ionás* (§31), *dob fhearr oineach ionás* (§53)). Tá ceithre shampla de nó in áit ná sa scéal chomh maith – *do-chualaidh Cú Chulainn na gáirthe-sin ní as luaithe nó do-chualadar cách* (§32), *Laoch budh fearr nó an triath ní thig* (§80), *Tighe nó sneachda ós cionn chnoc* (§93), *Tighe nó cioth cloichshneachda* (§93).

Ná: 'nor / or'. Níl ach trí shampla sa téacs (*ceisd éaga ná oideadha* (§1), *ná re hiolgháirthe* (§24), *cath ná iorghail* (§46)). Maidir le foirmeacha eile, tá trí shampla de *ioná* (*in Éirinn ioná san domhan* (§53), *suan ioná codladh* (§61), *gáire ioná gearn* (§80 (f))), agus dhá shampla de (*io*)*náid* (*na líthe ionáid na laithe* (§52), *mo bhladh náid mo bhuaidha* (§46)), ach is í nó an fhoirm is coitianta, le 124 sampla (*gníomh nó éachd* (§1), *urra nó airdrigh* (§7), *taoiseach tuaithe nó tréanchóigeadhach* (§7), etc.).

An Aimsir Láithreach:

1 uatha: *-(a)im:* *adhraim* (§49), *creidim* (§49), *luighim* (§93 (f)), etc.

Tá an seandéireadh *-ú* le fáil sna comhbhriathra neamhrialta seo: *ad-chiú* (§§56 x 3, 83, 109 (f)), *atú* (§§21 (f), 31 x 3, 87, etc.).

2 uatha: *-e:* *faice* (§47)

-ir: *naisgir* (§34 (f))

3 uatha: neamhspleách: *-idh:* *fearaidh* (§11), *ibhidh* (§80), *silidh* (§106 (f)), etc.

spleách: *-(e)ann:* *-beanann* (§56), *-tréigheann* (§64 (f)), *-maireann* (§109 (f)).

1 iolra: *-míd:* *do-chluinmíd* (§10), *-m(a)id:* *atámaid* (§47). Seo an t-aon dá shampla den chéad phearsa iolra, aimsir láithreach sa téacs. Guta fada atá sa chéad chás, agus guta gearr sa dara cás. De réir McManus (*SnaG* IV, 7.3), ceadaítear rogha maidir le fad an ghuta i bhfoirchinn dar tús consan, ach amháin san fhoirm chéasta a chríochnaíonn ar *-r*. Maidir le fad an ghuta, féach Greene (1952).

3 iolra: neamhspleách: *-(a)id:* *fionnaid* (§21 (f)), *do-bheirid* (§42), *innisid* (§79), etc.

spleách: *-(e)a(i)d:* *-adhraid* (§49), *-tabhraid* (§109 (f)), etc. An fhoirm neamhspleách atá níos coitianta, le 18 sampla le hais 4 shampla den fhoirm spleách.

Coibhneasta: *-(e)as:* *chuireas* (§54 (f)), *cheadaigheas* (§35), *bhearas* (§37 (f)), etc.

Céasta: *-t(h)(e)ar:* *ráitear* (§9), *cuirthear* (§17 (f)), *atáthar* (§13), etc.; *-(e)ar:* *adearar* (§§30, 56). Is é an chéad fhoircheann an ceann is coitianta, le 14 sampla sa téacs, le hais dhá shampla den fhoircheann *-(e)ar*. Is leis an mbriathar neamhrialta *a-deir* amháin a úsáidtear an deireadh *-(e)ar*.

An Modh Ordaitheach:

2 uatha: an fhréamh amháin gan deireadh: *gluais* (§10), *ceadaigh* (§20), *ceangail* (§107), etc.

3 uatha: *-(e)adh:* *anadh* (§10), *fágbhadh* (§10), *éirgeadh* (§30), etc.

1 iolra: *-am:* *tochlam* (§109 (f))

2 iolra: *-(a)idh:* *eirgidh* (§1), *innisidh* (§5 (f)), *beiridh* (§30), etc.

3 iolra: *-(e)ad:* dhá shampla - *éirghead* (§30), *déanad* (§30); *-(a)id:* dhá shampla - *beirid* (§30), *cluínid* (§64 (f)). Tá an dá dheireadh i gcomórtas le chéile sa téacs.

Céasta: *-t(h)(e)ar:* *coimhthrialltar* (§8), *ceangailtear* (§107), *gabhtar* (§27), etc.

An Aimsir Chaite:

1 uatha: *-(e)as:* *-leanas* (§19 (f)), *do sgaras* (§99 (f)), *do dheargas* (§109 (f)), etc.

2 uatha: *-(a)is:* *tugais* (§27), *do choimhgheallais* (§107), *do sgaoilis* (§107), etc.

3 uatha: **(a)** *do / ro* agus an fhréamh: *do bhean* (§1), *ro chráidh* (§93 (f)), *do dhearc* (§4), etc. Tuiteann an mhír bhriathartha ar lár, ar ndóigh, nuair a thagann mír dhiúltach nó cónasc roimhe.

(b) *do / ro* agus an deireadh *-(e)asda(i)r* (5 shampla): *ro thurnasdair* (§4), *ro shileasdar* (§105), *-éarasdar* (§91 (f)), etc.

(c) an s-chaite in *-(e)as* (13 sampla), nó *(a)is* (9 sampla): *fiafraigheas* (§30), *naisgeas* (§8), *éirgheas* (§19 (f)), etc.; *gabhais* (§50), *dícheannais* (§107), *cuimhnighis* (§107), etc. Is é an déantús is coitianta sa 3ú pearsa uatha ná an mhír bhriathartha (*do / ro*) agus an fhréamh.

(d) an ā-chaite: *ro sgáith* (§43 (f))

(e) an t-chaite: *-torrachd* (§§69 (f), 84 (f))

1 iolra: *-(s)(e)ama(i)r:* *do shireamar* (§5 (f)), *do-rónamair* (§6), *ro fhearsamar* (§101 (f)), etc.; *-(s)(e)am:* *do chomhraigseam* (§40 (f)). Iarsma de s- caite na Sean-Ghaeilge atá sa deireadh *-(s)(e)am*. An deireadh *-(s)(e)ama(i)r* atá níos coitianta, níl ach sampla amháin de *-(s)(e)am* sa téacs. Tá naoi sampla den deireadh *-(e)amar* sa

téacs, le hais ceithre shampla de *-(e)amair*. Tá mír threise i ndiaidh aon sampla amháin de *-(e)amair (do-bháimair-ne (§92))*.

2 iolra: *-(e)abha(i)r: -fuarabhair (§5 (f)), -dearnabhair (§6), -cualabhair (§8), etc.*

3 iolra: (a) *-(e)ada(i)r: do thuiteadair (§1), tángadar (§4), do ghabhadar (§94), etc.*

(b) *-s(e)ad: do ghabhsad (§9), do ghonsad (§109 (f)), do rónsad (44), etc.* Is ón sean *s-* chaite a thagann an deireadh *-s(e)ad*.

An deireadh *-(e)ada(i)r* is coitianta sa scéal, le 177 sampla, le hais 18 sampla de *-s(e)ad*.

Céasta: *-(e)adh: ro leasaigheadh (§1), do thaidhbhrigheadh (§92), do ceangladh (§107), etc.* Tá *ro gaoth* mar fhoirm chéasta, aimsir chaite, faoi dhó sa téacs (*Goirt rom ghaoth* ‘I have been bitterly wounded’, §64 (f), 75 (f), agus féach an nóta faoi in §75 sna **nótaí**). Tá an dá shampla seo le fáil san fhilíocht. Is minic seanfhoirmeacha san fhilíocht is gan a leithéid sa phrós ar chor ar bith.

An Modh Coinníollach:

1 uatha: *-(f)(a)inn: -tréigfinn (§45 (f)), do loisgfinn (§97), do rachainn (§31), do-bhéarainn (§31), etc.*

2 uatha: *-t(h)(e)á: (-)beitheá (§§31, 91 (f)), -tiobharthá (§§35, 91 (f)), -marbhthá (§90), dícheanntá (§107); -f(e)á: -muirfeá (§52)*

3 uatha: *-(f)(e)adh: -léigfeadh (§10), -anfadh (§22), -teigéamadh (§13), etc.*

1 iolra: *-maois: do-ghéanmaois (§6); -f(e)amaois: do thuitfeamaois (§13); -mís: -beirmís (§55)*

3 iolra: *-f(e)idís* (dhá shampla): *do thuitfeidís* (§10), *-muirfidís* (§21 (f));
-f(e)adaois (trí shampla): *do chealgfadaois* (§24), *do choimhéadfadaois* (§24),
-muirfeadaois (§52);
-daois (ceithre shampla): *do-bhéardaois* (§§30, 65), *-fuileóchdaois* (§63), *-feasdaois*
(§90), etc.; *-dís* (sé shampla): *-beidís* (§§30, 50, 52, etc.), *-dis* (aon sampla amháin):
do thuitfidís (§50). Is é *-dís* an foircheann is coitianta sa téacs.

Céasta: *-f(a)idhe:* *do muirfidhe* (§13), *do sgoiltfidhe* (§92); *-í:* *-craithí* (§59), *do cuirthí* (§91 (f)), *sirthí* (§92), etc.

An Modh Foshuiteach Láithreach:

1 uatha: *-(e)ar:* *-anar* (§47), *-imthigear* (§47), etc.

Foirm scartha: *-sire mé* (§93 (f))

2 uatha: *-e:* *-faice* (§20 (f)); *-a* (*-abra* (§64 (f)))

1 iolra: *-(e)am:* *-tugam* (§29, bunaithe ar fhoshuiteach na Sean-Ghaeilge le breistamhan)

3 iolra: *-(e)ad:* *-tisead* (§91 (f))

An Aimsir Fháistineach:

Dhá dhéantús den aimsir fháistineach atá sa téacs seo, an fáistineach in *-f* agus an fáistineach in *-eó / -éa*.

1 uatha: neamhspleách: *-(f)(e)ad* (26 sampla): *fearfad* (§21 (f)), *sgarfad* (§96 (f)), *muirfead* (§21 (f)), *rachad* (§24), etc.

spleách: (a) *é- fáistineach:* *-freigeór* (§34 (f)), *-aibeór* (§91 (f)), *-céal* (§84 (f)), *béar* (§§72, 90)

(b) *-(e)abh* (deich sampla): *-anabh* (§46), *-sireabh* (§96 (f)), *-loisgeabh* (§97), etc.

2 uatha: *-fa:* *-tiucfa* (§17 (f))

3 uatha: neamhspleách: *-(f)(a)idh:* *tuitfidh* (§20 (f)), *leanfaidh* (§106 (f)), *éireóchaidh* (§22), *béaraidh* (§68), etc.

spleách: *-fe:* *-cluifne* (§30), *-faicfe* (§93 (f)).

1 iolra: neamhspleách: *-maoid:* *rachmaoid* (§13), *coimheóllmaoid* (§14).

spleách: *-am:* *do-bhéaram* (§23); *-fam:* *-íocfam* (§96 (f)).

3 iolra: *-(f)(a)id:* *tuitfid* (§2), *tiucfaid* (§31), *do-bhéaraid* (§33), etc.

Coibhneasta: *-(f)(e)as:* *ghéabhas* (§17 (f)), *mhuirfeas* (§33), *mhairfeas* (§87), etc.

Céasta: *-f(a)idhear:* *millfidhear* (§10), *muirfidhear* (§33) – *tuitfidhear* (§102), etc.;

-t(h)ar: *-ceingeóltar* (§107), *-dingeantar* (§107)

An Aimsir Ghnáthchaite:

3 uatha: *-(e)adh:* *-fágbadh* (§12), *-aisgeadh* (§34 (f)), *do shileadh* (§39), etc.

1 iolra: *-mis:* *théigmis* (§40 (f))

3 iolra: *-daois:* *do thógbhadaois* (§32); *-dis:* *do-chluindís* (§32), *do léigdis* (§§32, 49), etc.

Briathra Neamhrialta:

A-DEIR

Aimsir Láithreach:

1 uatha: *-abraim* (§64 (f)), *ad-bheirim* (§84 (f)), *adeirim* (§109 (f))

3 iolra: *adeirid* (§31)

Céasta: *adearar* (§§30, 56), *-abartar* (§§49, 77, 83 x 2), *-abarthar* (§105)

Aimsir Chaite:

3 uatha: *adubhairt* (§§1, 13, 14, 20, 24 x 2, 33, 39, 42 x 2, 44, 47, 56 x 2, 63, 68 x 2, 74 x 2, 77, 81, 84 (f), 87 x 2, 88 x 2, 90 x 2, 92 x 3, 94, 97, 98, 102 x 2, 105, 107), *ad-bheart* (§§2, 16, 20 x 2, 27, 33, 36, 38, 39, 49, 50 x 2, 53, 63, 74, 77, 81, 83, 85, 92, 95, 100). Úsáidtear an fhoirm *ad-bheart* sa scéal nuair a leanann laoi, rann nó rosc í de ghnáth, mar shampla, *et ad-bheart an laoidh* (§§2, 16, 20, etc.). Tá 18 sampla den fhoirm sa chomhthéacs seo, níl ach 4 shampla den fhoirm i gcomhthéacsanna eile (§§38, 50 x 2, 92).

3 iolra: *adubhradar* (§§53, 71)

Aimsir Fháistineach:

1 uatha: *-aibeór* (§91 (f))

3 iolra: *adéaraid* (§64 (f))

Modh Ordaitheach:

2 uatha: *-abair* (§§64 (f), 93 x 2 (f), 95)

3 uatha: *abradh* (§95)

Modh Foshuiteach:

2 uatha: *-abra* (§64 (f))

DO-BHEIR:

Aimsir Láithreach:

1 uatha: *do-bheirim* (§§54 (f), 63 x 2, 68, 83, 84 (f), 85)

3 iolra: *do-bheirid* (§42)

Aimsir Chaite:

1 uatha: *(-)tugas* (§§27, 67, 107, 109 x 4 (f))

2 uatha: *(-)tugais* (§§27, 44, 91 x 2 (f)), *do-radais* (§91)

3 uatha: *(-)tug* (§§12 x 2, 26 (f), 44, 50 x 2, 58 x 2, 61 x 2, 62 x 2, 67 x 2, 68 x 2, 70, 74 x 2, 76, 79, 83, 85 x 2, 87 x 2, 88, 89 (f), 90 x 2, 92 x 2, 93 (f), 96 (f), 97 x 3, 98, 106 (f), 107), *thug* (neamhspleách - §44 x 2), *tugasdar* (§§60 x 3, 107), *do-rad* (§§51, 61, 109, etc.)

1 iolra: *-tugamar* (§29)

2 iolra: *-tugabhair* (§29)

3 iolra: *tugadar* (§§22, 58, 85, 97, 105)

Céasta: *(-)tugadh* (§§8, 12, 14 x 2, 24 x 2, 30, 33, 74)

Aimsir Fháistineach:

1 uatha: *do-bhéar* (§§34 (f), 55, 64 (f), 80 (f)), *do-bhéara mé* (§55)

1 iolra: *do-bhéaram* (§23)

3 iolra: *do-bhéaraid* (§33), *-tabhraid* (§109 (f))

Céasta: *do-bhéarar* (§§14, 32)

Modh Ordaitheach:

2 uatha: *tabhair* (§§10, 22, 32, 44, 54 (f), 58, 91 x 2 (f)), *tug* (§93 (f))

Modh Coinníoliach:

1 uatha: *do-bhéarainn* (§§31, 51(f)), *-tiubhrainn* (§38)

2 uatha: *-tiobharthá* (§§35, 91 (f))

3 uatha: *do-bhéaradh* (§§65, 102), *-tiubhradh* (§13)

3 iolra: *do-bhéardaois* (§§30, 65)

Modh Foshuiteach Láithreach:

1 iolra: *-tugam* (§29)

Modh Foshuiteach Caíte:

1 uatha: *-tugainn* (§27)

3 uatha: *-tugadh* (§33)

Aimsir Ghnáthchaite:

3 uatha: *do-bheireadh* (§109 (f)), *-tugadh* (§91 (f))

DO/AD-CHÍ:

An réimír *do-* is coitianta sa téacs, le 27 sampla, le hais 16 sampla de *ad-*.

Aimsir Láithreach:

1 uatha: *ad-chím* (§24), *do-chím* (§109 (f)), *ad-chiú* (§§56 x 3, 83, 108), *do-chiú* (§84 (f)). Tá an dá dheireadh, *-m* agus *-ú* le fáil sa chéad phearsa uatha, aimsir láithreach neamhspleách. An deireadh *-ú* is sine; úsáidtear uair amháin san fhilíocht é (*do-chiú* §84 (f)), trí huair nuair atá óráid ar siúl (*ad-chiú*, §56 x 3), agus dhá uair sa ghnáthchaint (*ad-chiú*, §§83, 108).

2 uatha: *-faice* (§47)

Aimsir Chaite:

1 uatha: *do-chonnarc* (§§49, 92), *-faca* (§83)

3 uatha: *ad-chonnaire* (§§4, 16, 18, 49, 50, 73, 74, 83), *do-chonnaire* (§§18, 24, 42, 49 x 2, 50 x 2, 58, 68 x 3, 70, 77, 83, 85, 87, 102 x 2, 105) *-facaidh* (§40 (f))

3 iolra: *do-chonncadar* (§§29, 88), *ad-chonncadar* (§32)

Céasta: *ad-ceas* (§59), *-facas* (§40 (f))

Aimsir Fháistineach:

3 uatha: *-faicfe* (§93 (f))

3 iolra: *do-chifid* (§68)

Modh Foshuiteach Caite:

2 uatha: *-faice* (§20 (f))

DO/AD-CHLUIN(EANN):

An réimír *do-* is coitianta sa scéal, níl ach dhá shampla den mhír *ad-* leis an mbriathar seo, (*ad-chluinim* §32, *ad-clos* §59). *Do-* atá in úsáid i ngach cás eile.

Aimsir Láithreach:

1 uatha: *do-chluinim* (§§16, 81), *ad-chluinim* (§32)

1 iolra: *do-chluinmíd* (§10)

Aimsir Chaite:

1 uatha: *do-chuala* (§§19 (f), 20, 45 (f)), *do-chualas* (§88)

2 uatha: *do-chualais* (§88)

3 uatha: *do-chualaidh* (§§9, 13, 15, 18, 19 (f), 20, 32 x 2, 38, 42, 49, 56, 97), *-cluín* (§45 (f))

1 iolra: *-cualamair* (§8)

2 iolra: *-cualabhair* (§8)

3 iolra: *do-chualadar* (§§32 x 2, 44, 53)

Céasta: *do-clos* (§55), *ad-clos* (§59)

Aimsir Fháistineach:

3 uatha: *-cluínfe sé* (§30), *-cluínfidh* (§91 (f))

2 iolra: *do-chluínfidh* (§71), *do-chluínfe sibh* (§1)

3 iolra: *-cluinfid* (§63)

Modh Ordaitheach:

3 iolra: *cluimid* (§64 (f))

Modh Coinníollach:

3 uatha: *-cluinfeadh* (§30)

Aimsir Ghnáthchaite:

3 iolra: *do-chluindís* (§32 x 2)

DO-NÍ:

Aimsir Láithreach:

3 uatha: *do-ní* (§§50, 71)

Aimsir Chaite:

1 uatha: *do-rónas* (§85), *-dearnas* (§§68, 91 (f))

2 uatha: *do-rinnis* (§64 (f))

3 uatha: *do-róine* (§§1, 4, 76), *do-rinne* (§§2, 18, 49, 67 x 2, 68, 79, 97, 108, 110),

-dearnaidh (§1), *-dearna* (§§97, 100)

1 iolra: *do-rónamair* (§6)

2 iolra: *-dearnabhair* (§6)

3 iolra: *do-rinneadar* (§24), *do-rónsadh* (§§13 x 2, 24, 44, 88, 92), *-dearnsadh* (§32). Tá an dá dheireadh ann, *-(e)adar*, agus an sean *s-* caite (athchóipeáilte), *s(e)ad*. An dara ceann acu is coitianta mar dheireadh le seacht sampla tríd an téacs. Níl ach aon sampla amháin den deireadh *-(e)adar* sa scéal.

Céasta: *do-rónadh* (§§2, 10 x 2, 12, 13, 31, 68, 72 x 3, 90), *do-rinneadh* (§§59 x 2, 73), *-dearnadh* (§59). Tá plé ar an dá fhoirm *rinn-* agus *rón-* agus an chaoi ar meascadh ó thréimhse na Meán-Ghaeilge ar aghaidh iad in McCone 1987, 257.

Aímsir Fháistineach:

1 uatha: *do-ghéan* (§§21 x 3 (f), 46, 52, 63, 92, 93 (f), 109 (f)), *-déanadh* (§44), *-diongnadh mé / diongna(dh) mé* (§55 – tá fadhb leis an bhfoirm seo, féach an nóta faoi in §55 sna **nótaí**), *-dingean* (§80 (f))

3 uatha: *-dingne* (§111 (f))

1 iolra: *do-ghéanaim-ne* (§12)

Céasta: *-dingeantar* (§§81, 107)

Modh Ordaitheach:

2 uatha: *déana* (§§31, 52, 77, 90)

2 iolra: *déanaidh* (§§1 x 3, 33, 57)

3 iolra: *déanad siad* (§30)

Céasta: *déantar* (§108)

Modh Coinníollach:

1 uatha: *-diongnainn* (§68)

1 iolra: *do-ghéanmaois* (§§6, 10)

Modh Foshuiteach:

2 uatha: *-dearnair* (§22, bunaithe ar fhoshuiteach na Sean-Ghaeilge le breistamhan)

TÉID:

Aimsir Láithreach:

3 uatha: *téid* (§§12, 57 (f))

3 iolra: *-tiad* (§84 x 2 (f))

Aimsir Chaite:

1 uatha: *do-chuadh* (§§26 (f), 47), *-deachas* (§55)

3 uatha: *do-chuaidh* (§§4, 21 (f), 31 x 2, 32, 33 x 2, 36, 38, 49 x 2, 60, 70, 71, 74, 85, 93 (f), 97, 100), *do-chóidh* (§82 (f)), *-deachaidh* (§§32, 36, 39, 67, 69 (f), 71, 83, 85, 87, 105 x 2), *do luidh* (§61)

1 iolra: *lodamar* (§48 (f)), *-deachamar* (§40 (f))

3 iolra: *do-chuadar* (§§2 x 3, 11, 12, 32), *-deachadar* (§41), *-deachsad* (§60)

Aimsir Fháistineach:

1 uatha: *-rach* (§§30, 94), *-rachad* (§§24, 35, 38, 44, 55, 56, 71, 85, 109 (f)), *-racha* (§93 (f))

3 uatha: *rachaidh* (§22)

1 iolra: *rachmaoid* (§13)

Modh Ordaitheach:

2 uatha: *-eirg* (§§28, 45)

3 uatha: *-eirgeadh* (§30)

2 iolra: *-eirgidh* (§1)

3 iolra: *-eirgead* (§30)

Modh Coinníollach:

1 uatha: *do rachainn* (§31)

2 uatha: *-rachdá* (§27)

3 uatha: *-rachadh* (§§33, 81)

Modh Foshuiteach Láithreach:

1 uatha: *-deach* (bunaithe ar foshuiteach na Sean-Ghaeilge le breistamhan - §§34 (f), 64 (f))

Modh Foshuiteach Caite:

1 uatha: *-deachainn* (§§25, 27, 33, 76)

2 uatha: *-deachdá* (§92)

3 uatha: *-deachadh* (§10)

1 iolra: *-deachmaois* (§§24, 50, 77)

Aimsir Ghnáthchaite:

1 iolra: *do théigm[h]is* (§40 (f))

TIG / DO-IG:

Aimsir Láithreach:

3 uatha: *(-)tig* (§§21 (f), 42, 48 (f), 56, 57 x 2 (f), 64 (f), 74, 83)

1 iolra: *-tigeam* (§44)

Aimsir Chaite:

1 uatha: *-tángas* (§31)

2 uatha: *-tángais* (§82 (f))

3 uatha: *táinig* (§§1 x 4, 5 (f), 7, 8 x 4, 11 x 2, 12, 17 (f), 18, 19 (f), 20 x 2, 24 x 2, 27 x 2, 31, 32, 33 x 3, 38, x 2, 39 x 3, 42, 44 x 4, 47 x 2, 49, 50 x 4, 52, 53 x 2, 55, 57, 58, 61, 62, 65, 66 x 2, 67 x 2, 68, 70 x 2, 71, 73 x 2, 74 x 2, 76, 77 x 2, 79 x 2, 83 x 3, 84 (f), 85 x 4, 87, 93 x 2 (f), 95, 97 x 7, 98 x 2, 100, 102 x 2, 105 x 2, 107)

1 iolra: *tángamar* (§§5 (f), 47)

3 iolra: *tángadair* (§23), *(-)tángadar* (§§1, 4, 7, 8 x 2, 9, 10, 14, 15, 23, 24, 29, 31 x 4, 32, 55, 59 x 3, 64 (f), 67, 68, 70, 73 x 2, 88 x 2)

Aimsir Fháistineach:

1 uatha: *-tiucfad* (§43 (f))

2 uatha: *tiucfa* (§34 (f)), *do thiucfa* (§39)

3 uatha: *tiucfaidh* (§22), *-tiocfa* (§17 (f))

3 iolra: *tiucfaid* (§§31, 88)

Modh Ordaitheach:

2 uatha: *tair* (§24), *tarr* (§§31, 96 (f))

3 uatha: *tigeadh* (§10)

Modh Coinnfollach

3 uatha: *do thiucfadh* (§22), *-tiucfadh* (§9)

Aimsir Ghnáthchaite

3 uatha: *do thigeadh* (§90)

Modh Foshuiteach Láithreach:

3 uatha: *-tí* (§§30 x 2, 34 (f), 94, 95)

3 iolra: *-tísead* (§§81, 91 (f))

RO-IG:

Aimsir Chaite:

3 uatha: *ráinig* (§§62, 71, 74, 77, 97 x 2, 108)

3 iolra: *rángadar* (§§2, 9, 15, 23, 24, 27, 32 x 2, 38, 40 (f), 42, 44, 47, 68, 87)

RO-SHAIGH:

Aimsir Fháistineach:

1 uatha: *-roichfidh mé* (§44)

Modh Coinníollach:

3 uatha: *-roichfeadh* (§59)

Modh Foshuiteach Láithreach:

1 uatha: *-roichear* (§95)

2 uatha: *-roichir* (§93 (f))

DO-TUIT:

Aimsir Chaite:

1 uatha: *a-drochar* (§63), *-torchar* (§§69 (f), 107, 108 x 2)

3 uatha: *do thuit* (§§1, 9, 10 x 3, 50, 70, 72, 105 x 2, 109 x 4 (f)), *do thaoth* (§93 (f)), *ro thaoth* (§60), *(-)tuiteas* (§§63, 108), *-tuit* (§§7, 19 (f), 66, 80 (f), 85, 97 x 2, 98), *(-)torchair* (§§9 x 3, 55, 60, 66, 76, 82 (f), 93 (f), 97 x 2, 109 x 2 (f))

3 iolra: *do-thuiteadar* (§§41, 97), *do-thuiteadair* (§1), *do-thuitsead* (§109 (f)), *-torchradar* (§60)

Aimsir Fháistineach:

3 uatha: *tuitfidh* (§§20 (f), 72), *do-f[h]aoth* (§§3 x 2 (f; féach nóta), 21 x 3 (f))

2 iolra: *tuitfidhthí* (§103 (f))

3 iolra: *(-)tuitfid* (§2), *taothsad* (§48 x 2 (f))

Céasta: *-tuitfidhear* (§102)

Modh Coinníollach:

3 uatha: *-tuitfeadh* (§§13, 67, 92 x 2)

1 iolra: *do thuitfeamaois* (§13)

3 iolra: *do thuitfeidís* (§10), *do thuitfidis* (§50)

DO-CUIRETHAR:

Aimsir Chaite:

3 uatha: *(-)tarla* (§§7, 36, 47, etc.)

Céasta: *tochradh* (§91 (f))

RO-FITIR:

Aimsir Láithreach: (An seanaimsir láithreach nó caite de *ro-finnadar*)

1 uatha: *do-fheadar* (§§7, 8, 30, 40 (f)), *(-)feadar* (§69 x 4 (f))

2 uatha: *-feadrais* (§8), *-fidir tusa*(§7),

1 iolra: *do-fheadamar* (§1), *do-fheadamair* (§8), *-feadamar* (§30)

2 iolra: *-feadabhair* (§§1, 8)

Céasta: *ro feas* (§64 (f))

Modh Ordaitheach:

Céasta: *fionntar* (§28 (f))

Modh Coinníollach:

1 uatha: *-fionnainn* (§68)

3 iolra: *-feasdaois* (§90)

Modh Foshuiteach Caite:

3 uatha: *-feasadh* (§51 (f))

DO-GHEIBH:

Aimsir Láithreach:

2 uatha: *-faghair* (§96 (f))

Céasta: *-foghthar* (§64 (f))

Aimsir Chaite:

1 uatha: *fuaras* (§109 (f))

3 uatha: *-fuair* (§§63, 104, 109 (f))

2 iolra: *-fuarabhair* (§5 (f))

3 iolra: *(-)fuaradar* (§§32 x 2, 73)

Céasta: *fríth* (§111 (f) x 2)

Aimsir Fháistineach:

1 uatha: *do-ghéabh* (§§33, 68, 71, 109 (f))

3 uatha: *-fuirge* (§63)

Modh Ordaitheach:

2 uatha: *fagh* (§71)

Modh Coinníollach:

Céasta: *-fuighthí* (§92)

FO-ÁCAIB:

Aimsir Chaite:

1 uatha: *do fhágghas* (§87)

2 uatha: *do fhágghais* (§64 (f), 93 (f))

3 uatha: *do fhágaibh* (§§1, 21, 97), *fhágghas* (coibhneasta - §84 (f))

3 iolra: *-fágghadar* (§§32, 97)

Aimsir Ghnáthchaite:

3 uatha: *-fágghadh* (§12)

Aimsir Fháistineach:

1 uatha: *-fúigeabh* (§90)

Céasta: *-fúigfear* (§84 (f))

Modh Ordaitheach:

3 uatha: *fágghadh* (§10)

DO-TÉT:

Modh Coinníollach / Modh Foshuiteach Láithreach:

3 uatha: *-targa* (§34 (f))

DO-ADBAT:

Aimsir Chaite:

Céasta: *tarfás* (§25), *tarbhás* (§49)

AT-BAIL:

Aimsir Chaite:

3 uatha: *ad-bhath* (§93 (f))

AT-REIG:

Aimsir Chaite:

3 uatha: *ad-rachd* (§59 x 2)

LINGID:

Tá an briathar seo rialta sa téacs ach amháin san aimsir chaite.

Aimsir Chaite:

3ú uatha: *do reabhlaing* (§60 < Sean-Ghaeilge foirfe *-leblaing* le dishamhlú an chéad / go r)

A-TÁ :

Aimsir Láithreach:

1 uatha: *atáim* (§§10, 63, 67, 71), *atú* (§21 (f), 31 x 3, 87, 103 (f))

2 uatha: *-taoi* (§34 (f)), *-fuile* (§109 (f))

3 uatha: *atá* (§§3 (f), 16, 24, 26 (f), 31, 33 x 2, 34 x 2 (f), 36, 39 x 2, 42, 47, 54 (f), 57, 58, 71, 72, 80 (f), 81, 83 x 4, 84 (f), 87 x 2, 89 (f), 90, 92, 95 x 2, 97, 101 x 2 (f), 102, 107, 109 (f)), *-tá* (§§47, 51 (f), 59, 60, 71), *-fuil* (§§13, 21 (f), 26 (f), 32, 42, 44, 87, 95, 109 (f))

1 iolra: *atámaid* (§47)

2 iolra: *táthaoi* (§42), *táithe* (§48 (f))

3 iolra: *atáid* (§§3 (f), 11 x 2, 22 x 2, 31 x 2, 52, 58, 74, 87, 92, 109 (f)), *-fuilid* (§§58, 63)

Coibhneasta: *fuil* (§§3 (f), 8, 10, 58, 64 (f), 67, 71, 80 (f), 90)

Céasta: *atáthar* (§§13, 92)

Aimsir Ghnáthláithreach:

3 uatha: *-bí* (§§82 (f), 84 (f))

Aimsir Chaite:

1 uatha: *-rabhas* (§63)

2 uatha: *do bhádhais* (§§85, 91 (f)), *-rabhais* (§§40 x 2 (f), 84 (f), 91 (f))

3 uatha: *do bhí* (§§4, 7, 11 x 2, 16, 24, 25, 31, 32 x 2, 33, 39, 44 x 3, 50 x 4, 62, 67 x 4, 68 x 3, 69 x 3 (f), 71, 72 x 2, 73 x 2, 74, 76, 83 x 2, 85 x 2, 87 x 4, 88, 92, 102 x 2, 105 x 2, 107, 109 (f)), *ro bhí* (§50), *do bhaoi* (§72), *ro bhaoi* (§62) *-raibh*⁴³ (§§42

⁴³ Is leis an sliocht a baineadh as A3 amháin atá an fhoirm *-raibh* le fáil.

x 3, 44 x 2), *-raibhe* (§§1, 7, 11 x 2, 13, 20, 23, 27, 31 x 2, 32 x 3, 33, 53 x 2, 66, 73, 74, 90 x 2, 100, 107, 108)

1 iolra: *do bhámair* (§92)

3 iolra: *do bhádar* (§§2 x 3, 6, 8 x 2, 22, 52, 61, 62, 70, 71, 72, 92), *-rabhadar* (§§12, 68, 97, 107, 108)

Aimsir Fháistineach:

1 uatha: *-biú* (§92), *-bead* (§92)

3 uatha: *biaidh* (§§16, 21 x 3 (f), 34 x 2 (f), 93 (f)), *beidh* (§28 (f)), *-bia* (§§21 x 2 (f), 34 (f), 85, 91 (f), 96 (f))

3 iolra: *-beid* (§111 x 4 (f))

Coibhneasta: *bhias* (§47)

Modh Coinníollach:

1 uatha: *ro bheinn* (§63)

3 uatha: *-biadh* (§§19 (f), 85, 90), *-beadh* (§80 (f))

3 iolra: *-beidís* (§§30, 50, 52, 61, 92, 102)

Aimsir Ghnáthchaite:

3 uatha: *do bhíodh* (§§50, 73), *-bíodh* (§93 (f))

3 iolra: *-bidís* (§60)

AN CHOPAIL:

Tá an-chuid samplaí d'fhoirmeacha na copail le fáil sa téacs, agus mar sin, sa chás go mbíonn níos mó ná trí shampla le fáil, tugaim trí shampla agus *etc.* thíos.

Aimsir Láithreach:

1 uatha: *'sum* (§§64 (f), 91 (f)),

3 uatha: *is* (§§1 x 2, 2 x 3, 6, etc.), *ní* (§§5 (f), 10 x 2, 24, etc.), *gurab* (§§7, 10, 13 x 2, etc.), *gonadh* (§§4, 76), *más* (§§8, 13, 84 (f), etc.), *nocha* (§§17 x 2 (f), 26 (f), 36, etc.), *nochan* (§47), *nach* (§§39, 50, 69 (f), etc.)

Aimsir Chaite:

1 uatha: *robsam* (§69 x 2 (f)), *níorsum* (§§26 (f), 34 (f), etc)

2 uatha: *níorsad* (§40 x 2 (f))

3 uatha: (-)*budh* (§§1, 5 (f), 10 x 2, etc.), *badh* (§§5 (f), 67 x 2, etc.), *bá* (§§18 x 2, 39, 40 (f), etc.), *ba* (§§39 x 3 (f), 86 (f)), *fa* (§§27, 78 (f)), *fá* (§§85, 99 (f), 101 (f), etc.), *do budh* (§§1, 9, 50, etc.), *ro ba* (§106 (f)), *ro budh* (§39 (f)), *ro badh* (§§101 (f), 107, 108, etc.), *do badh* (§§80 (f), 81, 83, etc.), *dob* (§§16, 19 (f), 24, etc.), *rob* (§§5 (f), 15, 43 (f), etc.), *nior* (§89 (f)), *níorbhó* (§84 (f)), *nochar* (§§77, 89 (f)), *nocharbh* (§5 (f)), *gur* (§§53, 72 x 2), *gurab* (§§7, 10, 13, etc.), *gurob* (§§1, 4, 7, etc.), *gurb* (§§72, 73), *gurba* (§§6, 32, 77), *gurbá* (§§59, 61), *gurbha* (§49), *gurbó* (§§59, 60 x 3, 61, etc.), *gurbh* (§§64 (f), 99 (f)), *gurbhó* (§§50, 62 x 2, 68, etc.), *gér* (§40 (f)), *gérbh* (§11), *gérbha* (§12), *darbhó* (§§85, 87)

Aimsir Fháistineach:

3 uatha: *-budh* (§§22, 34 x 2 (f)), *bidh* (§43 (f))

Modh Coinníollach:

3 uatha: *budh* (§§10, 56, 88, etc.), *bú* (§64 (f)), *-badh* (§§64 (f), 81)

Modh Foshuiteach:

3 uatha: *gurob* (§64 (f)), *madh* (§§64 (f), 97)

Modh Foshuiteach Caite:

3 uatha: *gomadh* (§§25, 31, 68, etc.)

3.4 An Réamhfhocal:

Déanann McManus idirdhealú ar na réamhfhocail in *SnaG* (IV, 10.1), trí dhá ghrúpa a aithint, grúpa A, ina leanann an tuiseal tabharthach na réamhfhocail, agus grúpa B, ina leanann an tuiseal cuspóireach na réamhfhocail. An córas céanna atá in úsáid anseo, ach ní sheasann sé i gcónaí, toisc go bhfuil na tuisil measctha go pointe áirithe i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche.

Go bunúsach, leanann an tuiseal tabharthach roinnt réamhfhocal sa scéal: *a^h/as* (uatha: *a Teamhraigh* (§98); iolra: *a críochaibh* (§47), *a hionadaibh* (§47), etc.), *ag* (uatha: *ag Cathfadh* (§31), *ag fíor* (§90); iolra: *ag mnáibh* 7 *ag fearaibh* 7 *ag fileadhaibh* (§73), etc.), *de* (iolra: *d'fhearaibh* (§31)), *do* (iolra: *do churadhaibh* (§1), *do chaithmhíleadhaibh* (§1), *do rothaoiseachaibh* (§1), etc.), *goⁿ* (uatha: *go mbladh* (§3 (f)), *go ngoil* (§19 (f)), *go bpubaill* (§56), etc.), *le / lé^h* (uatha: *le Conall* (§10);

iolra: *le mórchathaibh* (§39 (f)), *lé feillcheardaibh* (§22), etc.), *ó* (uatha: *ó thús* (§11), *ó Theamhraigh* (§98), *ó Chairn Mhaigh* (§43 (f)), etc.), *ós* (uatha: *ós air* (§§14, 30, 32, etc.)), *os cionn* (§§20, 27, 32, etc.), *os úr* (§56)); agus an tuiseal cuspóireach (nó an tuiseal ainmneach) a leanann roinnt réamhfhocal eile: *go^h* (uatha: *go hEamhain* (§1), *go Dún Dealgan* (§1), *go hAlbain* (§2), etc.), *re / ré / roimh*, *seach* (uatha: *seach chách* (§109 (f))).

I gcás na réamhfhocal eile sa scéal, meascán atá le fáil idir an tuiseal tabharthach agus an tuiseal cuspóireach: *ar*, (*e*)*idir* (uatha: *idir bhantrachd mban* (§26 (f)), *idir Mhagh mhín is mhuine* (§103 (f)), *idir churadh 7 chaithmhílidh* (§72), *idir mhnaoi 7 fíor* (§100), etc.), *fo / fa / fó / fá* (uatha: *fo dhoghra nduibh* (§45 (f))); iolra: *fa churadhaibh* (§20), *fó chosaibh* (§67), *fá mhéala* (§40 (f), etc.), *for*, *fri / fria / re^h* (uatha: *fria bonn* (§60), *re hEamhain* (§49)); iolra: *fri sgéalaibh* (§73), *re híolgháirthe* (§24), etc.), *iⁿ* (uatha: *i gcath* (§1), *i Magh Muirtheimhne* (§14)); iolra: *i Saxanaibh* (§2), etc.), *tar*, *tré* (uatha: *tré chomhairle* (§10), *tré bhíodhgadh* (§36), *tré thaobh* (§87), etc.), *um* (uatha: *um Chonchobhar* (§12), *um thealaigh* (§21 (f))); iolra: *um dhoirsibh* (§97), etc.). I gcás na réamhfhocal thuas nach bhfuil samplaí le fáil leo (*re / ré / roimh*, *ar*, *for*, *tar*), pléifear na claochluithe tosaigh a leanann iad thíos.

Nuair a bhíonn réamhfhocal in úsáid leis an alt san uimhir uatha, is gnách an t-urú, ach amháin i gcás na réamhfhocal *de*, *do*, *i* (i roinnt cásanna a phléifear thíos), agus *ó*. Maidir leis an réamhfhocal *re / ré / roimh*, tá dhá shampla sa scéal den réamhfhocal seo leis an alt. Leanann séimhiú é sa chéad chás (*roimh an gháir* (§16)), agus urú sa dara cás (*roimh an gcloich* (§87)). An réamhfhocal *go^h* agus an t-alt atá in úsáid aon uair amháin roimh chonsan sa téacs, agus leanann séimhiú é

(*gus an chath* (§93 (f))). Cuireann an réamhfhocal agus an t-alt san uimhir iolra an réamhlitir *h* roimh ghutaí.

Ní leantar na nósanna céanna in RIA 23 K 37 (§§42-46) maidir le claochluithe tosaigh i ndiaidh an réamhfhocail agus an ailt (*fan chathraigh* (§42), *as an bhallán* (§44), *don mbantrachd* (§44)).

A / as: ‘out of’. An fhoirm *as* atá in úsáid roimh *gach* agus *sin* (*as gach tír* (§5 (f)), *as sin* (§9)). *A* atá i ngach cás eile (*a hIfreann* (§4), *a Cruthantuaith* (§22), *a crích Chruithneach* (§30), etc.).

Leis an aidiacht shealbhach:

Déantar *as* de (*as a chréachdaibh* (§62), *as a háladh* (§62), *as a gcóirighthibh* (§41), etc.).

Leis an mír choibhneasta:

As ar (san aimsir chaite - *as ar haimsigheadh é* (§62)).

Forainmneacha réamhfhoclacha:

3 uatha firinscneach: *as* (§§36, 67)

3 uatha baininscneach: *aisde* (§§70, 72)

3 iolra: *aisdibh* (§23)

Ag: ‘at, by, etc.’.

Leis an aidiacht shealbhach:

'Ga atá sa tríú pearsa iolra (*Budh foirdhearg an féar 'ga bhfuil* (§103 (f))). Nuair a chuireann an aidiacht shealbhach cuspóir an ainm bhriathartha in iúl, *'gad* atá le fáil

sa dara pearsa uatha (*'gad athach et 'gad eadarghuidhe* (§11), etc.), *agá / aga / 'gá / 'ga* atá in úsáid sa scéal sa tríú pearsa uatha firinscneach agus baininscneach, agus tríú pearsa iolra (*agá aidhmhilleadh* (§24), *agá hinnisin* (§16), *aga bhfaicsin* (§16), *'gá seinm sin* (§19 (f)), etc.).

Leis an mír choibhneasta:

Ag a agus *urú* atá in úsáid (*ag a bhfuarabhair foghlaim* (§5 (f))).

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *agam* (§§11, 24, 29, etc.)

2 uatha: *agad* (§§47, 52, 107, etc.)

3 uatha firinscneach: *aige* (§§60, 72, 92, etc.)

3 uatha baininscneach: *aice* (§§33, 47 x 2, etc.)

1 iolra: *againn* (§88)

2 iolra: *agaibh* (§§88 x 2, 95, etc.)

3 iolra: *aca* (§§1, 13, 50, etc.)

Ar: ‘on, in at, after, etc.’ Trí réamhfhocal ó bhunús atá i gceist sa réamhfhocal seo, *ar, for,* agus *iar,* agus is cinnte go bhfuil meascán idir *ar, for,* agus *iar* sa téacs ar dhá leibhéal; foirm agus brí. Go stairiúil, leanann séimhiú *ar,* *urú iar,* agus ní leanann athrú tosaigh ar bith *for,* agus tá samplaí sa scéal den phatrún seo (*ar: ar fhearaihb* (§1), *ar fhaithe* (§4), *ar Choin gCulainn* (§8), etc.; *for: ar Magh na hEamhna* (§47), *ar tosach* (§63), *ar tánaidh* (51 (f)), etc.; *iar: ar gcuartughadh* (§7), *ar gclos* (§13), *ar ndul* (§5 (f)), etc.). Ní sheasann seo i gcónaí sa téacs, áfach, agus meascán atá le feiceáil sna claochluithe tosaigh, (féach *for* agus séimhiú thíos,

mar shampla). Nuair a sheasann *ar do iar* na Sean-Ghaeilge sa scéal, afách, leanann urú é i ngach cás.

Úsáidtear le hainmneacha briathartha i roinnt cásanna freisin é nuair a chuireann sé staid in iúl (*for* atá i gceist): *ar coimhchrioth* (§11), *ar corraighe* (§11), *ar lasadh* (§59)).

Leis an mír choibhneasta:

Ar a agus urú atá ann (*Ar a bhfuil do mhnáibh* (§64 (f)), *ar a dtug uch* (§106 (f)), etc.); agus *ar ar* atá in úsáid freisin (*ar ar cinneadh leo* (§30)).

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *orm* (§§16, 31, 33, etc.); *oram* (§§30, 44), is í *orm* (Sean-Ghaeilge *form*) an fhoirm is coitianta, níl ach dhá shampla de *oram* sa téacs

2 uatha: *ort* (Sean-Ghaeilge *fort* - §§34 (f), 42, 64 (f), etc.)

3 uatha firinsneach: *air* (§§1, 61, 62, etc.)

3 uatha baininsneach: *uirre* (§§33, 70, 74, etc.); *uirthe* (§10), is coitianta *uirre* ná *uirthe*, níl ach sampla amháin de *uirthe* sa scéal.

1 iolra: *orainn* (§§23, 52, 71, etc.)

2 iolra: *oraibh* (§102)

3 iolra: *orra* (§§10, 12, 13, etc.); *ortha* (§41), *orra* is coitianta, níl ach sampla amháin de *ortha*.

Féach freisin *for* thíos.

De: ‘of, from, etc.’. Measctar *de* agus *do* tríd síos, agus i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche go ginearálta.

Forainmneacha réamhfhoclacha:

Bíonn séimhiú tosaigh ar an bhforainm réamhfhoclach go ginearálta muna gcríochnaíonn an focal roimhe ar *d*, *n*, *t*, *l*, ná *s*. Leanann an réamhfhocal *do* (thíos) an pátrún céanna.

2 uatha: *d(h)iot* (§§38, 92 x 2)

3 uatha firinscneach: *d(h)e* (§§31, 50, 97, etc.)

3 uatha baininscneach: *d(h)i* (§§11, 67, 106 (f), etc.); *d(h)i* (§§4)

1 iolra: *d(h)ínn* (§29)

2 iolra: *d(h)íbh* (§88)

3 iolra: *d(h)íobh* (§§1, 4, 6, etc.); *d(h)íbh* (§59 x 2)

Do: ‘to, for, etc.’

Leis an aidiacht shealbhadh:

1 uatha: *dom* (§§25, 31, 42, etc.)

2 uatha: *dod* (§§16, 22, 38, etc.)

3 uatha firinscneach: *dá* (§§7, 10, 13, etc.); *dia* (§§59, 61, 87, etc.). Is minice *dá* ná *dia*, san uatha agus san iolra.

3 uatha baininscneach: *dá* (§§8, 33, 39, etc.)

1 iolra: *dár* (§§14, 30, 73, etc.)

2 iolra: *dá bhar* (§83)

3 iolra: *dá* (1, 7, 8, etc.); *dia* (§1, 55)

Leis an mír choibhneasta:

Dá agus *urú* (*dá ndubhairt* (§§11, 38), *dá dtugais* (§91 (f)), etc.).

Forainmneacha réamhfoclacha:

1 uatha: *d(h)amh* (§§5 (f), 35, 44, etc.)

2 uatha: *d(h)uit* (§§25, 27, 31, etc.)

3 uatha firinsneach: *d(h)ó* (§§10, 12, 18, etc.)

3 uatha baininsneach: *d(h)í / d(h)i* (§§64 (f), 76, 106 (f), etc.)

1 iolra: *d(h)úinn* (§§24, 34 (f), 71, etc.)

2 iolra: *d(h)aoibh* (§26 (f))

3 iolra: *d(h)áibh* (§§7, 8, 21 (f), etc.); *d(h)óibh* (§§2, 21 (f), 32, etc.)

Dochum: ‘towards’. Leanann an tuiseal ginideach an réamhfocal seo (*dochum na ndraoitheadh* (§1), etc.)

Leis an mír choibhneasta:

Dochum a agus urú atá in úsáid (*dochum a dtig* (§57 (f)))

(E)idir: ‘between, among’.

Forainmneacha réamhfoclacha:

3 iolra: *eatarra* (§§4, 33, 72, etc.)

Fo / fa / fó / fá: ‘under, about, etc.’ Dhá réamhfocal ó bhunús atá measctha, *fo* (*under*), agus *im* (*about*).

Forainmneacha réamhfoclacha:

1 uatha: *fúm* (§63)

3 uatha firinsneach: *faoi* (§§16, 29, 68, etc.)

For: ‘on, over, at, etc.’ Maidir le claochluithe tosaigh, leanann séimhiú *for* sna samplaí seo: *for chleithibh* (§57 (f)), *for fhearaibh* (§65), *for Ghlaise mBreagh* (§86 (f)); agus ní leanann athrú tosaigh ar bith é sna cásanna eile sa scéal (*for Bóinn* (§§1, 8, 10), *for gach leith* (§§56, 62), *for gach leath* (§67)).

Leis an mír choibhneasta:

For a atá in úsáid sa scéal (*for a rabhadar* (§108)).

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *foram* (Sean-Ghaeilge *airium, erum* - §63)

2 uatha: *fort* (§§63, 78 x 2 (f))

3 uatha firinsneach: *fair* (§§7, 31, 38, etc.)

3 uatha baininsneach: *fuirre* (§§59, 76)

3 iolra: *forra* (§§60, 61, 85, etc.)

Féach freisin *ar* thuas.

Fri / fria / re: ‘towards, against, etc.’ Is foirm níos luaithe í *fri* ná *re*, agus an dá fhoirm atá le fáil sa téacs. *Fri* atá in úsáid aon uair amháin (*ag teachd d'éisteachd fri sgéalaibh* (§73)), is gnách an fhoirm *re* tríd an scéal (*ag caoineas chomhráidh re a chéile* (§7), *ag éisteachd re buaidhreadh na mbadhbh* (§24), *do chuir a dhruim re hEamhain* (§49), etc.) Measctar an réamhfhocal seo agus an réamhfhocal *le* (thíos) tríd síos freisin.

Leis an mír choibhneasta:

Fris a / ris a agus urú (*fris a n-abartar* (§83 x 2), *fris a ráitear* (§9 x 2), *ris a n-abartar* (§§49, 77).

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *friom* (§77); *frium* (§90); *friom* (§44); *riom* (§93 x 2 (f))

2 uatha: *riot* (§§95, 109 (f))

3 uatha firinsneach: *fris* (§§8, 24, 30, etc.); *ris* (§§7, 10, 31, etc.)

3 uatha baininsneach: *fria* (§§11 x 2, 74); *ria* (§39, 74)

1 iolra: *rinn* (§19 (f))

3 iolra: *friu* (§§1, 97); *friú* (§§13, 14, 50); *riú* (§§21 (f), 72)

Go: ‘to’.

Leis an mír choibhneasta:

Gusa agus urú (*gusa dtig* (§83))

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *chugam* (§§7, 61, 102, etc.)

2 uatha: *chugad* (§32)

3 uatha firinsneach: *chuige* (§§10, 31, 52, etc.)

3 uatha baininsneach: *chuice* (§90)

1 iolra: *chugainn* (§§10, 29, 83, etc.)

2 iolra: *chugaibh* (§§56, 57, 58, etc.)

3 iolra: *chuca* (§§10, 12, 20, etc.)

Go: 'with'. Leanann urú an réamhfhocail *go* don chuid is mó (14 sampla). Tá dhá shampla de *go* gan aon chlaochlú tosaigh ina dhiaidh (*go froighthibh na fiormaiminte* (§32), *Et ba breaghdha go bannálaibh* (§39, is i rosc an sampla seo). Níl sampla ar bith den réamhfhocail seo leis an alt.

I: 'into, in'. *In* atá mar fhoirm an réamhfhocail nuair a leanann guta é (*in Albain* (§5 (f)), *in aonmhaigh* (§10), *in éadan* (§50), etc.), agus *i* atá in úsáid i ngach cás eile. Tá ceithre shampla sa scéal de *ion* (roimh *gach* - §§7, 78 (f), 82 (f), 93 (f)). Baineann na samplaí seo ar fad ach amháin an sampla in §7 (*ion gach áit*) leis an bhfilíocht.

Leis an alt:

Isan / san / sa atá mar uimhir uatha. Maidir le claochluithe tosaigh, tá trí chás déag nuair a leanann séimhiú an réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, *isan Cheas Naoidhean* (§12), *san chóigeadh* (§10), *sa Mháirt* (§64 (f)), etc., agus urú a leanann i sé chás déag, mar shampla, *isan ngleann* (§30), *san gCraobhruidh* (§32), *sa nglaise* (§105), etc.). Go stairiúil, leanann séimhiú *i* agus an t-alt nuair atá an tuiséal tabharthach i gceist, agus urú a leanann an tuiséal cuspóireach, ach meascán atá le fáil sa téacs seo, mar shampla: *do mharbh Fraoch mhac Fiodhaigh 7 Glanbhuinte gusmhar gairgbheódha na Gamhanraidhe maille ris san chath chomór chéadna* (§10) vs. *do cuireadh leis ár fhear mBreagh 7 Midhe san gcath chródha chéadna-soin* (§10).

Leis an mír choibhneasta:

'*Na* atá mar fhoirm an choibhneasta ('*na ndeachamar* (§40 (f)))

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *ionnam* (§68)

3 uatha firinsneach: *ann* (§§4, 9, 14, etc.)

3 uatha baininsneach: *innte* (§§2, 79, 87, etc.)

Le / lé: ‘with, to, for, by, against, etc.’. Measctar na réamhfhocail *le / lé* agus *fri / fria / re* (thuas) tríd síos.

Leis an mír choibhneasta:

Lé / lé a atá in úsáid le hurú (*lé gcuirthear graifne* (§17 (f)), *lé a dtorchair* (§109 (f))), agus *lé ar* atá san aimsir chaite (*Lé ar tochradh mór sluagh re seal* (§91 (f))).

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *leam* (§§20, 21 (f), 50, etc.); *liom* (§§2, 11, 16, etc.). Is coitianta *liom* ná *leam*, tá 32 sampla de *liom* le hais 30 sampla de *leam* sa téacs.

2 uatha: *leat* (§§20 (f), 24, 39 (f), etc.); *lat* (§28 (f)). Is coitianta *leat* ná *lat*, nach bhfuil ach sampla amháin de sa téacs.

3 uatha firinsneach: *leis* (§§1, 10, 12, etc.)

3 uatha baininsneach: *lé* (§§1, 6, 9, etc.); *léi* (§9). *Lé* is coitianta, níl ach sampla amháin de *léi*.

1 iolra: *linn* (§§5 (f), 10, 23, etc.)

2 iolra: *libh* (§§3 (f), 8, 19 (f), etc.)

3 iolra: *leó* (§§2, 7, 8, etc.)

Ó: ‘from’.

Leis an alt:

Ón agus séimhiú atá mar uimhir uatha (*ón chogadh* (§10), *ón cheilg* (§10), *ón ghrianán* (§20), etc.). Dhá shampla atá sa téacs nuair a leanann urú *ón* (*ón mbruidhean* (§33), *ón gcath* (§43 (f))).

Leis an mír choibhneasta:

Ó agus urú (*ó dtá* (§§59, 60))

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *uaim* (§§20, 47, 50, etc.)

2 uatha: *uait* (§95); *uaid* (§64 (f))

3 uatha firinsneach: *uadh* (§§48 (f), 67); *uadha* (§§11, 39, 41, etc.)

3 uatha baininsneach: *uaithe* (§§4, 73)

3 iolra: *uatha* (§§33, 38); *uathaibh* (§61)

Ós / os: ‘over, above’.

Forainmneacha réamhfhoclacha:

3 uatha firinsneach: *uasamh* (§59 x 2)

Re / ré / roimh: ‘before’. Maidir le claochluithe tosaigh, urú a leanann *re / ré* (*re ndul* (§44), *ré ndul* (§93 x 2 (f))), agus séimhiú a leanann *roimh* (*roimh Mhaine* (§85)). Níl ach aon sampla amháin de *roimh* agus *re* sa téacs, dhá shampla de *ré* atá le fáil.

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *romham* (§63)

2 uatha: *romhad* (§10); *ród* (§108). An dá fhoirm atá in úsáid aon uair amháin sa téacs.

3 uatha firinscneach: *roimhe* (§§8, 27, 38, etc.); *reimhe* (§§49, 50). Níl ach dhá shampla de *reimhe* sa scéal, *roimhe* is coitianta.

3 uatha baininscneach: *roimpe* (§§20, 74, 79, etc.)

3 iolra: *rompa* (§§2, 4, 9, etc.)

Seach: ‘by, past, beyond’.

Forainmneacha réamhfhoclacha:

3 uatha firinscneach: *seacha* (§§22, 32, 50, etc.)

Tar: ‘over, by, past, etc.’. Maidir le claochluithe tosaigh, tá sé chás sa téacs nuair a leanann séimhiú an réamhfhocal seo (*tar ghliochas Chathfaidh* (§32), *tar dhoras na bruidhne* (§33), *tar ghruadhaibh* (§39), etc.), ach i ngach sampla eile (13 shampla) ní leanann aon athrú tosaigh (*tar cuan* (§5 (f)), *tar Magh Cruinn* (§9), *tar Magh Tuaim Mónadh* (§9) etc.).

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *thoram* (§63 x 2)

2 uatha: *t(h)ort* (§§16, 63)

3 uatha firinscneach: *tairis* (§59)

Tré: ‘through’.

Forainmneacha réamhfhoclacha:

1 uatha: *tríom* (§63)

3 uatha firinscneach: *tríd* (§67)

3 uatha baininscneach: *t(h)rítthe* (§§62, 67, 77)

Um: ‘around, about, etc.’.

Forainmneacha réamhfhoclacha:

2 uatha: *iomad* (§31)

3 uatha firinscneach: *uime* (§§16, 29, 30, etc.)

3 uatha baininscneach: *uimpe* (§4)

3 iolra: *umpa* (§38)

4.5 An Forainm:

An Forainm Pearsanta:

Is í an fhoirm is coitianta sa chéad phearsa uatha ná *mé* (25 sampla (§§21 (f), 23 x 2, 38, etc.)), le hais *mise* (sampla amháin (§92)) agus *meise* (14 sampla (§§21 (f), 35, 63, etc.)). Tá na foirmeacha ar fad le fáil mar ainmní agus mar chuspóir an bhriathair.

Sa dara pearsa uatha, *tú* (7 sampla (§§40 (f), 45 (f), 63, etc.)), agus *tusa* (8 sampla (§§7, 33, 35, etc.)) atá mar ainmní an bhriathair don chuid is mó. Ní úsáidtear na foirmeacha seo mar chuspóir an bhriathair ach amháin sa chás go dtagann ceann de na litreacha *d*, *n*, *t*, *l*, *s* rompu (3 shampla: *díoghail tú féin* (§68); *Ní thréigfinn tú* (§91 (f)); *Ní fhacas tusa* (§40 (f))). Tá *thú* (6 shampla (§§52 x 2, 63 x 2, 64 (f), etc.)) agus *thusa* (3 shampla (§§63, 85, 90)) le fáil mar chuspóir in áiteanna eile. Tá

sampla amháin de *thú* mar ainmní leis an gcopail (*Budh socair soghabhála re hionnsaighe et le hanadh thú* (§39 (f))).

Maidir leis an tríú pearsa uatha, firinsneach, tá *sé* (42 sampla (§§8, 10, 13, etc.)) agus *seisean* (3 shampla (§§24, 97, 104)) le fáil mar ainmní an bhriathair, ach ní úsáidtear mar chuspóir i sampla ar bith iad. Tá *é* (39 sampla (§§1, 6, 10, etc.)), *eisean* (2 shampla (§§72, 87)), agus *eiséin* (sampla amháin in §85) le fáil mar chuspóir an bhriathair, agus baintear leas as *é* (46 sampla (§§1, 6, 8, etc.)) agus *eisean* (2 shampla (§§10, 107)) mar ainmní leis an gcopail.

Is í *sí* an fhoirm a úsáidtear mar ainmní sa tríú pearsa uatha, baininsneach (35 sampla (§§1 x 4, 4 x 3, 6, etc.)), agus *í* atá le fáil mar chuspóir (8 sampla (§§55, 63, 64 (f), etc.)), nó mar ainmní leis an gcopail (15 sampla (§§12, 16, 24, etc.)). Tá *eadh* le fáil mar tríú pearsa uatha, neodrach, agus úsáidtear mar ainmní leis an gcopail amháin é sa téacs (19 sampla (§§1, 8, 13, etc. - *is eadh / más eadh*, etc.)).

Sa chéad agus sa dara pearsa iolra tá *sinn* (4 shampla (§§19 (f), 30, 107, 109 (f))) agus *sibh* (2 shampla (§§1, 5 (f))) le fáil mar ainmní, agus sa tríú pearsa iolra úsáidtear *siad* (13 sampla (§§1, 6, 8, etc.)) mar ainmní agus *iad* mar chuspóir (27 sampla (§§1, 6 x 3, 7, etc.)) nó mar ainmní leis an gcopail (15 sampla (§§2, 4, 32, etc.)).

An Forainm Iontáite:

Úsáidtear an forainm iontáite mar chuspóir an bhriathair i naoi gcás déag sa téacs. Is í *ro* an mhír bhriathartha is coitianta leis an bhforainm iontáite, le 18 sampla. Tá an mhír *no* in úsáid leis an bhforainm iontáite uair amháin sa scéal (*nos tréigheann* (§64

(f)). Maidir leis an bpearsa, is é an chéad phearsa uatha an ceann is coitianta, le 17 sampla. Séimhíonn an forainm iontáite, chéad phearsa uatha, an briathar a thagann ina dhiaidh (*rom mheadhair* (§26 (f)), *rom charsad* (§26 (f)), *rom chumasg* (§43 (f)), etc.). Úsáidtear an dara pearsa uatha uair amháin sa téacs, agus cuireann sé séimhiú ar an méid a leanann é chomh maith (*rod chluin* (§45 (f))). Tá an tríú pearsa uatha, baininscneach le fáil uair amháin sa téacs, agus ní leanann athrú tosaigh ar bith é anseo (*nos tréigheann* (§64 (f))). Tá na samplaí ar fad den fhorainm iontáite le fáil san fhilíocht, ní úsáidtear sa ghnáthphrós é.

4. FILÍOCHT

4.1 Tréith shuntasach de chuid an téacs seo an meascán de phrós agus d'fhillíocht atá ann. Nós coitianta i litríocht na Gaeilge é seo, ar ndóigh; féach an meascán céanna atá le fáil i dtéacsanna mar *Táin Bó Cúailnge*⁴⁴, *Acallam na Seanórach*⁴⁵, *Buile Shuibhne*⁴⁶, *Oidheadh Chloinne hUisneach*⁴⁷ agus cinn nach iad. I gcás *BMMM*², áfach, tá éagsúlacht agus luaineacht mhór le tabhairt faoi deara sa ghné seo den téacs sna lámhscríbhinní. Ní hionann, mar shampla, líon na ndánta sna cóipeanna uile (féach thíos). Is minic freisin nach ionann líon na rann idir leaganacha éagsúla den dán céanna. Is gnách go mbíonn roinnt véarsaí ar lár in *Dia bhur mbeatha, a sheisear saor* (§5), *Mochean duit, a Chú* (§54), *Goirt rom ghaoth, trém chneas chuanna* (§64), etc. i ngrúpa B de na lámhscríbhinní mar shampla, agus difríochtaí in ord na línte agus véarsa breise in *Gáir na sluagh um thealaigh dTeamhra* (§21) i gcóipeanna i ngrúpa C.

Ní hannamh difríochtaí suntasacha idir an mheadaracht féin i roinnt cásanna. Cineál *deibhidhe* atá mar mheadaracht ag an laoi *An ghlaise-se Glaise Chró* (§106) in TCD 1362 (**uimhir 8 ar liosta na lámhscríbhinní, 2.2**), ach *rannaigheacht* atá i gceist sa dán céanna in NLS 38 (**uimhir 3 ar an liosta in 2.2**), mar shampla. Tá éagsúlachtaí idir an fhoclaíocht agus ord na línte i gcóipeanna áirithe. Féach an tríú véarsa in *A dhearbhráthair Dheitchine* (§17), mar shampla:

NLS 38

Nocha sluagh óg ildealbhach,

Lé gcuirtear graifne,

TCD 1362

Les nach ccurtur graifne,

Ní sluagh og inífeadhma,

⁴⁴ O'Rahilly 1961, 1967, 1976

⁴⁵ De Barra 1984

⁴⁶ Cussan 1976

⁴⁷ Mac Giolla Léith 1993

Achd féar agus duilleabhar,

Táinig ar an bhfaithche

Táinig isin bfaithche,

Acht féar 7 duilleabhar.

Is féidir trí roinn a dhéanamh den fhilíocht atá sa téacs, mar atá, laoithe siollacha, roisc (siollach nó neamhshiollach) agus stíl scríbhneoireachta a dtabharfaidh mé prós fileata uirthi. Tá 35 dán éagsúla le fáil in iomlán na gcóipeanna de *BMMM*², ach níl lámhscríbhinn ar bith a bhfuil an líon seo inti. 33 an méid is mó a fhaightear in aon cheann amháin (in TCD 1362, cóip ón 17ú haois). 30 laoi atá sa chóip ar a bhfuil an téacs seo bunaithe, NLS 38. Tá dhá cheann eile le fáil sa chuid sin de lámhscríbhinní eile atá ag freagairt don bhearna atá in NLS 38 de bharr cailliúint leathanaigh (féach §§42-46 san eagrán criticiúil). Ó tharla go bhfuil NLS 38 agus na lámhscríbhinní eile atá sa ghrúpa céanna léi sin ag teacht le chéile maidir le líon agus ord na laoithe eile, glacaim leis go raibh siad seo ar an duilleog a cailleadh, agus gur 32 a bhí sa chóip seo ó thús. Tá trí laoi eile le fáil i roinnt lámhscríbhinní eile a bhaineann le grúpa A1 agus atá gar i ngaol dár lámhscríbhinní (féach **rangú na lámhscríbhinní, 2.3**). Maidir leis na grúpaí eile, c.12 laoi a fhaighimid de ghnáth sna cóipeanna i ngrúpa B, agus c.14 i ngrúpa C.

Gné shuntasach eile i bhfilíocht an téacs seo ná an neamhspleáchas a bhaineann léi. Tá roinnt laoithe le fáil go neamhspleách ón téacs, tá grúpa de na lámhscríbhinní a bhfuil filíocht amháin, gan aon phrós, ann (grúpa E, féach **rangú na lámhscríbhinní, 2.3**). Tá 25 cóip sa ghrúpa seo agus is cosúil go mbíí ag tiomsú laoithe den scéal gan aon phrós, agus nár tharlú aon uaire é seo, de bharr nach iad na dánta céanna i gcónaí atá sna cóipeanna éagsúla. Tá sampla amháin ar a laghad de

rann a bhaineann le laoi ón téacs seo (an chéad véarsa in *Oidhidh Mhaoil agus Mhiodhna* (§89)) a bheith le fáil in *The Metrical Dindshenchas*, foinse atá neamhspleách go hiomlán ón scéal seo (féach an nóta air sin in §89 sna **nótaí (6)**).

Baineann an neamhspleáchas is mó le laoi dheiridh an téacs, *Laoi na gCeann*. Faightear ag deireadh *Deargruathar Chonaill Chearnaigh* don chuid is mó í, ach fághtar ar lár in amanna freisin í: mar shampla, i roinnt cóipeanna i ngrúpa B de na lámhscríbhinní. Bíonn sí le fáil i ngrúpa C gan véarsaí 24-25 go minic. Tá teacht ar *Laoi na gCeann* mar laoi neamhspleách i roinnt mhaith lámhscríbhinní i ngrúpa E. Tá sí le fáil ina haonar, gan aon phrós ná laoithe eile in 19 lámhscríbhinn, agus le roinnt laoithe eile an scéil in 2 chóip eile. Tá *Laoi na gCeann* le fáil i dtraidisiún béil na hAlban freisin (féach **liosta na lámhscríbhinní (2.2)**). Is cosúil go mbaineann an neamhspleáchas is mó léi mar gheall ar a suíomh ag deireadh an téacs. B' éasca í a theascadh, dá bharr.

Is léir mar sin gur gné réasúnta athraitheach den scéal an fhilíocht, ach is léir freisin gur gné í a bhí ag fás agus ag athrú le linn don téacs a bheith á sheachadadh agus á fhorbairt. Sa chomhthéacs seo ní mór fianaise na lámhscríbhinne is sine, mar atá NLS 45 (**uimhir 1 ar an liosta in 2.2**), a chur san áireamh, dá lochtaí bearnaí í mar leagan. Tá a bhfuil den téacs in NLS 45 ag freagairt do §§12-95 san eagrán seo againne (le roinnt bearnaí). Sa chuid seo den téacs tá 23 dán (áirim na roisc leis seo freisin) agus sliocht amháin de phrós fileata. Níl ag freagairt dóibh seo in NLS 45 ach cuid de dhán siollach amháin (*Uch a chinn* §91), an rosc atá in §57, agus an próis fileata atá in §56. Is é an léamh a rinne Van Hamel air seo gur bhain an fhilíocht ó thús leis an mbuntéacs:

From the outset the prose text of this version was interspersed with a number of poems, in accordance with the lyrical character the story adopted in Version B which strangely contrasts with the epic strain of Version A (1933, 69).

An míniú a thug sé ar an mbail atá ar NLS 45 gur cóip neamhfhoirfe atá inti:

It [i.e. an lámhscríbhinn] is itself a copy, and a comparison with the later MSS shows that it cannot be taken as too faithful a representative of the archetype. In this MS, for instance, all poems have been omitted, with the exception of one towards the end (1933,70).

D'fhéadfadh tuairim seo Van Hamel a bheith cruinn bailí, agus tá méid áirithe fianaise a thacódh leis. Sa chéad áit, ní mór dúinn a mheabhrú gur de dhlúth is d'inneach an téacs Sean-Ghaeilge, ar a bhfuil ár scéal bunaithe, an meascán de phrós, de roisc agus d'fhillíocht shiollach. B'aisteach dá ndéanfaí leagan Nua-Ghaeilge den téacs seo gan an fhillíocht, ach gur tháinig sí chun tosaigh arís go neamhspleách ina dhiaidh sin. Ina cheann sin tá fianaise chinnte againn ar scríobhaí NLS 45 a fhágáil ábhar fileata ar lár. San áit a bhfuil an rosc dar tús *A Chuagáin Mhuirtheimhne* san eagrán againne (§20), is éard atá in NLS 45 ina áit: 7 adubairt briathra doilbthe 7 ní curiabh ann so iat. Is cosúil mar sin go raibh ar a laghad leagan

den rosc seo san eiseamlár a bhí aige ach gur shocraigh sé ar é a fhágáil as an leagan nua.

Mar sin féin ní hé léamh Van Hamel an t-aon cheann a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bhfianaise. Ní gá gurbh ionann staid na filíochta i lámhscríbhinní deireanacha agus an chaoi a raibh sí sa bhuntéacs, i.e. ní gá go raibh 30-35 dán sa bhuntéacs. Sa chomhthéacs seo níor mhiste dúinn breathnú ar fhianaise grúpaí B agus C maidir leis an bhfilíocht. 13 dán atá in B, 11 in B1 agus 14 in C (féach **rangú na lámhscríbhinní (2.3)**). Níl i gcoiteann idir na leaganacha ar fad den scéal (i.e. A, B, B1 agus C) ach na dánta seo a leanas:⁴⁸

- §3. *Atáid sunna bhur n-airm áigh*
- §54. *Mochean duit, a Chú*
- §64. *Goirt rom ghaoth, trém chneas chuanna*
- §75. *Goirt rom ghaoth, géar rom gonadh*
- §78. *Geibh mo charbad fort, a Léith*
- §80. *Cú Chulainn, ba hamhra an ghein*
- §84. *Aonmharcach sunn ar an maigh*
- §91. *Uch a chinn, ón, uch a chinn*
- §109. *Laoi na gCeann*

Díol spéise go bhfuil an chuid is mó de na dánta 'lárnacha' seo le fáil sa dara leath den scéal mar a leanann siad a chéile, agus tabharfar faoi deara go mbaineann an t-aon dán amháin atá in NLS 45 (*Uch a chinn* §91) leis an ngrúpa seo freisin. Ar a

⁴⁸ Ar ndóigh tá difríochtaí áirithe idir na leaganacha éagsúla de na dánta seo ó thaobh líon véarsaí, foclaíochta etc.

bhunús seo, d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh gurb iad seo 'eithne' na filíochta in *BMMM*² agus go raibh siad le fáil i mbunleagan an scéil. Má bhí, áfach, níorbh iad amháin a bhí ann ó tá roinnt bheag dánta i *BMMM*² atá bunaithe ar dhánta Sean-Ghaeilge in *BMMM*¹ nach mbaineann leis an ngrúpa seo (féach thíos). Caithfidh go raibh siad seo freisin i mbunleagan *BMMM*² ach gur fágadh ar lár iad i roinnt leaganacha deireanacha den scéal.

Is í an mheabhair a bhainfinn as an méid seo uilig mar sin, gur gné luaineach den téacs a bhí san fhilíocht. Maisiúchán breise a bhí ann a d'fhéadfadh scríobhaithe cur leis nó a fhágáil ar lár mar ba mhian leo. Gné í den téacs a bhí ag forbairt agus ag athrú i gcaitheamh na n-aoiseanna. Is féidir linn a áiteamh go raibh ar a laghad leaganacha de na dánta seo thuas agus dánta atá bunaithe ar ábhar in *BMMM*¹ le fáil sa bhunleagan. Tharlódh mar sin gur cuireadh dánta eile leis an mbuntéacs de réir a chéile, díreach mar a cuireadh ranna breise le laoihe áirithe sa téacs. San áit, mar shampla, a bhfuil agallamh Laoigh leis an Liath Mhacha (*Annamh leat, a Léith Mhacha adhbhal* (§39)) sa téacs againne, is éard atá ina áit in NLS 45: '7 do gab Láeg ag agallaimh in Léith.' De bhrí nach bhfuil an dán seo ach an oiread in B nó C thiocfadh dó nach raibh ach an méid seo sa bhuntéacs agus gur ina dhiaidh a chinn scríobhaí éigin ar fhorbairt a dhéanamh ar an abairt seo trí dhán a chumadh agus a chur leis, ach ní miste a admháil gur tuairimíocht í seo nach féidir talamh slán a dhéanamh di.

4.2 *BMMM*¹ agus *BMMM*²

De bhrí gur ar *BMMM*¹ atá an téacs seo againne bunaithe níor mhiste comparáid a dhéanamh idir an fhilíocht sa dá leagan. Tá 18 sliocht filíochta sa chuid sin de *BMMM*¹ atá tagtha anuas slán chugainn. I bhfoirm roisc atá 17 díobh seo. Is féidir a rá go bhfuil ceithre cinn de na sleachta filíochta in *BMMM*² bunaithe ar na seanroisc seo, cé gur tanaí an ceangal atá eatarthu in amanna. Orthu seo tá:

<i>BMMM</i> ¹	<i>BMMM</i> ²
<i>Atraí a Chu Chulaind comerig</i> LL 13779-86	<i>A Chuagáin Mhuirtheimhne</i> (§20)
<i>Ni bidba bratt beres robud</i> LL 13802-6	<i>Ní biodhbha brat,</i> <i>Seach is biodhbha dealg</i> (§37)
<i>Nibu gnáth, a Léith,</i> <i>lithe for clé frim.</i> LL 13818-22	<i>Annamh leat,</i> <i>A Léith Mhacha adhbhal,</i> (§39)
<i>Comergid a firu Herend</i> LL 13925-34	<i>Coimhéirghid bhur gcuraidh</i> (§57)

Le cois an mhéid sin, tá dán in *BMMM*², *Goirt rom ghaoth* (§64) atá ag freagairt do ‘Is and sin ro ráid Láeg. Goirt rom gaet *et cetera*’ in *BMMM*¹ (LL 13976). Is cosúil sa chás seo gur fhág scríobhaí LL an chuid eile den dán ar lár. Ní léir anseo ar bhain údar *BMMM*² leas as leagan eile den seanscéal a raibh an dán ina iomláine ann, nó ar chuir sé a leagan féin den dán ar fáil.

An prós fileata atá in §56 (cur síos ar charbad, ar eich, agus ar ghiolla Chú Chulainn), tá cosúlachtaí áirithe idir é agus sliocht den chineál céanna atá le fáil in *BMMM*¹ (LL 13902-19).

Bíodh gur léir tionchar an tseantéacs ar *BMMM*² sna cásanna seo, ní mór a admháil nach bhfuil ach an chosúlacht is tanaí idir na leaganacha éagsúla de na dánta atá i gceist. Macallaí de na seandánta atá i bhfilíocht *BMMM*².

Tá sampla amháin de dhán siollach in *BMMM*¹ (*Doceir Cu Chulaind cain tuir*; LL 14066-89) ach má bhí sé seo sa leagan den scéal ar bhain scríobhaí *BMMM*² leas as is léir nár chuir sé san áireamh é.

4.3 Meadarachtaí

An fhilíocht shiollach:

Ógláchas nó foirm scaoilte de mheadarachtaí an dána dhírih a úsáidtear sna laoithe seo, faoi mar a dhéantar sna laoithe Fiannaíochta agus i bhfilíocht eile dá sórt. Ar thaobh amháin fágann seo gurb éard atá i gceist don chuid is mó ná meadarachtaí

simplí nach mbíonn ag teastáil iontu de ghnáth ach cinnteacht siollaí agus comhardadh deiridh nó comhardadh aicilleach. Níl tábhacht ag baint le comhardadh inmheánach agus maidir le huaim, ní bunriachtanas í, cé go bhfaightear méid áirithe di i ndánta ar leith. Ar an taobh eile, fágann an tsimplíocht seo gurbh fhurasta do scríobhaithe éagsúla foclaíocht an dáin a athrú gan lorg ar bith a fhágáil ina ndiaidh. Ba dheacra a leithéid a dhéanamh i gcás an dána dhírigh mar a mbíonn iliomad riachtanas meadarachta a bheifí a shárú dá dtabharfaí faoin bhfoclaíocht a athrú.

Maidir leis na laoithe in *BMMM*², ní gá dúinn ach cóipeanna éagsúla a chur i gcomparáid le chéile le feiceáil go mbítí i mbun athruithe a dhéanamh, agus sin go suntasach i roinnt cásanna. Roinnt de na hathruithe tháinig ann dóibh i ngeall ar mhíthuiscint, droch-chóipeáil, nó truailliú de chineál éigin. Ní i gcónaí is athruithe chun feabhais na hathruithe seo. Tá samplaí de rófhad (féach véarsa 5, líne A agus C in *Dia bhur mbeatha, a sheisear saor* (§5) in NLS 38, mar shampla), de róghiorra (féach véarsa 3, líne A in *Goirt rom ghaoth, trém chneas chuanna* (§64) in NLS 38), d'easpa comhardaidh (féach an comhardadh idir líne 1-2 sa tríú véarsa in *Dia bhur mbeatha, a sheisear saor* (§5) in NLS 38 – *olc / fichead*) agus de lochtanna nach iad i gcóipeanna ar leith de dhánta. I gcásanna eile is cosúil go ndearnadh truailliú ar chuid den dán i ngeall ar bhotúin chóipeála nó ar mhíthuiscint scríobhaí nó scríobhaithe.

I gcás amháin ar a laghad, tá an chosúlacht ar fhianaise na lámhscríbhinní go ndearnadh iarracht meadaracht na laoi a athrú. (*Éirigh, a Chú Chulainn* §28)⁴⁹. Ní léir cé acu a tharla seo de bhrí nár tuigeadh an bhunmheadaracht, ar aiste

⁴⁹ Sa chás seo, tá léamh A3 (RIA 23 K 37) in úsáid san eagrán criticiúil in áit na príomhlámhscríbhinne chun an bhunmheadaracht a thabhairt ar ais, féach an nóta ar §26 sna **nótaí (6)**.

neamhchoitianta í, nó gur iarracht choinsiasach liteartha a bhí ann. I gcásanna eile is cosúil go bhfuil meascán de mheadarachtaí in úsáid i rainn éagsúla den dán céanna (féach mar shampla *Mochean duit, a Chú* (§54); *Uchán ach, ón, uchán ach* (§93); *Ceann Cholla mheic Fáitheamhail* (§99); *An ghlaise-se Glaise Chró* (§106)). Ní léir an de bharr gur cuireadh rainn bhreise leis, nó go ndeachaigh scríobhaithe éagsúla ag plé leis a tharla seo.⁵⁰

Bunáite na lochtanna seo, go háirithe na lochtanna meadarachta, is féidir iad a leigheas ach lámhscríbhinní éagsúla a chur i gcomparáid le chéile. Tá cásanna ann, áfach, ina bhfuil éagsúlacht san fhoclaíocht idir lámhscríbhinní éagsúla, ach nach léir cé acu is cruinne ná is ‘bunúsaí’, i.e. tá siad ar chomhchaighdeán feabhais nó donais.

I bhfianaise na ndeacrachtaí seo, is é an polasaí ar ghlac mé leis, go gcloífinn chomh fada agus a d’fhéadfainn le téacs NLS 38 a fhad is go raibh na léamha sin inchosanta ó thaobh teanga, meadarachta agus brí. I gcás ar bith nár sásaíodh na bunriachtanais sin, bhain mé gaisneas as léamha eile, rud a chuirtear in iúl. Fiú leis an gcúnamh seo, tá roinnt deacrachtaí sna dánta nár éirigh liom a sháru ach a ndéantar plé orthu sna nótaí. Ar ndóigh, tá léamha tábhachtacha ó lámhscríbhinní eile tugtha agam sna fonótaí.

Is é an comhthéacs is coitianta ina n-úsáidtear an fhilíocht shiollach ná chun achoimre a dhéanamh ar an méid a tharla sa phrós roimhe sin. Tá samplaí in §3 (*Atáid sunna bhur n-airm áigh*), agus in §5 (*Dia bhur mbeatha, a sheisear saor*), etc. Cé go mbíonn achoimre i gceist sna laoithe seo, is minic a fhaighimid colas breise

⁵⁰ Tá an meascán céanna de mheadarachtaí le feiceáil i dtéacsanna eile, mar shampla, *Immram Brain*. Féach an plé air sin in Mac Mathúna 1985, 299-301.

iontu freisin. Má thógaimid *Dia bhur mbeatha, a sheisear saor* mar shampla, tuigimid ón bprós go ndeachaigh Clann Chailitín ar fud an domhain chun draíocht agus diabhláocht a fhoghlaim le Cú Chulainn a mharú, ach faighimid cuntas ar na hoidí éagsúla a bhí acu sa laoi, rud nach luaitear sa phrós.

Déantar achoimre ar scéal dinnsheanchais san fhilíocht shiollach dhá uair sa téacs (*Maine Móeibeart fochean* (§86); *An ghlaise-se Glaise Chró* (§106)), agus baintear feidhm as na laoithe siollacha in amanna eile le racht mothúcháin a scaoileadh. Tá dhá shampla de chaoineadh, mar shampla (*Uch a chinn, ón, uch a chinn* (§91); *Uchán ach, ón, uchán ach* (§93), etc.). I gcás *Mochean duit, a Chú* (§54), iarrann an cáinte Cú Chuilleasg a airm ar Chú Chulainn agus an laoch réidh le haghaidh a thabhairt ar shaighdiúirí draíochta Chlann Chailitín. Iarratas cinniúnach é seo.

An rosc:

An dara roinn den fhilíocht sa téacs ná an rosc. Trí chineál atá ann de réir Bhreatnach (1984, 339-59, 432): (a) línte ina bhfuil líon cinnte siollaí agus uaim ach nach dtagann comhardadh i gceist iontu, (b) línte ina bhfuil líon cinnte focal aiceanta agus uaim, agus (c) línte nach bhfuil pátrún cinnte siollaí ná focal aiceanta iontu ach a bhfuil an uaim go láidir le sonrú orthu.

Tá cúig shampla de roisc sa téacs seo againne (§§20, 37, 39, 57, 75) agus is féidir a áitiú go raibh leaganacha díobh ar fad in *BMMM*⁵¹. Pátrún de chineál (a) atá in §20, *A Chuagáin Mhuirtheimhne*, sa mhéid is gur gnách seacht siolla sa líne agus go bhfuil uaim sa chuid is mó de na línte sin. Is cosúil gur pátrún de chineál

⁵¹ Maidir le *Goirt rom ghaoth* agus *BMMM*¹ féach an nóta ar §75.

(c) atá in §37 *Ní biodhbha brat* ach nach bhfuil pátrún cinnte ag an uaim ann. Díol spéise go bhfuil sé seo ar cheann de na dánta/roisc atá in *BMMM*¹ (LL 13802) mar a bhfuil struchtúr garbh siollach aige agus uaim tríd síos. Ar fhianaise na malairtí atá sna lámhscríbhinní eile, tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil athruithe nó truailliú imithe ar an mbundán. I gcás §39 *Annamh leat, a Léith Mhacha adhbhal*, tá leagan de seo freisin le fáil in *BMMM*¹ (LL 13818-22) mar a bhfuil struchtúr de chineál (b) ann. Ní léir dom struchtúr cinnte a bheith ar an leagan atá sa téacs againne seachas uaim a bheith i gcuid de na línte⁵² agus dúnadh (*annamh: éagomhlann*). Is é a fhearacht chéanna é leis an rosc gríosaithe *Coimhéirghid bhur gcuraidh* (§57) a bhfuil an uaim go láidir tríd ach gur uaim inmheánach taobh istigh de na línte éagsúla atá i gceist seachas uaim lorgach idir na línte. Ní léir pátrún ach oiread ar an rosc deiridh *Goirt rom ghaoth* (§75). Ní miste a mheabhrú go bhfuil filíocht/roisc de chineál atá cosúil leo seo i dtéacsanna eile de chuid na tréimhse seo. Féach, mar shampla, *Cath Maighe Tuireadh* ll. 590-594, 633-53, 657-661, 734-8, 1033-1042, etc. (Ó Cuív 1945).

Maidir le húsáid na rosc, gríosú chun catha atá i gceist in §20 (*A Chuagáin Mhuirtheimhne*) agus in §57 (*Coimhéirghid bhur gcuraidh*). Tá moladh le feiceáil in §39 (*Annamh leat, a Léith Mhacha adhbhal*). Achoimre ar an méid atá sa phrós roimhe atá in §37 (*Ní biodhbha brat 'sa séad dealg*), agus tá racht mothúcháin á scaoileadh in §75 (*Goirt rom ghaoth, géar rom gonadh*).

An próis fileata:

⁵² Is é sin le rá, mar atá na línte leagtha amach agamsa. D'fhéadfaí roinnt de na línte a bhriseadh in aonaid níos lú gan amhras.

Tá alt amháin scríofa i stíl a dtabharfaidh mé prós fileata air (*Ad-chiú-sa chugaibh* (§56)), is é sin le rá go bhfuil gnéithe den fhilíocht ag baint leis (mar shampla, uaim, oscailt agus dúnadh), ach nach bhfuil pátrún ar bith bunaithe ar líon na siollaí nó na bhfocal aiceanta le sonrú ann. Cé gur prós é, tá deismreachtaí fileata go tiubh ann ina dhiaidh sin féin.

Ag seo a leanas anailís ar mheadarachtaí na laoithe sa téacs. Déanann Murphy cuntas ar mheadarachtaí san fhilíocht shiollach in *Early Irish Metrics* (1961), agus úsáidtear an téarmaíocht chéanna san anailís seo thíos. Tugtar na huimhreacha a bhaineann leis na meadarachtaí mar atá siad ag Murphy idir lúibíní.

§3. *Atáid sunna bhur [n-ai]rm áigh:*

*Deibhidhe*⁵³ atá mar mheadaracht na laoi seo. Tá seacht siolla i ngach líne. *Deibide do-cheil a chubaid* (65 ag Murphy - $7^1 7^1$; $7^1 7^2$) atá sa chéad véarsa, le difríocht bheag ($7^1 7^1$; $7^1 7^3$ sa téacs), agus *deibide scailte fota* (63 - $7^x 7^{x+1}$ nó 2; $7^x 7^{x+1}$ nó 2) atá sa dara agus sa tríú véarsa. Tá comhardadh deiridh líne idir líne A + B, C + D tríd síos, agus tá roinnt uama sa laoi freisin (*A Chlanna Cailitín cháidh; Lot agus leodh is leadradh*, etc.).⁵⁴

§5. *[D]ia bhur mbeatha, a sheisear saor:*

⁵³ Tá gnáthlitríú na Nua-Ghaeilge in úsáid agam maidir le hainmneacha na meadarachtaí ach amháin nuair is d'aicmí Murphy 1961 atáim ag tagairt.

⁵⁴ Tá an laoi seo, maille le *Do coilleadh mo gheasa féin* (§19), *Rom ghabh aníú aigneadh eile* (§69), agus *Goirt rom ghaoth, géar rom gonadh* (§75) curtha in eagar agus aistrithe ag Lehmann (1997).

Deibide scailte fota ($63 - 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2; 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2$) atá sa laoi seo. Tá comhardadh deiridh líne idir líne A + B, C + D tríd síos, agus tá uaim i roinnt línte (*[D]ia bhur mbeatha, a sheisear saor; [Tai]rise linn, a Mheadhbh mhór, etc.*).

§17. A dhearbhráthair Dheitchine:

Is cosúil gur foirm éigin de *cró cummaisc etir casbairdni ocus lethrannaigeacht [móir]* ($51 - 7^3 5^1 7^3 5^1$) atá anseo, ach ní leanann méid na siollaí sa laoi an pátrún seo go díreach:

Véarsa 1: $7^3 5^2 6^3 5^2$

Véarsa 2: $7^4 5^2 7^3 5^2$

Véarsa 3: $7^3 5^2 7^3 6^2$

Véarsa 4: $7^3 5^2 7^3 5^2$

Tá comhardadh deiridh líne idir A + C, B + D tríd síos, agus roinnt uama ann (*A dhearbhráthair Dheitchine; A dhearcghlais dhuanaigh, etc.*).

§19. Do coilleadh mo gheasa féin:

Rannaigheacht mhór ($15 - 7^1 7^1 7^1 7^1$) atá mar mheadaracht anseo. Maidir leis an séú véarsa, níl ach dhá líne ann, ach leanann siad an pátrún céanna ($7^1 7^1$). Tá fadhb le véarsa 3, mar tá róghiorra i líne D.

Tá comhardadh deiridh líne idir B + D tríd síos, agus tá aicill i ngach véarsa idir A + B, C + D, ach amháin i véarsa 6, mar níl ach dhá líne ann, ach tá aicill idir A + B sa chás seo. Tá corrshampla d'uaim sa laoi freisin (*Farbh iomdha gáir agus glonn; Is Cailtín na gcleas gcorr etc.*).

§20. *A Chuagáin Mhuirtheimhne:*

Rosc é seo, ach rosc a bhfuil méid áirithe rialtacha siollaí ann sa mhéid is gur gnách seacht siolla i ngach líne (níl ach sé shiolla sa chéad líne, agus tá ocht siolla i líne 13, áfach), agus an focal deiridh ag críochnú ar fhocal ina bhfuil dhá nó trí shiolla. Tá idir dhá agus ceithre fhocal faoi bhéim i ngach líne. Línte seachtsiollacha agus dhá fhocal faoi bhéim iontu an pátrún is coitianta.

Tá lorga idir an focal deiridh in A agus an chéad fhocal in B i roinnt línte (*Mhuirtheimhne / Mórairgin; chomhraig / comhaois; gcoimhleanmhan / loingeas*, etc.), ach níl an córas seo leanúnach tríd an dán; sa chás nach bhfuil an uaim nascach sin, is gnáth go mbíonn uaim inmheánach sa líne.

Dán gríosaithe é seo agus é mar aidhm leis Cú Chulainn a chur i mbun gnímh. Ní hannamh an briathar *at-reig / éirigh*, nó leagan de (*con-éirig*) a bheith i dtús agus i ndeireadh dánta den chineál seo, féach, mar shampla, *Cath Maige Tuired* (Gray 1982, línte 589-599), *Táin Bó Chuailnge* (O’Rahilly 1961, 2115ff.), etc.

§21. *Gáir na sluagh um thealaigh dTeamhra:*

Séadnaidh ghairid (Sétnad ngairit - 10) atá anseo. Leanann na véarsaí an pátrún seo ($8^2 3^1 8^2 3^1$) go rialta tríd síos. Tá comhardadh deiridh líne idir B agus D, agus idir A agus C i roinnt mhaith véarsaí chomh maith, cé nach bhfuil sé leanúnach tríd an dán. Tá roinnt uama ann freisin (*Is dom dhíth-se tig an tromolc; Tar Muir Meann*, etc.).

§26. *Atá gleó rom mheadhair:*

Tá *ochtfhoclach mór* ($78 - 6^2 6^2 6^2 5^1, 6^2 6^2 6^2 5^1$) mar mheadaracht anseo. Tá fadhb leis an dara véarsa sa phríomhlámhscríbhinn, ó tharla nach bhfuil ach ceithre líne ann. Chinn mé ar léamh A3 (RIA 23 K 37) a úsáid ina háit mar sin, mar is fearr a shásaíonn sé riachtanais na meadarachta. Ocht líne atá i ngach véarsa in A3. Tá comhardadh deiridh líne idir líne A, B, C (go háirithe sa dara véarsa, níl comhardadh foirfe sa chéad véarsa), agus idir E, F, G (arís, níl sé foirfe sa chéad véarsa). Déanann líne D agus H comhardadh deiridh líne le chéile chomh maith. Tá rófhad i líne C, véarsa 2. Tá roinnt uama ann (*Idir bhantrachd mban, Na curaidh rom charsad, Sa Mumhain níor mhairs[e]ad, etc.*).

§28. *Éirigh, a Chú Chulainn:*

Ochtfhoclach mór ($78 - 6^2 6^2 6^2 5^1, 6^2 6^2 6^2 5^1$) atá anseo, ach tá fadhbanna leis an laoi seo maidir leis an meadaracht, go háirithe sa chéad véarsa, mar níl ach 6 líne ann. Leanann an dara véarsa an mheadaracht go rialta, ach amháin go bhfuil róghiorra i líne G (5^2).

Maidir leis an dara véarsa, tá comhardadh deiridh líne idir A, B + C, agus idir E, F + G, agus déanann D agus H comhardadh le chéile chomh maith. Tá roinnt uama ann (*Cosain re feidhm flatha; Eamhain na ród réidh, etc.*).

Tá an chéad véarsa fadhbach, toisc go bhfuil sé líne ann, agus nach réitíonn an líon siollaí leis an meadaracht. Tá comhardadh deiridh líne idir A + B, D + E, C + F.

§34. *A Chú Chulainn Cuailgne chruaidh:*

Ar an iomlán, *rannaigheacht mhór* (15 - 7¹ 7¹ 7¹ 7¹) atá mar mheadaracht anseo. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D agus aicill idir C + D tríd síos. Tá aicill idir A + B i roinnt véarsaí freisin. Tá uaim i ngach véarsa freisin (*A Chú Chulainn Cuailgne chruaidh; Go dtí faobhar forruadh niadh* etc.).

§37. *Ní biodhbha brat:*

Is rosc gearr é seo, níl pátrún siollach ar bith ag baint leis. Níl dúnadh ag an deireadh, agus níl comhardadh deiridh líne ná inmheánach i gceist, ach tá roinnt uama tríd síos (*Ní biodhbha brat; Chiorrus corp curaidh chruaidh*), agus idir dhá agus ceithre fhocal faoi bhéim i ngach aon líne.

§39. *Annamh leat:*

Glacaim leis gur sliocht fileata é seo i ngeall ar an dúnadh atá air. Is liomsa deighilt an téacs ina línte, ach ní léir pátrún siollach ar na línte sin. Tá idir dhá agus cúig fhocal faoi bhéim i ngach aon líne. Tá roinnt uama tríd síos - lorga idir an chéad agus an dara líne; uaim inmheánach ina dhiaidh sin síos (*Go soigheach, go srianach sriangháirthe; Gan chuing charbaid do chothughadh re coimhéigin*, etc.).

§40. *Níorsad eaglach n-oirmheata:*

Cé nach leanann an laoi seo pátrún ar bith go díreach, is dócha gur leagan de *aoi freislighe* (*aí fhreisligi* 54; 7³ 7² 7³ 7²) atá inti, ach nach bhfuil comhardadh deiridh

líne idir A + C. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D tríd síos, agus tá roinnt uama inti (*Do charbad do chuingleathan; A Léith Mhacha mhearadhbhal*, etc.).

§43. A Chathfaidh mheic Mhaoilchroich ó Charnmhaigh:

Bíodh gur mar phrós atá an sliocht seo scríofa, feictear dom gur filíocht de chineál atá ann cé nach léir dom an t-ainm atá ar an meadaracht. Pátrún siollach 9^2 9^2 9^2 atá ann don chuid is mó, agus glacaim leis go gcuireann an focal deiridh (cath-sa) dúnadh ar fáil. Mar atá, níl líne 3 (8^2), líne 8 (10^2) líne 11 (8^2), ná líne 16 (8^2) ag teacht leis sin cé go bhféadfaí an pátrún sin a fháil sa chuid is mó díobh ar scáth beagán leasuithe (mar shampla, líne 3, leg. **na** hEamhna; 8 leg. *mór maoidheadh*; 11 leg. rom chráidh-se; 16 leg. *dearga*). Níl ach pátrún siollach amháin den chineál seo, i.e. aí idan, i gcuntas Murphy, ach comhardadh B:D agus aicill idir C agus D a shainchomharthaí sin, pátrún nach mbeadh ag teacht leis an dán seo. Comhardadh deiridh líne (briste go minic) AB:CD;EF etc atá againn anseo agus tá roinnt uama ann (*Cath craoibhe, cró curadh, cnuic dealga; Dáimh dhoiligh, dhathmhugal, cath cleithmhear; Mór a maoidheadh, gráin gaoidheal, gáir éaghmhach*, etc.). De rogha air seo, d'fhéadfaí pátrún 6^2 3^2 a bhualadh air ach ní léir gur mórán d'fheabhas a chuirfeadh sin air. De bhrí nach ar bhonn ceathrún atá an comhardadh eagraithe, is mar dhán leanúnach amháin atá sé leagtha amach agam.

§45. A Dheic[h]tine, is fás do bhallán:

Séadnaidh mhór (*Sétnad mór* 6; 8^2 7^1 8^2 7^1) atá mar mheadaracht ag an laoi seo. Leantar an pátrún seo go díreach ach amháin sa tríú véarsa (8^2 8^1 8^2 7^1). Tá

comhardadh deiridh líne idir B + D, agus tá aicill idir C + D don chuid is mó. Tá roinnt uama sa laoi freisin (*An ar Chonchubhar, a Chuagáin; An ar Chumhsgraidh [chruaidh], a churaidh*).

§48: A fhir, ná toirmisg ár séad:

Rannaigheacht mhór (15 - $7^1 7^1 7^1 7^1$) atá anseo. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D tríd síos, aicill idir C + D sa dara véarsa, agus idir A + B sa chéad véarsa. Tá roinnt uama tríd síos (*Budh dearg ó'm ghubha [gach] gruadh; Taothsad dó sin, taothsad dó, etc.*).

§51. Do tolladh mo leith leat-sa:

Maidir leis an tréú véarsa, aoi freislighe (*aí fhreisligi 54; $7^3 7^2 7^3 7^2$*) atá ann. Tá comhardadh deiridh líne idir A + C, B + D, agus tá uaim ann (*Ar chathaibh cródha Connachd; Muna bheith Clann Chailitín; Do-rad mo thaobh do tholladh*).

Tá éiginnteacht i gceist sa chéad dá véarsa, áfach. Ní leanann siad pátrún ar bith maidir leis an méid siollaí atá iontu:

Véarsa 1: $7^2 7^2 7^1 7^2$

Véarsa 2: $7^2 7^2 7^3 7^2$

Tá comhardadh deiridh líne idir B + D iontu, níl aicill le feiceáil, agus tá roinnt uama iontu (*Do tolladh mo leith leat-sa; Do traothadh leath mo lámhaigh, etc.*).

§54. Mochean duit, a Chú:

Maidir le véarsaí 2 – 5, an pátrún $6^2 5^1 6^2 5^1$ atá iontu (ach amháin go bhfuil an pátrún $6^2 5^1 6^2 5^2$ sa chúigiú véarsa). Tá comhardadh deiridh líne idir B + D, agus tá roinnt uama le feiceáil (*A fhir dhána dhuinn; A Chú Chulainn chruaidh; Do gha goirmghéar gasda*, etc.). Is cosúil gur cineál *cró cummaisc etir rinnaird ocus lethrannaigeacht* [móir] ($62 - 6^2 5^1 6^2 5^1$) atá sna véarsaí seo, ach ní leanann siad an mheadaracht go díreach, mar níl comhardadh deiridh líne idir A + C i ngach véarsa.

Maidir leis an gcéad véarsa, *lethrannaigeacht mór* ($33 - 5^1 5^1 5^1 5^1$) atá ann. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D, agus tá uaim ann (*A Chú na gcleas gcain*).

§56. *Ad-chiú-sa chugaibh:*

Is próis fileata é seo. Níl pátrún cinnte siollaí ann, ach tá oscailt agus dúnadh le feiceáil, maille le huaim tríd an insint (*Each dhiobh an Liath lúthmhar luaithléimneach fhódmhar fhoránach*, etc.).

§57. *Coimhéirghid bhur gcuraidh:*

Glacaim leis gur rosc de chineál éigin é seo ós léir nach filíocht shiollach atá i gceist. Tá dúnadh ag an deireadh, agus tá neart uama tríd síos (*Cú Chulainn cosdadhach, cathbhudhach, cloidhimhdhearg, cosgarach, comaoidhmheach* etc.). Ní féidir pátrún cinnte siollaí a aithint.

§64. *Goirt rom ghaoth, trém chneas chuanna:*

Is cineál *deibhidhe* atá sa laoi seo. *Deibide scailte fota* ($63 - 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2; 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2$) atá sna véarsaí seo a leanas: 1, 4, 6, 8, 9, 11, 12, 13, agus cé nach leanann na véarsaí

3, 5, 7, 14 an pátrún go díreach maidir le líon na siollaí atá i ngach líne, is cineál *deibide scailte* atá iontu. Tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D don chuid is mó tríd síos, agus tá uaim ann (*Goirt rom ghaoth, trém chneas chuanna; A churaidh na Craobhruidhe; Inghean an bhrughadh bharrghlain*, etc.).

Maidir le véarsa 2 agus 10, *deibide do-cheil a chubaid* ($65 - 7^1 7^1; 7^1 7^2$) atá iontu, agus leanann siad an mheadaracht seo go díreach.

§69. Rom ghabh aníú aigneadh eile:

Is í *séadnaidh ghairid* (*sétnad ngairit* 10; $8^2 3^1 8^2 3^1$) an mheadaracht atá anseo. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D tríd síos, agus idir A + C don chuid is mó chomh maith. Tá roinnt uama sa laoi freisin (*Ní fheadar nár chruaidh mo chroidhe; Robsam óglaoch, buile bágha; Robsam óglaoch, féata foltchas*, etc.).

§75. Goirt rom ghaoth:

Is rosc é seo. Ní féidir pátrún cinnte siollaí a aithint, mar sin, ach tá dúnadh ag an deireadh, agus tá uaim ann (*Cú caomh Chulainn; Gníomh go ngoirte*).

§78. Geibh mo charbad fort, a Léith:

Rannaigheacht mhór ($15 - 7^1 7^1 7^1 7^1$) atá anseo. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D tríd síos, agus tá aicill idir A + B, C + D sa chéad agus sa dara véarsa, agus idir A + B amháin sa tríú véarsa. Tá uaim ann freisin (*Fá hionmhain liom Cú na gceard; Do dheargadh géargha glan gorm; A bhaisleathain bholgshróin dil*, etc.).

§80. *Cú Chulainn ba hamhra an ghein:*

Rannaigheacht mhór ($15 - 7^1 7^1 7^1 7^1$) atá anseo. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D agus aicill tríd síos, ach comhardadh briste go minic san aicill, agus tá uaim anseo freisin (*Ní dhingean gáire ioná gearn; Ó do-chualaidh ar ceal an cú*, etc.).

§82. *Dursan, a Chú Chulainn cháidh:*

Deibhidhe atá sa laoi seo. Maidir leis an gcéad agus an gcúigiú véarsa, *deibide scailte fota* ($63 - 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2; 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2$) atá iontu. Tá *deibide do-cheil a chubaid* ($65 - 7^1 7^1; 7^1 7^2$) i véarsa 2- 4, ach amháin go bhfuil an pátrún $7^1 7^1; 7^1 7^3$ sa tríú véarsa. Tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D don chuid is mó tríd síos, agus roinnt uama atá ann (*Dursan, a Chú Chulainn cháidh; Is goirt leam chroidhe is leam chneas; Do-chóidh maitheas an mhórshluaigh*, etc.).

§84. *Aonmharcach sunn ar an maigh:*

Deibide scailte fota ($63 - 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2; 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2$) atá anseo. Leanann an laoi an pátrún go díreach ach amháin i véarsa 11 ($7^1 7^1; 7^2 7^3$). *Deibide do-cheil a chubaid* ($65 - 7^1 7^1; 7^1 7^2$) atá san ochtú véarsa. Tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D tríd síos, agus tá roinnt uama sa laoi freisin (*A Lughaidh laochdha loinnmhir; Calma, curata, coimhtheann; Do mharbhadh Chon gCulainn cruaidh*, etc.).

§86. *Maine Móibeart fochean:*

Deibide do-cheil a chubaid ($65 - 7^1 7^1; 7^1 7^2$) atá sa chéad dá véarsa, agus is cineál *deibhidhe* atá sa tríú véarsa ($7^2 7^2; 7^1 7^2$). Tá comhardadh deiridh líne idir A + B,

C + D tríd síos, agus tá uaim anseo freisin (*Maine Móeibeart fochean; Ní soiréidh do dhearg a dhreach; Mar do chlaochlaigh na crotha*, etc.).

§89. Oidhidh Mhaoil agus Mhiodhna:

Cineál *deibhidhe* atá mar mheadaracht anseo, ach tá pátrúin éagsúla i ngach véarsa. Ní leanann an chéad véarsa ($7^2 7^2; 7^1 7^3$) meadaracht ar bith maidir le líon na siollaí atá i ngach líne, ach glacaim leis ón gcomhardadh deiridh líne agus ón uaim gur *deibhidhe* de shaghas éigin atá ann.

Deibide nguilibnech ndialtach ($68 - 7^1 7^1; 7^1 7^1$) atá sa dara véarsa, agus *deibide scailte fota* ($63 - 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2; 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2$) atá sa tríú véarsa. Tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D, agus uaim tríd síos (*Oidhidh Mhaoil agus Mhiodhne; I dTeamhraigh iarna tioghbha; Ceann Chon Culainn i dTeamhraigh*, etc.).

§91. Uch a chinn, ón, uch a chinn:

Rannaigeacht cetharchubaid ($15 - 7^1 7^1 7^1 7^1$) atá anseo. Leanann an laoi an pátrún seo maidir le méid na siollaí i ngach líne go díreach, don chuid is mó. I véarsa 13, áfach, an pátrún atá ann ná $7^2 7^2 7^2 7^2$.

Tá comhardadh deiridh líne idir A, B + D sa chuid is mó de na véarsaí, agus aicill idir C + D. Tá roinnt uama sa laoi freisin (*Do bhádhais sealad go sámh; An g[c]éin bheitheá ar sgáth a sgéith; Ní thréigfinn tú do chionn chruidh*, etc.).

§93. Uchán ach, ón, uchán ach:

Tá an-éagsúlacht anseo maidir leis an meadaracht. Níl líon na siollaí sna línte de réir a chéile tríd síos:

Véarsa 1: $7^1 7^1 7^3 7^2$

Véarsa 2: $7^2 7^2; 7^2 7^2$

Véarsa 3: $7^1 7^1 7^1 7^1$

Véarsa 4: $7^1 7^3; 7^1 7^3$

Véarsa 5: $7^1 7^2; 7^2 7^2$

Véarsa 6: $7^1 7^2; 7^2 7^2$

Véarsa 7: $7^1 7^2 7^2 7^2$

Véarsa 8: $7^3 7^2 7^3 7^2$

Véarsa 9: $7^3 7^2 7^3 7^2$

Véarsa 10: $7^2 7^2 7^1 7^2$

Véarsa 11: $7^2 7^2 7^3 7^2$

Véarsa 12: $7^2 7^2 7^2 7^2$

Véarsa 13: $7^2 7^2 7^3 7^2$

Véarsa 14: $7^2 7^1 7^2 7^1$

Tá meascán sa laoi idir *deibhidhe* (véarsaí 2-6) agus *rannaigheacht* (véarsaí 1, 3, 7-14). Maidir leis an gcéad agus an tríú véarsa, tá comhardadh deiridh líne idir A, B, agus D, agus aicill idir C + D. Maidir le véarsaí 2, 4, 5, 6, tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D. Comhardadh deiridh líne atá idir A + C, B + D i véarsa 8 agus 9.

Maidir leis na véarsaí eile (véarsa 7, 10, 12, 13, 14), tá comhardadh deiridh líne idir B + D, agus tá aicill idir C + D i gcuid acu seo freisin. Tá roinnt uama tríd

síos (*Bás Chon Chulainn Muirtheimhne; Mo chroidhe-se im chliabh ad-bhath; Nár iomráidh meise an cú cain, etc.*).

§96. Sádhal suaimhneach sin, a Eirc:

Deibide scailte fota ($63 - 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2; 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2$) atá mar mheadaracht anseo. Leanann véarsa 1 ($7^1 7^2; 7^2 7^3$), agus véarsa 4 ($7^1 7^2; 7^1 7^2$) an mheadaracht go díreach, ach níl pátrún na siollaí foirfe i véarsa 2 ($7^2 7^2; 7^1 7^2$) ná i véarsa 3 ($7^1 7^1; 7^2 7^3$). Tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D sa laoi seo, agus tá roinnt uama tríd síos (*Sádhal suaimhneach sin, a Eirc; Ar ndícheannadh Chon gCulainn; Achd sgarfad do cheann read chorp, etc.*).

§99. Ceann Cholla mheic Fáitheamhail:

Meascán de *rannaigheacht* agus *deibhidhe* atá anseo. Sa chéad véarsa, *rannaigheacht* de shaghas éigin atá mar mheadaracht ($7^3 7^2 7^1 7^2$). Tá comhardadh deiridh líne idir B + D, agus níl aicill ann. *Deibide nguilibnech ndialtach* ($68 - 7^1 7^1; 7^1 7^1$) atá sa dara véarsa, ina bhfuil comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D. Tá *rannaigheacht mhór* ($15 - 7^1 7^1 7^1 7^1$) sa tríú véarsa. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D, agus aicill idir A + B, C + D. Tá roinnt uama ann freisin (*Ceann Cholla mheic Fáitheamhail; Ní soraidh do dhearg a dhreach; Creamhnais curadh fá buan bládh, etc.*).

§101. Cuilleann Bhreagh a bruachaibh Meadh:

Rannaigheacht mhór ($15 - 7^1 7^1 7^1 7^1$) atá sa laoi seo. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D, agus aicill idir C + D, agus idir A + B sa tríú véarsa. Tá uaim le feiceáil freisin (*Atá sunn 'na chosair chró; Do chlaochlaigh a dhealbh 's a dhreach; Ro fhearsamar comhlann cruaidh*, etc.).

§103. *Ní hiad na cairde rom char:*

Deibide scailte fota ($63 - 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2; 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2$) atá anseo. Leanann an laoi an pátrún seo go díreach sa chéad véarsa ach sa dara agus sa tríú véarsa tá:

Véarsa 2: $7^1 7^1; 7^2 7^3$

Véarsa 3: $7^2 7^2; 7^2 7^3$

Tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D, agus tá roinnt uama ann (*Ní hiad na cairde rom char; Budh foirdhearg an féar 'gá bhfuil; A Chlann[a] Chailitín chruaidh*, etc.).

§106. *An ghlaise-se Glaise Chró:*

Tá meascán de *rannaigheacht mhór* agus *deibhidhe* sa laoi seo. *Deibide scailte fota* ($63 - 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2; 7^x 7^{x+1} \text{ nó } 2$) atá sa chéad agus sa cheathrú véarsa. Tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D.

Rannaigheacht mhór ($15 - 7^1 7^1 7^1 7^1$) atá sa dara véarsa, ach níl líon na siollaí iomlán foirfe ($7^2 7^1 7^1 7^1$). Tá comhardadh deiridh líne idir B + D, agus aicill idir C + D.

Deibhidhe de shaghas éigin atá sa tríú véarsa ($7^1 7^1; 7^2 7^3$). An mheadaracht is goire dó ná *deibide scailte fota*, ach tá róghiorra i líne B. Cé nach leanann líon na

siollaí sa véarsa an mheadaracht go díreach, tá comhardadh deiridh líne idir A + B, C + D. Tá roinnt uama tríd síos freisin (*An ghlaise-se Glaise Chró; San sruth-so ro shileasdair; Connla comhdhalta Lughaidh*, etc.).

§109. A Chonaill, gidh hiad na cinn:

Rannaihgeacht mhór (15 - 7¹ 7¹ 7¹ 7¹) atá mar mheadaracht na laoi seo agus leanann sí go rialta í, ar an iomlán. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D tríd síos, agus aicill idir A + B, C + D, don chuid is mó. Tá uaim le feiceáil freisin (*A Eimhir úr na mbreath mbinn; Is i ndíoghail Con na gleas; An leabaidh chumhang chruaidh chloch*, etc.).

§111. Claoitear m[o] fheart budheasda:

Deibhidhe de chineál éigin atá mar mheadaracht na laoi seo. Tá pátrún na siollaí an-scaoilte tríd síos, gan pátrún rialta. Don chuid is mó, línte seacht siolla atá le feiceáil, agus comhardadh deiridh líne a bhíonn idir A + B, C + D, de ghnáth. Níl an comhardadh foirfe i roinnt cásanna, áfach (féach an chéad agus an séú véarsa, mar shampla). Tá roinnt uama tríd síos (*Tar éis a reanna ruadh airm; [Cumsraidh], Cormac, is Conall; Deic[h]tin, Conchobhar, [Cathfadh]*, etc.).

Na laoithe breise san aguisín:

§11. A [Leabharcham] luaimneach:

Ochtfhoclach mór (78 - 6² 6² 6² 5¹, 6² 6² 6² 5¹) atá anseo. Leanann an pátrún an mheadaracht go díreach sa chéad véarsa, ach níl an dara véarsa foirfe ó thaobh líon na siollaí de:

Véarsa 2: 6² 6¹ 5¹ 5¹; 6² 6² 6² 5²

Tá comhardadh deiridh líne idir A, B agus C ach amháin sa chéad leath den dara véarsa, tá fadhbanna ag baint leis an bpíosa seo. Tá roinnt uama tríd síos (*A [Leabharcham] luaimneach; [Truagh] tagra do sgeoil; Óglach foltchas féata, etc.*).

§92. *Dún Dealgan an dún-sa thiar:*

Rannaigheacht mhór (15 - 7¹ 7¹ 7¹ 7¹) atá mar mheadaracht anseo. Tá comhardadh deiridh líne idir B + D, agus tá aicill idir A + B, C + D tríd síos. Tá roinnt uama ann freisin (*Dún Dealgan an dún-sa thiar; Glé, glic, achar, glan a rún; Laoch ba leabhar léim tar múr, etc.*).

5. EAGRÁN CRITICIÚIL

Léamha Malairteacha:

A = NLS 72.1.38 (uimhir 3 i liosta na lámhscríbhinní (2.2))

A2 = TCD 1362 (8)

A3 = RIA 23 K 37 (17)

A4 = BM Egerton 132 (14)

A5 = NLI G 18 (18)

A6 = RIA 23 P 13 (27)

A7 = BM Egerton 150 (45)

B = RIA 23 M 25 (6)

C = RIA E iv 3 (20)

Is í A an phríomhlámhscríbhinn, agus baineann na léamha malairteacha is mó le A2, B agus C mar is iad na lámhscríbhinní is sine i ngach grúpa tábhachtach. Is as A3 §§42-46. Tá an leathanach seo cailte in A agus ba é léamh A3 an ceann is gaire don phríomhlámhscríbhinn. Tá A4 fíor-chosúil le A3 ach tá píosa cailte ag an tús. Sa chás go raibh doiléireacht i gceist in A3 áfach, baineadh leas as A4. Roghnaíodh A5, A6 agus A7 mar baineann siad leis an ngrúpa céanna leis an bpríomhlámhscríbhinn agus baineadh úsáid astu nuair nár thug A2, A3 ná A4 léamha sásúla.

Eagrán Criticiúil ó NLS 72.1.38

1. Feachd n-aon dia dtángadar Ulaidh go hEamhain mhíonálainn Mhacha go subhach sobhrónach soimheanmnach et táinig Cú Chulainn go Dún Dealgan iar mbuaidh gcosgair et gcomaidhmhe do bhreith ar fhearaihbh Éireann i gcath Fionnchoradh⁵⁵ 7 i gcath Rois na Ríogh for Bóinn 7 i gcath gáibhtheach Gáirighe, uair giodh mór do churadhaibh 7 do chaithmhíleadhaibh, do ríoghaibh 7 do rothaoiseachaibh fhear nÉireann do thuit lé Coin gCulainn⁵⁶ nocha dhearnaidh riamh gníomh nó éachd budh fearr ioná Cailitín gona sheachd macaibh fichead do thuitim leis, uair ní raibhe ceisd éaga ná oidheadha air ó do thuiteadair sin leis. Agus is amhlaidh do fhágaibh Cailitín a bhainchéile taobhthrom torrach an tan-soin, 7 an uair táinig a hionbhaidh 7 am tuismighthe a toirrcheas rug sí seisear d'aontoirbheart .i. triúr mac 7 triúr inghean. Agus táinig Meadhbh Chruachan, inghean Eachach Feidhligh dá n-ionnsaigh[e]⁵⁷ 7 do-róine amadáin 7 amaideadha tuathchaocha dhíobh, ór do bhean sí a leathch[o]sa⁵⁸ deasa et a leathlámha clé dhíobh, 7 ro leasaigheadh go maith lé iad go ceann a seachd mbliadhan⁵⁹. Agus táinig Meadhbh dá n-ionnsaighe iar sin [7 is eadh]⁶⁰ adubhairt friu: “An bhfeadabhair, a Chlann Chailitín,” ar sí, “cia do mhar[bh bhur n-ath]air⁶¹?” “Do-fheadamar,” ar siad, “gurob é Cú Chulainn⁶² do

§1 ⁵⁵ A2 = Fionnchorn, B = Finneabhra

⁵⁶ A2 = do thuiteastar air slughuibh Thána Bó Cuailghne la Coin Chulainn

⁵⁷ A2 = nionsuighe, B = nionnsúidhe, C = nionnsaighe

⁵⁸ A2 = lechosa, B = leathchosa, C = leathchosa

⁵⁹ A2 = ro leasaigeadh le Meadhbh iad asa haithle gurbo hionghniomha gach haon díobh fo leith B = ró hoileadh lé Meadhbh iad go ceann a seacht mbliadhan, 7 ar mbeith san aois sin dóibh C = do leasuigeadh lé Meadhbh iad go ceann a seacht mbliadhan déag 7 ar mbeith san aois sin dóibh

⁶⁰ A2 = ro fhiafraigh dioph, A3 = 7 as e, B = 7 as eadh, C = 7 is eadh

⁶¹ A2, B, C = mharbh bhur nathair

⁶² A2, B, C = Cú Chulainn mac Subhailtaigh

mharbh é.” “Is fí[or sin]⁶³,” ar Meadhbh, “agus déanaidh-se imtheachd do dhéanamh bhur bhfoghlama ar fud an domhain mhóir soir,” ar sí, “agus eirgidh dochum na ndraoitheadh do budh fearr foghlaim do-chluinfe sibh 7 déanaidh bhur bhfoghlaim go maith aca.

2. Is ann-[sin]⁶⁴ do ghluaiseadar Clann Chailitín rompa 7 do-chuadar go hAlbain 7 do bhádar trí bliadhna [innte]⁶⁵, 7 do-chuadar iar sin i Saxanaibh 7 do bhádar dá bhliadhain innte ag foghl[aim]⁶⁶ draoidheachda 7 diabhlaidheachda, et do-chuadar iar sin don Bhabalóin 7 do shirea[dar]⁶⁷ fós draoithe an domhain ó thurghabháil ghréine go fuineadh ag déanamh a bhfo[ghlama]⁶⁸ go rángadar críocha adhuathmhara Ifrinn, 7 do bhádar dá bhliadhain an[n i] bhfochair Bholcáin Ghoibhneann⁶⁹, 7 do-rinne airm ghaisgidh dóibh iar sin .i. [trí sleagha 7]⁷⁰ trí chloidhmhe 7 trí sgeana. “Ag so bhur n-airm ullamh, a Chlann Chailitín”, [ar Bolcán, “et déanaidh]⁷¹ imtheachd leó feasda 7 tuit[fid]⁷² trí rígh do na trí [sleaghaibh]⁷³ // [8] slinnghéara sáirneimhneacha-sin, et is iad-sin trí sleagha is mó neimh 7 gráin do-rónadh liom-sa riamh go nuige so, uair is leó go fírinneach tuitfid na trí rígh oirdhearca .i. an Liath Mhacha, rígh each Éireann, 7 Cú

§2⁶³ A2, B, C = fíor sin

⁶⁴ A2 = as an sin, B, C = is ann sin

⁶⁵ A2 = do bhatar bliadhan a nAlbain, A3 = do bhadar bliadhan innte
B, C = do bhádar trí bliadhna innte

⁶⁶ A2 = do bhatar bliadhan innte ag deanamh, B = do bhadar dá bhliadhuin eile ann ag foghlaim
C = do bhádar dá bhliadhan oile innte ag foghlaim

⁶⁷ A2 = do shireadar, B = do shireadh, C = do shiorad

⁶⁸ A2 = bhfoghlama no, B = foghlama, C = bhfoghlomtha nó

⁶⁹ A2 = do bhadar bliadhain innte, B = do bhádar bliadhuin ann a bhfochair Vulcáin
C = do bhádar dá bhliadhan a bhfochair Bulcán ann

⁷⁰ A2, B, C = trí sleagha 7

⁷¹ A2 = ar Bulcán et deanaidh, B = ar Vulcán 7 déanaidh, C = ar Bhulcán 7 déanaidh

⁷² A2 = muirfidhtear, B, C = tuitfid

⁷³ A2 = sleaghuibh, B = sleaghaibh, C = sleaghaibh

Chulainn, ríoghlaoch Éireann, et Laogh mhac Rianghabhra, ríghiolla⁷⁴ Éireann.

Et ad-bheart an laoidh ann:

3. ⁷⁵Atáid sunna bhur [n-ai]rm⁷⁶ áigh,

A Chlanna Cailitín cháidh,

[Do-f[h]aoth]⁷⁷ libh, gidh maith a ghné,

An cú fuil i Muirtheimhne.

[A]nmann⁷⁸ bhur sleagh lé cur gcath,

Gaoth agus ágh is urchar,

Anmann bhur gcloidheamh go mbladh,

Lot agus leódh is leadradh.

[Do-f[h]aoth libh an cú cruadhach]⁷⁹,

Cneadhach créachdach cathbhuadhach,

Aonmhac Deitchine gan on,

Ar bhur gceann⁸⁰ [tuaidh] atá-san. A.T.A.I.D.

§2⁷⁴ A2 = rígh giolla, B = ríghghiolla, C = rígh ghiolla

§3⁷⁵ B = véarsa 2 agus 3 amháin

⁷⁶ A2 = *narma*, A3 = *nairm*, B = ar lár, C = *nairm*

⁷⁷ A = Do sáoth, A2, C = *Tuitfidh*, B = ar lár

⁷⁸ A2 = *Anmonna*, B, C = *Anmanna*

⁷⁹ A = [D]o sáoth libh an cú cuanna, A2 = Do fhoeth libh an cú cruadhach,

A3 = Do faoth libh an cú crúadhach

B = *Tuitfidh* libh an cú curadhach, C = *Tuitfidh* libh an cú cruadhach

⁸⁰ A2, B = *ccionn* tuaidh, C = *ccionn* thuaigh

4. [A]⁸¹ haithle na laoidhe-sin ro cheileabhradar Clann Chailtín do Bholcán 7 do ghluaiseadar rompa amach a hÍfreann, 7 tángadar lé néalaibh na gaoithe glanfhuaire [glóraidhe]⁸² gonadh ann ro thurnasdair⁸³ dochum comhnaidhe ar fhaitheche chaomhálainn na Cruachna lé héirghe laoi. Ro éirigh Meadhbh go romhoch do ló an lá-soin⁸⁴ 7 do dhearc uaithe ar fud na faithche, 7 adchonnairc na hamaideadha adhuathmhara iongantacha anaithnidh amuigh ar an bhfaithche, 7 arna bhfaicsin dí ro ghabh brat álainn iongantach uimpe, ór do aithin sí gurob iad Clann Chailtín do bhí ann, 7 do-chuaidh go ro-éasgaidh amach ar an bhfaithche, 7 ro fhear sí fíorchaoín fáilte rompa, 7 do shuidh sí eatarra, 7 ro fhiafraigh sgéala a n-íomthúsa féin díobh, 7 do-róine an laoidh:

5. ⁸⁵[D]ia⁸⁶ bhur mbeatha, a sheisear saor,

Go clár Fódla na bhfionnchraobh,

[A]n⁸⁷ tualaing sibh, mór an modh,

Dul do dhíoghail bhur n-athar?

[Tai]rise⁸⁸ linn, a Mheadhbh mhór,

T'fháilte, do chuir, do chomhól,

[Gi]dh⁸⁹ id' dheaghaidh-se, a lí ghlan,

§4⁸¹ A, A2, A3, A4, B, C = ar lár; A5, A6, A7 = A haithle

⁸² A = gléanúidhe, A2 = glóraidhe, B = glóruide, C = ar lár

⁸³ A2 = do toirneadar, B, C = rangodar

⁸⁴ A2 = (+) 'na grianain gloinne fesin, C = (+) iona grianan glanradharcach gloinidhe

§5⁸⁵ B = gan véarsa 7, C = gan véarsa 5-7

⁸⁶ A2, B, C = Dia

⁸⁷ A2, B, C = An

⁸⁸ A2, B = Tairisi, C = Tairise

Táinig díoth ár ndeaghathar.

[Bhur n-]athair-se [níorbho lag]⁹⁰,

Gona sheachd macaibh fichead,

[Is é Cú]⁹¹ Chulainn ro mharbh,

Rob é an gleó uathmhar agarbh.

[Innsidh damh]⁹² as gach tír,

A [Chlann]⁹³ c[h]ródha C[h]ailitín⁹⁴,

[Cá hoideadha badh r]éidh roinn⁹⁵,

Aga bhfuarabhair foghlaim. //[9]

[Ár n-oideadha in Albain tsoir]⁹⁶,

Curas agus Ceann Campuir⁹⁷,

Is é ár n-oide i Saxaibh soin⁹⁸,

Sreamadh Freamadh mhac Fiodhoigh.

Ár n-oideadha i bhFrainnc amuigh,

§5⁸⁹ A2 = Gidh, B = ar lár, C = Cidh

⁹⁰ A = nocharbh olc, A2 = Ar natharsi níorbho lag, A3 = Bhar nathairsi níorbho lag
B = Bhúr nathair níorbho lag, C = Búr nathairsi níorbho lag

⁹¹ A2, B = As e Cu, C = Is é Cú

⁹² A2 = Innsidh scela, A3 = Innsidh damh, B = Innsidh damh, C = Innsidh dhamh

⁹³ A = Chlanna, A2 = Chlan, B, C = Chlann

⁹⁴ A2 = A Chlan chrodha Chailitín, B, C = A Chlann chródha Chailitín

⁹⁵ A2 = Ca hoideadha rem co ruinn, B = Cá hoideadha bá réidhe ribh,
C = Cá hoideadha badh réigh ruinn

⁹⁶ A = Is é ár n-oide-ne in Albain, A2 = Ar ndoideadha a nAlbain gan oil,

A3 = Ar noideadha a nAlboin gan oil B = Ár noideadha an Alboin tsoir, C = ar lár

⁹⁷ A2 = Iucus is Ceand Gabhair, B = Curus mór is Campuir

⁹⁸ A2 = Ar nda oide as iad sin, B = Ár noideadha a Sagsaibh shoir

Giobha is Gabha mhac Faghui⁹⁹,
Ár n-oide i mBabalóin soin,
Casal Figheadh mhac Faghóil.

Ár n-oide i dtíribh Colach,
Musgalach mear mórglonnach,
Ár n-oideadha-sin go díl,
A inghean Eachach Feid[hli]gh¹⁰⁰.

Tángamar ar ndol tar cuan,
Go Bolcán na n-arm n-ionnfhuar,
Do shireamar ní budh lia,
Go hInis Mhara Meidia. D.I.A.B.H.U.R.

6. A haithle na laoidhe-sin ro fhiarfaigh Meadhbh dhíobh, “an [n]dearnabhair bhur bhfoghlaím go maith isna críochaibh-sin, a Chlann Chailitín?” ar sí. “Do-rónamair,” ar siad, “ór do-ghéanmaois catha cródha comóra cóirighthe do na gasánaibh siubhlacha sanais⁷ do bholgánaibh buaidhirthe béilche¹⁰¹ ⁷ do dhuilleabhar na dairghe¹⁰² doisleithne.” Is ann-sin rug Meadhbh lé iad-san i rítheach na Cruachna, ⁷ do freasdladh et do [fritheóladh]¹⁰³ iad do nua gacha bídh ⁷ do shean gacha dighe

§5 ⁹⁹ A2 = Giobha Gabha mac Antuin, B = Dob é Gábha mhac Fíoghui

¹⁰⁰ A2 = Feidhligh, B = ar lár

§6 ¹⁰¹ B = (+) do bhárr na ruithleóga

¹⁰² A2 = dairbhre, B = do dhuilleabhar darach

¹⁰³ A = frithsheóladh, A2 = frithoileadh, A3 = fritheoladh, B = frithóladh, C = friotholadh

gurba measgtha meadharghlórach iad, 7 do bhádar trí lá 7 trí hoidhche mar sin i gCruachain.

7. Is ann-sin do fuagradh mórshluaigheadh mórardhbhal ag Oileall 7 ag Meidhbh 7 ag ceithre hollchóigidh Éireann go Cruachain, 7 do cuireadh feasa 7 teachda ar ceann Lughaidh mhic Con Raoi, 7 táinig dá n-ionnsaighe, et do bhí Meadhbh¹⁰⁴ 7 Lughaidh ag áineas iomagallmha 7 ag caoineas chomhráidh re a chéile. “An bhfidir tusa, a Lughaidh,” ar Meadhbh, “cia do mharbh th’athair?” “Do-fheadar,” ar Lughaidh, “gurob é Cú Chulainn¹⁰⁵ do mharbh é¹⁰⁶.” “Is fíor sin,” ar Meadhbh, “agus tángadar Clann Chailtín chugam-sa anois ar gcuartughadh an domhain dáibh ag déanamh foghlama fá chomhair Chon gCulainn do thuitim leó, ór ní fhuil urra nó airdrígh nó taoiseach tuaithe nó tréanchóigeadhach nó brughaidh bóichéadach baile nó deóraidh nó amhas nó easurra i gceithre hollchóigidh Éireann uile dá raibhe ’na aghaidh nár thuit a athair nó a bhráthair nó a chara nó a chliamhain nó a chomhdhalta lé Coin gCulainn ar mhórchogadh Thána Bó [Cuailgne]¹⁰⁷ ion gach áit a dtarla ris iad gurab uime sin i[s] cóir dhaoibh-se¹⁰⁸ léirthionól 7 mórshluaigheadh Éireann do dhéanamh dá ionnsa[i]ghe do¹⁰⁹ dhíoghail bhur n-uilc 7 bhur n-éagcóra fair.

8. Do ghabh Lughaidh do [lámh an sluaghadh]¹¹⁰ // [10] sin do fhreagra, 7 táinig roimhe go réimeamhail roithionólte go ríoghraidh Mhumhan maille fris. Agus do

§ 7 ¹⁰⁴ A2 = (+) Oileall

¹⁰⁵ C = Cú Chulainn mac Subhaltaigh

¹⁰⁶ A2 = (+) ar sluaigheadh na Tana

¹⁰⁷ A = Cuailgne, B = Cuailgne

¹⁰⁸ A2 = as coir dibhsi, B = badh cóir díbhse, C = is cóir dhúin

¹⁰⁹ A2 = iondsuighe do, B = ionnsúighe do, C = ionnsaighe do

§ 8 ¹¹⁰ A2 = laimh an sluaghadh, B = laimh an sluaigh, C = lámh an sluaigh

chuir Meadhbh feasa 7 teachda go tinneasnach ar ceann laochraidhe Laighean go lúthgháireach, 7 táinig Maicniadh mhac Finn 7 Conchobhar mhac Rosa 7 ríoghraidh Laighean uile dá hionnsaighe, 7 do aigill Meadhbh iad mar so: “Maith, a Chonchobhair 7 a Mhaicniadh,” ar sí, “an gcuilabhair Clann Chailitín do theachd go hÉirinn?” “Ní chualamair idir,” ar siad. “Más eadh,” ar Meadhbh, “tángadar go mórdhraoidheachd leó 7 an bhfeadabhair-se cia do mharbh bhur n-aithreacha?” “Do-fheadamair,” ar Maicniadh, “gurob é Cú Chulainn do mharbh iad.” Agus do chuir Meadhbh fios ar ceann Eirc mhic Cairbre 7 tugadh Earc dá hionnsaighe. “Maith, a anam, a Eirc,” ar Meadhbh, “an bhfeadrais-[s]je cia do mharbh th’athair 7 athair gacha curaidh 7 gacha caithmhílidh dá bhfuil id’ rann¹¹¹?” “Do-fheadar,” ar Earc, “Cú Chulainn do mharbh m’athair-se,” ar sé, “i gcath Rois na Ríogh for Bóinn.” “Is fíor sin,” ar Meadhbh, “agus coimhthrialhtar mórshluaigheadh mór libh-se do dhíoghail bhur gcneadh 7 bhur gcréachd ar Choin gCulainn.” Agus do fhaomh Earc an sluaigheadh-sin do dheighfhreagra, 7 naisgeas Meadhbh a bhréithir ar Earc fán sluaigheadh-sin do chomóradh don chur-sin, 7 do imigh Conchobhar 7 Maicniadh 7 Earc dá ndúintibh 7 dá ndeaghárasaibh féin don duladh-sin, et do bhádar ceithre hollchóigidh Éireann go sochair sádhail soimheanmnach iona ndúintibh et iona ndeaghbhailtibh féin nó go dtáinig am imtheachda dháibh, et an tan táinig do thionóileadar na cóigeadaigh 7 tángadar go Cruachain 7 do bhádar trí lá 7 teóra hoidhche innte¹¹².

§8 ¹¹¹ A2 = *gach cathmhíleadh dfearuibh Midhe, B = ar lár, C = gach caithmhíleadh dá bfuil a nÉirinn*

¹¹² A2 = (+) 7 do bhádar ag ol 7 ag aoibhneas ar in bfeacht sin
C = (+) go meanmnach móraigeantach ann

9. Agus i gceann na ré 7 na haimsire-sin do ghluaiseadar na sluaigh romhóra-sin rompa¹¹³, 7 is í slighe do ghabhsad tar Magh Cruinn 7 tar Magh Tuaim Mónadh 7 tar Magh Finn, áit a dtorchair Fionn mhac Lonchraois lé Coin gCulainn roimhe sin, 7 as sin go Duibhthír, áit a dtorchair Dubh mhac Lonchraois lé Coin gCulainn, et i dtír Chaibhdean, áit a dtorchair Caibhdean mhac Lonchraois lé Coin gCulainn. Agus do ghluaiseadar rompa as sin go Seanáth fris a ráitear Áth leathan Luain, 7 [do fhás sgís ar fhearaibh Éireann],¹¹⁴ 7 do ghabhadar longphort ann an adhaigh-sin. Agus do éirgheadar i mocha laoi 7 lánshoilse arna mhárach, 7 tángadar [rom]pa¹¹⁵ go Gleann an Eóin 7 go Gleann Mór 7 go Crunnloch fris a ráitear Loch [Luatha an]¹¹⁶ tan-so, 7 do ghabhadar longphort an adhaigh-sin ann. Agus do ghluaiseadar // [11] as sin san maidin arna mhárach isna ródaibh ríogha roshoilse go rángadar go Tailtin¹¹⁷ taobhuaine, et do gabhadh leó longphort innte an adhaigh-sin, 7 do hairgeadh leó arna mhárach Magh Breagh 7 Magh Midhe 7 críoch Theafa¹¹⁸ 7 críoch Chruithneach 7 Chearmna 7 Chuailgne 7 Chnódhbha. Agus do-chualaidh Conchobhar 7 Ulaidh uile archeana an chríoch do chreachadh 7 d'ionnradh, do losgadh 7 do luathairgin lé mórshluaighibh Meidhbhe 7 lé míleadhaibh Mumhan et lé laochraidhibh Laighean¹¹⁹, 7 an Dubhloingeas gan bhreith lé nó Fearghus¹²⁰ nó Cormac Conloingeas ar an sluaigheadh-sin, ór do budh dearbh deimhin léi-se nach dtiucfadh d'fhearaibh

§9 ¹¹³ C = (+) a Cruachain

¹¹⁴ A = dathois bhfear nÉireann, A2 = ro ghabhsat fir *Ereann* scis anoidhce sin, A3 = do fhas sgís ar fhearuibh Eirionn, B, C = ar lár

¹¹⁵ A2 = rompa, B = ar lár, C = rompadh

¹¹⁶ A2, B, C = luatha

¹¹⁷ A2 = Tailltion, B = Tailte, C = Tailtean

¹¹⁸ A2 = (+) Tailtin

¹¹⁹ A2 = (+) 7 la curadhuib *Condacht*, B, C = (+) 7 lé curadhaibh *Connacht*

¹²⁰ B = (+) mhac Rosa Ruaidh

Éireann uile Cú Chulainn do mharbhadh tar imdheall Fhearghusa et an Dubhloingse.
Agus do thuit an Ceas Naoidhean ar Ultaibh an tan-soin.

10. “Cáit a bhfuil Leabharcham?”, ar Conchobhar. “Atáim sunna”, ar Leabharcham. “Gluais romhad”, ar sé, “ar ceann Chon gCulainn 7 tabhair chugainn é, uair is chuige-sean do-rónadh an sluaigheadh ceilge-se do-chluinmíd, 7 fágbadh Dún Dealgan 7 Magh Muirtheimhne 7 tigeadh dom ionnsaighe-se gan fhuireach gan oiriseamh go hEamhain, 7 anadh don chur-so innte ar mo chomhairle-se 7 ar comhairle Chathfaidh 7 Gheanainn Ghruadhsholais¹²¹ 7 Aimheirghin 7 Fheircheirtne file 7 na bhfileadh uile archeana. Dóigh ámh, dá ndeachadh-san ón chogadh 7 ón cheilg choimhthimchill-se do-rónadh lé a bhiodhbhadhaibh dá bhasgadh do thuitfeidís fir Éireann linn-[n]e 7 leis-[s]ean 7 le Conall don tsluaigheadh do-ghéanmaois-ne chuca-san, 7 ní léigfeadh a eagla-san et imshníomh an churaidh Chonaill do bhreith orra teachd ní budh sia ná tángadar san chóigeadh, uair ní mó ná mo chuid-se do chrích Bhreagh¹²² 7 Mhidhe millfidhear leó don chur-so, 7 seachnadh sé don chur-so móirimdheall Mheidhbhe, 7 draoidheachd dho-iomghabhála Chloinne Cailitín chlaoinmhille, 7 líon aingidheachda iomthnúthacha ainirmairteacha Oilealla, 7 feidhm fhorránta fhorlannmhór fhoirneartmhar cheithre n-ollchóigeadh in aonmhaigh 'na aghaidh-sean 'na aonar. Dóigh ámh, is eisean do mharbh Fionn mhac Rosa .i. rí Laighean i gcath Fionnchoradh¹²³ 7 is é fós [do]¹²⁴ mharbh Fraoch

§10 ¹²¹ B = (+) mic Cathbuigh, C = (+) mic Cathfaidh

¹²² B = do Thir Eóghuin

¹²³ A2 = Fionncorn

¹²⁴ A2 = ro, A3 = do, B = ró, C = do

mhac Fiodhaigh 7 Glanbhuinne gusmhar gairgbheódha na Gamhanraidhe¹²⁵ // [12] maille ris san chath chomór chéadna, 7 do thuit leis san ló chéadna [Dearca mhac Con Raoi]¹²⁶ 7 drong mhór do mhaithibh Mumhan iona thimcheall. Agus do thuit leis fós Cairbre Nia Fear i gcath Rois na Ríogh for Bóinn, 7 do cuireadh leis ár fhear mBreagh 7 Midhe san gcath chródha chéadna-soin, et is leis do thuit dá éise uile éachd budh mó ná gach uile éachd díobh-sin .i. Cú Raoi mhac Dáire, áirdrí Mumhan 7 tréanchosnamhach bhfear dtalmhan uile. Agus is é do mharbh Feircheirne¹²⁷ 7 Fiamhain 7 Fiadhmhar 7 Niall 7 Lughaidh 7 Lóch et Laonbhuinne 7 do chuir mórár Mumhan archeana, gurab aire sin is cóir dhó-san tré chomhairle Chathfaidh 7 a charad 7 a chomhdhaltadh 7 ar mo bheannachdain-se 7 ar bheannachdain Uladh uile a [n-]iomghabháil¹²⁸ don toisg-se.

11. Táinig Leabharcham leis na haitheasgaibh-sin go héasgaidh athlamh mar a raibhe Cú Chulainn¹²⁹, et is ann do bhí Cú Chulainn an lá-soin eidir Eóchaoin¹³⁰ 7 muir ag forbhaise for éanaibh. Ciodh thráhd, gérbh iomdha [éan]¹³¹ ósa chionn an lá-soin do-chuadar slán uile uadha gan aoinéan do mharbhadh dhíobh. Is ann-sin táinig Leabharcham gus an ionadh a raibhe 7 fearaidh-seamh fíorchaoin fáilte fria. “Is tairise liom an fháilte-sin”, ar Leabharcham, 7 is amhlaidh do bhí an bhaineachlach-sin 7 a teanga ar teibearsnaigh ’na ceann 7 a boill uile ar coimhchrioth 7

§10¹²⁵ A2 = .i. ri gusmhar gairgbheoda na gamhanraidhe, B = 7 garbhach gusmhar gargbheó na gamhanraidhe, C = 7 garbhuinne gusmhar gairgbheodha na gabhanruighe

¹²⁶ A = Dearc Cú mhac Conraigh, A2 = Dearca mac Conri, B = Deara mhac Conraigh, C = Dearg mac Conraoi

¹²⁷ A2 = Feirceirtne

§11¹²⁸ A = a ionghabháil, A2 = ionghabhadh iad, B = a niomghabháil, C = a ndionghabháil

¹²⁹ B = (+) go Dún Dealgan

¹³⁰ A2 = Ochan

¹³¹ A = eóin, A2 = éin, B = eanlaith, C = eoin

ar corraige, 7 do fhiarfaigh Cú Chulainn sgéala dhi¹³². “Atáid sgéala móra agam”, ar sí. Is ann-sin do innis Leabharcham gach ní dá ndubhairt Conchobhar fria do Choin gCulainn ó thús go deireadh. “Atáid”, ar sí, “maithe 7 móruaisle, bantrachd 7 bandála 7 ollamhain an chóigidh uile ’gad athach et ’gad eadarghuidhe um an sluaigheadh-so bhfear nÉireann do sheachna don chur-so, 7 Dún Dealgan 7 Magh Muirtheimhne do mhór-iomghabháil, 7 gan dul i t’aonar in éagcomhlann an tslóigh adhbhalmhóir úd.”

12. “Do-ghéanaim-ne an chomhairle-sin”, ar Laogh mhac Riaghabhra¹³³, 7 do-chuadar iar sin go Dún Dealgan, 7 tugadh Eimhir¹³⁴ inghean Fhorghaill [Monaigh]¹³⁵ amach chuca ar an bhfaithche, 7 do-rónadh comhairle leó ann-sin. Agus is í comhairle t[h]ug¹³⁶ Eimhir 7 Laogh 7 maithe an teaghlaigh do Choin gCulainn an chomhairle t[h]ug¹³⁷ Conchobhar 7 Chathfadh 7 Ulaidh // [13] uile dhó [do] dhéanamh¹³⁸ 7 dul go hEamhain mar a rabhadar maithe Uladh uile um Chonchobhar isan Cheas Naoidhean. Do chinn Cú Chulainn ar an gcomhairle-sin gérbha leas leis a déanamh, uair níor fágbhadh 7 níor folmhaigheadh Magh Muirtheimhne nó Dún Dealgan nó críoch Chuailgne roimhe sin riamh ó do ghabh-san ceannas 7 tighearnas orra go haois na huair-sin. Iar sin do tógbhadh Eimhir iona carbad, 7 do folmhaigheadh an dúnadh go deaghtapaidh leó, 7 do theitheadar a n-éidigh 7 a n-

§11 ¹³² A2 = (+) 7 adubhradar in loe: A Leabharcam luaimneach (féach **Aguisín 2**).

§12 ¹³³ A2 = *Rachaidh sine, ar Loegh mac Ri an ghabhra, mar i bhfuil Eimhir inghean Fhorguill Mhonaigh*

B, C = (+) .i. giolla *charbuid* Choin gCulainn

¹³⁴ B = (+) .i. a bhean 7 a comhal coimhdeachta

¹³⁵ A, B = Mhanach, C = Monaigh, A2 = ar lár

¹³⁶ A = tug, A3 = thug

¹³⁷ A = tug, A3 = thug

¹³⁸ A2 = do dhenamh, A3 = dho do dhenamh, B = do dhéanamh, C = ar lár

ealbhada¹³⁹ 7 a n-innile fa Shliabh Cuilleann budh-thuaidh in Oltaibh, et táinig Cú Chulainn go hEamhain Mhacha, 7 do sguireadh a eich dhó ann-sin, 7 do cuireadh an Liath Mhacha 7 an Dubh Saoileann ar féarghort ghabhála, 7 téid Cú Chulainn iona ghrianán ghlanradhairc ghlainidhe féin.

13. Agus ó do-chualaidh Conchobhar 7 bantrachd binnbhriathrach 7 mná míne maordha macánta malachdhonna bíthe banamhla béalchorcra Cú Chulainn do theachd don bhaile do-rónsad muim mhór 7 meadhair adhbhal aoibhinn 7 seasdán subhach sofhorbhfaoilidh i solasbhruidhnibh 7 i ngrianánaibh fionna fairseanga, et i dtoighthibh soilseacha sliosbhláithe an bhaile uile, et ar gclos an sgeóil-sin do Chonchobhar is eadh adubhairt lé Cathfadh 7 lé Geanann Gruadhsholas 7 lé na fileadhaibh 7 lé na hollamhnaibh 7 lé bantrachd an chóigidh uile Cú Chulainn do choimhead 7 do chomhairliughadh go díochra dúthrachdach don duladh-sin, uair is orra¹⁴⁰ nach dtiubhradh sé éara nó eiteach lé hairc nó lé héigean dá dteigéamhadh dhó i ló nó in oidhche, “ór atáthar dhá thairngire lé tréimhse fhada do bhliadhnaibh gurab don mhórshluaigheadh-so do-rónadh lé fearaibh Éireann et lé cumhachdaibh claonbhuidheartha Chloinne Cailitín 7 lé móirimdheall Meidhbhe do muirfidhe é gan amharas gurab aire sin is cóir dhaoibh-se bhur n-inntleachd 7 bhur n-ealadha do chaitheamh um na cúisibh-sin dá choimhead-san. Dóigh ámh, dá dtuitfeadh-san don turas-so do thuitfeamaois-ne uile 7 do thuitfeadh cosnamh 7 conách an chóigidh go brách arís.” “Is fíor sin”, ar Cathfadh 7 ar cách uile go coitcheann. “Más eadh”, ar

§12¹³⁹ A2 = a nalmha

§13¹⁴⁰ B = oruibhse, C orruibhsi

Geanam Gruadhsholas¹⁴¹, “rachmaoid-ne dá ionnsaighe gion go bhfuil tarbha san teasargain-sin”, 7 do ghluaiseadar na fileadha 7 an bantrachd rompa san ghrianán a raibhe Cú Chulainn 7 Eimhir. Agus do fhearsad fíorchaoín fáilte go friochnamhach friú, 7 do thoirbhreadar teóra póg¹⁴² go dil 7 go díochra do Choin gCulainn, et do // [14] shuidheadar na fileadha 7 an bantrachd 7 aos ciúil 7 ealadhna an dúnadh uile iona thimcheall, 7 do tógbhadh buird aca, 7 do-rónsad ól 7 aoibhneas 7 urghairdiughadh meanman 7 aigeanta 7 imeirt et cluitheadha 7 ceól iona bhfiadhnaise dá urbhréagadh. Sgéala Chonchobhair go nuige sin¹⁴³.

14. Iomthúsa bhfear nÉireann do-bhéarar ós aird. Tángadar go hÁth Ealadha i Magh Muirtheimhne, 7 do ghabhadar sosadh 7 longphort ann an adhaigh-sin, 7 do léigeadar siortha leathna luaithbhíodhbada fa na críochaibh 'na n-uirthimcheall ar maidin arna mhárach, do creachadh 7 do coimhréabadh, do loisgeadh 7 do luathairgeadh, do milleadh 7 do móirdhítheadh Magh Muirtheimhne 7 Dún Dealgan et Machaire Chonaill, 7 tugadh go Magh Muirtheimhne go hathlamh urmhaisneach na creacha 7 na héadála-sin. Is ann-sin tugadh Clann Chailitín dochum bhfear nÉireann, 7 do labhair Meadhbh friú, 7 is eadh adubhairt: “Do gheallabhair-se a Chlann Chailitín,” ar sí, “Cú Chulainn do thabhairt dár n-ionnsaighe-ne fo cheann trí lá 7 trí n-oidhche.” “Má do gheallamar,” ar siad, “coimheóllmaoid gan chontabhairt é.”

15. Is ann-sin tángadar trí hingheana corpainmheacha claona Cailitín .i. trí badhbha sirtheacha siobhlacha saobhghlúineacha siabhartha, 7 rob iad-sin na trí hamaideadha

§13 ¹⁴¹ B = Cathfadh

¹⁴² A2, C = do thoirbhreadar do phoguibh go dil

¹⁴³ A2 = A niomthusa go nuige sin, B = ar lár, C = Sgéala Chon cCulainn go nuige sin

dubha duaibhseacha drochdhatha diangháibhtheacha diabhlaidhe, 7 do ghluaiseadar rompa go réimeamhail ro-éadtrom lé laomannaibh na luathghaoithe go lúthgháireach nó go rángadar go hEamhain gan imreasain, 7 do shuidheadair na trí fuatha féasacha fíorghrána-sin ar faithche na hEamhna go huathfásach, 7 do bhuaileadar ar foinnghrian na faithche féaruaine [dá chaitheamh] iona dtimcheall¹⁴⁴, gur dhealbhadar catha comóra do shluaghaibh 7 do shochraidibh ar an bhfaithche do ghasánaibh siubhlacha suaitheanta sanais 7 do bholgánaibh buaidheartha béilche 7 do dhuilleabhar dathálainn dairghe. Agus do-chualaidh Cú Chulainn greasachd 7 gáir na gcath 7 na gcéad et na gcóirighthe ag lot 7 ag luaithmhilleadh an dúin.

16. Agus is é do bhí ag coimhead Chon gCulainn an lá-soin Geanann Gruadhsholas mhac Cathfaidh, et do fhéach Cú Chulainn amach ar an bhfaithche, 7 ad-chonnaire na catha comóra ag comhthurgain a chéile gan choigill. Agus ó'd-chonnaire-sean sin do himdheargadh go hadhnárach uime aga bhfaicsin, 7 do ling buinne borrfadach boirbthreán san gcuradh, 7 do chuir a lámh chlé faoi ag // [15] éirghe dhó. Ro iadhasdair Geanann a dhá láimh leabhra lánghasda go harrachda uime dá fhasdódh, 7 do chuir iona shuidhe é. “Truagh sin, a Gheanainn,” ar Cú Chulainn, “dob fearr liom-sa ioná ór an domhain 7 ná maitheas na cruinne, timdhibhe mo shaoghail do theachd roimh an gháir-se do-chluinim, uair biaidh athais fhiadhnach agá hinnisin orm tar m'éis, dóigh ámh, atá an seanfhocal go cuimhneach ann agá rádh .i. buaine bladh ioná saoghal.” “Léig sin thort, a Chú Chulainn,” ar Geanann, “et ní fhuil achd

§15 ¹⁴⁴ A = do chathaibh, A3 = dá chaitheamb, A4 = do chaitheamh,
 A2 = do bhuaileadar fa *ard grianain* na fionnfhaithche da gach *ard* na tiomchal,
 B = do bhuaileadar ar úir na talmhan do bhuaín 7 do thocuilt ina *ttimcheall*,
 C = do bhuaileadar ar fhéar 7 ar úir na talmhan do thochailt iona *ttimchioll*

saobhshluagh siabhartha síthe ann súd,” ar sé, “agus is í so an gháir dhuaibhseach dhraoidheachda do dhealbhadar Clanna claonbhuidheartha ciorrbhtha colaichmhille corpainmheacha caocha Cailtín fád chomhair-se dod chealgadh 7 dod chomhbuidhreadh, a Chuagáin chathbhuaidhaigh,” ar Geanann, agus ad-bheart an laoidh:

17. ¹⁴⁵A dhearbhráthair¹⁴⁶ Dheitchine,

A dhearcghlais dhuaanaigh,

Léig dhamh, a dheighfhir-se¹⁴⁷,

Dul fá na sluaghaibh.

Taidhbhse na Cruthantuai¹⁴⁸,

Ar eachaibh diamhra,

Nocha buidhne roghaoise,

Achd saobhshluagh siabhra¹⁴⁹.

Nocha sluagh óg ildealbhach,

Lé gcuirthear graifne,

Achd féar agus duilleabhar,

Táinig ar an bhfaithche.¹⁵⁰

§17 ¹⁴⁵ A2 = laoi eile: Do choilleadh mo geasa fein. Tá ‘A bhrathar Detchine’ agus ‘Do coilleadh mo geasa fein’ in áit a chéile in A2. B, C = ar iarraidh

¹⁴⁶ A2 = bhrathar

¹⁴⁷ A2 = Leig damh a dheagfhir

¹⁴⁸ A2 = Taidhbhisi na cCrut tuath

¹⁴⁹ A2 = Acht saobhshluagh siabhartha

¹⁵⁰ A2 = Les nach ccurtur graifne, ni sluagh og infeadhma, tainig isin bfaithche, acht fer 7

A óineach ghéabhas mh'earradh-sa¹⁵¹,

Lé greadhaibh gnátha¹⁵²,

Nocha dtiucfa im ionadh-sa¹⁵³,

Go laithe an bhrátha¹⁵⁴. A Dhear.

18. A haithle na laoidhe-sin do fhéach Cú Chulainn amach arís ar an bhfaithche, et ad-chonnaire na catha cóirighthe dar leis féin amuigh ar an bhfaithche¹⁵⁵. Agus an dara huair do fhéach amach do-chonnaire groigh mheic Lir ar an bhfaithche 7 bá geis dó-san sin d'fhaicsin, 7 dar leis fós do-chualaidh cruit mheic Mannoir ar an bhfaithche agá seinm go súbhach síreachdach sírbhinn sásamhail 7 bá geis dó-san éisdeachd fris an orgán síthe soineamhail-sin, 7 do athain¹⁵⁶ Cú Chulainn as na neithibh-sin gur coilleadh go fírinneach fiadhnach a bhuaidha, et gur briseadh a bhuaingheasa, 7 go dtáinig críoch a chaithréime¹⁵⁷, 7 do-rinne an laoidh ann:

19. ¹⁵⁸Do coilleadh mo gheasa féin,

duilleabhar

§17 ¹⁵¹ A2 = Nech ghabhas ar mfhearansa

¹⁵² A2 = Le narm le angreaghaibh gnatha

¹⁵³ A2 = Nach ttig imdheaghaidhsi

¹⁵⁴ A2 = No go tti la an bhratha

§18 ¹⁵⁵ A2 = ar Magh mor farsuing na hEamhna

¹⁵⁶ A2, B, C = aithin

¹⁵⁷ B = (+) 7 gur clódh a gheasa a ghoil 7 a ghaisge lé draoigheacht Chlainne Cailtín

§19 ¹⁵⁸ A2 = Laoi eile: A bhrathar Detchine, féach nóta ¹⁴⁵ thuas. Tá ord na línte difriúil in 'Do coilleadh mo geasa fein' in A2. Is mar seo atá an laoi in A2: (v.1) Do choilleadh mo geasa fein, tairnuic mo re madh olc ribh, an ceolsa do fharradh medm, cruit mic Manair da senm sin. / (v.2) Is ris samhluim e rem ghuin, dar lium do chin groigh mic Lir, dar lium do chualaidh sinn, an gleo morsa rinn anoir. / (v.3) Dar liom do bhi da mead, ro ba cead curadh go ngoil, ergeas fo ghaoth garbh ghlonn, gur ghluais amuing ar an mhuir. / (v.4) Dar liom do chualaidh sin, an gleo morsa rinn aniar, dar lim do bhi da mead, ro bu cead curadh go mbiadh. / (v.5) Ergeas fo ghaoth is gharbh glonn, gur chrithnigh among ar an sliabh, aghmhar do leanas an tain, far biomda gair 7 glond. / (v.6)

Táinig mo ré, gidh olc libh,
An ceól-so do fhoirigh m'fheidhm,
Cruit mhic Mannoir 'gá seinm sin.

Dar liom-sa do-chualaidh sinn,
An gleó mór-so rinn anoir, // [16]
Dar liom do cuireadh go ngoil,
Ar an bhfaithche groigh mheic Lir.

Dar liom-sa do-chuala anois,
Gleó mór radhbhal riom aniar,
Dar liom dob aidhbhseach a mhéad,
Samhail do chéad go mbiadh.

Éirgheas fo ghao[i]th g[h]airbh i ngloinn¹⁵⁹,
Gur ghluais a mhoing ar an sliabh,
Le fothram laoch, 's greagh¹⁶⁰ mbras,
Agus cloidheamh dhálas niamh.

Ághmhar do leanas an táin,
Farbh iomdha gáir agus glonn,

Dar thuit Fear Diadh leam san treas, is Calaitin na ccleath coorr, mo comhracsas is comrac Fraich, nír comrac loech ar na choll.

B, C = Níl an laoi le fáil iontu

§ 19¹⁵⁹ A3 = Éirgheas fothghaoth garg a gluinn, A6 = Éirghios fá ghaoith ghairbhe nglonn

¹⁶⁰ A = ghreagh

Dár thuit Fear Diadh liom san treas,
Is Cailitín na gcleas gcorr.

Mo chomhrag is comhrag Fraoich,
Mórchomhrag laoi choll. D.O.

20. A haithle na laoidhe-sin do éirigh Badhbh inghean Chailitín i riochd fhuince .i. feannóg, 7 táinig ós cionn an ghrianáin a raibhe Cú Chulainn, 7 ad-bheart na briathra-so ann:

“A Chuagáin Mhuirtheimhne,
Móraigín an dá chomhraig,
Is comhaois a gcoimhleanmhan,
Ar loingeas fuar Fearghusa¹⁶¹,
Tuitfidh leat-sa rí Oileall,
Lughaidh is laoch Mhaicniadh,
Earc is Colla is Conchobhar,
Meadhbh ’s Maine do thromchosgar,
A ilreachdaigh, [a] ilchleasaigh,
[A]¹⁶² éichdmhínic, áitheasaigh,
A ua Cathfaidh chloidheamhruaidh,

§20¹⁶¹ A2= A Chu Chulainn comheirghe, do choimhead buar breagh magha, beas is coll dod chomhchlusa, iondradh minic Muirtheimhne Madh Midhe go mor airgneach, ní do Corbmac is comhadhus no do loingeas fuar Fearghus

C = A Chú Chulainn cóimhéirigh, cuimhnigh búireadha for bhreaghmhaighe, bheas ascal, iondradh Muirtheimhne, móraigthe Midhe, ní do Chormac is ionmhaoidimh a choimhleanmuin ar loingeas Fearghuso

¹⁶² A = ar lár, A5, A6, A7 = A

A mheic, díon¹⁶³ Magh Muirtheimhne,

¹⁶⁴Ar ghairbhghleó námhad¹⁶⁵ móradbhal,

Nár fhaice olc adhbhalmhór,

Dód choimhéirghe a Chuagáin.”

Tar a éise sin do rádha don Bhaidhbh, ro imthigh roimpe ón ghrianán amach ar an bhfaithche an uair do éimidh Cú Chulainn dul lé, 7 do gháireadair na sluaigh amuigh ar an bhfaithche ar rochdain na Baidhbhe chuca, 7 do-chualaidh Cú Chulainn gáirfeadhach 7 sgréachach na mbadbh. Is ann-sin adubhairt Cú Chulainn: “Is trom leam bheith ag éisdeachd fris na gáirhibh-se, a Gheanainn,” ar sé, “agus ceadaigh dhamh-sa na sluaigh d’ionnsaighe et na sgíothbhuidhne sgáithbhréige-se do sgaoileadh 7 do sgrios uile ón dúnadh, ór do thraothadair na gáirthe-se mo threise, 7 do bhuaidhreadair mh’aigneadh 7 mo chiall, 7 do mhúchasdair¹⁶⁶ mo dhraoidheachd bhunaidh 7 mo neart 7 mo niadhachas, 7 do chlaochlaigh ceól coimhbhinn carthanach na cruite do-chuala-sa mo chuimhne 7 mo chéadfaidh, 7 rug mo lúth 7 mo láthar uaim bantrachd gléigheal an ghlanchoígídh-se fá churadhaibh Connachd 7 Muimhneach 7 Laighneach 7 laoi ch Mhíde¹⁶⁷, 7 losgadh 7 láinréabadh chríche Cuailgne¹⁶⁸ 7 Mhaighe Muirtheimhne, 7 do coilleadh mo gheasa uile, 7 táinig comhartha mo chríche déidheanaighe”, 7 ad-bheart Cú Chulainn an laoidh: //[17]

§20¹⁶³ A = dhíon

¹⁶⁴A2 = *ar garg gleo na gailianach, doigh emh ro mhursatar 7 rogharseadar aicmeadha, eachtran ilchineleach, fan mhaigh mhinglean, mor adhpal nar thi olc dod chomheirghe, a Chu chalma chatbuadaigh, gaph mo chomharle a Chu.*

B = A Choin gCuloinn cómhéirigh, a iolreachtai ghéachtmhinic, *ar ghargghleó na ngaileangach, a mhic díona Muirtheimhne, róbhúirsiad róghairsiad aicme eachtrann ilchineoil, nár tí olc dod chómhéirge a Chon gCuloinn*

¹⁶⁵ A = námhadh

¹⁶⁶ A2 = do mhuchatar, B = mhionuig, C = mhuighsiod

¹⁶⁷ A2 = loecraidh Míde, B, C = ar lár

¹⁶⁸ C = chríche Míde

21. ¹⁶⁹Gáir na sluagh um thealaigh dTeamhra,

Ós gach díonn,

Caoineadh ban ar faithche Eamhna,

Méala liom.

Mná Uladh i leabthaibh Connachd,

Borb an gleó,

Is dom dhíth-se tig an tromolc,

Is dearbh leó.

Fionnaid eólaigh tréna thorann,

Borb a bhrígh,

Is soiléir dhóibh nach fuil Conall,

Isan tír.

I gCruthaintuaith¹⁷⁰ do-chuaidh Conall,

Tar Muir Meann,

Im láimh-se do fhágaibh Conall¹⁷¹,

A thír theann.

§21 ¹⁶⁹ A2 = Laoi eile: Eirigh a Chu Culainn frontar cruas. Tá 'Gáir na sluagh' agus 'Eirigh a Chu Culainn frontar cruas' in áit a chéile in A2. Níl véarsa 10 in A2. B = tá an laoi le fail, gan véarsaí 3-5 agus 7-11. C = ar iarraidh

¹⁷⁰ A2 = A ccruithe an tuaidh

¹⁷¹ A2 = Is im laimhsi do fhagaibh Conall

Atú-sa [aniu]¹⁷² i meirtin mheabhla,

D'éis an fhir,

Gonam torrachd dubhshluagh [Eamhna]¹⁷³,

Tar Magh Lir.

Mun¹⁷⁴ bheith draoidheachd mhórdhruadh Monaigh¹⁷⁵,

Feibh rom [m]airn¹⁷⁶,

Nocha mhuirfidís fir dhomhain¹⁷⁷,

Mé i los airm.¹⁷⁸

Mairg don iolar, mairg don uathadh,

Ar bioth mbuan¹⁷⁹,

Mairg sluaigh Gaoidheal, mairg don aoinfhear,

Mairg don tsluagh.

Biaidh mairg dhamh-sa, biaidh mairg dháibh-sean,

Biaidh dá mhairg,

Fearfad-sa riú comhlann calma,

§21¹⁷² A = aníogh, A2 = aniu

¹⁷³ A = Gonum torachd dubhshluagh d'Eamhna, A2 = *Conam torracht dubhshluagh Eamhna*,

¹⁷⁴ A2 = Muna, B = Muna

¹⁷⁵ B = Muna bheith *draoigheacht* mhórshluagh Mhonuig

¹⁷⁶ A2 = Feibh rod *mairn*, B = Feib *rómhairfínn*

¹⁷⁷ B = Noch a mhuirfidís fir Mhúmhan

¹⁷⁸ A2, B = véarsa breise. A2 = Muna *beith* Clan Cailitin Chruachna, chruaidh a bhfios, noco *leadarfídis* laoich *Cruachna*, leadhb dom chnios.

B = Muna mbiadh *Clann Chailitín Chruachna*, *cruaidh* a bhfis, noch a *leadardís* fir luachra, leadhb dom chnis.

¹⁷⁹ A2 = *Marg* bus buan

Dá mbia m'airg.

Do-ghéan-sa gníomh talchair tréinsheang,

Dá mbia faoidh,

Muirfead leath ghiolladh bhfear nÉireann,

In íoc Laoigh¹⁸⁰.

Do-ghéan-sa gníomh talchair tréinsheang,

Fáth gan chleith,

Muirfead-sa leath each bhfear nÉireann,

In íoc mh'eich.

Do-ghéan-sa gníomh talchair tréinsheang,

Fáth gan fheall,

Fear agus ceirtleath bhfear nÉireann,

[Do-f[h]aoth]¹⁸¹ leam.

[Do-f[h]aoth]¹⁷⁷ meise is mh'each is mh'ara,

Do thrí gáibh,

[Do-f[h]aoth]¹⁷⁷ Eamhain¹⁸² mhórgarg Mhacha,

Truagh an gháir. G. Na.

§21¹⁸⁰ A2 = *Leath giolladh each fear nÉireann*, taoth díoc Laoigh

¹⁸¹ A = do sáoth, A2 = do fáoth, B = do faoth

¹⁸² A2 = eineach, C = ar lár

22. “Léig sin seacha, a Chú Chulainn,” ar Geanann, “agus ná tabhair dod aire na siangháirthe saobhmhillte sídhe síothghrána-so ag an mbréagshluagh mbeaganbhann cleasbhuidheartha Chloinne Cailitín ’gad mheasgadh 7 ’gad mhórbhuidhreadh. // [18] Dóigh ámh, atáid le seachd mbliadhnaibh ag iarraidh an domhain ag déanamh draoidheachda et diabhlaidheachda fád chomhair-se dod thuitim leó, et is leis na harmaibh neimhe tugadar-san leó, 7 lé m[ór-n]eart¹⁸³ cheithre n-ollchóigeadh nÉireann atáid ullamh innillte ar do chionn-sa i Maigh Muirtheimhne, et seachain go ceann seachd lá ó ’niugh iad, 7 rachaidh a ndraoidheachd ar neifní ó shoin amach, et éireóchaidh cumhachda Chathfaidh¹⁸⁴ dod chabhair-se, 7 tiucfaidh Conall gan chuntabhairt a Cruthantuaith¹⁸⁵ dod furtachd 7 dod fóirithin. Agus dá ndearnair mo chomhairle-se don chur-so .i. gan fuireach lé feillicheardaibh fallsa fíorghrána¹⁸⁶ fuarchroidheacha Chloinne Cailitín 7 Meadhbha gan dol tar [t]h’ais i n-anarrachdas 7 anbhainne, 7 budh lán an domhan uile dod bhunadh¹⁸⁷ 7 dod bhuaisngéalaibh go bruinne bhrácha 7 bheatha agá n-aithris 7 agá n-innisin tar [t]h’éis.” Agus do ghabh Cú Chulainn do láimh go n-anfadh ar an gcomhairle-sin achd gidh de do thiucfadh saoghal a oinigh 7 a eangnamha dia linn. Is ann-sin do canadh ceól síreachdach sírbhinn 7 ealadhna uaisle iongantacha dhó, et do bhádar bantrachd 7 bannála na bruidhne ag fleadhughadh 7 ag fíthcheallachd, ag muirn 7 ag meadhair dá gach taoibh iona thimcheall.

§22¹⁸³ A2 = *morneartmhuire*, B = *mórneart*, C = ar lár

¹⁸⁴ A2 = *cumachta an chuigidh*

¹⁸⁵ A2 = a *críochaibh cruitneach*, B = a *críochaibh na cruinne*, C = a *críochaibh coimhthigeacha*

¹⁸⁶ A = *feillicheardaibh fhallsa fíorghrána*, A2 = *feillicheardaibh fallsa fíorghrainneamhla*,

B = *feillicheardaibh fallsa fíorghrána*, C = *feillicheardaibh fuarchroidheacha*

¹⁸⁷ A2 = *mhorbhuidreamh*, B, C = *bhuadhaibh*

23. Agus do imthigheadar Clann Chailtín rompa, 7 ní rugadar Cú Chulainn leó an lá-soin, 7 tángadair féin go longphort bhfear nÉireann, et do fhiafraigheadar maithe bhfear nÉireann díobh cáit a raibhe Cú Chulainn. “Do éimidh orainn-[n]e a thabhairt linn aniu,” ar siad, “agus do-bhéaram linn amárach é.” Agus do fheiseadar fir Éireann ann an adhaigh-sin, et do éirgheadar trí mic chlaona Chailtín go moch arna mhárach, 7 tángadar na trí hamadáin fhuachdha 7 na trí sirideadha luaithléimneacha léidmhacha lomluirgneacha leacanbhuidhe 7 na trí fuatha daora dealbhghrána dathuathmhara-sin dá eitche ar dhruimnibh na dianghaoithe nó go rángadar faithche na hEamhna, et ro thoirlingeadar ar an bhfaithche, 7 do dhealbhadar ruadhchatha romhóra do bholgánaibh béilche et do dhuilleabhar na fiodhbhaidhe fiodhuaine foltghlaise, 7 do léigeadar na catha comóra-sin iolgháirthe 7 airdiolaighthe gránna gáibhtheacha aisdibh go gclos go cian fá na // [19] críochoibh na criothnaighthe-sin.

24. Is orra tugadh coimhhead Chon gCulainn an lá-soin .i. ar ingheanaibh ríogh¹⁸⁸ 7 taoiseach Uladh, 7 ar a chaoimhleannán féin .i. ar Néimh inghin Chealtchair mheic Uitheachair¹⁸⁹. Agus do-rónsad na mná comhairle an lá-soin cionnas do chealgfadaois 7 [do]¹⁹⁰ choimheadfadaois Cú Chulainn, et is í comhairle do-rinneadar Cú Chulainn do bhreith leó go Gleann na mBodhar¹⁹¹, dóigh ámh, dob iontaoibh mar dhaingean dhiamhair dho-eólais an t-ionadh-sin. Agus tángadar na bantrachda 7 na bandála-sin dhá bhréagadh leó amach gonach beith ag éisdeachd re buaidhreadh na

§24¹⁸⁸ B, C = triath

¹⁸⁹ B = .i. Eimhir (Tá *Niamh* scriosta amach anseo agus *Eimhir* curtha isteach in B)

¹⁹⁰ A2 = ar lár, A3, B, C = do

¹⁹¹ B = tá píosa fágtha ar lár in B ón bpointe seo, tosaíonn an scéal arís i lár §31

mbadhbh ná re hiolgháirthe na n-amaideadh náimhdeamhail agá aidhmhilleadh et agá ghreasachd i gceann a námhad 7 a bhiodhbhadh 7 a neamhcharad. Agus táinig Niamh inghean Chealtchair mheic Uitheachair dá ionnsaighe, 7 is eadh adubhairt fris: “A mheic ionmhain,” ar sí, “is dúinn-[n]e tugadh do choimhéad-sa aniu, et tair liom-sa 7 leis an mbantrachd go ndeachmaois leat d’uaigneas 7 d’urghairdiughadh¹⁹² go nuige mo dhúnadh-sa, ór atá fleadh¹⁹³ agam fád chomhair-se ann, et is coimhéad duit-se a hól.” Táinig Cú Chulainn leó amach as an ngrianán nó go rángadar i gcomhfhogas don ghleann, 7 mar do-chonnaire seisean an gleann do athain gurob é Gleann na mBodhar do bhí ann. “Truagh sin,” ar sé, “is é Gleann na mBodhar so ad-chím, 7 nocha rachad-sa ann go brách, ór ní conair chóir dhamh-sa é.”

25. Agus ní fada do bhí mar sin an uair do dhealbhadar Clann Chailitín catha cródha comóra cóirighthe um an ngleann nó gomadh tarfás dó-san an chríoch uile do choimhchreachadh go coitcheann, 7 iona conair chuartaighthe, 7 iona gáir námhad¹⁹⁴, et “is truagh mo thoisg 7 mo thuras,” ar sé, “leis an mbantrachd dom bhasgadh 7 dom bhaoghluhadh in éagmais m’each 7 m’éidigh go ndeachainn d’fhasdódh na gcreach 7 do chumasg ris na cathaibh agus do choimhéad an chóigidh,” agus adubhairt an laoidh:

26. ¹⁹⁵ [Atá gleó [rom]¹⁹⁶ mheadhair,

§24¹⁹² A2 = (+) meanma 7 moraianta, B = ar lár, C = (+) meanman,

¹⁹³ A2, C = deoch

§25¹⁹⁴ A2 = (+) 7 caismeartha 7 cuan eimhgidh gur meascat 7 gur mearaighseat na sirruidhe saobhghloracha siaphartha an mileadh don mhor ghleo sin

§26¹⁹⁵ Léamh A3 atá in úsáid, tugaim léamh A anseo:

Atá gleó rom mhearadh, Cia fuil arna creachadh, Nó cia tug ó m’eachaibh, Eidir bhantrachd mban. / Tochd go Gleann na mBodhar, Nocha conair ghar, Do chúadhas feachd aonar,

Cia fuil arna chreachaibh,
[Nó cia tug ó'm eachaibh]¹⁹⁷,
Idir bhantrachd mban.
Teachd a nGleann na mBodhar,
Nochan í mo chonar,
Mo thriall ann is doiligh,
Nochan obair dhamh.

[Do-chuadhas feachd aonar]¹⁹⁸,
[Daoibh-se]¹⁹⁹ níorsum baoghal,
Do chinninn ar gach aoinfhear,
Mo shaoghal níor leó.
Na curaidh rom charsad,
Sa Mumhain níor mhairs[e]ad,
[Níor thogha gér thugsad]²⁰⁰,
Níor ghabsad rem ghleó.]

27. Táinig Cú Chulainn roimhe go hEamhain iar sin. “Gabhtar mh’eich dhamh 7 innilltear mo charbad,” ar sé, “go ndeachainn d’fhios bhfear nÉireann.” “Tugais do

Daoibh-se níorsum baoghal./ Mo shaoghal ní leó, Na curaidh rom charsad, San mughadh níor thagtha, Gur thaotsad réam ghleó.

§26¹⁹⁶ A3 = roimh, A4 = rom

¹⁹⁷ A3 = Cia do rath om eachaibh, A = Nó cia tug ó'm eachaibh

¹⁹⁸ A3 = Do chuadhas ann feacht aonair, A2 = Do chuadhas feacht aonar

¹⁹⁹ A3 = dibhsam

²⁰⁰ A3 = Tagtha gach thagsat, A2 = Níor thogha gér thugsat.

bhréithir dhamh-sa,” ar Niamh²⁰¹, “nach rachdá d’ionnsaighe bhfear nÉireann go dtugainn-se cead duit.” “Má do thugas, is cóir a chomhall,” ar sé. Is ann-sin rángadar sa dún anonn, et táinig an mac fa sine do Chloinn Chailtín ós cionn an ghrianáin a raibhe Cú Chulainn agus ad-bheart an laoidh:

28. ²⁰²Éirigh, a Chú Chulainn,

Fionntar cruas do chumhaing,

Ar neart námhad [niath]²⁰³,

[Muirtheimbne] ’na muirear²⁰⁴,

[Lán do dhrongaibh deighfhear,

Cloidheamh agus sgiath].²⁰⁵

Ionnsaigh, an Liath Mhacha,

Beir lat i gceann chatha,

[Cosain re feidhm flatha]²⁰⁶,

Eamhain na ród réidh.

Ná coigill aos grádha,

Nó cosa, nó lámha,

Beid na boinn bána

Ó thairm agus eirg²⁰⁷. Éirigh.

§27²⁰¹ A2, C = (+) *inghean Cealtchair*

§28²⁰² A2 = Laoi eile: Gair na *sluagh*, féach nóta ¹⁶⁹ thuas. B = ar lár

²⁰³ A3 = *Ar neart namhad niath*

²⁰⁴ A = Magh Muirtheimbne ’na muirear, A2 = *Murtheimbne* na murar

²⁰⁵ A = Nó do dhroing dheighfhear cloidheamh sgiath

A2 = Lán do dhrongaibh deighfhear cloidheamh 7 sgiath

C = Lán do dhrongaibh deaghfhear, cloidhiomh 7 sgiath

²⁰⁶ A = Go sin is feidhm flatha, A2 = Cosuin re *fedhm* flatha, C = Cosain is *feidhm* flatha

29. ²⁰⁸Agus ag éirghe do Choin gCulainn do chuir a lámha faoi, et do iadh Niamh a dá ghlaic²⁰⁹ uime, ⁷ do chuir 'na shuidhe é. “An agam-sa,” ar Niamh, “agus comhail do loighe²¹⁰.” Do shuidh Cú Chulainn go haithmhéalach, achd gidh eadh do imthigheadar Clann Chailitín ó do-chonncadar Cú Chulainn arna fhosdódh, ⁷ tángadar féin ar amas bhfear nÉireann²¹¹. “An dtugabhair Cú Chulainn chugainn?” ar siad. “Ní thugamar fós,” ar Clann Chailitín. “Agus muna thugam amárach linn é beanaidh-se na sé cinn-se dhínn.” Agus do eisdeadar amhlaidh sin an adhaigh-sin.

30. Iomthúsa Chonchobhair, san maidin arna mhárach tugadh Cathfadh ⁷ Geanann Gruadhsholas et na draoithe uile dá ionnsaighe, ⁷ Eimhir inghean Fhorgaill Mhanaigh, et Niamh inghean Chealtchair mheic Uitheachair, ⁷ an bantrachd ⁷ an bandál uile, et fiafraigheas Conchobhar dhíobh gá coimhead do-b[h]éardaois ar Choin gCulainn an lá-soin. “Ní fheadamar fós,” bhar siad. “Do-fheadar-sa,” ar Conchobhar, “.i. beiridh libh é go Gleann na mBodhar aniu,” ar sé, “agus is uime adearar Gleann na mBodhar fris, ór dá mbeidís fir an domhain²¹² uile iona thimcheall, et a ngáir // [21] chatha do chur ós aird ní chluinfeadh aon duine dá mbeith sa ngleann-sin gáir nó greadhán dá mbeith iona thimcheall, gurab aire sin is cóir dhaoibh-se Cú Chulainn do bhreith ann, et coimheadtar libh aniugh go maith é

§28²⁰⁷ C = Tar ⁷ eirigh

§29²⁰⁸ C = (+) Ró eirigh Cú Chulainn leis an ngreasacht soin

²⁰⁹ A2 = a da laimh, C = a dhá dóid

²¹⁰ A2 = ghealladh, A3 = luidhe, C bhréithir

²¹¹ A2 = tangadar do chum dunadh fear nÉireann, C = tangador rompa dionnsaighe bhfear nÉirionn

§30²¹² A2 = fir Eireann, C = sluagh iomdha

go fáthach firinntleachdach nó go dtí neart isan [tséan 7 isan tsoladh]²¹³ et go dtí Conall a crích Chruithneach dár gcobhair.” “A airdrí,” ar Niamh, “níor fhaomh oram-sa 7 ar an mbantrachd uile dol isan ngleann-sin ané et sinn car an chaomhlaoi agá atach 7 agá eadarguidhe. Eirgeadh Cathfadh 7 Geanann 7 na fileadha uile 7 an bantrachd leó féin 7 lé hEimhir, et beirid Cú Chulainn leó sa ngleann úd, 7 déanad siad ceól 7 ól et aoibhneas 7 ealadhnadha do chantain iona fhiadhnaise dhó gonach cluinfe sé gáir nó greasachd Chloinne Cailtín agá bhuidhreadh”. “Ní rach-sa ann,” ar Eimhir, “agus eirgeadh Niamh ann ar ár mbeannachdain, ór is í is docra leis d’éara nó dh’eiteach.” Agus is í sin comhairle ar ar cinneadh leó.

31. Agus tángadar mná 7 macaoimh, filidh 7 ollamhain, luchd éigse 7 ealadhna 7 athchuinghidh 7 gacha dána dá raibhe san dúnadh uile chuige, et tángadar san teach a raibhe Cú Chulainn et Cathfadh 7 Cobhthach ceoilbhinn an cruitire, .i. caomhdhalta Chonchobhair, ag cantain chiúil, 7 Feircheirtne iona iomdhaidh ’na bhfarradh agá iomchoimhéad et agá uirbhreagadh, et táinig Cathfadh ósa gcionn, 7 do ghabh ag agallamh Chon gCulainn et ag eadarguidhe fair a thoil féin do dhéanamh, 7 do chuaidh san iomdhaidh²¹⁴ maille ris, 7 do thoirbhir teóra póg dhó go díochra dúthrachdach. “A mheic ionmhain,” ar Cathfadh, “tarr liom-sa aniu d’ól mo fhleidhe, et tiucfaid na mná 7 na fileadha uile linn, 7 is geis duit-se fleadh dh’obadh nó do dhiúltadh go firinneach ar dhuine ar an domhan.” “Truagh sin,” ar Cú Chulainn, “ní maith an tráth óil nó aoibhneasa dhamh-sa anois, 7 ceithre hollchóigidh Éireann ag losgadh 7 ag luathargain an chóigidh, 7 Ultaigh san Cheas Naoidhean, et Conall i

§30²¹³ A = isan tsean 7 isan óg, A2 = isin tshén 7 isin tsholadh, C = annsa tsín 7 annsa tsolas
§31²¹⁴ A2 = do chuaidh Niamh isin iomdhaidh, C = do chuaigh Niamh is an iomdhaigh

gcríochaibh allmharach, et atáid fir Éireann dá rádh gurab ag teitheadh atú-sa, 7 atáid siad dom aithisiughadh 7 dom // [22] imdheargadh, 7 gidh eadh, muna bheitheá-sa²¹⁵ 7 Conchobhar et Geanann 7 Feircheirtne 7 na fileadha 7 an bantrachd uile archeana, do rachainn-se dá n-ionnsaighe et do-bhéarainn dianscaoileadh námhad orra ionnas gomadh lia a mairbh ionáid a mbí.” Agus do ghabh Eimhir 7 na mná uile agá atach 7 is eadh do ráidh an ríoghan ris: “A Chuagáin,” ar sí, “níor thoirmisgeas-[s]a toisg nó turas dár thograis iomad riamh i ló nó in oidhche go haois na huair-se, 7 déana orm-sa, a chéidshear 7 a chéadghrádh 7 a aonrogha tochmhairc d’fhearaibh na talmhan 7 a aoinleannáin fhileadh Éireann uile, eirg lé Cathfadh 7 lé Geanann et lé Néimh inghin Chealtchair et leis na fileadhaibh uile d’ól na fleidhe²¹⁶ atá ag Cathfadh fad chomhair.” Agus do bhí Niamh fós dá ghuidhe go glic glóirbhinn, et do éirgheadar lé chéile, 7 do-chuaidh Cú Chulainn leo go haithmhéalach aimhleasg urthlaidheach, 7 tángadar go Gleann na mBodhar.²¹⁷ “Truagh sin,” ar Cú Chulainn, “atú-sa ag seachna teachd sa ngleann-so riamh 7 ní thángas uair is lugha orm ionás, et adeirid Ulaidh 7 fir Éireann gurob ag teitheadh atú-sa ann-so,” ar sé. Agus tángadar rompa²¹⁸ dochum na bruidhne romhóire do-rónadh lé Cathfadh fá chomhair Chon gCulainn, et do sguireadar an Liath Mhacha 7 an Dubh Saoileann ar urlár an ghleanna, et do shuidh Cú Chulainn ar slíos na síodhbhruidhne, 7 do shuidh Cathfadh 7 Geanann et na fileadha uile archeana do leith dhe, et do shuidh Niamh inghean Chealtchair²¹⁹ 7 an bantrachd don leith oile et do shuidheadar an aos ciúil 7 ealadhna dá n-oirfideadh ar an slíos eile ar a gcomhair, et do ghabhadar ag caitheamh 7 ag ól

§31²¹⁵ C = (+) 7 Conoll

²¹⁶ B = tosaíonn an scéal arís ag an bpointe seo, féach nóta ¹⁹¹ thuas.

²¹⁷ C = (+) Atá *tuso* ag seachnadh *teacht* isin ngleannso, ar Cathfáidh,

²¹⁸ A2 = (+) isin ghleann 7 do chuadar

²¹⁹ B = Tá *Niamh inghean Chealtchair* scriosta amach agus *Eimhir* curtha isteach

go ceólmhar cluitheamhail, 7 do thógbhadar muirn 7 meadhair mhóradhbhal dó ann-sin. A n-iomthúsa go nuige sin.

32. Iomthúsa Chloinne Cailitín do-béarar ós aird. Tángadar a thrí hingheana cíorghalacha cíorlámhacha caola cos-shuairreacha síréadroma siubhlacha go rángadar faithche na hEamhna, 7 do-chuadar mar a bhfacadar Cú Chulainn an adhaigh roimhe sin, 7 ó nach bhfuadar ann-sin é do shireadar Eamhain uile et ní fhuadar é, et dob iongnadh leó-san // [23] cáit a ndeachaidh Cú Chulainn gan a bheith i bhfochair Eimhire et Chonchobhair nó na gcuradh nó san gCraobhruaidh archeana, et do aithnigheadar na harrachdada²²⁰ go hurmhaisneach gurob iad cumhachda Chathfaidh do bhí agá fholach 7 agá anacal orra. Agus do éirgheadar go héanamhail aerdha le foluamhain na gaoithe draoidheachda duaibhsighe do dhealbhadar go tinneasnach dá dtógbháil do chuartughadh an chóigidh go coitcheann gonár fhágbhadar fiodh nó fáinghleann, diamhair nó droibhéal san chóigeadh uile gan iarraidh do Choin gCulainn, nó go rángadar ós cionn Ghlinn²²¹ na mBodhar. Agus ad-chonncadar an Liath Mhacha 7 an Dubh Saoileann ar urlár an ghleanna 7 Laogh mhac Rianghabhra dá bhforchoimhead 7 do aithnigheadar gurob ann-sin do bhí Cú Chulainn, 7 do-chualadar foghar na bhfileadh ag an bhfleadhól go fforaoibhinn, 7 meadharghlór móradhbhal an bhantrachda 7 an bhannála 7 na macaomh ag urghairdiughadh meanman 7 aigeanta ar Choin gCulainn. Do thionóileadar Clann Chailitín ann-sin fothbhannáin chochlacha chluimhghéara 7 bolgáin bheigheórna²²²

§32 ²²⁰ A2, C = harrachta, B = ar lár

²²¹ A2 = os cionn Gleanna, B = ós cionn Ghleanna, C = ós cionn Ghleanna

²²² A = bega bheannacha, C = beaga, B = ar lár

bhéilche 7 duilleabhar feidhe²²³ foluaimneach na fiodhbhaidhe, go ndearnsad óig 7 ánráidh iomdha éidighthe fa a n-armaibh gaisgidh gonach raibhe cnoc nó tulach nó tuath i dtimcheall an g[h]leanna-sin nach raibhe lán do chathaibh 7 do chéadaibh et do chóirighthibh go gclos go néalaibh nimhe 7 go froighthibh na fiormaiminnte na gáirthe gáibhtheacha glaotharda 7 na héimhghe²²⁴ troma treathanmhóra toirteamhla 7 na hiolaighthe gráineamhla groidbheadhgacha²²⁵ do thógbhadar na catha 'na dtimcheall gurba lán an tír do chreachaibh 7 do loisgidhibh 7 do luathgholaibh, 7 do bhúireadar bánánaigh et bócánaigh 7 banaitheacha, et do bhéiceadar sduic²²⁶ 7 adharca 7 ardhomhairc, et do nuallghlaodhadar mná 7 fir et cuanarta na críche go coitcheann do na cumhachdaibh comóra-sin Chloinne Cailitín, et mar do-chluindís an bantrachd na buangháirthe-sin do léigdís féin gáirthe romhóra oile 'na n-aghaidh, et gidh eadh, do-chualaidh Cú Chulainn na gáirthe-sin ní as luaithe nó do-chualadar cách. “Truagh sin,” ar Cú Chulainn, “is mór na gáirthe-se ad-chluinim ag fearaibh Éireann ag creachadh an chóigidh // [24] go coitcheann 7 táinig deireadh 7 críoch mo chaithréime anois, et ní bhia m'athmhaoin-se dá éis go brách, et tairnig fós an cúigeadh go bruinne an bhrácha 7 bheatha.” “Léig sin seacha²²⁷,” ar Cathfadh, “agus ní fhuil ann súd achd siangháirthe sítheamhla do shluaghaibh siubhlacha sanaise do dhealbhadar Clann Chailitín chugad-sa²²⁸, et ná tabhair dod aire iad,” ar Cathfadh, achd oiris sunn ag ól 7 ag aoibhneas seal oile mar sin dóibh, 7 do-chualaidh Cú Chulainn arís na gáirthe romhóra céadna do thógbhadar Clann Chailitín uime sa ngleann, et an uair do-chluindís na mná na gáirthe-sin do thógbhadaois féin gáirthe

§32²²³ A2 = feodhaighe, B, C = ar lár

²²⁴ A2 = hemhghe, C = héighmhe, B = ar lár

²²⁵ A2 = griodbhiodhbgacha, C = groidbhiodhgacha, B = ar lár

²²⁶ A2, C = stoc, B = ar lár

²²⁷ A2, B = seachad

²²⁸ A2 = (+) dod cheangal

romhóra oile 7 imreasain et imirt et cluitheadha um Choin gCulainn, ²²⁹et do tuirsigheadh Clann Chailitín fá dheóidh, 7 do-chuaidh dhíobh nach raibhe tarbha dhóibh in aoinní dá ndraoidheachd tar ghliocas Chathfaidh et an bhantrachda.²²⁹

33. “Déanaidh-se anmhain ann-so,” ar Badhbh inghean Chailitín, ag comóradh na gcath léna dís deirbhsheathar, “go ndeachainn-se ar ceann Chon gCulainn sa ngleann, gidh bás do-ghéabh dhe.” Agus do-chuaidh Badhbh iona baothruathar go beagnáireach dochum na bruidhne, et do-chuaidh i riochd mhná do mhnáibh Néimhe inghine Cealtchair²³⁰, 7 do ghoir lé an ríoghan dá hagallamh amach, et do éirigh an ríoghan lé tar dhoras na bruidhne amach, 7 táinig drong mhór do na mnáibh lé, et rug Badhbh léna cumhachdaibh 7 léna ceilg dhraoidheachda seal fada ón mbruidhin amach iad²³¹, et do chuir ar chaoi mheisge 7 mhearaighthe iad ar fud an ghleanna, 7 do chuir draoidheachd rómhór eatarra 7 an bhruidhean tar a n-éis, et táinig féin uatha as a haithle sin, ór do bhí a fhios aice gur ghabh Niamh²³² mionna ar Choin gCulainn nach rachadh d’ionnsaighe bhfear nÉireann nó go dtugadh sí féin cead dó, et do chuir Badhbh dealbh Néimhe²³³ uirre féin, 7 táinig mar a raibhe Cú Chulainn, et do ráidh ris na sluaigh d’ionnsaighe,²³⁴ et is eadh adubhairt: “A anam, a churaidh 7 a chaithmhílidh,” ar sí, “atá Dún Dealgan arna losgadh et Magh Muirtheimhne 7 Machaire Chonaill 7 an chóigeadh uile // [25] arna n-argain, et is orm-sa do-

§32²²⁹⁻²²⁹ A2 = *Acht cheana rothuirsiogadh Clann Cailitín iar ccaitheamh iomad siabhartha 7 siubal 7 an dar leo do sairaeagadh anealadhna 7 a nilchearda draitheachta o do bhi glicas 7 ger intleachta Chathfaidh 7 imdioll 7 imchomhairle an bhantrachta 7 fath chomhairleadha glioca glan foghlama na nughdar 7 na nard ollamhan do bhaoi ina farradh ann tan sin.*

§33²³⁰ B = Tá *Néimhe inghine Cealtchair* scriosta amach agus *Éimhir* curtha isteach

²³¹ A2 = (+) no go rug an *diamhair* an *ghleanna* le iad

²³² B = Tá *Niamh* scriosta amach agus *Éimhir* curtha isteach ina háit

²³³ B = Tá *Néimhe* scriosta amach anseo agus nil ainm ar bith curtha isteach ina háit

²³⁴⁻²³⁴ B = 7 do ráidh ris na sluaigh *dionnsúighe*, 7 muna *ndéingeadh gur* chaill sé a chlu 7 an chóige go *brath*. Adubhairt *Cú Chulainn* go rachadh dá *nionnsúighe*.

b[h]éaraid Ulaidh achmhasán²³⁵ t'fhasdóidh-se 7 th'iomfhuirigh gan do dhol do dhíoghail na gcreach 7 do chathughadh fris na sluaghaibh, et atá a fhios agam-sa," ar sí, "go muirfidhear mé 7 gurab é Conall mhuirfeas mé gan chunntabhairt fá gan tusa do léigean d'anacal an chóigidh," agus ad-bheart an laoidh:

34. ²³⁶[A Chú Chulainn Cuailgne chruaidh]²³⁷,

Do bhuidreadh anois is mór,

[Geilt fearbh ní bhfuil ar do mhúr]²³⁸,

Atá Dún Dealgan dá dhódh²³⁹.

Dá ndeach-sa in aghaidh an tsluaigh,

Biaidh uair is budh dainimh dhaoibh,

Gé naisgir orm dol 'na ndiaidh²⁴⁰,

A Niamh inghean Chealtchair chaoimh.

Ní fhreigeór [m'aonar an sluagh]²⁴¹,

Go dtí faobhar forruadh niadh,

Muna [meadhradh]²⁴² measg go mbuaidh²⁴³,

Ciodh fa dtaoi dhá luadh, a Niamh²⁴⁴.

§33²³⁵ A2 = acmhusan, C = achmusán, B = ar lár

§34²³⁶ A2 = Tá an laoi ann, B, C = ar iarraidh

²³⁷ A = A Chuagáin Chuailgne chruaidh

²³⁸ A = Gort nó forba ní fhuil fád mhúr, A3 = Geilt fearbh ní bhfuil ar do mhúr

²³⁹ A2 = A Chu Chuloind Cuailgne chruaidh, do bhuidreadh do meanmna mor, ní fuil geall fearba le do mhur, ata Dun Dealgan ar na dhogh

²⁴⁰ A2 = Ge dheachar dhealga na dhiagh

²⁴¹ A = Ní fhreigeór im aonar sluaigh, A3 = Ní fhreigeór maonar an sluagh

²⁴² A = miodhradh, A4, A5 = meadhradh

²⁴³ A2 = Mac Meadhradh meascadh go mbuaidh

A Niamh, ná tagair ní as mó,
Gus aniu riamh [níorsum]²⁴⁵ trú,
Airrdhe éaga orm atá²⁴⁶,
Ní tharga an leath céadna²⁴⁷, a Chú.

Cuir an cath an g[c]éin bus lá,
Ní aisgeadh neach ort gus anú²⁴⁸,
[Gabh [t]h'eich, ní t[h]airmig do ré]²⁴⁹,
Ná loigh ar do leith clé, a Chú.

Do-bhéar bréithir ris, a Niamh,
Is briathar ris nach bia súil²⁵⁰,
Mo chor in aghaidh an tsluaigh,
Biaidh uair is budh dainimh dhúinn²⁵¹.

Saoghal iubhair dhuit, a Chú,
Ar gach tulach ní bhia trú,
[Go scarfaidhe fa rath ngleó]²⁵²,

§34²⁴⁴ A2 = Cidh *fada* mo bhuidh a Niamh

²⁴⁵ A = nísum, A2 = nirsum, A3 = níorsum

²⁴⁶ A2 = *Airdhe* ega aniu rom tu

²⁴⁷ A2 = *leath cle*

²⁴⁸ A2 = Ni *rachaidhi* tren ort anú

²⁴⁹ A = Gabh a óigtheach read lá ré, A2 = Gabh heich ni *tairnic* do ré,

A3 = Gabh heich ni thainig do ra

²⁵⁰ A2 = Is briathar ris *nach* biadh mhaoín

²⁵¹ A2 = Co mbiaidh *uair* bus *doiligh daoibh*

35. “Truagh sin, a Niamh,” ar Cú Chulainn, “is docair taobh do thabhairt lé mnaoi tar th’éise, et do shaoil meise nach dtiobharthá-sa an cead-sin damh ar ór an domhain ₇ ar mhaitheas na cruinne go comhlán, et ós tusa cheadaigheas damh-sa dol i ndáil bhfear nÉireann in éagchomhlann mhór rachad ann.”

36. Is ann-sin do éirigh Cú Chulainn go hobann aithmhéalach leis na haitheasgaibh-sin, et ag éirghe ’na sheasamh dhó, tarla beann a bhruit fana chois gclé²⁵³ gur chuir ’na shuidhe arís é dá aimhdheóin, et do éirigh // [26] tré bhiodhgadh an bhasgaidh-sin ar n-imdheargadh uime, et do sginn an t-eó óir²⁵⁴ as go ndeachaidh go féige na fionbhruidhne, ₇ ag tuitim anuas dó do-chuaidh tréna throighthibh go talmhain. “Is fíor sin,” ar Cú Chulainn, “is biodhbha an dealg ₇ nocha biodhbha an brat, ₇ is ag tabhairt raibhthe dhamh-sa atá sé,” agus ad-bheart an rann²⁵⁵:

37. [Ní biodhbha brat,

Seach is biodhbha dealg,

Bhéaras rabhadh is rathughadh,

Chiorrus corp curaidh chruaidh,

Ré coimhéirghe cháich,

§34²⁵² A = Ní farchach graifne ná gleó, A2 = Go *scarfaidhe* fa *rath* ngleo

§36²⁵³ A2 = fona chosaibh .i. fona chois chli, B = faoi na chosa, C = fá na chosaibh

²⁵⁴ A2 = (+) do bhi na bhrat

²⁵⁵ A2 = do raidh in rosc, B = ar lár

Ní mo chean].²⁵⁶

38. Táinig Cú Chulainn roimhe amach as an mbruidhin, et do fhógair do Laogh mhac Rianghabhra na heich do ghabháil 7 an carbad d'inneall, 7 do éirigh Cathfadh 7 Geanann 7 an bantrachd uile 'na dhiaidh, 7 do shíneadar a lámha uile do bhreith fair, 7 níor fhéadsad a fhasdódh nó a thoirmeasg nó go rángadar as an ngleann amach, 7 do ghabhadar ag feitheamh an chóigídh umpa tar gach leath. Agus do imigh an Bhadhbh uatha iar sin, 7 do thógbhadar²⁵⁷ na gáirthe céadna go huathmhar uathfásach, et do-chualaidh Cú Chulainn iad, 7 is mór do taidhbhrigheadh dhó an uair-sin²⁵⁸, 7 do athain ann-sin gur coilleadh a bhua²⁵⁹ 7 a bhuaingheasa uile. Agus do ghabh Cathfadh 7 Geanann agá cheannsughadh, 7 ad-bheart Cathfadh fris: “A mheic ionmhain,” ar sé, “an ar mo chomhairle-se aniu amháin gan dol i ndáil bhfear nÉireann, et coisgfead draoidheachd Chloinne Cailitín ó 'niu amach dhíot.” “Uch, a oide ionmhain,” ar Cú Chulainn, “ní fhuil fáth ag iomchoimhéad mh'anma feasda²⁵⁹, ór táinig ceann mo shaoghail, 7 do coilleadh mo gheasa uile, 7 do cheadaigh Niamh²⁶⁰ mh'imtheachd et dol i ndáil bhfear nÉireann, 7 rachad-sa ann ó do cheadaigh.” Agus rug Niamh²⁶¹ orra ann-sin. “Truagh sin, a Chuagáin,” ar Niamh, “ar ór an domhain

§37²⁵⁶ A = Ní bíodhbha brat 'sa séad dealg, bheireas rabhadh do bharr, brat chíorrbhas corp curaidh gan fáth, re coimhéirgseach chách níom chean

A2 = Ni biodhbha brat seach is biodhbha dealg, bhear²⁵⁷ rabhadh is rathugadh chíorrus corp curadh, re coimheirghe cruaidh chatha seach gach ni, ni mo chean.

C = Ní bíodhbhadh brat acht is bíodhbhadh dealg, do bhéaras robha rath geis chíorras corp curadh cruadh, ré cóimhéirghe cháich ní mo chean, B = ar lár

§38²⁵⁷ A2 = (+) *Clann Chailitín*

²⁵⁸ A2 = (+) nach bhfacaidh riamh roimhe sin, B = (+) nach facuidh roimhe sin, C = (+) iona bhfacaidh riamh roimhe

²⁵⁹ A2 = ni bhfuil fath ag mo choimheadsa feasda, B = ní bhfuil fáth bheith ag coiméad manma feasda

C = ní fhuil fáith ar iomchoiméad manma feasda

²⁶⁰ B = Tá Niamh scriosta amach agus Eimhir curtha isteach anseo

²⁶¹ B = Tá Niamh scriosta amach agus Eimhir curtha isteach anseo

ní thiubhrainn-se an cead-soin duit 7 ar mhaitheas na cruinne go comhlán, et ní mé do cheadaigh dhuit-se dol ann-sin achd Badhbh inghean Chailitín do-chuaidh im riochd-sa dod mhilleadh 7 dod mhóirmhealladh, et an agam-sa, a chara 7 a chaoimhleannáin // [27] ghrádhagh.” Agus níor chreid Cú Chulainn d’éinní dá ndubhairt Niamh ris²⁶², 7 do fhógair do Laogh na heich do ghabháil 7 an carbad do chóruhadh 7 a chleasa²⁶³ d’inneall.

39. Táinig Laogh roimhe do ghabháil na n-each, 7 ní dheachaidh riamh aonair budh leisge leis dol dá ngabháil ioná an uair-sin, et do chroith na srianta ar a n-aghaidh, 7 do theitheadar uadha, 7 do iomghaibh an Liath Mhacha é, 7 do bhí go fraochdha foirmiata fris. “Uch, is fíor sin,” ar Laogh, “is mana mór urbhada 7 uilc dhamh-sa 7 duit-se an tairngire-sin²⁶⁴, et má atá olc i ngoire dhuit-se atá dhamh-sa, ór is ionann subhachas 7 dubhachas dúinn, et dob annamh leat-sa gus aniu, a Léith, nach im aghaidh-se 7 in aghaidh do s[h]réin²⁶⁵ do thiucfa.” Agus do ghabh Laogh ar an Léith ag tabhairt a tuarasgbhála ós aird, 7 adubhairt ria:

“Annamh leat,

A Léith Mhacha adhbhal,

Go soigheach, go srianach sriangháirthe,

§38²⁶² A2 = nir creidsium aon ni da ndubhart, B = níor chreid Cú Chulainn aoinní dá ndubhairt Eimir ris (tá Niamh scriosta amach), C = níor chreid Cú Chulainn einní dá ndubhairt Niamh ris

²⁶³ B = a shleagha

§39²⁶⁴ A2 = Uch as fíor sin, ar Laogh, oir is mana mor uilc damhsa 7 duitse fein a Leith na hadhbhaisi iongantacha adheithe oir ni mana maithiosa an tarrngoire sin

²⁶⁵ A = do tsréin

Gan cuing charbaid do chothughadh re coimhéigin²⁶⁶,

Ór ba mear le mórchathaibh

²⁶⁷Ba héadram aigeantach in aonaighibh,

Et ba breaghdha go bannálaibh

Budh socair soghabhála re hionnsaighe et le hanadh thú,

Et is leat ro budh mionca bheith go neamhgháibhtheach²⁶⁸

Le huair n-anfaidh nó éagcomhlann. Annamh²⁶⁹.”

Agus gidh eadh fós níor an an Liatha Mhacha le Laogh ann-sin, 7 táinig Laogh d'ionnsaighe Chon gCulainn, 7 do innis dó nár an an Liath Mhacha ris, 7 do éirigh Cú Chulainn féin dá gabháil 7 níor an fris, et bá comhór lé maoldorn mílidh na deóra donnfhola do shileadh tar ghruadhaibh an Léith Mhacha²⁷⁰, 7 táinig Laogh don dara leath don Léith Mhacha²⁷¹. “A Léith Mhacha²⁷²,” ar sé, “is córa dhuit maith do dhéanamh aniu ioná gach aonlá riamh roimhe so”, 7 ad-bheart an laoidh²⁷³:

40. ²⁷⁴ [Níorsad [eaglach]²⁷⁵ n-oirmheata,

§39²⁶⁶ A2 = Anamh leat a Leith Mhacha, go moradhphar a diondsaighi go soiseach sgo srian ghotach sco chuing carpat comhluthmhar do chothug re comheirge

B = Dob annamh leatsa a Liath Mhacha an mearúghadh sin, gan ionnsúighe do shrianta go siansgháireach, 7 gan cuing [] do chuardúghadh

²⁶⁷ C = tosaíonn an t-agallamh ag an bpointe seo in C, ina bhfuil an chéad chuid ar lár

²⁶⁸ B = neamhdhiúltaightheach

²⁶⁹ A2 = bad socar go sochadhuibh, bad soghabtha re saor aradh re hanadh re hoirisiomh, as libh ro bu ro minca beith go neartmhar neamhghaiphtheach huar nanfadh neccomlann.

²⁷⁰ A2 = tar a gruaidhibh, B = tar a gruaidhaibh don Léith Mhacha, C = tár ghruadhaibh na Liath Macha

²⁷¹ C = don Liath Macha, A2 = ar lár

²⁷² A2, B = a Liath Mhacha, C = a Liath Macha

§40²⁷³ A2 = Tá an laoi le fail, gan véarsa 6, B, C = ar iarraidh

²⁷⁴ A2 = (v.1) Nirsat oglach nuir mheata, gus aniu riamh nir emhgis, do charpad do chuingleathan, gidh gar no cian do theigmis. / (v.2) Niorsat obthach niomghona, ni imghaptha ar ccleithe, do fheadar is imscaradh, dhamsa is duit a Leithe. / (v.3) Gach ionadh a

Gus aniu riamh níor [éighmhis]²⁷⁶,

Do charbad do chuingleathan,

Gidh gar nó cian do théigm[h]is.]²⁷⁷

[Níorsad obthach n-iomghona,

Ní imghabtha ár gcléithe,

Do-fheadar is i[o]mscaradh²⁷⁸,

Dhamsa is duit, a Léithe.]²⁷⁹

Gach ionadh 'na ndeachamar,

'S a rángadar ár sgéala,

Ní fhacaidh neach gan díoghbháil,

Sinn-[n]e ag imtheachd fá mhéala.

A Léith Mhacha mhearadbhal,

Is mór gcath riamh do s[h]iris,

Córa meanma maith anois,

ndeachamar, sa rangatar ar mbéasa, ar ttoasca go ndeaghthapatdh, ni beridh go brath ar scela. / (v.4) A Leith Mhacha mearadbhal, mor ccath ar ar imbris, cora aniugh gniomh deaghaghmhar, no gach la riamh do righnis. / (v.5) On laithe do rocht a muir, do chomhraicseat ar naisde, níor fhagbus androch scoradh, sni rabhas adaigh adtroisce. / (v.6) ar lár / (v.7) A Dubh Silion shithamhuil, minic i dail a codhnaigh, ba socair a sior rathaigh, ger bo luath ag leim foghlaigh.

§40²⁷⁵ A2 = oglach, A = eaghlach

²⁷⁶ A2 = emghis

²⁷⁷ A = Níorsad eaghlach gus aniogh / Níor lag fad carbad do chuidbheadh / Gidh cian théighmhís ion gach conair / Níorsad obthach n-iomghoine.

²⁷⁸ A = iomscaradh, A2 = imscaradh

²⁷⁹ A = Níor gháibhtheach a gcléith chatha / Do fheadar is iomsgaradh, // [28] Damh-sa is duit, a Léith Mhacha / Tángadar ár dtiolaiche.

Nó aonlá riamh dá rabhais.

Ón laithe do chomhraigseam,

Araon agus ár n-aisde,

Ní fhacas tusa i ndrochsgur,

Is ní rabhais i ngaisde.

Ón laithe do chomhraigseam²⁸⁰,

Araon agus ár sgéala,

Meinic tú [fad thighearna]²⁸¹,

Ar fud Mhaighe láin Léana.

[A]n Dubh Saoileann sítheamhail,

Meinic í i ndáil chomhdhála,

Bá socair, bá soighníomha,

Gér dhian níor dhoghabhála. N.Í.O.R.

41. Do an an Liath Mhacha re Laogh ann-sin, 7 do ghabh an Dubh Saoileann 'na diaidh, et do chuir an carbad ortha araon, 7 do ghabh ag inneall a chleas 7 ag córughadh a arm 7 a iolfhaobhair, et do ghabh Cú Chulainn a chaithbheirt chatha um a chneas, et do ghabh a roithchleas 7 a airdchleas 7 a fhaobhairchleas 7 a ubhailchleas 7 a chleitínchleas 7 a rithreann 7 a ilchleasa uile archeana, et do ling iona charbad gan

§40²⁸⁰ A = do chomhraigsead, A3 = do chomhraicsium, A4 = do comhruicsium, A5 = do comhruigsium

²⁸¹ A = far dtighearna, A3 = fad thighearna

cheadughadh, 7 do thuiteadar a airm uadha uile fana chosaibh san gcarbad go ndeachadar as a gcóirighthibh siubhail 7 as a n-ionadhaibh iombuailte 7 as a n-inneall órdaigthe, 7 bá céalmhaine mhór uile leó-san sin.

42. Táinig Cú Chulainn roimhe i gceann a shéada, 7 tig go hEamhain, et ní fada rángadar an uair do taibhrigheadh do Choin gCulainn na catha comóra²⁸² ar faithche na hEamhna 7 do-chonnairc-sean [na maighe]²⁸³ lána agá líonadh do leathanbhuidhnibh lánmhóra 7 do chipeadhaibh catha, do chéadaibh, do chóirighthibh, et d'iomad arm 7 each 7 éidigh, et dar leis fós do-chualaidh na héimhge go huathfásach ag méadughadh // ²⁸⁴[7 na loisgthe ag leathnughadh 7 ag leabharsgaoileadh fan chathraigh²⁸⁵, 7 dar leis ní raibh cnoc nó tulach timcheall na hEamhna nach raibh lán do chreachaibh, 7 tairbhreadh²⁸⁶ mar an gcéadna dhó go raibh [grianán Eimhire]²⁸⁷ agá trasgairt tar chladh na hEamhna, 7 teagh²⁸⁸ na Craobhruaidhe 7 na hEamhna ar comhfasadh, 7 Eamhain uile '[na]²⁸⁹ héinteannáil teinntidhe 'na ceo dubh dorcha deatachmhór deargmhór. “Truagh sin, a Chathfaidh,” ar Cú Chulainn, “gé táthaoi-se dom fhosdódh-sa 7 dom imfhuireach, is mór na creacha 7 na cóirighthe-se, na loisgthe 7 na luathairgthe atá ar fud Mhaighe Mhacha 7 Mhachaire na hEamhna 7 ar fiarlaidhe an chóigidh go coithcheann.” Do fhreagair Cathfadh sin 7 adubhairt: “A mheic ionmhain,” ar sé, “is mór na

§42²⁸² A2 = (+) ag *comhthuairgin* a cheile

²⁸³ A2 = (+) na muighe, B = (+) na múighe, C = (+) na maighe

²⁸⁴ A = Tá leathanach ar lár in A anseo, ag freagairt do §§42-46 sa téacs, agus ar A3 atá an chuid seo bunaithe, dá bharr. Is as A2, B agus C na léamha malartacha.

²⁸⁵ A2 = fa *chathraigh Chonchubhair*, B = fá chathrachaibh *Chonchubhair*, C = fa *chathraigh Chonchubhair*

²⁸⁶ A2 = taidbais, C = taidhbhreadh, B = ar lár

²⁸⁷ A3 = Eimhir, A2 = *grianain* Eimhre, B = *grianán* Eimhir, C = *grianán* Eimhir

²⁸⁸ A3 = theagh, A4 = tegh

²⁸⁹ A3 = arna, A2 = na, B = na, C = iona

mearaighthe 7 na móraimsighthe-sin do-bheirid na sgáthsluaigh sgíthanbhfanna
 sgéalbhuartha, 7 na fásbhuidhne [doilbhthe]²⁹⁰ draoidheachda-sa ort, óir ní bhfuil
 ann-súd achd féar 7 duilleabhar.” Agus níor chreid-sean énní de sin ó Chathfadh, 7
 adubhairt²⁹¹:

43. ²⁹²“A Chathfaidh mheic Mhaoilchroich ó Charnmhaigh,
 Do deargadh Tuaith Inbhear a hAlmhain,
 Iomdha ar ardghortaibh Eamhna,
 Fir T[h]eamhrach,²⁹³ fir Chruachna, fir Chearmna,
 Cath craoibhe, cró curadh, cnuic d[h]ealga²⁹⁴,
 [Eich dhonna]²⁹⁵, sguir sgoibdha, sgéith d[h]earga²⁹⁶,
 Dáimh dhoiligh, dhathmhugal²⁹⁷, cath cleithmhear²⁹⁸,
 Mór a maoidheadh, gráin Gaoidheal, gáir éaghmhach.
 Is adhbhal an [díbhearg]²⁹⁹, an tsaorlearg,
 [Ro loisgeadh]³⁰⁰ tré fhuathbhedhg an chraobhdhearg³⁰¹,
 Rom chráidh go follas rom chumasg³⁰²,
 An cáinte Cú C[h]uilleasg³⁰³ rom thromaisg.

§42²⁹⁰ A3 = doilfe, A2, B, C = doilbhthe

²⁹¹ A2 = (+) Cathfadh an laoidhe an so sios

§43²⁹² A2 = Tá an dán le fáil, B, C = ar iarraidh

²⁹³ A3 = (+) fir Cheathra, A2 = (+) fir Ceara

²⁹⁴ A2 = dhealga

²⁹⁵ A3 = each donna, A2 = eich dhonna

²⁹⁶ A2 = dhearga

²⁹⁷ A2 = dath mutail

²⁹⁸ A2 = cathglemhear

²⁹⁹ A3 = díbheirg, A2 = díbhearg

³⁰⁰ A3 = Ro leisgeach, A2 = Ro loisceadh

³⁰¹ A2 = Ro loisceadh tre luathbheadhg an craobh dhearg

³⁰² A2 = chum

³⁰³ A2 = Cu Chuilleasc

Teach Eamhna rob adhbha cleith ceinngéar,
 Ro loisgeadh, ro casadh tré shaighné[a]n,
 [Do-thuitsead]³⁰⁴ fam chosa mo chleasa,
 Bidh dearg ó'm chneas-[s]a gaoi glasa³⁰⁵.
 Ro sgáith an cruth geal-sa rom ghon-sa³⁰⁶,
 Ní thiucfad-sa don chur-sa ón gcath-sa.

44. As a haithle sin rángadar go hEamhain, 7 an bhantrachd // ag gol 7 ag éagcaoine rompa 7 'na ndiaidh, 7 táinig an grianán a raibh Eimhir, 7 táinig Eimhir amach 'na choinne, 7 do ghabh dá rádh ris tuirling do dhéanamh 7 teachd isan ghrianán. “Ní dhéanad,” ar Cú Chulainn, “nó go rachad d'ionnsaighe cheithre n-ollchóigeadh Éireann go Magh Muirtheimhne do dhíoghailt na greach 7 na n-olc 7 na n-éagcóra do-rónsad oram 7 ar an gcóigeadh uile, 7 tadhbbhas damh go trásda go raibh an baile-se lán do shluaghaibh 7 [do s[h]ochadhaibh³⁰⁷ fear nÉireann agá dhódh 7 agá dhianlosgadh]³⁰⁸.” “Is fíor sin,” ar an inghean, “ní bhfuil achd taidhbhse draoidheachda ann, 7 ná tabhair dod [úidh]³⁰⁹ nó dod aire iad.” “Is briathar dham-sa, a inghean,” ar Cú Chulainn, “nach n-anfaidh mé don toisg-se nó go roichfidh mé fo longphort fhear nÉireann.” An uair do-chualadar an bhantrachd na briathra-sin, do thógbhadar gártha fáidheamhla fíorthruagha, 7 do ghabh-san ag ceileabhradh don

§43³⁰⁴ A3 = Do thuitfidh, A2 = do thuitsead

³⁰⁵ A2 = Do thuitsead mo chleasa fom chosa, bu dhearg om chneasa, don chursa, gaiglasa, teach Eamhna ro badhbha slugh ccinngher, ro loisceadh ro chasadh tre shaighné

³⁰⁶ A2 = charsa

§44³⁰⁷ A2 = tsochadhuibh

³⁰⁸ A3 = do shochoibh fhear dá ndódh 7 dá dianlosgadh

A2 = do thslughuibh 7 do tsochadhuibh fear nÉireann aga dhogh 7 aga dhianloscadh

B = dona slughuibh sin bhfear nÉireann agá dóith

C = do shluaghaibh 7 do shochoirde bhfear nÉirionn aga dhogh 7 aga losgadh

³⁰⁹ A3 = uide, A2 = uidh

ríoghain 7 don mbantrachd uile, 7 do tháinig do cheileabhradh dá [mháthair]³¹⁰ go Dún Deic[h]tine³¹¹, 7 do ghabh Cathfadh 7 na filidh agá leanmhain go díochra dúthrachdach, 7 táinig ar faithche an dúnaidh, 7 táinig Deic[h]tine amach dá ionnsaighe arna aithneadh gurab i ndáil na slugh dob áil leis dul, thug an ballán coimhde dhó, 7 [ba buaidh dhó-samh sin re ndul i gcean[n] séada 7 siubhail .i. deoch d'ól as an bhallán]³¹², 7 is é do bhí isan mballán a lán d'fhuil chródheirg. “Truagh sin, a Dheic[h]tine,” ar Cú Chulainn, “ní hiongnadh gach neach eile dom thréigean-sa 7 an cruth a dtugais an ballán damh.” Agus do ghabh Deic[h]tine an ballán an dara feachd 7 do líon é, 7 thug dhó é, 7 do bhí lán d'fhuil an dara huair, 7 fo thrí do líon sí an ballán, 7 is é a lán fola do bhí gach n-uair dhíobh ann, 7 do ghabh fearg Cú Chulainn ris an mballán, // 7 tug béim fan gcartha dhe gur bhris é, gurab Tulach an Bhalláin is ainm don tulcha-sin ó sin i leith. “A inghean, is fíor sin,” ar Cú Chulainn, “ní tusa is ciontach fríom-sa achd mo gheasa arna gailleamhain uile, 7 mo shaoghal arna theachd, 7 ní thigean-sa³¹³ beó don chur-sa ó fhearaibh Éireann,” ar Cú Chulainn, agus adubhairt an laoi ann.

45. “³¹⁴A Dheic[h]tine, is fás do bhallán,

[Do-rad tú fo dhoghra nduibh]³¹⁵,

§44³¹⁰ A3 = dá mhárach, A2 = mhathair, B = mhuintir, C = mháthair

³¹¹ B = go Dún Dealgan

³¹² A3 = budh buaidh dhó-san sin re ndul a n-ól tséada 7 tsiubhail deoch d'ól asan mballán

A2 = ba buaidh dhósamh sin re ndul i ccean seada 7 siobhuil .i. deoch dol as an bhallán

B = ró**budh** buadh dhósan ré ndul chum an tsiobhail deoch dól as an mballán

C = ró **budh** buaidh dósan sin

³¹³ A2 = ní ttiucfarsa, A4 = ní tigiobhsa, B = Ní thioctad, C = ní thioctadsa

§45³¹⁴ A = Tosaíonn an dara lámh ag an bpointe seo in A, ach tá an lámhscríbhinn an-doiléir, mar sin

tá léamh A3 fós in úsáid, A2 = Tá an laoi le fail, B, C = ar iarraidh

³¹⁵ A3 = Dom radhas fo dhobhran duibh

A2 = Do rad tu fo dhoghra nduibh

Rom rugadh sruthlinte fala³¹⁶,
Nocha cara cách rod chluin³¹⁷.”

“An ar Conchobhar, a Chuagáin,
An ar Cathfadh [caraid mná]³¹⁸,
An ar do mháthair, a anam,
An ar Geannan, an ar cách.

An ar Cumhsgraidh [chruaidh]³¹⁹, a churaidh,
An ar do chomhdhalt[a]ibh go rath,
An ar do bhuime is ar [t]h’oide,
[Ná heirg ar ghroigh isan chath]³²⁰.”

“Ahd gé do cailleadh mo gheasa,
Is gé do tháinig mo ré,
Nocha dtréigfinn[-se]³²¹ mo bhuadha,
Ar an scéal do-chuala, a Dhé.” A Dhé.]

46. ³²²A haithle na laoidhe-sin do ghabh Deitchine 7 Cathfadh ag guidhe Chon
gCulainn um anmhain 7 um fhuireach re Conall Cearnach. “Ní anabh,” ar Cú

§45³¹⁶ A2 = Mo choimde a *sruithlintibh* fala

³¹⁷ A2 = chuir

³¹⁸ A3 = cruaidh mná, A2 = *caruid* mna

³¹⁹ A5 = (+) chruaidh

³²⁰ A3 = Ná heirg ár gcroidhe isan gcath,

A2 = Na heirg *ar* ghroidh isin chath

³²¹ A5 = Nocha ttréigfinse, A6 = Nocha tréigfinnsi, A7 = Nocha ttréigfinnsi

Chulainn, “óir tairnig mo ré 7 mo réimheas, 7 ní thréigeabh mo bhladh náid mo³²³ bhuaidha cosgair ar bhréig dhiombuain an tsaoghail, 7 nár iomghabhas cath ná iorghail ón uair do ghabhas mo chéad arm gaisgidh im láimh gus aniu, 7 is lugha do-ghéan anois óir is buaine bladh ná saoghal”.

47. Agus táinig Cú Chulainn roimhe i Machaire na hEamhna³²⁴, 7 do thógbhadar ingheana ríogh 7 taoiseach Uladh nuallgháirthe truagha toirseacha 7 faoidhe ciamhardha caointeacha cumhaidh iona dhiaidh, 7 do lean Cathfadh é ina aonar as an mbaile amach, 7 ní cian rángadar ón dúnadh an tan tarla orra inghean chaomh choirpgheal³²⁵ chúlhbuidhe ar Bhé[a]l³²⁶ Átha na Foraíre ar Magh na hEamhna, 7 í³²⁷ ag toirse 7 ag truagh-neimhéile, 7 fadhbh chorera chiartha chréachdnaighthe agá fásgadh 7 agá fuairnighe ar eochairimlibh an átha aice³²⁸. “An bhfaice súd, a Chuagáin?” ar Cathfadh, “inghean Bhaidhbh súd, 7 t’fhadhbh-sa 7 t’earradh agá nighe aice, 7 atá sí³²⁹ go brónach buanchumhthach agá innisin tusa do thuitim 7 do throimdhíothughadh don chur-so le mórsluagh Meidhbhe 7 Mumhan, 7 le draoidheachd C[h]loinne³³⁰ Cailitín, gurab aire sin is cóir dhuit anois anadh, a chomhdhalta,” ar Cathfadh. “Maith, a oide ionmhain,” ar Cú Chulainn, “ná lean mé ní as sia, óir ní anabh-sa nó go ndíoghlar ar cheithre hollchóigibh Éireann teachd do losgadh mo chríche 7 do chreachadh 7 do chomhlogadh mo dhúnaidh, 7 gé tá an

§46³²² A = Tá léamh A in úsáid arís ón bpointe seo

³²³ A2 = no mo, B = 7 mo, C = ná mo

§47³²⁴ A2 = Machaire Conuill no na hEamhna

³²⁵ B = dá inghin chaomha chorpghheala, C = dá *inghin* chaomha choirpgheala

³²⁶ A3 = Bhél, A2 = Bel, B, C = Bhéal

³²⁷ B, C = iad

³²⁸ B = ar lár, C = aca

³²⁹ B = atáid siad, C = atáid na bádhbha úd

³³⁰ A = Cloinne, A3 = Chlainne

Bhadhbh ag nighe m'fhaidhbhe-se, budh mór fadhbh 7 arm 7 earradh 7 éidigh bhias i bhfothraigibh fola 7 i sruithlinntibh caobhacha cró ó'm chloidheamh 7 ó'm chraoisigh don chur-so, 7 gidh leasg libh-se mo léigean-sa i gcomhdháil éaga 7 oidheadha in aghaidh mo bhiodhbhadh 7 m'eascharad dom bhaoghlughadh, is leisge liom-sa féin ioná libh-se uile dul do tholladh mo thaoibh 7 do chiorrbhadh mo chuirp, 7 nochan fhearr a fhios agad-sa mo th[ui]tim³³¹ don torainn-se ioná agam féin," ar Cú Chulainn, "agus ná toirmisg mo shéad nó mo shiobhal feasda, óir dá n-anar do-chuadhas d'éag, 7 dá n-imthighear táinig mo shaoghal, 7 beir-se iomchomharc // [30] beatha 7 [sláinte uaim d'ionnsaighe Uladh 7 Conchobhair 7 Eimhire 7 nocha [roicheabh-sa]³³² dá n-ionnsaighe go bruinne brátha 7 beatha,]³³³ 7 is truagh ár sgaradh, 7 is imshníomhach [achaoiteach ár n-eadardhealughadh, 7 fós gidh dubhach]³³⁴ dobrónach atámaid, a Laoigh, ag imtheachd ó Eamhain, is mór lá [tángamar]³³⁵ go haisdreach éadalach dá hionnsaighe a críocheibh ciana [coimhtheacha]³³⁶ 7 a hionadhaibh iomdha imchiana eile," agus adubhairt an laoidh ann:

48. ³³⁷A fhir, ná toirmisg ár séad,

Lodamar d'éag, ní cian uadh³³⁸,

[Doiligh do Eamhain seach gach dún]³³⁹,

§47³³¹ A2 = go ttuitfíodh, B = mo thuitim, C = mo thuitim

³³² A2 = roichfid-se, A3, A4 = roicheabhsa

³³³ A = Tá an téacs doiléir anseo, agus tá léamh A2 in úsáid mar sin

³³⁴ A = Tá A doiléir anseo, agus tá léamh A2 atá in úsáid mar sin

³³⁵ A = a anga, A2 = tangamar, B = tángamar, C = táinig mé

³³⁶ A = coimh[], A2 = coimhaghtaigh, B = coimhtheacha, C = na cruinne

§48³³⁷ A2, C = le fail, le véarsa breise, B = ar iarraidh

³³⁸ A2 = Doigh lodamar eug ní cian uaith

³³⁹ A = Ro-ig Eamhain dá gach dún, A2 = Roiscidh Eamhuin da gach dun,

Budh dearg ó'm ghubha [gach] gruadh³⁴⁰.

Taotsad dó sin, taotsad dó,

A óga Uladh ar ló,

A Ulta ó táithe i gceas,

Nocha dtig bhur leas don ló³⁴¹. A.³⁴²

49. A haithle na laoidhe-sin do iompaigh³⁴³ Cú Chulainn aghaidh ar Eamhain, 7 do ghabh [ag]³⁴⁴ feitheamh an bhaile uadha, 7 ag éisdeachd ris na tromgháirtheibh do léigdis an bantrachd 7 na bannála³⁴⁵, 7 [do taibhreadh]³⁴⁶ dhó 7 do-chonnaire sé tórramh na n-aingeal ós cionn Rátha Soiligh³⁴⁷ risa n-abart[h]ar Ard Mhacha, 7 do-chonnaire gurbha lán do dheallraibh 7 do shoilse 7 do shubháilchibh, do cheol 7 do chantaicibh ceoilbhinne 7 d'oifidhibh ó nimh go talmhain ós cionn na rátha, 7 do sháith-sean a aigneadh go mór 7 go hiomarcach isan ní ad-chonnaire, 7 do-chuaidh iona chroidhe go carthanach an ceol do-chualaidh, 7 do innis Cú Chulainn do Chathfadh an taibhse tarbhás dó, agus "ní hionann so," ar sé, "agus na taibhsighthe do-chonnarc ó chianaibh go huathmar urghrána ag teachd d'ionnsaighe na hEamhna dhamh", agus is eadh ad-bheart: "Adhram 7 creidim don aondia uile-

C = Doiligh do Eamhuin seach gach dún

§48³⁴⁰ A2 = Bu dearg om ghubha *gach* gruaidh, C = Dortadh mo chrú don tsluagh

³⁴¹ C = Méala mise a linnitibh cró, dógaibh *Uladh* ré gach ló, laochradh *Uladh* uile a cceas, sní thiocfaidh mo leas don ló

³⁴² A2 = véarsa breise: Taotsad do sin taotsad do, da *gach* lo go ndeabham digh, Dom reimheas bu buideamh bron, is *badh* gul *sgach aird* a fhir

C = véarsa breise: Truaigh gan moide Conoll *cruaidh*, ré ndul fán sluaigh *theacht* im dháil, Ní bhíadh tuladh gan brón ban, (*acht* iath *Uladh*) do Mhaigh Fáil.

§49³⁴³ A = do iompó, A2 = ro iompoidh, B = diompuigh, C = diompuigh

³⁴⁴ A = ar lár, A2, B, C = ag

³⁴⁵ C = stopann an téacs anseo, níl an chuid eile den alt le fáil, agus tosaíonn sé arís ag tús §50.

³⁴⁶ A = do thaibhreadh, A2 = do thaidhbhreadh, A3 = do taibhreadh, B = do taibhreadh

³⁴⁷ B = rátha solaimh

chumhachdach dhá n-adhraid súd, 7 creidim don aoinde uile-chumhachdach 7 don airdrígh do-rinne neamh 7 talamh, 7 mochean don éag feasda ó so amach,” agus do ghabh ag ceileabhradh do Chathfadh 7 do chuir a dhruim re hEamhain, 7 táinig reimhe go subhach soimheanmnach san slighidh, 7 do-chuaidh a mheartnaighthe 7 a mhearughadh, a dhubhachas 7 a dhobrón ar gcúl.

50. Agus táinig ó Áth na Foraire ar Sliabh Fuaid, 7 do-chonnaire do leathtaoibh na conaire an deatach 7 táinig dá hionnsaighe, óir do budh dóigh leis gurba drong d’fhearaibh Éireann do bhí ann, 7 cuid do chreachaibh an chúigidh aca. “A Laoigh,” ar Cú Chulainn, “laoidh³⁴⁸ brod forsan eachraidh dhúinn go ndeachmaois dá fhios cia do-ní an teine-úd.” Agus táinig reimhe d’ionnsaighe na dreime ro bhí ag dé[a]namh na teineadh-sin, 7 is iad do bhí ann .i. Clann Chailitín, neach do bhíodh ag dé[a]namh³⁴⁹ // [31] diabhlaidheachda 7 draoidheachda ar Choin gCulainn roimhe sin. Agus is é déanamh do bhí ar an seisear suaithnidh saobhainmeach-sin .i. éanshúil mór³⁵⁰ dearg diabhlaidhe in éadan gacha hamadáin 7 gacha hamaide dhíobh, et aonlámh ailtfhéitheach faidingneach a huchd chuirp gacha harraichd díobh, 7 aonchos chaisleathan chruaidhleathrach chaolghrána a tóin gacha drochbhaidhbhe. Agus beirte brisde boirbreamhra do chochlaibh croicneacha cruaidhe cíordhubha lán do cheannaibh boc 7 reitheadh, et do chosaibh corr 7 cadhan, 7 do chnámhaibh coimhgheala coirrhéara arna gceangal et arna goimheagar ré taobh gacha seitheadh seanghairbhe ’gá sliosbhualadh, et fulachda d’fhoiringnibh chon mbeag 7

§50³⁴⁸ A2 = *taphair*, B, C = *luigh*

³⁴⁹ A = *deireadh* na dara láimhe in A

³⁵⁰ A2 = *leathanmhor*, A3 = *leathanmhóir*, B = *ar lár*, C = *móirdhearg*

d'fheoil chon eallaidh³⁵¹ ar choirrbhearaibh cinngheara caothrainn³⁵² aca, et do-chonnaire Cú Chulainn an airdteine nach urb[h]adhach [sin]³⁵³ ag na hamaidibh adhuathmara agá déanamh, do chuir clár clé a charbaid friú, 7 tháinig san sligidh seacha, et an uair ad-chonnaire Badhbh inghean Chailitín sin gabhais bior do na bearaibh, et tug urchar díreach do-ionghabhála d'ionnsaighe aighthe Chon gCulainn de, et gabhais Cú Chulainn an bior in airde 7 do thógaibh ósa chionn é, et [tug]³⁵⁴ urchar don Bhaidhbh dhe, 7 do thuit cróbhainne n[eimh]e³⁵⁵ ó chionn an bheara i gceann Chon gCulainn go dtarla i mullach a chinn, gur tholl a leathtaobh, 7 gur bhean a leath de ó mhullach go talmhain, 7 don Léith Mhacha gurbhó loitidhte leóna leathroinnte a neart 7 a niadhachas iona ndís ón urchar-sin, et tug Cú Chulainn urchar aithmhéalach urmhaisneach don Bhaidhbh, gur chuir an bior comhtharsna tréna corp, gurob amhlaidh táinig an Badhbh d'ionnsaighe fear nÉireann³⁵⁶, 7 do bhí Cú Chulainn go hathtuirseach imshníomhach 7 go dubhach dobrónach d'éis an urchair-sin. “Truagh sin,” ar Cú Chulainn, “rug sin leath mo lúith 7 mo lámhaigh uaim-se, 7 muna bheidís Clann Chailitín ar mo chiorrbhadh-sa, do thuitfidis³⁵⁷ urmhór bhfear nÉireann leam don chur-so,” et ad-bheart an laoidh ann: //[32]

51. ³⁵⁸Do tolladh mo leith leat-sa³⁵⁹,

Ó dtá mullach go talmhain³⁶⁰,

§50³⁵¹ A2 = alla, B = allaidh, C = alladh

³⁵² A2, B = caorthuinn, C = caorthainn

³⁵³ A = uid, A2 = an mhorobur eidigh urgranda urbhatach sin, C = an móirtheine urbhadhach sin, B = ar lár

³⁵⁴ A = ad-bheart, A2 = tug, C = do bheir, B = ar lár

³⁵⁵ A2 = nimhe, A3 = neimhe, B, C = ar lár

³⁵⁶ A2 = (+) 7 an bior trithe, B = (+) 7 an bior trithe, C = (+) 7 in bior trithe

³⁵⁷ A = thuitfidhis

§51³⁵⁸ Tá an laoi seo in A2, B agus C

³⁵⁹ A2 = righse, B = libhsi, C = dom ghoin

Mo mhallachd don droing rom chráidh³⁶¹,

[Rugsat uaim roinn dom anmain]³⁶².

Dá bhfeasadh anochd Eamhain³⁶³,

Do traothadh leath mo lámhaigh³⁶⁴,

Is mé an curadh³⁶⁵ cathbhuadhach³⁶⁶,

Do [mharbh] mór dtriath ar tánaidh³⁶⁷.

Do-bhéarainn ár ro-ainmhín³⁶⁸,³⁶⁹

Ar chathaibh cródha Connachd,

Muna bheith Clann Chailitín,

Do-rad mo thaobh do tholladh³⁷⁰. D.O.

52. “Déana na heich d’oireasamh³⁷¹ 7 d’iomfhosdódh, a Laoigh,” ar Cú Chulainn,
“óir táinig támh 7 troimnéalghal neimhe dom ionnsaighe.” “Do-ghéan,” ar Laogh,

§51³⁶⁰ A = Ó dtá ár mullach go talmhain, A2 = Otha mullach go talmhuin,
B = Ó mo mhullach go talmhuin, C = Óm mhullach go talmhuin

³⁶¹ A2 = *Mallacht an droing rom ghuin*

³⁶² A = Rugsat uaim roinn domh anmhain, A2 = Rugsat uaim roinn dom anmuin
B = Rug uaim leath dom anmuin, C = Rug uaim roinn dom anmain

³⁶³ A2 = Dia ffeasaid anocht Eimhir, C = Dá bhfeasdaois Eamhuin mo dhála

³⁶⁴ B = Rugsad uaim leath mo lámhuigh, C = Mar do traochadh leath mo lámhaigh

³⁶⁵ A = curaidh, A2 = curadh, B, C = curadh

³⁶⁶ C = (+) nár lag

³⁶⁷ A = Do mharbhas mór dtriath ar tánaidh, A2 = Do mharbh mor ttriath ar tanaidh,
B = Do mhórttriathaibh tánag, C = Do mharbh móirttriath ar ttánag

³⁶⁸ A = roiaimhín

³⁶⁹ A2 = Ar neccoir do aithfemaais, B = Ár néigion do haitheantaoi, C = Ar éigean do haitheontuighe

³⁷⁰ B = Dá ttáinig ar ttaobh do tholladh, C = Lé tarrla mo thaobh do tholladh

§52³⁷¹ A2 = oiriseamh, B = oirisiomh, C = ar lár

“agus dob fhearr dhúinn anadh do dhéanamh, óir do iompaigh séan 7 solamh³⁷² orainn don toisg-se. Agus ní linn atáid na líthe ionáid na laithe-se³⁷³, 7 do bhádar na huile buadha 7 toice 7 conách 7 cumhachda id choimhdeachd et id choimhleanmhain go haois na huair-se, óir ní fir mharbhas thú achd mná, 7 ní mhuirfeadaois³⁷⁴ fir dhomhain thú achd muna bheidís i los draoidheachda, et ní mhuirfeá-sa féin Cú Raoi mac Dáire achd muna bheith mórdhraoidheachd agad chuige.

53. Is ann-sin táinig Cú Chulainn d’ionnsaighe fhear nÉireann, et ó’d-chualadar fir Éireann Cú Chulainn do bheith agá n-ionnsaighe, adubhradar uile nach raibhe in Éirinn ioná san domhan aonduine dob fhearr oineach ionás, et gur cóir dhóibh Cú Chuilleasg cáinte do chur d’iarraidh a shleighe fair. Agus táinig Cú Chuilleasg in aghaidh Chon gCulainn gona thrí nónbharaibh³⁷⁵ éigeas, 7 ní raibhe mian deise in aoin[c[h]eachdar]³⁷⁶ dhíobh, 7 fearas fáilte re Coin gCulainn³⁷⁷, 7 ad-bheart³⁷⁸ an laoidh ann:

54. ³⁷⁹Mochean duit, a Chú,
 A Chú na gcleas gcáin,
 Tabhair aisgidh dhamh,
 [Fá haisgidh [go] ráith]³⁸⁰.

§52³⁷² A2 = *ar séun 7 ar soladh*, B = *séan 7 solus*, C = *séun 7 soladh*

³⁷³ A2 = *lithe ina laithisi*, C = *na líthe ná na laethesi*, B = *ar lár*

§53³⁷⁴ A = *mhuirfeadhaois*

³⁷⁵ B = *chaogad*, C = *chaogad*

³⁷⁶ A = *leadsar*, A2 = *ceachtadar*, B = *?*, C = *éineach*

³⁷⁷ B = (+) 7 *adubhairt* Cú Chuilliosg, *aisgidh dhamh a Chon gCulainn, ar sé, cá haisgesin, ar Cú Chulainn, do ghai géar gormghasda, ar Cú Chuilliosg*

³⁷⁸ B = (+) *Cú Chulainn*

§54³⁷⁹ A2, C = *Tá an laoi iomlán le fáil iontu*, B = *Tá véarsa 4 amháin anseo*

Do-bheirim fám chladheamh,
A fhir dhána dhuinn,
Sochaidhe rug mh'[aisgidh]³⁸¹,
Ar an dtalmhain truím. // [33]

Is í aisgidh iarraim,
A Chú Chulainn chruaidh,
Do gha goirmghéar gasda,
Chuireas ár gach sluaigh.

Mairg shireas³⁸² an aisgidh,
A Chú Chuilleasg chruaidh,
Fir Éireann im aghaidh,
[’S mo gha do bhreith uaim]³⁸³.

Mór gcath is mór gcomhlann,
Do leanais go lear³⁸⁴,
A Chú chaoimh na ngormlann,
Riot atá mochean³⁸⁵. M.

§54³⁸⁰ A = Cá haisgidh conraich C = Fá haisgidh raith

³⁸¹ A = mh’argad, A2 = maisce, C = mairg

³⁸² A2 = a chuingeas

³⁸³ A = Smicogha do breith uaim, A2 = S mo gha do bhreith uaim,
B = Mo ghai do bhreith uaim, C = Is mo ghadh do bhreith uaim

³⁸⁴ A2 = tar lear, C = tar lear, B = ar lár

³⁸⁵ A2 = Is riot ata mo ceann. Mo cheann. B = ar lár

55. “Cionnas do-bhéara mé an tsleagh dhaoibh,” ar Cú Chulainn, “i ndiaidh a gráine nó i ndiaidh a hurlann do-bhéar í?” “Ní headh ón,” ar Cú Chuilleasg³⁸⁶. Do léig Cú Chulainn an gcróisigh reamhair rómhóir tarsna chuca, go dtorchair Cú Chuilleasg marbh gan anmain gona thrí nónbharaibh éigeas. “Truagh sin,” ar Cú Chulainn, “táinig saoghal m’einigh go bráth tar éis Chon Cuilleasg gona thrí nónbharaibh éigeas do thuitim leam do neimh na craoisighe, 7 léig brod forsan eachraidh go mbeirmís for na sluaghaibh iona n-ionadh foslongphort dia n-iomfhosdódh.” “Nocha diongnadh³⁸⁷ mé sin,” ar Laogh, “nó go mbearar an tsleagh liom.” “Ní bhéaram,” ar Cú Chulainn, “óir ní dheachas-[s]a i ndiaidh thiodhlaicthe dhá dtugas amach riamh roimhe so, et ní mó rachad ’na dhiaidh súd.” Do thuirling Laogh, 7 do thógaibh an tsleagh, et tángadar rompa d’ionnsaighe fhear nÉireann. Agus do-clos i longphort bhfear nÉireann Cú Chulainn do bheith dá n-ionnsaighe.

56. Agus mar do-chualaidh Lughaidh mhac Con Raoi sin, adubhairt: “Rachad féin [d’fhéachain an athar]-úd³⁸⁸ adearar do bheith agam [dá fhios]³⁸⁹ cionnas tig sé i ndáil bhfear nÉireann.” Do ghluais Lughaidh roimhe d’fhéachain crotha 7 deilbhe Chon gCulainn. Agus adubhairt ag tabhairt a thuarasgbhála ós aird d’fhearaihbh Éireann: “Ad-chiú-sa chugaibh,” ar sé, “carbad féigh féitheamhail foluaimneach

§55³⁸⁶ A2 = ne a cheann no anc hurlann bearas me roimpe. Nocho cheachtar díobh, ar Cu Cuileasc, acht tabhair tarsna dhamh í

B = an é a gráin nó a hurlann do bhéara mé roimpe, nocha ceachtar díobh, ar Cú Chuilliosg, acht tabhair trasna dhamh í

C = an é a gráin nó a húrlann do chuirfead roimpe. Nócha ceachtar díobh, ar Cú Chuilleasg, acht tabhair tarsna dhamh í

³⁸⁷ A2 = dinghen, B = ndiongan, C = dhiongan

§56³⁸⁸ A = Rachad féin an athair-úd, A2 = Rachaid fen dfechuin an athair ugat,

B = Rachad féin ag feachuin an athar, C = go rachadh dféachain an athar sin

³⁸⁹ A2 = (+) da fhios

fionnruine, go lúth, go luas, go láinghliocas, go bpubaill uaine, go dtarbhchlár umhaidhe, go bhfeirstibh fionnumha, go rothaibh róghlana, go gcarbad gcraoisleathan, go gcreit n-uraird n-uraoibhinn ndíreach ndásachdach, go luas ainne // [34] nó sleighe³⁹⁰. Is é sin glíce 7 trice 7 tairpighe 7 tréanluas con-ceingead na heachradha arda úruaine ad-chiú-sa chugaibh,” ar Lughaidh. “Each dhíobh an Liath lúthmhar luaithléimneach fhódmhar fhorránach, go lúth ceithre gcrú go mbeanann sblaingc aidhbhle teine triceamhruaidhe i mullachaibh a craoschló for gach leith. An dara heach dhíobh .i. each caolchosach ceinnéadram drondualach durbhras seang seada seireadhchaol, ceannfhada casmhongach cíordhubh, go ndath gcaomhthláith gcochlach gneismhíola. Giolla doinningneach dathchorcra (i bhfiadhnaise an óglaoich) amhal budh rós dearg lí a aighthe, et ceannchochall sróill uime gona ghibne fionndruine, et dá líg lóghmhar ós ur a aighthe dá imdhídean ar fhuachd 7 ar theas ngréine, et fleasg airgid iona láimh ag ceartachadh³⁹¹ na heachraidhe gonach léig ar aineólas iad achd an leath budh áil don óglaoch ad-chiú-sa.

57. Is ann-sin táinig Cú Chulainn d’ionnsaighe fhear nÉireann. “Maith, a fheara Éireann,” ar Lughaidh, “déanaidh éirghe. Atá Cú Chulainn chugaibh.

[Coimhéirghid]³⁹² bhur gcuraidh,

Do-fhil dá bhur n-ionnsaighe,

Cú Chulainn cosdadhach,

Cathbhuaadhach, cloidhimhdhearg,

§56³⁹⁰ A2 = (+) no feirbe no iara no mar *sitheadh* gaoithe geire *gaibhthighe* adfhuaire *earrchuidhe tar cheand* machaire no maoth shleibhe

³⁹¹ A2 = *ceartughadh*, B = *stiúradh*, C = *stiuradh*

§57³⁹² A = *coimhéirghidh*, A2 = *coimheirge*, A4 = *coimheirgid*, B, C = ar lár

Cosgarach, comaoidhmheach³⁹³,
 Léirghearrfaidh laoich,
 Sloidhfídh bhur sluagh,
 Brisfidh ar a bhíodhbhadha,
 Ro soich³⁹⁴ for chleithibh Uladh,
 Mairg mná, mairg macaomha,
 Mairg miondaoine, mairg earradha,
 Mairg muir, mairg tír³⁹⁵,
 Dochum a dtig an flaith forránach fearamhail,
 Ar dhruim an domhain dámhaigh,
 Ré toirichil tig ré toirichil téid³⁹⁶,
 Uch 's ní mochean an choimhéirghe. C.

58. Is ann-sin do éirgheadar ceithre hollchóigídh Éireann a gcrioslaigibh a sgiath gcoimheagair γ a lúireach saidhbhir solámhaigh, et ro chóirgheadar³⁹⁷ 'na gcipeadhaibh³⁹⁸ comóra catha iad féin ar a chionn, et do éirigh Meadhbh, γ do ghabh na hairm nimhe tugadar // [35] Clann Chailitín leó a hIfearn fá chomhair ChongCulainn do mharbhadh. Agus is í roinn tug Meadhbh orra: “Cáit a bhfuilid na trí rígh atáid im fharradh-sa sunna,” ar sí, “.i. Lughaidh mhac Con Raoi, et Maicniadh mhac Finn, et Earc mhac Cairbre?” “Atá sonna³⁹⁹,” ar Lughaidh mhac Con Raoi.

³⁹³ §57 A2 = coimhmhaoidhmheach, B = comaoidhfeach, C = commaoidhfeach

³⁹⁴ B = roichfuíghear, A2, C = ar lár

³⁹⁵ C = (+) ar in maighsi Múirtheimhne

³⁹⁶ A2 = re toirchill tic re toirchill tainig, C = ré túrnadh tréan namhad, B = ar lár

³⁹⁷ §58 B, C = do chóirgheadar

³⁹⁸ C = ccipibh, A2 = ar lár

³⁹⁹ A2 = Atamuid sun, B = Atámaoid annso, C = Atámaoid annso

“Ag súd, a Lughaidh,” ar Meadhbh, “na trí sleagha neimhe dá bhfuil i ndán Cú Culainn do mharbhadh, 7 gabhaidh chugaibh iad 7 díoghlaidh bhur n-aithre⁴⁰⁰ ar Choin gCulainn.” Agus tug Meadhbh sleigh i láimh gacha fir dhíobh an tan-soin. Is ann-sin do-chonnaire Cú Chulainn fir Éireann. “A Laoigh,” ar sé, “léig brod forsan eachraidh 7 tabhair clár clé an charbaid ris na sluaghaibh,” et táinig timcheall bhfear nÉireann.

59. Is ann-sin do [riastradh]⁴⁰¹ 7 do lonnagheadh fán rímhílidh⁴⁰² .i. Cú Chulainn, et do-rinneadh uathbásach ilreachdach dhe an uair-sin, 7 do chriothnaghadar a chairíneadha amhail crann lé sruth⁴⁰³ gach n-alt 7 gach n-aighe dhe ó dtá a bhonn go a bhearradh, et do laoi⁴⁰⁴ sian gléas díbhfeirge dá chorp i meadhón a chraicinn, et tángadar a shála 7 a fhairecne 7 a iosgada go mbádar roimhe, tángadar a throighthe 7 a luirgne go mbádar ’na dhiaidh, 7 gurbó comór lé maoldorn mílidh gach meacan dímheasda dhá n-éirgheadh dhíbh-sein, 7⁴⁰⁵ do éirgheadar tulfhéithe a mhuiníl 7 a mhullaigh go mbádar ar chuing a mhuiníl, gurbá samalta lé ceann mheic miodhaise gach maolchnoc deargmhór dhíbh, 7 do-rinneadh cuar cheara dhá ghnúis 7 dhá ghealaghaidh, gur sluigeadh an dara súil dó isteach iona chionn i modh nach tairseadh fiach nó choirghréine fuirre a halarbard a dren⁴⁰⁶ nó a huachdar a chloicne,

§58⁴⁰⁰ C = nanfhalta

§59⁴⁰¹ A = riachdadh, A2 = lanriastartadh, A4 = riasdradh, C = luaithfheargadh, B = ar lár

⁴⁰² C = (+) an curadh cranruaidh céadfadhach .i. in cu caithréimíoch cathbhuardhach cleas iomdha, .i. mac sáirbhreagha solusdhealbhach soghrádhach Subhaltaigh

⁴⁰³ A2 = (+) no comhluath re boig shibhin ar lar srotha

⁴⁰⁴ A2 = la, B, C = rineadh

⁴⁰⁵ B = do éirigh mórán eile siabhartha dhó do dhuim draoigheachta Chloinne Cailitín nách ríomhtar annso. Stopann an téacs in B ag an bpointe seo agus tosaíonn sé arís i lár §60.

⁴⁰⁶ A3 = ghrúaidhe, A2, B, C = ar lár

gomadh méadaighthir lé béal fíodhchuaiche nó lé coire caogdhuirn⁴⁰⁷, go ndearnadh⁴⁰⁸ ruamanta ré a chionn aneachdair. Sóais a bheóla go a urdhrach, sreangas a bheól don fhíodhbhadh cnámh[a]⁴⁰⁹ go hainmhín, go [mba]⁴¹⁰ heagna ag ionadh a chraois. Tángadar [a sgámha 7 a throma] // [36] ar eitil⁴¹¹ go mbádar ar uachdar a chraois 7 a bhrághad, beanas béim don fhuilngéadh leómhain .i. don charbad uachdarach forsna foirelibh iachdracha, gomadh méadaighthir lé moltchraicinn móradhbal gach smólach throm tinnidhe agá hadhnadh a fiaclaibh a bheóil et a bhrághad. Ad-clos bloisgbhéimneach a chroidhe 'na chliabh mar ghloimh n-aird i bhfathach nó mar leómhan ag teachd fá mhathghamhnaibh tré clár goile na coinnle badhbha 7 ad-ceas cíohtnéala nimhe 7 sboinc-aidhbhle tréintineadh tricheamhruaidhe ar lasadh et ar lonnradh uasamh. Do chasnaigh a fholt um a cheann mar chraoibh n-úirsgeithe i mbearnaibh fála ionnas dá gcrathí sac ríoubhall⁴¹² ósa cionn, ní roichfeadh aon ubhall tairis dochum talmhan achd do oirisfeadh ubhall ar bharr gach aonruainne dia fholt et dia fhionnfadh uasamh, 7 ad-rachd a lón laoich uasa cheann et uasa éadan. Méadaighthir [reimh]ighthir⁴¹³ dírightir tailcighthir ré seólchrann príomhluinge móire ceartairde an buinne díreach donnfhola ad-rachd do chleithibh a chinn 7 a cheannmhullaigh mar chiaigh do

§59⁴⁰⁷ A2 = cugdhoim, C = caogat dhoim, B = ar lár

⁴⁰⁸ A2 = (+) *deargruathar*, C = (+) *dearg*, B = ar lár

⁴⁰⁹ A = cnámh, A2 = chnamha, B, C = ar lár

⁴¹⁰ A = go mo, A2 = gomba, B, C = ar lár

⁴¹¹ A = Tángadar asa acchua et asa // [36] dtromchoirteadh ar eitil,

A2 = Tangatar ascomha 7 athroma ar eitiolladh, C = go bhfaicfidhe asgámha ar eitill, B = ar lár

⁴¹² A2 = righ abhall, C = ubhall, B = ar lár

⁴¹³ A = réimighthir (agus in §60), A2 = reimhightear, B, C = ar lár

ríoghbhruidhnibh ag rífhleadh ríoghda rómhór arna dtubhairt i dteinntibh 7 i dteannálaibh i bhfeasgar laoi gheimhridh⁴¹⁴.

60. Is ann-sin do [reabhlaing]⁴¹⁵ an earrghaisgidh-sin iona charbad seardha, gona earradh iarnaidhe, gona bhfaobhraibh tanaidhe, gona chrománaibh, gona bhearaibh, gona bhirínibh bioraigh-se, gona bhocánaibh, gurbó [reimh]ighthir gach ball 7 gach alt 7 gach aghaidh i gcorp an churaidh 7 an chaithmhílidh, ó dtá a bhearradh go a bhonn, gona bhearaibh niadh, gona thairngibh, gona ghléas n-ursaighe noch bhídís aige-sean fá théadaibh 7 fo rothaibh 7 fo reithfeadhaibh ag an gcarbad-sin, ag teasgadh ceann 7 colann 7 cnámh 7 móirmhéidheadh. ⁴¹⁶Is ann tugasdar torainnchleas céad 7 torainnchleas dá chéad tarsan gcarbad, et torainnchleas trí gcéad 7 torainnchleas ceithre gcéad 7 torainnchleas cúig gcéad, óir // [37] níorbh fuláir leis-[s]in sin dá [naimhdibh]⁴¹⁷ do dhíoghail a n-uile 7 a n-éagóra ar fearaibh Éireann an coimhlíon-soin do thuitim leis dá chéad chuinsgleódh curaidh. Is ann-sin tugasdar seól trom forsán gcarbad gurbó lór do dhún 7 do dhaingean dó an fad do-chuaidh roth an charbaid-sin síos seal seachdair gur éirgheadar clocha 7 cairge na talmhan amhlaidh sin seachdair aird in aird leis na rothaibh iar soin, et fo-cheird-san⁴¹⁸ a bhú[a]idhreadh bodhbha i dtimcheall cheithre n-ollchóigeadh nÉireann, gonach deachsad uadha ar teitheadh nó ar móiriamghabháil nó go dtoiriseadh in áit n-aonbhaile iad. Ro thaoth chuca anonn as a haithle, et tugasdar fóbairt mbíodhbadh

§59⁴¹⁴ C = Bá chosmhail ré seolchrann sárláidir príomhloinge go niomda seoilbhréideadh 7 loimthéad iona thímchioll, ar lár mara móranfacha anaimsir storma an cú confadhach so 7 a chleasa uile iona laomaibh luaimhneacha ag bogadh et ag beartúghadh, ag díriughadh 7 ag diubhracadh ósa cheann 7 ós éadan mórálainn. B = ar lár

§60⁴¹⁵ A = rabhlaigheadh, A2 = reablaing, C = leabhairling, B = ar lár

⁴¹⁶ B = Tosaíonn B ag an bpointe seo arís

⁴¹⁷ A = naimhde, A2 = an coimhlíonn, B = a ccóimhlíon, C = naimhdibh

⁴¹⁸ A = foicheird-san

forra, 7 fágghas fál mór do chollaibh a námhad 7 a neamhcharad um an gcath seachdair, go dtorchradar leis bonn fria bonn 7 dóid fria dóid 7 airbhe fria airbhe, gurbó i linntibh fola foirdheirge no imghidís go gcoimhneart [con 7 each 7 daoine]⁴¹⁹ i mbreisligh mhóir Mhaighe Muirtheimhne don ghairbhghleódh-soin. Ciodh tráchd ní [féidir]⁴²⁰ a áireamh nó a innisin nó a fhaisnéis gach a dtorchair leis do chomháireamh ríogh 7 taoiseach, churadh 7 caithmhíleadh, amhas armach 7 óigthighearnadh, 7 do dhaosgarsluagh fear nÉireann, et nír théarná mórán d’fhearaibh Éireann ón treas-soin uadha gan chnoc, gan chomhartha, nó gan mhaidhm láirge nó lurgan, nó leithchinn nó leathshúl[a]⁴²¹ nó leathlámhe, nó gan biothainimh éigin go crích a bheathadh.

61. Agus do luidh féin iomlán uathaibh an adhaigh-sin, gan fhuiligheadh, gan fhoirdheargadh air féin, nó ar a araidh nó ar a eachraidh. As a haithle sin táinig don taobh siar do na sluaghaibh, 7 do ghabh a chrann tábhail chuige. “Maith, a phuba, a Laoigh,” ar Cú Chulainn, “tionóil clocha 7 cairrge 7 cairtheadha an mhaighe chugam, go gcaithinn fris na sluaghaibh iad,”⁴²² agus tug Laogh eireadha do-fheidhmamhla fhíorarrachda do chlochaibh 7 do chairgibh an mhaighe dia // [38] ionnsaighe, et do ghabh dhá ndíobhracadh do na sluaghaibh as a haithle, gur tuathréabadh táithleaca tuinigthe na talmhan do na teilgthibh-sin, gurbó comhbhuaidheartha comhbhrúite iad, gur mionaigheadh na cairrge do na cruaidh-urcharaibh-sin, gur bheanadar na

§60⁴¹⁹ A = go gcoimhneart coin 7 eich 7 daoine, A2 = go ccomhadh con 7 each 7 dhaoine, B = cómhchuaird chon 7 each 7 daoine, C = cómhchomairt con 7 each 7 daoine

⁴²⁰ A = féadthar, A3 = féidir

⁴²¹ A = leathshúl, A2 = leathshula, A3 = leathshula, B = ar lár, C = leathshúl

§61⁴²² B = do rín Laogh sin, gur ghabh Cú Chulainn dóibh, go nár léig suan ná sadhaile dóibh an oídhchesin ná ré seacht láithibh na seachtmhuine. Stopann an téacs in B anseo agus tosaíonn sé arís roimh dheireadh §61.

frasa tiogha tréanathlamha-soin iona gceathaibh cinngéara tar formnaibh fearóglach
 7 tar úrbhruinnibh ánradh 7 tar cailcibh goirmsgiath, gurbá sgaoilte sgiathroinnte na
 sgíth-chóirighthe, 7 gurbó millte measgtha meadharbhuidheartha, 7 gurbó ciorrbhtha
 cinnmhínighthe catha 7 cóirighthe fhear nÉireann ón chriothnaghadh-sin, gonár
 léigeadh suan ioná codladh nó caitheamh nó cómhnaidhe nó luighe nó longadh nó
 leabthacadh dhóibh ⁴²³lé seachd laithe na seachdmhaine achd amal bheidís⁴²⁴
 bótháinte udmhalla i mbuailtibh 7 aoibhill 7 teasbhach 7 tréanchumhgach forra, óir is
 amhlaidh do bhádar fir Éireann ón torainnchleas timcheallchruaidh treathanmhóir-
 sin tug Cú Chulainn orra. Iar soin gabhais sgís 7 atuirse [mhór]⁴²⁵ é tar éis an
 chriothnaighthe chalma chomhlannchruaidh do-rad ar cheithre hollchóigidh Éireann.

62. Táinig Cú Chulainn as a haithle sin timcheall na sluagh, 7 bá haonmhaidhm
 choitcheann dóibh uile roimhe, 7 ní gabhadh sgiath, nó cathbharr curaidh, nó
 caithéideadh ré sáthadh nó ré síorbhualadh an churaidh san gcuinsgleódh-sin. Ó'd-
 c[h]onnaire⁴²⁶ Meadhbh sin ro ghabh ag aithisiughadh 7 ag gríosadh 7 ag greasachd 7
 ag greannughadh ríogh 7 taoiseach 7 tighearnadh noch do bhádar d'fhearaibh Éireann
 ar an láthair-sin uile in aghaidh Chon gCulainn. Ó'd-chualaidh Maicniadh mhac
 Finn mhic Rosa sin ráinig i gcoinne Chon gCulainn, 7 do ghabh ga fada
 faobhairghéar go hurm[h]aisneach⁴²⁷ dhá ionnsaighe, 7 tug urchar athlamh áitheasach
 do leathanchraoisigh d'ionnsaighe Chon gCulainn go coilgdhíreach, go dtarla i
 mullach a láirge deise ann, gurbhó réabtha rionnta roileadartha an ríoláirg ó ruathar

§61⁴²³ B = Tosaíonn B arís ag an bpointe seo.

⁴²⁴ A = bheidís

⁴²⁵ A = mór, A2 = adbaímhór, B = mhór, C = mhór

§62⁴²⁶ A = Ód connairc, A2 = O do chonairc, B = Ód chonairc, C = Ód chonairc

⁴²⁷ A = hurmaisneach, A2 = urmhaisneach

an reamharghaoi, 7 gurbhó créachdmhór cneasoslaigthe an Liath Mhacha don urchar-soin ar ndol tríthe, // [39] et an fad do bhí Cú Chulainn ag sreangtharraing na sleighe tar a hais as a háladh, 7 tug Earc mhac Cairbre urchar díreach doifhreasdal dianathlamh dhá ionnsaighe go dtarla an géargha glaisleathan glanfhaobhrach i mullach a láirge clé don chaithmhílidh, gurob ann do chothaigh ceann na craoisighe coirreithne eidir a ffordhruinn 7 a imlinn i Laogh mhac Rianghabhra. Agus an comhoiread ro [bhaoi]⁴²⁸-san ag tarraing na sleighe as a chréachdaibh comóra, do aimseaghdar na hóigríogha a n-earradha iomghona air-sean, óir dob imchian uadhasan na hionadha as ar haimsigheadh é, 7 do theitheadar fir Éireann roimhe for gach leith, et do folmhaigheadh láithreacha dhó.

63. “A-drochar-sa don chur-so, a Chuagáin,” ar Laogh, “agus níor gonadh i gcath nó i gcomhlann mé tort-sa, nó in éanláthair c[h]ruaidh⁴²⁹ dhá rabhas ar do sgiath-sa riamh go nuige so.” “Uch, uch, a Laoigh,” ar Cú Chulainn, “ní thoram-sa do gonadh thú, achd tríom, iar mo threagdadh-sa ar tosach, 7 an gcéin ro bheinn-se im beathaidh, ní fhuileóchdaois fir Éireann nó an domhain uile fort-sa fúm nó thoram, nó ceachdar dom dá thaobh.” Adubhairt Laogh: “Adhlaictheat leat meise feasda, a Chú Chulainn, suil thuiteas tú féin i dtaise 7 i dtáimhnéalaibh báis, óir atáim-se ag dul i dtaisibh 7 i dtáimhnéalaibh anosa, et dá sirinn gus aníú longphort bhfear nÉireann, ní léigfeadh [t]h’eagla-sa do neach dhíobh fuiliughadh nó foirdheargadh foram, 7 fós, dar leam, is giolla gan tighearna gan tréanchodhnach anois mé, 7 do-ghéan imtheachd feasda, et is doiligh ár n-iomsgaradh ré araile, a chomhdhaltáin, 7 a t[h]ighearna 7 a

§62⁴²⁸ A = ro bhá, A2 = ro bhaoi, B = do bhí, C = do bhádas

§63⁴²⁹ A = cruaidh, A2, B, C = ar lár

t[h]rénchompánaigh⁴³⁰, a Chuagáin,” ar Laogh. “Achd gidh deireadh dhúinn araon anois, beir buaidh 7 beannachdain, a Laoigh,” ar Cú Chulainn, “ní fuair tighearna romham-sa 7 ní fhuighe go bráth im dhiaidh, giolla dob fhearr ioná thusa, et // [40] do-bheirim mo bhriathar 7 luighim fám armaibh, go gcluinfid fír Éireann mar [dhígeólada-sa]⁴³¹ thú ar mhaidin amárach, i Maigh Muirtheimhne, ar fhearaibh Éireann, et ón ló tarla dochum a chéile ár gcumann araon, ní tharla ár n-imreasán do ló nó d’oidhche ó shoin, 7 do-bheirim mo bheannachd duit féin 7 d’Eimhir, et innis don ríoghain nach tréigfinn-se í ar a bhfuilid do mhnáibh san mbióth dhá mbeinn beó, et innis fós d’Eimhir 7 do Chonchobhar 7 do Chonall 7 d’Oлтаibh uile, mo chumasg-sa 7 mo chathughadh dom dhíoghail féin for uaislibh 7 for ardmhaithibh Éireann archeana,” agus ad-bheart an laoidh ann:

64. ⁴³²Goirt rom ghaoth, trém chneas chuanna⁴³³,

A Chú Chulainn chathbhua daigh,

A dhaltáin Eamhna Macha,

Tángadar do thiughlaithe.

Éirigh, a Laoigh, fá mór [sgéal]⁴³⁴,

Is gurob soraidh do sh[éad]⁴³⁵,

Innis d’Oлтаibh gona gclainn,

§63 ⁴³⁰ A2 = a thigearna, A3 = a thighearna 7 a chompanaigh

⁴³¹ A = dhígeolsat, A2 = diogladhsa, B = dhígeólada, C = dhíogholada

§64 ⁴³² A2, C = Tá an laoi iontu, le véarsa breise i ndiaidh véarsa 6.

B = Tá an laoi le fáil, gan véarsa 1-5, 7, 8, 13, 14. Tá an véarsa breise ann i ndiaidh véarsa 6.

⁴³³ C = cruadhach

⁴³⁴ A = mór sgéala, A2 = mor scel, C = mo sgéul

⁴³⁵ A = shéada, A2 = 7 ro bu soruidh bur séud, C = Sgo madh soirbh búr séad

Mar do fhágbhais Cú Chulainn.

A Chuagáin, gé dheach⁴³⁶ uaid,
Tar Muirtheimhne, tar Sliabh Fuaid,
Adéaraid óig na hEamhna,
'Sum giolla gan tighearna.

Ná habair-se sin, a Laoigh,
A mhic Rianghabhra [roghaoith]⁴³⁷,
Bú brisde mo chroidhe dhe,
Dá n-abra an ní ráidhe.

Ní headh bú mhian leam do rádh,
An ní badh holc leat ón ágh⁴³⁸,
A airsidh Eamhna uaine,
A churaidh na Craobhruidhe.

Beir mo bheannachd leat, a Laoigh,
Go hEimhir an fhuilt bhláthchaoín,
Innis dí madh garbh a gul,
Nach dtig marbh léna chaoineadh⁴³⁹.

§64⁴³⁶ C = rachainr

⁴³⁷A = go roghaoith, A2 = A mhic Rianghabhra ro ghaoith, C = A mhic Rianghabhra go ngnaoidh

⁴³⁸A2 = Ani bu olc liom otagh

⁴³⁹A2 = Nach bfaghthar marbh re chaoineadh, B = Nách tig marbh ré caoineadh

⁴⁴⁰Taisgeadh aice atuirse treall,
Dóigh nocha mé nos tréigheann,
Is ní thréigfinn í budhéin,
Ar a bhfuil do mhnáibh fo ghréin.

Do-bhéar-sa, a Chuagáin chain,
Inghean an bhrughadh bharrghlain,
Ní thréigfead thú dhá ríribh,
Ar churaidh nó ar chaithmhílidh. // [41]

Innis mo ghníomhradh san chath,
D'Eimhir⁴⁴¹ ['s]⁴⁴² do Chonall Chearnach,
Cluinid Ulaidh os gach am⁴⁴³,
Mo chumasc is fir Éireann.

Do mharbhas céad⁴⁴⁴ díobh dia Luain,
Fá móide easbaidh an tsluaigh,

§64⁴⁴⁰ A2, B, C = véarsa breise:

A2 = Ge aderonnsi a fíor sin, re hEimhir aluinn ionmhuin, nocho bhiadh na beathaidh de, tar eis chatha Muirtheimhne.

B = Adéaruinnsi sin a fhir, lé hEimhir aluinn ionmhuin, noch an mbia na beathaidh de, tar éis chatha Muirtheimhne.

C = Adéaruinnsi sin a fhir, ré hEimhir áluinn ionmhuin, nócha mbiaidh na bheatha dhe, tar éis catha Muirtheimhne.

⁴⁴¹ C = Do Chonchubhar

⁴⁴² A = is

⁴⁴³ A2 = Is cluinid Uladh an sgach am, B = Cluinid Uladh is gach dream, C = Cluinid Uladh is gach dream

⁴⁴⁴ C = dá chéad

Dá chéad sa Mháirt [míse a maoin]⁴⁴⁵,

Agus trí chéad⁴⁴⁶ Dia Céadaoin.

Ceithre⁴⁴⁷ chéad leam-sa Diardaoin,

Um sheachd macaibh Abhrathchaoimh⁴⁴⁸,

Cúig⁴⁴⁹ chéad san Aoine, méad⁴⁵⁰ nglonn,

Agus sé chéad⁴⁵¹ san Satharn.

Dá chéad déag⁴⁵² Dé Domhnaigh dhuinn,

Do mharbhas dom chrann tabhail,

Nocha bréag a n-abraim dhe,

Ó thráth éirghe go hoidhche.

Nochan foghtar méad mo neirt⁴⁵³,

Díobh gurbh iomdha dom fhóbairt,

Is í mo lámh, comhall ndil,

Do mharbh cara gach aoinfhir.

§64⁴⁴⁵ A = mic maoi, A2 = Is da *thead* di *mairt* míse amaoin, B = Dá *thead* dia *Máirt* míse amaoin, C = Ceithre *thead* san *Máirt* míse amaoin

⁴⁴⁶ C = cúig *thead*

⁴⁴⁷ C = Sé

⁴⁴⁸ A2 = Abradhchaoin, A3 = Abhradhchaoín, A3 = Abradhcaoin
C = Im thrí macaibh Eabhra chaoin

⁴⁴⁹ C = Sé

⁴⁵⁰ A2 = gníomh

⁴⁵¹ C = *seacht cthead*

⁴⁵² C = *Seacht cthead*

⁴⁵³ A2 = Nochar lamsat leo mo *chorp*, C = Nocha abhfai~~ctear~~ méid mo neirt

[Tarthadar]⁴⁵⁴ort féin ro feas,
Mar do-rinnis a n-aimhleas,
Roithim ar séad in áit uilc⁴⁵⁵,
Rom b[h]eóghonsat⁴⁵⁶ go géar goirt. G.

65. Iomthúsa Laoigh, do ghabh ag ceileabhradh do Choin gCulainn, 7 táinig roimhe go dubhach dobrónach, 7 cé do ghabh-san ag ceileabhradh do Choin gCulainn, dob aimhleasg leis imtheachd uadha, et do ghabh ag feitheamh go fada gá fóbairt do-bhéaradh for fhearaibh Éireann, et fós d'fhéachain gá hoidheadh do-bhéardaais air.

66. Is ann-sin táinig Cú Chulainn go corpláidir cródha cleaslúthmhar coilgleadarthach caithbheódha fá ghiolladhaibh fhear nÉireann et fána ndaosgarsluagh, 7 do ghabh go gáibhtheach grodurlamh ag géarbhualadh na ngiollanradh, 7 do ghabh go hagarbh ainiamartach greasghrodadbhal ar na [haradhaibh]⁴⁵⁷ 'gá n-oirleach 7 'gá n-athchuma, gur thuit giolla 7 leath ghiolladh bhfear nÉireann leis i ndíoghail Laoigh. Táinig roimhe as a haithle sin fo fhearaibh Éireann go rachdmhar ruatharbhorb réimdhíoghair, 7 níor ghabh cruaidh nó cnáimh nó caithéideadh réna chathurlaidhe nó réna iomshlaidhthe nó réna iombualadh, 7 níor an uathadh nó sochaidhe in aoinionadh ar a aghaidh, 7 do chuir go // [42] saothrach siobhalghrod sauibhinntleachdach dochum siobhail 7 sírtheitheadh 'na sluagbhuidhnibh iad, 7 do ghabh rompa 7 'na ndiaidh 7 dá gach taoibh dhíobh dá

§64⁴⁵⁴ A = Targadar, A2 = Tarradar, C = Tarthadar

⁴⁵⁵ A2 = Ro thiomarcsiot anait uilc, C = Ró thiomairsiod anáit uile ort

§65⁴⁵⁶ A = Rom beóghonsat, A2 = Rom bheoghonsat, C = Róm bheoghonta

§66⁴⁵⁷ A = annraibh, A2 = 7 tug go haithgharbh ainiamartach iondsaigh arna haradhuibh
B = 7 tug ionnsúighe athgharbh ar na hárrachtaibh, C = ar lár

marbhadh 7 dá mórmhughadh 7 dá móirdhíothughadh, go dtorchair fear 7 leath bhfear nÉireann leis i ndíoghail a chneadh 7 a chréachd féin, et ní raibhe aonduine beó don leath eile gan easbaidh coise, nó láimhe, nó leithchinn, nó leathshúl, nó biothaineamh éigin go críoch a bheathadh air. Agus do mharbh each 7 leath each fhear nÉireann i ndíoghail a eich don torainn-sin.

67. Agus ó'd-chonnairc Meadhbh⁴⁵⁸ na hára 7 na heasbadha móra tug Cú Chulainn ar fhearaihbh Éireann⁴⁵⁹, do fhiafraigh do ghuth ardmhór fhollasghlan: “Cáit a bhfuil Lughaidh mhac Con Raoi?” “Atáim sunna, a ríoghan,” ar sé. “Do gheallais go dtuitfeadh Cú Chulainn leat don fhleisg⁴⁶⁰ neimhe do-rinne Bolcán gabha, et tugassa id láimh í fá chomhair Chon gCulainn do thuitim dhi.” “Má do gheallas, is cóir a chomhall,” ar Lughaidh. Do éirigh Lughaidh go laochdhána leóghanta don láthair-sin, lé greasachd Meadhbha, 7 do ghabh an gcraoisigh gcrainnreamhair gcrófhairsing gcinngheir, et tug urchar fada foirneartmhar fadmhámach⁴⁶¹ go coimseach coilgdhíreach don chaithmhílidh go dtarla an ga síthnimhneach slinnleathan so-dhíobhraicthe⁴⁶²-sin, go ndeachaidh go nuige a suaineamh san Dubh Saoileann et eidir a f[h]ordhruinn⁴⁶³ 7 a imlinn i gCoin gCulainn, go rug an tsleagh a hurrann tríd don tulgadh-sin, et do ghearr-san an tsleagh n-an-aird n-iarannghorm-sin eidir a imlinn 7 an Dubh Saoileann⁴⁶⁴, et do bhí an carbad 'na [aonar]⁴⁶⁵ ar an Liath Mhacha

§67⁴⁵⁸ C = In tan do chonnairc a bhíodhbadh bunadh 7 a neamhchara náimhdeamhail neamhcharrthanach .i. Meadhbh *inghean* Eochach Feidhlioch

⁴⁵⁹ C = (+) 7 gan meisneach cathaighthe ris ag neach díobh uile

⁴⁶⁰ A2 = tshleigh, B = tsleigh, C = tsleigh

⁴⁶¹ A2 = feidhmlaidir, B, C = ar lár

⁴⁶² A = soidhíobhraicthe

⁴⁶³ A = a fordhruinn, A2 = edir *fordronn*, B = *idir a fhordronn*, C = *idir a fhordronn*

⁴⁶⁴ A2 = do ghearrsa an gormghai ger nimhe aird an *aird* 7 imlinn 7 do thuit in Dubh Shilion an sin
B = do ghearr Cú Chulainn an tshleigh cómhárd 7 a imlinn 7 do sguir sé an Dubh Fhaoileann

7 an tsleagh eile trithe, 7 í ar fud an chatha. Do ling Cú Chulainn as an gcarbad amach, 7 táinig fó fhearaibh Éireann, 7 do dhiansgaoileadar fir Éireann uile roimhe, et do mharbhadar soir 7 siar, badh dheas 7 badh thuaidh uadh for gach leath⁴⁶⁶, et níor lamhadar buain fris, nó a mbeith feadh ardhairc, nó ghona, nó bhuille, nó urchair, nó iomagallmha dhó, et do bhí a ionathar léna chosaibh an tan-soin, 7 do thum brainfhiach Badhbha fora innibh go dtarla // [43] camlúb dá chaolánaibh fó chosaibh an bhrainfhiach nó go dtarla leagadh don fhiach 7 do mhaidh a ghean gáire fair agá fhaicsin sin, 7 is é sin gáire déidheanach do-rinne Cú Chulainn. Tángadar neóil anbháile an éaga dhá ionnsaighe an uair-sin⁴⁶⁷, 7 táinig roimhe d'ionnsaighe an locháin do bhí i gcomhfhogas dó, 7 do bhí agá thonnach as 7 ag nighe a chuirp 7 a chneadh 7 a chréachd, gurbó Lochán an Tonnaigh a ainm dhá éise.

68. An uair do-chonnaire Laogh an magh agá uathadh⁴⁶⁸ 7 an sluagh uile agá sheachnadh 7 é agá fhothrughadh 7 ag léigean an uisge 'na chneadhaibh 7 iona chréachdaibh, táinig dhá ionnsaighe, 7 mar do-chonnaire Laogh chuige do ghabh forbhfáilte mhór é agá fhaicsin⁴⁶⁹, et do ghabh Laogh ag ceangal 7 ag córughadh a chneadh 7 a chréachd go rabhadar ag teilgean fhola go hiomarcach, gurbhó caobha cróidhearga 7 linnte fola foirdheirge an lochán lionnuaine uadha, 7 ní fada do bhí amhlaidh an uair do-chonnaire an dobharchú ag ól a fhola, 7 an uair chonnaire crú a chuirp ag an gcoin dhá hól, do ghabh cloich chuige, 7 tug urchar don dobharchoin, et

C = do ghearr Cú Chulainn an tsleagh comhárd et imlinn et do sguir sé an Dubh Fhaoileann
 §67⁴⁶⁵ A = haonar, A2 = aonar, B, C = ar lár

⁴⁶⁶ C = (+) gur mhéadaigh na hára 7 gur dhíthigh na deaghdhaoine 7 gur bhásaigh na bródbhuidhnibh

⁴⁶⁷ A2 = (+) 7 oro aithnidh in tard mhileadh an bas chuige

§68⁴⁶⁸ A2 = fholmhughadh, B, C = folmhúghadh

⁴⁶⁹ B = 7 mar do chonnaire Cú Chulainn chuige é, ró ghabh lúthgháir mhór é
 C = et mar do chonnaire Laogh chuige, do ghabh lúthgháir mhór roimhe é

do mharbh í. “Beir buaidh 7 beannachdain, a Chuagáin,” ar Laogh, “ní thugais riamh urchar badh fearr ioná sin, 7 ní tháinig do shaoghal fós, 7 díoghail tú féin ar fhearaibh Éireann.” “Truagh sin, a Laoigh,” ar Cú Chulainn, “ní mhuirfead-sa duine nó ainmhidhe eile dhá éise súd go bráth, 7 is cú an céad-éachd do-rinne meise riamh, 7 do tairngearadh gomadh cú m’éachd déidheanach, 7 adubhairt: “Maith, a Laoigh,” ar Cú Chulainn, “beir leat mé d’ionnsaighe an chairthe-úd thuas, gurab ann do-ghéabh bás 7 buanoidheadh, 7 cóirigh an Cruaidhín Coididcheann im lámh, 7 cuir mo sgiath 7 mo chraoiseach dom ghoire 7 an comhoiread⁴⁷⁰ do-chífid fir Éireann mar sin mé, ní léigfidh m’eagla dhóibh teachd dom dhícheannadh, 7 béaraidh Conall orra faoi sin,” 7 is amhlaidh do-rónadh leó. Tángadar mar sin d’ionnsaighe an chairthe 7 níor lamh Laogh buain ris nó dol i gcomhgar dhó // [44] ris an ré-sin nó go rángadar an chairthe, 7 do chuir sin a uchd 7 a urbhrinne ris an gcairthe, 7 tug a lámh ar a chroidhe, 7 do ghabh agá choimhfhéaghain. “Truagh sin,” ar Cú Chulainn, “do-bheirim dom bhriathar 7 tuingim fá na déibh aerdha nár feadar nár croidhe cloiche nó cnámha nó iarainn do bhí ionnam gus aniú 7 dá bhfionnainn gurob croidhe fola 7 feóla do bhí ionnam, ní dhiongnainn leath a ndearnas do ghaisgeadh nó do ghníomharthaibh.” Agus adubhairt an laoidh ann:

69. ⁴⁷¹Rom ghabh aniú aigneadh eile,

Borb an sochd,

[Ní fheadar nár chruaidh mo chroidhe]⁴⁷²,

§68⁴⁷⁰ A2 = an comhfhad, B = an feadh, C = in feadh

§69⁴⁷¹ A2 = Tá an laoi anseo, B, C = ar iarraidh

⁴⁷² A = Ní fheadar nachar churadh mo chroidhe
A2 = Ní fheadar nar chruaidh mo chroidhe

Gus anochd.

Nocha deachaidh meise dí-arm⁴⁷³,

[I gcath riamh],⁴⁷⁴,

Ní⁴⁷⁵ fheadar nach croidhe iarainn,

Do bhí im chliabh.

Robsam óglaoch, buile bágha,

Gus aníú,

Ní fheadar nach croidhe cnámha,

Do bhí im chliú.

Robsam óglaoch, féata foltchas,

Bá maith niamh,

Ní fheadar nach croidhe cloiche,

Do bhí im chliabh.

Rom thorrachd Meadhbh, turas uabhair,

Ar an magh,

Go dtorchar-sa léna sluaghaibh⁴⁷⁶,

'S iad rom ghabh.

§69⁴⁷³ A2 = Nocho dfheachuin misí di airm

⁴⁷⁴ A = A catha riamh, A2 = I ecath riamh

⁴⁷⁵ A2 = Nochor

⁴⁷⁶ A2 = Go ttorcras re na sluaghuibh

70. Is ann-sin do chóirigh Laogh Cú Chulainn leis an gcairthe, 7 do chuir a aghaidh ar fhearaihbh Éireann, 7 do chuir a sgiath 7 a chraoiseach léna chathghualainn, 7 tug a chloidheamh nochdaighthe dó, 7 do iadh a dhorn go daingean um an dornchloidheamh, 7 do dhealaigh anam et corp an chaithmhílidh ré Choin gCulainn 7 a uchd 7 a urbhrinne ar an gcairthe⁴⁷⁷. Is ann-sin do thuit ceann goile 7 gaisgidh, einigh 7 eagnamha, 7 cosnaimh 7 cródhachda na hÉireann uile⁴⁷⁸, 7 do imigh Laogh roimhe, 7 do-chonnaire an Dubh Saoileann ar n-éirghe as a néal, 7 táinig dhá hionnsaighe, 7 do bhean an tsleagh nimhe aisde, 7 do bhádar deóra donnfhola ag sileadh tar a ggradhaibh, 7 do-chuaidh Laogh uirre, 7 táinig as an ár amach go cumhthach créachdnaighthe tar éis a [thighearna]⁴⁷⁹, et tángadar tar Sliabh Fuaid, 7 d'ionnsaighe na hEamhna. A n-íomthúsa go nuige sin.⁴⁸⁰

71. ⁴⁸¹Dála bhfear nÉireann uero, do bhádar go ceann trí lá 7 teóra n-oidhche ré haghaidh Chon gCulainn, 7 níor léig an eagla dhóibh dol i gcomhghar dhó fris an ré-sin, 7 Cú Chulainn na trí lá-soin 7 na trí hoidhche-sin 'na sheasamh ris // [45] an gcairthe mar sin, 7 an Liath Mhacha ar fiarlaid an mhaighe 'na thimcheall⁴⁸² go hadhmall anfhosaidh, 7 í ag ithe 7 ag síorbhualadh na slugh gonár lámh duine nó ainmhidhe teachd dhá ionnsaighe fris an ré-sin. Adubhradar fir Éireann gurob cealg do bhí Cú Chulainn do dhéanamh chuca, “óir is do bhreith orainn ar éinshlighidh do-

§70⁴⁷⁷ B = (+) 7 a lámh a láimh Laoigh mic Rianghabhra

⁴⁷⁸ C = (+) 7 iarthair an domhain iona chómhaimsir .i. Cú Chulainn caomháluim cóimhneartmhar coinghleacach gculuim

⁴⁷⁹ A = thiagharna, A2 = thighearna (+) do thuitim, B = thighearna, C = thighearna

⁴⁸⁰ A2 = (+) Eoghan mac Gilleoin do scriobh [nóta an scríobhaí]

§71⁴⁸¹ C = Deargruathar Chonaill Chearnaigh [teideal]

⁴⁸² A2 = a ttiomchioll fear nEreann

ní sé súd,” ar siad. “Cáit a bhfuil inghean Chailitín?” ar Meadhbh. “Atáim sonn,” ar Badhbh. “Éirigh,” ar sí, “agus fagh a fhios dúinn⁴⁸³ an beó nó an marbh Cú Chulainn.” “Rachad-sa ann-sin,” ar Badhbh, “gidhbé olc nó maith do-ghéabh dhe.” Agus is é riochd a ndeachaidh dhá ionnsaighe i riochd eóin ar eiteallaigh san aer ósa chionn, “agus má tá sé beó muirfidh sé meise don chéad urchar,” ar sí, “agus má atá marbh, turnfad-sa i ngar dhó, 7 mar do-chluinfidh-se mo chomhardha-sa, ionnsaighidh mé mar thuirleingfead,” agus táinig Badhbh i riochd fhuinche, 7 do-chuaidh i bhfroighthibh na firmiminte fíorairde ósa chionn, 7 do dhruid anuas i ndiaidh a chéile go ráinig i gcomhghar dhó, 7 do léig trí sgréacha móra ósa chionn, 7 do thurn ar an sgiath ósa chomhair amach.

72. Agus ó’d-chonchadar fir Éireann sin do ionnsaigheadar eisean, 7 is amhlaidh do bhaoi-sean ar a gcionn, 7 a chloidheamh iona láimh⁴⁸⁴ aige, et do bhí iomchosnamh [aige]⁴⁸⁵ gonár fhéadadar fir Éireann a dhorn d’fhosgladh ’m an dornchladh⁴⁸⁶. “Gearrthar lúitheach na láimhe,” ar Lughaidh mhac Con Raoi, “agus tuitfidh an cloidheamh aisde.” Agus do-rónadh amhlaidh, 7 do thuit an cloidheamh comhtharsna uadha, 7 an tríochad mac rí[o]gh do bhádar faoi, do sgar a dtríochad deaslámh riú do nimh an chloidhimh, 7 is iad-sin éachda déidheanacha Chon gCulainn. “Dícheanntar Cú Chulainn libh,” ar Meadhbh. Do fhéachadar fir Éireann

§71⁴⁸³ B = 7 tabhair sgeala chuguinn, C = et tabhair sgéala leat

§72⁴⁸⁴ A2 = (+) dhiridh deis, B, (+) = dheis, C = (+) dhírig dhéis

⁴⁸⁵ A = ag, A2 = aige

⁴⁸⁶ A2 = 7 gles iomchosnamha aige ar fein conar feadatar urmhóra a eascardadh a dhorn do dhiansgaoileadh o dhorncar a chloidhiomb

B = 7 do bhí diomchosnamh ann nár fhéadadar fir Éireann a dhornn dosgladh fá dhornnchladh an chloidhimh

C = 7 níor fhéadadar fir Éireann a dhorn dfhosgladh

eatarra féin an uair-sin cia bádú cóir⁴⁸⁷ dhá dhícheannadh. “A Lughaidh,” ar Meadhbh, “is duit is cóir Cú Chulainn do dhícheannadh,” agus do ráidhsead fir Éireann uile an gcéadna ar aoi gurb é Cú Chulainn do mharbh athair Lughaidh .i. Cú Raoi mhac Dáire. Do éirigh Lughaidh do dhícheannadh Chon gCulainn, et do léigeadar fir Éireann trí thromgháirthe comóra ag comaidheamh Chon gCulainn⁴⁸⁸. Is ann-sin do éirgheadar datha áille iongantacha do chionn Chon gCulainn, 7 éirgheas ruideadh san dara gruaidh dhó, gur coimhdhearg lé gréin tar fáinghleanntaibh í, gur coimhgeal an gruaidh eile lé sneachda adfhuar éanoidhche. Do-rónadh comhairle ann-sin // [46] le fearaibh Éireann gá cúigeadh do chóigeadaibh Éireann a mbéardhaois ceann Chon gCulainn, 7 do ráidhsead fir Éireann “ós lé Meadhbh do-rónadh an gníomh, 7 do tionóileadh na sluagh móra-so, is í dhligeas an ceann do bhreith lé go Cruachain.” “Nocha mbéar-sa leam é,” ar Meadhbh, “achd beireadh Earc mhac Cairbre leis, óir is é atá in imleacán oireachais Éireann.” “Béarad-sa sin liom,” ar Earc, et rug an ceann leis go Teamhraigh. Ro sgaoileadar fir Éireann ó chéile an tan-sin d’ionnsaighe a gcríoch 7 a gcúigeadh féin, et do ordaigheadar trian bhfear nÉireann idir churadh 7 chaithmhílidh noch do bhí beó dhíobh d’fhággháil tar a n-éis ar eagla Chonaill Chearnaigh do bhreith orra. A n-iomthúsa go nuige sin.

73. Iomthúsa Eimhire⁴⁸⁹, do bhíodh sí ar fhoradh an mhúir⁴⁹⁰ gach laoi, ag feitheamh an mhaighe uaithe, 7 ag teachd d’éisteachd fri sgéalaibh, 7 ní cian do bhí ann an lá-soin an tan ad-chonnaire an t-aonmharcach tar magh na hEamhna dhá

§72⁴⁸⁷ A2 = bu choir, B = dár chóir, C = dár chóir

⁴⁸⁸A2 = ag comhmaidheamh a ccoscar os cion Chu Chuloind, B = ag comhmaidheamh a ccosgair, C = ag comhmaidhiomh an chosgair sin

§73⁴⁸⁹ A2 = (+) *inghine* Forguill Mhonaigh, B = (+) *inghine* Forghuill Mhonaigh, C = (+) *inghine* Fhearghail Monaigh

⁴⁹⁰A2 = na hEamhna, B = an *ghrianáin*, C = an *ghrianáin*

hionnsaighe, 7 é ag teachd go hanbhann ainéasgaidh, 7 do ghabh imeagla mhór an ríoghain agá fhaicsin, 7 do aithin gurbh é Laogh do bhí ann. “Is fíor sin,” ar sí, “is é súd Laogh 7 an Dubh Saoileann dár n-ionnsaighe ar bhfágbháil Chon gCulainn 7 na Léithe Macha marbh ar Magh Muirtheimhne fá chaobhaibh cró 7 fá linntibh fuaraibhseacha [fola]⁴⁹¹. Dursan liom-sa nach í an Liath Mhacha 7 Cú Chulainn táinig dár n-ionnsaighe, 7 is mór lá tángadar go maoidhmheach mór-éadálach san slighidh-úd d’ionnsaighe na hEamhna.” Tángadar bantrachd 7 bandála, filidh 7 éigis 7 ollamhain na hEamhna amach in aghaidh Laoigh, 7 do fhiafraigheadar sgéala dhe, et do innis Laogh dhóibh a n-iomthúsa féin ó thús go deireadh, et do tógbhadh gáirthe troma taibhseacha seachnóin na hEamhna ag mnáibh 7 ag fearaibh 7 ag fileadhaibh an chóigidh uile, et do-rinneadh aongháir ghola 7 éighmhe don chúigeadh go coitcheann. Agus táinig Eimheir 7 Laogh rompa go Dún Dealgan⁴⁹², 7 fuaradar an dún arna losgadh, 7 do ghluais Eimhir gona bantrachd rompa go hairm a raibhe Cú Chulainn, 7 do sháith a pupall álainn ioldhathach ós cionn a chaomhchuirp, 7 do shuidheadar an bantrachd iona timcheall as a haithle⁴⁹³. // [47]

74. Is ann-sin tugadh Leabharcham d’ionnsaighe Eimhire, 7 adubhairt ria dul ar ceann Chonaill⁴⁹⁴, “agus innis dó,” ar sí, “Cú Chulainn do mharbhadh d’fhearaibh

§73⁴⁹¹ A = fíorfhacha, A2 = fo chaobhuibh fola, B = fó linntibh fola, C = a bhfuairlinntibh fola

⁴⁹²A2 = (+) 7 an bantracht uile maraon leo

⁴⁹³A2 = (+) 7 ro ghabhadar ag tuirsi 7 ag tromneimhele ag duph 7 ag do bron 7 trom chumthach neartadbal os cionn Con Culainn

B = (+) 7 do ghabhadar ag déanamh doghra 7 dobróin ós a chionn

C = (+) 7 do ghabhadar ag dubhadh 7 ag dobrón

§74⁴⁹⁴A2 = (+) isin domhun soir do bhi ag togbhail ciosa chanchuis re hathuigh fhada 7 re haimsir

imchian oir do be ri nia Ereann ina aimsir fein Conall Cearnach mac Amirgin

B = (+) san domhun mhor, C = (+) fán domhan mór

Éireann⁴⁹⁵.” Is ann-sin do ghluais Leabharcham roimpe iona ruathar roidhian nó go ráinig Inbhear Mór i gcríoch Chuailgne, 7 ad-chonnaire an long ag gabháil amuigh ar an gcuan goimhleathan, 7 tug sí aithne uirre .i. gurab í an Eangach .i. long Chonaill Chearnaigh do bhí ann, et táinig Leabharcham dá ionnsaighe, 7 tig Conall as an loing amach, 7 táinig mar a raibhe Leabharcham, 7 do fhear fáilte fria. “Mochean duit, a rímhílidh,” ar Leabharcham, et is amhlaidh adubhairt sin 7 tug a lámh ar Irial mhac Conaill Chearnaigh, 7 do-chuaidh ar a chumairce. “Sgéala leat, a Leabharcham?” ar Conall. “Atáid sgéala móra olca agam-sa,” ar Leabharcham, “Cú Chulainn do mharbhadh d’fhearaibh Éireann.” “Uch, is goirt liom-sa na sgéala-sin,” ar Conall, “agus do threaghd mo chroidhe i meadhón mo chléibh,” agus ad-bheart:

75. Goirt rom ghaoth,
 Géar rom gonadh,
 Ardolc Uladh,
 [Ad-bheire]⁴⁹⁶,
 Cú caomh Chulainn⁴⁹⁷,
 Díon óg Uladh,
 Sgéal go ngairbhe,
 Gníomh go ngoirte.⁴⁹⁸ G.

§74⁴⁹⁵ A2 = (+) 7 le *mor draitheacht Clainne Cailitín*

§75⁴⁹⁶ A = udh bheire

⁴⁹⁷ B = *Árd olc adhbhal*, Cú caomh Chulainn, C = *Árd olc ádbhal*, Cú caomh Chulainn

⁴⁹⁸ A2 = *Goirt rom ghaoth*, ger *rom ghuin*, ard olc adhbhal *ciorradh con* na Craobhruidhe, bas *bantracht* is *binn macaomh*, bas *fileadh* is *ard ollamhain* an Cu caomh ghlan Culoinsi, eg *aindrich* is *inghean* rígh aodhaire oirdhearc fíor *Ulltach* an cu cleasach cathbhuadach *gníomh rom ghuin* is *rom ger ghortadh*

76. “Gabhtar na heich dhamh 7 inniltar mo charbhad,” ar Conall, “go ndeachainn dá fhéachain cá líon do mharbh mo dhalta d’fhearaibh Éireann i Maigh Muirtheimhne.” Do gabhadh na heich .i. an Dearg Dhrúchdach 7 an Coincheann Crónfhada, 7 do hinnleadh an carbad, 7 lingear Conall ann iar sin, 7 táinig roimhe go roidhíogháir, 7 do ghabh adhlaihe 7 anbhainne an baineach, [7 do-chuaidh] feirghníomh tar bainghníomh ann-sin ag Conall⁴⁹⁹, 7 do ghabh fearg ainmheasardha é go dtug buille don tslait do bhí ’na láimh dhí, gur bhíodhgasdair an t-each fán gcarbad, gur bhriseadar an dá ghiorrghair⁵⁰⁰ i gCoincheann Crónfhada go dtorchair marbh gan anmain. Do éirigh Conall go haithmhéalach ainéasgaidh as a haithle sin, 7 do dhírig go deagthapaidh an carbad ar an Deirg Dhrúchdaigh, 7 do ling fuirre as a haithle, gonadh é sin an treas fear do-róine marcaidheachd aoineich ar tús in Éirinn .i. Lugh Lámhfada i gCath Maighe Tuireadh⁵⁰¹ ar marbhadh fhine Fomhra, et Cú Chulainn mhac Subhaltaigh síodhaighe ar an Léith Mhacha⁵⁰², 7 Conall Cearnach ar an Deargruathar.

77. Agus táinig Conall i Machaire na hEamhna, 7 d’Áth na Foraire ar Sliabh Fuaid, 7 i Machaire Conaill risa n-abartar Muirtheimhne, 7 ó ráinig dhó éirghe ar an magh do-chonnaire na colla ciorbhaighthe cróidhearga gurba líonta an magh do chollaibh // [48] fear nÉireann eidir each 7 ghiolla 7 tighearna 7 taoiseach, et do ghabh ag

§76⁴⁹⁹A = ad feirghníomh tar bainghníomh ann-sin ag Conall

A2 = *con deachaidh feirghníomh tar bainghníomh ag Conall*

B = 7 do *chuaidh feirghníomh tar bhanghníomh a cConall*

C = *et do chuaidh feirghníomh tar bhanghníomh aige*

⁵⁰⁰A2 = gearrghara, B = gearrghar, C = ar lár

⁵⁰¹A2 = Turrionn, B = Tuireann, C = Tuiridh

⁵⁰²A2 = 7 Subhaltach ar in Leith Mhacha, B = 7 Cú Chulainn mhac Subháltaigh a Muigh Muirtheimhne

C = 7 Cú Chulainn ar in Liath Mhacha a mBrisligh mhóir Mhuighe Mhúirtheimhne

cuartughadh an ármhaigh. Is ann-sin adubhairt Conall: “Is mór do mharbh mo dhalta d’fhearaibh Éireann,” ar sé, 7 do áirimh Conall céad iomaire 7 céad marbh ar gach iomaire dhíobh an uair-sin⁵⁰³, 7 nochar fhéad a n-áireamh ó shoin amach, 7 táinig timcheall an mhaighe, et tarla an Liath Mhacha dhó, 7 an tsleagh comhtharsna thríthe, 7 a tonnghal fola fria taobhaibh, 7 earrchuing an charbaid dá leith clí. “Rob annamh sin, a Liath Mhacha,” ar Conall, “cuing do charbaid dod leith clí 7 déana oiriseamh friom-sa, óir is meise do thighearna diongmhála tar éis Chon gCulainn, 7 gabh mo charbad ort go ndeachmaois do dhíoghail Chon gCulainn ar fhearaibh Éireann gona sluaghaibh,” agus ad-bheart an laoidh:

78. ⁵⁰⁴Geibh mo charbad fort, a Léith⁵⁰⁵,
 Fa bhord mo sgéith sgaoileas reann⁵⁰⁶,
 Do dhíoghail Con Eamhna, a Léith⁵⁰⁷,
 Ba chalma ion gach cléith baoi ann⁵⁰⁸.

Fá hionmhain liom Cú na gceard,
 Do dheargadh géargha glan gorm⁵⁰⁹,
 Uch, fa hionmhain liom an lámh⁵¹⁰,
 Do chuireadh gach ágh⁵¹¹ go holl.

§77⁵⁰³ A2 = (+) 7 *cead eiterge* 7 *cead marbh ar gach eiterge*

§78⁵⁰⁴ A2, C = Tá an laoi iontu, B = ar iarraidh

⁵⁰⁵ C = Liath

⁵⁰⁶ A2, C = rann

⁵⁰⁷ C = an triath

⁵⁰⁸ C = *Badh calma gliadh ar gach bann*

⁵⁰⁹ A2 = Do dearg rann ger glan gorm, C = Do dheargadh reann géar glas gorm

§79⁵¹⁰ C = Fá hionmhuin leam chroidhe an triath

⁵¹¹ C = gliadh

Geibh mo charbat ar do mhuin,
A eich ardbhuilg ar an treibh⁵¹²,
A bhaisleathain bholgshróin dil,
Mo bheannachd fort, agus geibh⁵¹³. G.EI.BH.

79. Do dhruid Conall i gcomhghar don Léith Mhacha dá gabháil, 7 do sguch an Liath Mhacha uadha, 7 ní thug taobh ris i measg an ármhaigh, 7 innisid ughdair 7 cólaigh nár fhágaibh sí ceann cloidhe nó cluanadh in Ultaibh uile gan iarraidh san ló-soin, 7 táinig roimpe go Linn na Léithe as a haithle sin, 7 do ling innte gur báitheadh ann-sin í. Táinig Conall roimhe d'ionnsaighe chuirp Chon gCulainn, 7 do ghabh an corp iona uchd⁵¹⁴, et do ghabh ainnséin ag tuirse 7 ag truaighneimhéile, 7 do-rinne an laoidh ann⁵¹⁵:

80. ⁵¹⁶Cú Chulainn bá hamhra⁵¹⁷ an ghein,
Calma a shéan⁵¹⁸ ó aois mheic [bhig]⁵¹⁹,
⁵²⁰Gur thuit lé Lughaidh na niath⁵²¹,
Laoch budh fearr nó an⁵²² triath ní thig⁵²³.

§79⁵¹² A2 = Eich *ardghil* agus *treibh*

⁵¹³ C = Gabh mo charbat go lonn, a eich árdbhalc go togha *treas*, a bhoinn mhear, a chroidhe *cruaidh*, a chéim luaith go *niomad* ccleas

⁵¹⁴ C = (+) 7 do chuir ré na bhruinne é *et* do thoirbhír do mhilis phógaibh go dil 7 go díochra é

⁵¹⁵ A = (+) Aitchim sídh 7 ceannsa an Choimeadh 7rl.

§80⁵¹⁶ A2, B, C = tá an laoi iontu

⁵¹⁷ C = *hádhmar*

⁵¹⁸ B = Calma eision, C = Calma a réim

⁵¹⁹ A = mbig, A2 = mhic bhig, B = ó aois bhig, C = mhic mbig

⁵²⁰ C = (+) Nó

⁵²¹ B = nágha

⁵²² B = ná an, C = nán

Do-bhéar-sa Lughaidh gan cheann,
Atá dream dá bhfuil a dhíoth,
[Nó go sgaoiltear a c[h]orp gnáth]⁵²⁴,
Nocha ndingean go bráth síoth⁵²⁵.

Doiligh liom a dhol san chath,
Gan Conall i ngar a shlis,
Baoth don ghéagmhac⁵²⁶ dol san treas,
Go mbeadh mo chneas maraon ris.

[I]s⁵²⁷ é do badh dhalta dhamh,
Ibhídh bran dhigh as a chrú, //[49]
Ní dhingean gáire ioná gean,
Ó dho-chuaidh ar ceal an cú. C.Ú.

81. “Adhlaicthear Cú Chulainn feasda,” ar Eimhir. “Ní dingear,” ar Conall, “nó go ndíoghlar-sa ar tús ar fhearaibh Éireann é, 7 nó go dtíseadh a cheann d’ionnsaighe a cholla, óir ní fhuil cúigeadh in Éirinn a rachadh a cheann nach badh héigean a fhag[h]áil damh-sa, et is mór na gáirthe-se do-chluinim timcheall Maighe Muirtheimhne anois 7 i Machaire Conaill, 7 is lán an cóigeadh uile do ghul 7

§80⁵²³ C = níor thuit

⁵²⁴ A = Nocha sgaoilid cách a chorp, A2 = No go scaoiltear a corp gnath,

B = Nó go sgaoilear a chorp gan áth, C = Sgo ttuitid liom s uaisle fáil

⁵²⁵ A2 = scith

⁵²⁶ A2 = daltan, B = deagmhac, C = deagmhac

⁵²⁷ A2, B = As, C = Is

d'éigheamh d'éis Chon gCulainn, et do badh mhaith an fear coimhéada críche 7 fearainn 7 foraire an tí atá 'na chorp chiorrbhaighthe 7 iona chaobhaibh cró im fhiadhnaise, 7 rugadar na tromgháirthe-so mo chiall 7 mo chuimhne uaim.” Is ann-sin adubhairt Conall: “Is maith do dhligh Lughaidh mhac Con Raoi bheith ag ciorrbhadh Chon gCulainn, óir is é do mharbh maithe Chloinne Deadhaidh um Choin Raoi 7 um Fhiamhain⁵²⁸, 7 is dursan liom-sa gan Chú Chulainn ag freagra na n-éigheamh-so, 7 a eich 7 a ara maraon ris,” agus ad-bheart an laoidh ann:

82. ⁵²⁹Dursan, a Chú Chulainn cháidh,

Mar do thángais 'na dtiughdháil,

A mbí i gcléith éighmhe ar an maigh⁵³⁰,

Gan tú ag éirghe 'na n-aghaidh.

Uchán na héighmhe-se theas,

Is goirt leam chroidhe is leam chneas,

Uchán na héighmhe-se thuaidh,

Do-chóidh⁵³¹ maitheas an mhórshluaigh.

§81⁵²⁸ A2 = (+) mac Foraos, C = (+) mac Forraoigh

§82⁵²⁹ A2 = Tá an laoi le fail, B = ar iarraidh

C = Tá agallamh in áit na laoi: Óir ní raibh a nÉirinn curadh ná caithmhíleadh ris ar nách badh eagail a lann 7 a lámh nó go rug droigheacht et diabhlúighiocht a bhuaidh cosgair 7 comhlann dhe et is brisde mo chroidhe am chliabh dona dlúithéachta soin lear thuit mo chrú 7 mo chómhdhalta 7 mo bhráthair bunadh buaindílios 7 atá leath mo chroidhe ar ná roinn 7 badh smuail corera cuirp uaim dá dhíoghail 7 do bhéar ruathar fó Éirinn anois 7 ní fhuighfíod cine gan ciorrbadh ná fuil gan fiordhortadh ná trén gan diothugadh et bia mo ruathar anois fó Éirinn dá aithris go fiadhnach go deiridh domhain ionnas go ccaoinfigtear lé fearaibh Mumhan, Connacht 7 Laighean an cóimhéirghe si do rinneadar anois anaghaidh mo dhaltáinsi et muna beith droighiocht do iongobhála Chloinne cuirpe Cailitín, ní thíocfadh dhíobhsan uile a bhásugadh

⁵³⁰A2 = Banamh leat erghe ar an magh

⁵³¹A2 = Do scuch

Uchán na héighmhe-se thiar,
Goirt leam chroidhe agus leam chliabh,
Uchán na héighmhe-se thoir,
Is tallann dom thiomargoin.

Nocha tualaing meise a ríomh,
Gach ar mharbh⁵³² Cú Chulainn díobh,
Gach a dtorchair leis re headh,
Do shluaghaibh móra Mumhan.

Is dursan liom ion gach tán⁵³³,
Gan a fhaicsin go comhshlán⁵³⁴,
Gan a fhaicsin, mór an modh,
Ní hé nach ádhbhar dursan. Dursan.

83. Is ann-sin táinig Conall roimhe go longphort fhear nÉireann .i. go hÁth Muilt⁵³⁵ fris a n-abartar Áth Fir Dhiadh aníú, 7 go Gleann Mór fris a n-abartar Gleann Bolcáin, 7 tug súil seacha, 7 ad-chonnaire an gcaoildeathach do leathaoibh na conaire. “Is fíor,” ar Conall, “is drong éigin d’fhearaibh Éireann atá ann-súd, 7 cuid do bhuar Uladh aca,” agus táinig dá n-ionnsaighe, et is é do bhí ann-sin .i. Connla

§82⁵³² A2 = ar braith

⁵³³ A2 = gach am

⁵³⁴ A2 = Gan faicsin do charpuid seal

§83⁵³⁵ B = háth Maoilin

mhac Criomhthainn, 7 mar do-chonnaire Conall chuige do éirigh ar thaobh na tolcha, 7 do badh comhdhalta do Lughaidh mhac Con Raoi an Connla-soin, 7 // [50] táinig d'ionnsaighe Lughaidh, et do innis dó aonmharcach do bheith san magh dá ionnsaighe, 7 do bhí Lughaidh an tan-soin ar n-anmhain tar éis an tsluaigh ag foraire 7 ag forchoimhead gonach béaradh Conall gan fhios orra 7 creacha móra 7 airgne aidhbhle 7 braighde aca dhá mbreith leó as an gcúigeadh amach. “Ad-chiú-sa aonmharcach dá bhar n-ionnsaighe,” ar Connla, “agus aoineach deargmhór faoi, 7 ní fhaca riamh aoinfhear badh mó 7 badh ríoghda, badh háilne 7 badh hoireaghdha, badh déine 7 badh díogháire ioná sé, 7 do thimchill an t-aonmharcach atá chugainn san tulaigh an magh,” ar sé, “roimhe iona charbad.” “Do-bheirim-se aithne ar an marcach-sin,” ar Lughaidh, “óir is é ríoghlaoch Éireann atá ann-sin, .i. Conall Cearnach mhac Aimheirghin⁵³⁶, 7 ní mochean gusa dtig an turchurtha atá ann-sin, uair ní dheachaidh a bhiodhbha slán uadha ar muir nó ar tír riamh, 7 gidh cara dhúinn-[n]e é is neamhchara,” agus ad-bheart an laoidh:

84. ⁵³⁷“Aonmharcach sunn ar an maigh,

A Lughaidh laochdha loinnmhir,

Ní chéal ar churadh na gclann,

Ad-bheirim is é Conall.”

“Más é Conall atá ann,

Calma, curata, coimhtheann⁵³⁸,

§83⁵³⁶ B = (+) *Iardhuinn mac Finnfile mhac Glais mhac Rosa Ruaidh mhac Rúghruidhe*

§84⁵³⁷ A2 = Tá an laoi le fáil, B = Tá an laoi ann, gan véarsa 4 agus véarsa 8,

C = Tá an laoi ann, le véarsa 3 agus 4 in áit a chéile

Do-chiú⁵³⁹ ar gcaraid ar an maigh,
Gidh cara ní cairdeamhail⁵⁴⁰.”

Táinig Conall roimhe ar soin,
Gus an áit a mbí Lughaidh,
Fearg mhór ’gan mílidh re a mhac⁵⁴¹,
Níorbhó ceannas a chomhrag⁵⁴².

“Mochean duit, a Chonail chain,”
Is eadh adubhairt Lughaidh,
“Tú an treas athair, tolaibh clann,
Fhágghas mo mháthair agam.”

“Sloinn do chairdeas, tolaibh clann,
’S ní heagail duit,” ar Conall,
“Muna rabhais ar an maigh,
Ag marbhadh mhic Shubhalthaigh.”

“Briathair baoise dhuit-se sin,
A Chonail mheic Aimheirghin,
Is mé do bhean a cheann de,

§84⁵³⁸ A2 = Calma curata a chomhland

⁵³⁹ A2 = Ma ta

⁵⁴⁰ B = Ní *cáirdeamhuil* gíodh *cara*

⁵⁴¹ A2 = *Fearg* mhor *con* *mhilidh* narbhog, B = *Fearg* mhór agan *míleadh* ré a mhac

C = *Fearg* ag an *míleadh* ré a mhac

⁵⁴² C = Is níor *badh* Connuill a ccomhrac

Do Choin gCulainn Muirtheimhne.”

“Más tú do bhean a cheann de,
Do Choin gCulainn Muirtheimhne⁵⁴³,
Fúigfear do cheann ar an maigh⁵⁴⁴,
I ndíoghail mhic Shubhaltaigh⁵⁴⁵.”

Ní thorrachd Muirtheimhne muaidh⁵⁴⁶,
Do mharbhadh Chon gCulainn cruaidh,
Nach dígheoltair orra-soin⁵⁴⁷,
Lé Cúlghlais Chonaill Chearnaigh?

“Cairde comhlan[n]⁵⁴⁸ damh-sa, a fhir,
A Chonaill mheic Aimheirghin,
Go dtiad mo chatha ream chois,
Isan maigh in Airgeadrais⁵⁴⁹.” // [51]

“Do-bhéarad-sa sin, a fhir,
A Lughaidh laochdha loinnmhir,
Is tug bréithir, tolaibh⁵⁵⁰ clann,

§84⁵⁴³ C = Do theanmhach sáini Subhaltaigh

⁵⁴⁴ A2 = Faicfid do chean ar an moigh, C = Fuígfir do cheann dá chionn

⁵⁴⁵ C = Lé mórán duaislibh Éirionn

⁵⁴⁶ A2 = Nocho ttoir acht ar ar muigh muaigh, C = Níor thaisdhil Muirtheimhne mbuaidh

⁵⁴⁷ C = Nách íocfaidh ioná ccrú soin

⁵⁴⁸ A = comhlan, A2 = comhluin, B = cómhlan, C = comhloinn

⁵⁴⁹ A2 = Go Mag nAirgidrois

Nach seachónair⁵⁵¹ mo chomhlann.”

“Do-bheirim mo bhriathar niadh,

Tuingim fám chloidheamh ’s fám sgiath,

Achd go dtiad mo shluaigh amach,

Nach éimdheóbha⁵⁵² aonmharcach.” Aonmhar.

85. Is ann-sin do naisg Conall ar Lughaidh mar do shoichfeadh i measg a mhuintire nach teithfeadh roimhe,⁷ go mbiadh ar Magh Airgeadrais⁵⁵³ ag feitheamh air-sean. Agus táinig Conall roimhe iona ruathar confadhach go [hAonghlaise]⁵⁵⁴ mBreagh, et mar do bhí ann do-chonnaire na trí chaoga curadh armtha éidighthe ar ur an átha go hoirchilleach ar a chionn,⁷ do dhearc Conall forra,⁷ do fhiafraigh cuich do bhí ann. “Maine Móeibeart,” ar siad, “.i. mac mórghrádhach Oilealla⁷ Meadhbha⁷ adbhar airdrí[ogh] Connachd.” “Maith leam t’fhagháil ann-sin, a Mhaine,” ar Conall, “má do bhádhaís ag marbhadh Chon gCulainn.” “Is deimhin gur ghon meise é,” ar Maine. “Gonfad-sa thusa ’na aghaidh-sin,” ar Conall,⁷ do ionnsaigh Conall ann-sin eiséin go hainmhín easmhuinteardha,⁷ tugadar cách tulgadha⁵⁵⁵ dá sleaghaibh ar an airdh in aoinfheachd,⁷ congghais⁵⁵⁶ Conall a sgiath ris na craoiseachaibh,⁷ do bhris⁷ do mhionaigh a n-arma-san,⁷ táinig féin go feargach fraoichniata fo na fearaibh, et do thomhais go toghtha tréanláidir a threasbhuilleadha

§84⁵⁵⁰ B = talamh

⁵⁵¹A2 = Nach seachna tu

⁵⁵²A2 = imgebhad, B, C = imgeabhad

§85⁵⁵³ A2 = Magh Ruis

⁵⁵⁴A = haonghlaois, A2 = claonghlaisi, B = haonghlaisi, C = glaise

⁵⁵⁵A2, C = tulganna, B = tulgáin

⁵⁵⁶A = congghais, A2 = congghuis, B = do chongaimh, C = congghuis

tar thaobhaibh tréinmhíleadh 7 tar chorpaihb curadh, gurbhó ciorrbhtha comhroinnte 7 gurbhó millte marbhtha míochóirighthe muinntir Mhaine don mhórchumasg-soin, 7 táinig Conall roimh Mhaine san iomghoin, 7 tug buille coirpghearrtha cnáimhleadartha dhó, gur ghearr eidir arm 7 éidigh é don aonbhuille-sin, gonach deachaidh aoinfhear beó ar toradh a luais nó a mhadhma nó a mhóirtheithidh do mhuintir Mhaine gan mharbhadh maille ris féin. Agus táinig Conall fan bhfíodhbhaidh fá coimhneasa dhó, 7 do bhean slat fhada fhionnchuill darbhó miodhlán a ghlac, 7 do shníomh í, 7 tug barr na slaite chuige, 7 do chuir snaidhm uirre, 7 do chuir ceann Mhaine ar an slait-sin. “Is maith liom an ceann-so do bheith agam,” ar Conall, “agus do-bheirim dom bhréithir nach rachad dom thoigh nó go mbeire mé lán an ghoid-se do cheannaibh ríogh 7 taoiseach // [52] 7 tréinfhear leam, et is tosach díthe 7 do-iong[h]abhála, éachda 7 easbadha d’fhearaibh Éireann mo theachd tar muir don toisg-se, óir ní fhuil dún nó deagháras in Éirinn nach bia gul 7 mairg ann ó’m chumasg-sa don chur-so ag díoghailt mo dhalta ar fhearaibh Éireann, 7 is maith leam mar do-chuaidh a foraire do Mhaine tar éis an tsluaigh, 7 is rómhaith leam fós gurab ar Chonnachdaibh do-rónas mo chéid-[d]íoghaltas 7 mo chéidghníomh 7 mo chéid-deargadh ar tús, 7 badh Sruth Maine ainm an tsrotha-so mar ar thuit Maine Móeibeart,” agus ad-bheart an laoidh:

86. ⁵⁵⁷Maine Móeibeart fochean⁵⁵⁸,

Do thuitim for Ghlaise mBreagh⁵⁵⁹,

Ní soiréidh do dhearg a dhreach⁵⁶⁰,

§86⁵⁵⁷ A2 = Tá an laoi le fáil, B, C = ar iarraidh

⁵⁵⁸ A2 = rod cear

⁵⁵⁹ A2 = Leamsa for claon glaisi breagh

A fhoraire d'éis Luighdheach⁵⁶¹.

Is maith leam-sa mar do sguir,
Mo shleagh d'fhothruhadh 'na fhuil,
In éiric mo dhaltáin de⁵⁶²,
Ionar fhothraig sleagh neimhe.

Sruth Maine ainm an tsrotha,
Mar do chlaochlaigh na crotha,
[Go gcuire an bráth breiseamh dhe]⁵⁶³,
An sruth-so ba Sruth Maine. P. A.

87. Agus táinig Conall roimhe go Teamhraigh iar sin, 7 do bhí óglach dh'Ultaibh i dTeamhraigh an tan-soin ag cuideachdain Feidhlimeadh Nuachrothaighe inghine Conchobhair darbhó comhainm Ceann Biorraidhe dh'Ultaibh. Agus is amhlaidh do bhí Earc mhac Cairbre an uair-sin i ndabhaigh agá fhothruhadh d'éis a aisdir 7 a ardochosgair in Ultaibh, et adubhairt mar so: “Maith leam mar atáid Ultaigh⁵⁶⁴ anochd,” ar sé, “gan fear díoghalta faladh nó faltanais aca nó cosnamha críche tar éis Chon gCulainn. Éirgheas a alladh báidhe⁵⁶⁵ i gCeann Biorraidhe agá chloisdin sin 7 adubhairt: “An gcéin mhairfeas Conchobhar gona chloinn 7 Fearghus gona chloinn 7 Conall gona chlannmhaicne 7 ríoghraidh Uladh archeana, is éagcóir dhuit-se sin do

§86⁵⁶⁰ A2 = Nocho ro reidh da dhreich ghloinn

⁵⁶¹ A2 = Lughaidh

⁵⁶² A2 = dil

⁵⁶³ A = Go dtúir an bráth brise dhe, A2 = Go ccuire an brath breisiumh dhe

§87⁵⁶⁴ A2, C = Ulaidh, B = Olltaigh

⁵⁶⁵ A2 = alla bhaidhe, B = báidh, C = ala baidhe

rádha nach beith fear díoghalta fala beó dh'Ultaibh tar éis Chon gCulainn." Do ghabh Earc cloich chuige dár bhó lán a dhorn, 7 tug urchar dhí d'ionnsaighe Chinn Biorraidhe, 7 do chrom Ceann Biorraidhe a cheann roimh an gcloich, 7 do léig seacha í go ndeachaidh tré thaobh na bruidhne amach, 7 do éirigh Ceann Biorraidhe, et do ghabh a arma chuige, 7 táinig amach, 7 an tslighe a dtáinig do-chonnaire an t-aonmharcach go tinneasnach dia ionnsaighe, 7 fáiltigheas a chroidhe agá fhaicsin // [53] dó, 7 do bhí agá fheitheamh i bhfad uadha, 7 do aithin gurab é Conall do bhí ann, 7 aithnigheas Conall eisean 7 gurab d'Ultaibh dhó 7 do fháiltigh roimhe 7 mar do rángadar a chéile do thoirbhirsead póga dia roile. "Sgéala leat, a Chinn Biorraidhe," ar Conall, "cia atá i dTeamhraigh?" "Atá Earc mhac Cairbre innte," ar sé, "agus do fhágbas-[s]a i ndabhaigh dá fhothruhadh é, et tug a bhréithir nach fuil fear díoghalta fala nó greise beó in Ultaibh tar éis Chon gCulainn." "Nocha dhó-san is fíor sin," ar Conall, "atú-sa beó fós, 7 is fear díoghalta fala 7 greise mé." Agus do innis Ceann Biorraidhe do Chonall a imreasain féin uile re hEarc⁵⁶⁶.

88. Agus tángadar araon rompa go Teamhraigh as a haithle sin⁵⁶⁷, 7 do-chonncadar an iomáin agá déanamh ar an bhfaithche, 7 tángadar féin dá hionnsaighe. Agus is iad do bhí agá déanamh, dá thaoiseach teaghlaigh Eirc mhic Cairbre .i. Maol 7 Míodhna a n-anmanna, 7 is í do badh liathróid dóibh ceann Chon gCulainn agá bhualadh eatarra. "Créad so agaibh, a óga?" ar Conall. "Fort do chlé 7 do cholduabhais," ar siad, "an é nach gcualais gosdrásda Cú Chulainn do mharbhadh d'fhearaihb Éireann ar Magh Muirtheimhne?" "Do-chualas go deimhin," ar Conall. "Má do-chualais,"

§87⁵⁶⁶ A2 = (+) 7 an turchar cluiche tug Earc dho

§88⁵⁶⁷ B = (+) 7 do ghabh an gad ina lámh ara raibh ceann Mhaine mic Oilleala dá iomchar

ar siad, “is é so a cheann againn-[n]e mar liathróid.” “Uch, is olc liom-sa an ceann-soin do bheith agaibh-se,” ar Conall, “agus tiucfaid na ceinn-sin díbh-se tré bhur n-íomáin air.” Agus do ionnsaigh Conall iad go haigmhéil ainíarmartach,⁷ tug sáthadh sonnda sotalbhorb don Chúlghlais cheinngheir chrainnreamhair i gcorp gacha caithmhílidh dhíobh, gurbhó créachdmhór comharthach taobh gacha tréinmhílidh dhíobh óna tromghonaibh-sin,⁷ do dhícheann Conall go deithfreach an dias-sin .i. Maol⁵⁶⁸⁷ Míodhna⁵⁶⁹, et do chuir an dá cheann-sin ar an ngad i ndíoghail na hiomána do-rónsad ar cheann Chon gCulainn. Adubhairt Conall as a haithle sin: “Ní liom-sa budh cóir ceann mo charad⁷ mo chaomhdhalta do chomaoidheamh”, agus adubhairt an laoidh:

89. ⁵⁷⁰Oidhidh Mhaoil agus Mhíodhna,

I dTeamhraigh iarna tioghbha⁵⁷¹,

De atá a luighe agus a leachd,

Déag an chinn [ro-chomaoidhsead]⁵⁷². // [54]

Riom-sa nochar mhaoidhte⁵⁷³ an gníomh,

Nochum geibh fáilte go fíor,

Do chaoineadh an fear⁵⁷⁴ mo chló,

Níor mhaoidhte le [Conall Cú]⁵⁷⁵.

§88⁵⁶⁸ A2 = Mal, C = Mál

⁵⁶⁹ B = Maidhm

§89⁵⁷⁰ A2 = Tá an laoi le fáil, B = véarsa 3 amháin atá le fáil, C = ar iarraidh

⁵⁷¹ A2 = *ttromthiughbha*

⁵⁷² A2 = ro *comhmhaoidhseat*

⁵⁷³ A2 = maith

⁵⁷⁴ A2 = an ccoin

Ceann Con Culainn i dTeamhraigh,
Tug Ulaidh fá mhaoithmheanmain⁵⁷⁶,
Tuirseach meise dh'éis an fhir,
Olc leam a éag 's a oidhidh. Oidhidh.

90. “A Chinn Biorraidhe,” ar Conall, “déana imtheachd feasda, 7 beir ceann Chon gCulainn leat mar a bhfuil Eimhir.” “Nocha mbéar,” ar Ceann Biorraidhe, “gion go ndearna mé achd aoinfhear d'fhearaibh Éireann do mharbhadh gach laoi ní fhúigeabh⁵⁷⁷ thusa i t'aonar. “Dá marbhthá céad gach laoi dhamh-sa,” ar Conall, “agus céad gach n-oidhche, do badh fhearr leam an ceann-so do bhreith d'ionnsaighe a cholla féin ionáid sin uile do dhéanamh dhuit.” Do éirigh Ceann Biorraidhe, 7 rug an ceann leis go Dún Dealgan, 7 tug i láimh Eimhire é⁵⁷⁸, 7 do-rónadh an ceann do nighe 7 do niamhghlanadh aca, 7 do cuireadh ar a cholainn féin ann-sin é, 7 tug Eimhir an corp 7 an ceann chuide féin, 7 do dhruid rena huchd 7 rena hurbhruinne iad araon as a haithle. Agus do ghabh ag tuirse 7 ag truaighneimhéile romhóir ósa chionn, 7 do ghabh ag súgh a fhola 7 agá hól go hiomarcach, 7 ag súgh a bheóil, 7 do chuir tlachd soineamhail sróill uime. “Uch, uch,” ar sí, “do badh maith maise 7 snuadh an cheinnse gé atá sé mar so aníú, 7 is mór d'ingheanaibh ríogh et taoiseach an domhain do bhiadh agá chaoineadh aníú dá bhfeasdais a bheith mar so, et gidh iad luchd

§89⁵⁷⁵A = Níor mhaoidhte le coin an cú, A2 = Nir maoithe re Conall cú

⁵⁷⁶A2 = dhoimeanmna, B = mhímheanmuin

§90⁵⁷⁷A2 = fuicfid, B = fuígiomh, C = fhuígfíod

⁵⁷⁸B = (+) 7 táinig féin tarais mar a raibh Conall

iarratais óir 7 ionnmhais 7 athchuingeadh⁵⁷⁹ Éireann 7 Alban 7 an domhain mhóir thoir do badh tú a n-aonrogha leannáin, 7 a n-aonghrádh d'fhearaibh Éireann uile et d'uaislibh ríoghradh 7 roithighearnadh an domhain, et is truagh mo bheatha-sa aníú dod éise, óir ní raibhe ag fíor nó gan fhíor⁵⁸⁰ in Éirinn nó in Albain nó san domhan uile bean nach raibhe ag formad frium-sa gus aníú, óir dob iomdha seóid 7 maoine, cána 7 cíosa a críochaibh an domhain do thigeadh dom ionnsaighe-se le neart 7 le calmachd na láimhe-se Chon gCulainn.” Agus gabhais Eimhir a lámh iona láimh, 7 do ghabh ag tabhairt a teas⁵⁸¹ 7 a tuarasgbhála ós aird et adubhairt: “Truagh sin,” ar sí, // [55] “is mór do ríoghaibh 7 do rothaoiseachaibh et do thréinfhearaibh fhear dtalmhan do cuireadh i ndáil bháis 7 in airdheanaibh éaga le lúth na láimhe-se, 7 is mór d'éanaibh 7 d'ainmhintibh [éigialldha]⁵⁸² an domhain do loiteadh lé, et is mór do mhaoinibh an domhain do sgaoileadh 7 do bronnadh leis an lámh-se d'fhileadhaibh 7 d'ollmanaibh an domhain,” agus adubhairt Eimhir an laoidh⁵⁸³:

91. ⁵⁸⁴Uch a chinn, ón, uch a chinn,

Gé do measgadh thú fán linn⁵⁸⁵,

⁵⁸⁶Sochaidhe dá dtugais éag,

Mór gcuradh, mór gcéad, a chinn⁵⁸⁷.

§90⁵⁷⁹ A2 = athchuinge, A3 = athchuinge, B = athchuingeadh, C = athchuinge

⁵⁸⁰ A2 = ag fear san domhun, B = ag fear ná gan fear, C = ag fear ná gan fear

⁵⁸¹ B = teasda, C = teasda, A2 = ar lár

⁵⁸² A = éigciallach, B = allta, C = éiccialldha, A2 = ar lár

⁵⁸³ B = (+) le domheanmuin

§91⁵⁸⁴ A2 = Tá an laoi le fáil, ach tá na véarsaí in ord éagsúil: v .4, 1, 3, 2, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 14. Tá v .13 ar lár. B = Tá an laoi ann, gan v. 2, 5, 6, 11, 12, 13. C = Tá an laoi ann, le v. 2 agus v. 3 in áit a chéile, agus v. 13 ar lár.

⁵⁸⁵ C = Cídh ród measgadh ar in linn

⁵⁸⁶ A = (+) Mór

⁵⁸⁷ C = Cídh cuireadh anéag a chinn

Uch a airm, ón, uch a airm,
Sochaidhe [dá] dtugais maidhm⁵⁸⁸,
Nocha rabhais seachdmhain riamh⁵⁸⁹,
Nach dtiobharthá biadh do bhaidhbh.

Uch a shúil, ón, uch a shúil,
Do-radais do mheanma dhúinn,
Ionann ionadh a mbia ar leachd,
Ionann feart claoidhfidhear dhúinn.

Uch a lámh, ón, uch a lámh,
Do bhádhas⁵⁹⁰ scalad go sámh,
Meinic do cuirthí fám cheann,
Uch, dob ionmhain leam an lámh.

Uch a Léith⁵⁹¹, ón, uch a Léith⁵⁹²,
Do thighearna [nochar thréith]⁵⁹³,
Fada go léamhthaoi do chrádh⁵⁹⁴,
An g[c]éin bheitheá ar sgáth a sgéith.

§91⁵⁸⁸ A = Mór sochaidhe ar a dtugais maidhm, A2 = Sochaidhe da ttugais maidhm

⁵⁸⁹ A2 = Nocho roibh tu anenchath riamh, B = ar lár

⁵⁹⁰ A2 = bhamar

⁵⁹¹ C = Liath

⁵⁹² C = Liath

⁵⁹³ A = Do thighearna níorsum tréith, A2 = Do thighearna nochar treith,

C = Do *badh* calma do thriath

⁵⁹⁴ C = churadh

Uch a Dhuibh, ón, uch a Dhuibh,
Ní thréigfinn tú do chionn chruidh,
Uch, do bhris mo chroidhe im chliabh,
An triath do fhágbhais san muigh⁵⁹⁵.

Is maith leam, ón, is maith leam⁵⁹⁶,
A Chú Chulainn Mhaighe Meann⁵⁹⁷,
Nachar imdheargas do ghnúis,
'S nach dearnas drúis tar do cheann.

Ionmhain béal, ón, ionmhain béal,
Fá blasda ag innisin sgéal,
Ó do fhás gean ar a⁵⁹⁸ ghruadh,
Nochar éar sé⁵⁹⁹ truagh nó tréan.

Ionmhain rí, ón, ionmhain rí,
Nár éarasdar neach um ní,
Tríocha⁶⁰⁰ laithe gus anochd,
Do chomhraig mo chorp le a chlí⁶⁰¹.

§91⁵⁹⁵ C = Tríd an laoch *badh* dian san maigh

⁵⁹⁶ B = Dian is maoidhte is maith leam

⁵⁹⁷ B = A Choin gCulainn chruaidh na mbeann

⁵⁹⁸ A2, B, C = do

⁵⁹⁹ A2 = *crúis*, B = *éaruis*, C = éar tú

⁶⁰⁰ B = Fithche

⁶⁰¹ A2 = Ód comhruic mo chorp red chli, B = Ód chomhraig mo chorp léad li,

Ionmhain fear, ón, ionmhain fear,
Lé ar tochradh mór sluagh⁶⁰² re seal,
Ionmhain folt forórdha fuar,
Is is ionmhain a ghruadh gheal.

[A dhá shleigh, ón, a dhá shleigh]⁶⁰³,
'S a chloidheamh i ngliaidh go neimh⁶⁰⁴,
Tabhair do Chonall na gcath,
Ní thugadh a rath mar sin.

Ionmhain cách, ón, ionmhain cách,
Nach gcluinfidh guth cuach go bráth,
Nocha dtiocfaidh léna ngairm,
Go dtísead na mairbh iar mbás⁶⁰⁵. // [56]

A charbad-san, a charbad,
Do badh reamhar do fargbha(i)dh,
Tabhair é do mhac Deadhaidh,
Nár chathaigh achd re harmaibh.

C = Ó do chomhraic mo chorp *réad* chlí
§91⁶⁰² A2 = Ler *thorchradh* na *sluaigh* re seal, B = Lér *torcradh* mórshluaigh ré seal,
C = Do mhuirbhfeadh mórshluaigh ré seal
⁶⁰³ A = A dhá shleigh agus a sgiath, A2 = Sciath Chon cCullionn 7 a *da shleagh*,
C = A dhá shleagh, ón a dhá shleagh, B = ar lár
⁶⁰⁴ C = A sgiath *et* a chloidhiomh go neimh, B = ar lár
⁶⁰⁵ A2 = Go tteaguid na *mairbh* go cach, C = Go ttigid na mairbh go cách

Uchán uch, ón, uchán uch⁶⁰⁶,
 'Sum luaithe ná gaoth⁶⁰⁷ fria sruth,
 Aniú ní fhoilcím mo cheann⁶⁰⁸,
 Ní aibeór⁶⁰⁹ ní as fearr ná uch. Uch.

92. As a haithle sin do bhí Eimhir ag comhrádh fris an mbantrachd, 7 is eadh adubhairt: “Is fada atáthar dhá thaisbeánadh dhamh-sa i bhfisibh oidhche go dtuitfeadh Cú Chulainn le fearaibh Éireann, 7 do tárfás damh fós múr Dhúna Dealgan do thuitim go talmhain, 7 do-chonnarc fós mar do sgoiltfidhe⁶¹⁰ ó a bhile go a bhórd, 7 mar do bhrisfidh a chloidheamh 7 a chraoiseach iona gceirtmheadhón, 7 do taidhbhrigheadh dhamh Conall⁶¹¹ do bheith dá mharbhadh im fhiadhnaise, 7 mé féin, 7 tusa do dhícheannadh, a Laoigh,” ar sí, “agus gion go mbeidís na taidhbhse-sin agá dtaisbeánadh dhamh do bhádar draoithe Éireann uile agá thairngire go dtuitfeadh Cú Chulainn lé harmaibh Chlainne Cailitín 7 lé Lughaidh mhac Con Raoi, et, a Laoigh,” ar Eimhir, “do bhámair-ne seisear ar aoinshlighe, 7 dob aoibhinn dúinn, óir dá sirthí an domhan uile ó thurghabháil gréine go fuineadh, ní fuighthí ár n-ionnamhail in aoinionadh .i. tusa 7 Cuilleann, giolla na hIobhraidhe, 7 an Liath Mhacha et an Dubh Saoileann, 7 meise féin, 7 Cú Chulainn, et is truagh leam Lughaidh Sriabh nDearg⁶¹² gan fear tabhartha catha aige nó coisgthe comórtais nó cogaidh dhe tar éis a oide.

§91⁶⁰⁶ B = Mo bhoill uile och is och

⁶⁰⁷ A2, B, C = crann

⁶⁰⁸ A2 = Andiu ní thogebhat mo chionn, C = Ón niugh ní fhoilcfíod mo cheann

⁶⁰⁹ A2 = aibera, B, C = aibéar

§92⁶¹⁰ A2 = (+) a sciath uile, B, C = (+) a sgiath

⁶¹¹ A2 = *Conchubhair*

⁶¹² C = (+) mac na trí bhfinn *Eamhna*

Agus atá ag briseadh mo chroidhe im chliabh bheith ag éisdeachd le faoidhibh fiortruagha ban 7 fear an chóigidh, 7 lé golaibh arda ainmhíne ánradh 7 óglach Uladh ag caoineadh Chon gCulainn. Agus mar atáid Ultaigh⁶¹³ uile san Cheas Naoidhean et gan neart aca ar a dhíoghailt ar fhearaibh Éireann,” et adubhairt an laoidh 7 ní fhuil sí ann-so⁶¹⁴. Is ann-sin do-rónsad toirse 7 tromachlán leath ar leath .i. Laogh 7 Eimhir, 7 is ann ad-bheart Eimhir: “Dursan liom, a Laoigh,” ar sí, “ár sgaradh re chéile anois, 7 do budh suaimhneach ár gcomhnaidhe gus anois lé chéile in aoinionadh.” // [57] “Is fíor sin,” ar Laogh, “agus ní bhiú-sa ag giollaigheachd feasda ag aon duine eile go bráth tar éis mo thighearna féin.” “Uch is truagh leam-sa sin,” ar Eimhir, “agus a Laoigh,” ar sí, “nár athain Cú Chulainn mise dhíot, nó an dtug teagasg dá theaghlach?” “Ní thug,” ar Laogh, “achd do aithin díot-sa gan dol le fear go bráth achd muna dheachdá le fear d’fhearaibh Uladh.” “Do-ghéan-sa sin,” ar Eimhir, “óir ní bhead ag fear d’fhearaibh an domhain tar éis Chon gCulainn,” agus adubhairt an laoidh:

93. ⁶¹⁵Uchán ach, ón uchán ach,
 Ón ló do-chuaidh gus an chath,
 Bás Chon Chulainn Muirtheimhne,
 Mo chroidhe-se im chliabh ad-bhath.

⁶¹⁶Uchán, ní huch gan phudhair,

§92⁶¹³ A2, B, C = *Ulaidh*

⁶¹⁴ A3 = laoi: Dún Dealgan an dúnsa thiar, féach **Aguisín 2**. A2, B, C = ar iarraidh

§93⁶¹⁵ A2 = Tá an laoi le fáil, le dhá véarsa breise, B, C = ar iarraidh

⁶¹⁶ A2 = véarsa breise: Uch oile nochoaine an toch *gan eire*, fuil chru mo chroidhisi astoigh,

Uch oile cian bhus cumhain,
Tar éis na con go n-ardbhladh,
Biaidh uch ar ardaibh Uladh.

⁶¹⁷Luighim-se anois fá do láimh,
A bhean is áille do mhnáibh,
Dá sire mé⁶¹⁸ muir is tír,
Nochum fhaicfe rí 'na dháil⁶¹⁹.

An beag liom athaigh, a Laoigh,
Is abair gan iomarghaoidh,
Nár iomráidh meise an cú cain,
Suil do-thaoth san iomarghain.

Tug bheannachdain duit [ón]⁶²⁰ gcoin,
Fíor dhamh fada bhus cumhain,
[Dá roichir 'na dheoigh go fear]⁶²¹,
Gomadh fear d'fhearaibh Uladh.

Do-ghéan-sa ar Choin gCulainn soin,

as eadh dar liom dus meabhúil. (Níl ach trí líne sa véarsa, tá líne amháin scriosta amach).
§93⁶¹⁷ A2 = véarsa breise: Uch a Laoigh caidhe, budeasda do mhaoín, cuid ris an diongna do chor,
ar nadnachal do chon chaoimh.

⁶¹⁸ A2 = Da siubladh sibh

⁶¹⁹ A = Nochum fhaicfe rígh 'na dháil, A2 = Nach fuicfe tu rígh um dhail

⁶²⁰ A = an, A2 = on

⁶²¹ A = Dá dtí go fear 'na dheaghaidh, A2 = Da roichir na dheoigh go fear

A Laoigh, óir is é mh'ionmhain⁶²²,

Ní racha go fear feardha,

Achd lé fear d'fhearaibh Eamhna.

Éisd riom-sa athaigh, a Laoigh,

Abair riom, is rádh réidhe,

Innis damh, gidh fáth⁶²³ orchra,

Gá méid torchair leam chéile.

Do áirmheas⁶²⁴ céad iomaire,

I ndiaidh oirligh Chon gCulainn,

Céad laoch ar gach n-iomaire,

[Eadh do mharbh, fa feidhm fulaing.]⁶²⁵

Do áirmheas⁶²⁶ céad eitrighe,

D'éis mhadhma na con céadna⁶²⁷,

Céad laoch ion gach eitrighe,

Is eadh do mharbh go déadla.

Dom chubhais, ón dom chubhais⁶²⁸,

§93⁶²² A2 = A mhic Ri an Gabhra ruindhil

⁶²³ A2 = dal

⁶²⁴ A2 = aireas

⁶²⁵ A = ar lár, A2 = Eadh do mharbh fa feidhm fulaing

⁶²⁶ A2 = aireas

⁶²⁷ A2 = An diaigh aigh no coin cedhna

⁶²⁸ A2 = Dar mo chubhais

Gar bheag ré ndul 'na⁶²⁹ oidhidh,
Tighe⁶³⁰ nó sneachda ós cionn chnoc,
Fuil corp fá dhéis a chloidhimh.

Dom chubhais, ón dom chubhais⁶³¹,
Gar bheag ré ndol 'na⁶³² oidhidh,
Tighe⁶³³ nó cioth cloichshneachda,
Cnámha fá dhéis a chloidhimh. // [58]

Dom chubhais sin dom chubhais,
Liom gé thíseadh a [luinne]⁶³⁴,
Nocha dtug-san ar ainbhfeas⁶³⁵,
Dia dheis nó dia chlí buille.

Dom chubhais ón dom chubhais,
Ré ndol dúinn i gceann chatha,
Ní bhíodh-san gan m'fhéachain-se,
'S do fhéachainn gnúis na flatha.

Noch táinig críoch mo chumhadh⁶³⁶,

§93⁶²⁹ A2 = da

⁶³⁰ A2 = Tig

⁶³¹ A2 = Dar mo chubhais

⁶³² A2 = da

⁶³³ A2 = Tig

⁶³⁴ A = a shloinneadh, A2 = a luinne

⁶³⁵ A2 = Nach ttug dhamh iar na fes

Ro chráidh mo chiall is mo chruth,
Ionann cás dúinn, a Eimhir,
Táinig teimheal is fáth uch. Uch.

94. As a haithle sin adubhairt Eimhir: “Ní rach-sa seacha so nó go dtí Conall dom ionnsaighe.” “Ní córa do neach eile anmhain leis na sgéala-sin⁶³⁷ ioná dhamh-sa,” ar Laogh. Agus do ghabhadar ag osnadhadh ₇ ag éagcaoine timcheall Chon gCulainn leath ar leath, ₇ níor léig eagla Conaill dóibh Cú Chulainn d’adhlacadh nó go dtigeadh sé féin chuige.

95. Iomthúsa Chonaill, tar éis Mhaoil ₇ Mhiodhna⁶³⁸ do dhícheannadh dhó do ráidh: “Abradh neach agaibh lé hEarc mhac Cairbre teachd amach dom agallamh-sa, et muna dtí luighim-se fám bréithir nach bhfuil san mbaile uile líon a iong[h]abhála orm-sa nó go roichear dhá ionnsaighe.” Agus do hinniseadh sin d’Earc, et do éirigh agá chloisdin sin dó, ₇ ro ghabh a arma ₇ a éidigh uime, et táinig as an dúnadh amach ₇ trí chaoga curadh caithéidighthe maille ris. “Maith sin, a Eirc,” ar Conall, “is sádhál suaimhneach atá sibh tar éis Chon gCulainn do mharbhadh.” “Ná habair-se sin, a Chonaill,” ar Earc, “agus [ná] loigh⁶³⁹ do sbraigb[h]riathra orm-sa mar sin, óir ní íocfa mé éiric nó eineachlann riot-sa ann-sin, achd béim in aghaidh bhéime, ₇ goin in aghaidh ghona.” “Truagh sin,” ar Conall, “ní ghéabhainn-se ór an domhain ₇ airgead

§93⁶³⁶ A2 = Diom tainic crioth cumhadh

§94⁶³⁷ A2 = ris na sgeluibh sin, B = ré sgéalaibh, C = re sgéala

§95⁶³⁸ B = Mhaidhm

⁶³⁹ A = ní loigh, A2 = na himbirse, B = ná baghair, C = na himirsi

7 maítheas na huile uait-se iona éiric achd do cheann féin, 7 a chor ar an ngad-so i measg na gceann atá air,” agus ad-bheart an laoidh:

96. ⁶⁴⁰Sádhhal suaimhneach sin, a Eirc,
Tug Ultaigh i ndáil neimhneirt,
Ar ndícheannadh Chon gCulainn,
Duit-se is d’airdrí[gh] Deas-Mhumhan ⁶⁴¹.

Ná hiomaird ⁶⁴²orm do bhriathra,
Riot nocha n-íocfam fiacha,
Nochan fhaghair éiric dhe ⁶⁴³,
Achd béim in aghaidh bhéime. // [59]

Nocha sireabh fiacha ort,
Achd sgarfad do cheann read chorp,
I ndíoghail Chon na hEamhna,
Do chrádh mé fá mhímheanma ⁶⁴⁴.

Tarr amach is gabh do gha,
Go ndíoghlainn ort-sa mh’éagnach ⁶⁴⁵,
Go gcumaisgthear uime soin,

§96⁶⁴⁰ A2 = Tá an laoi le fáil, B, C = ar iarraidh

⁶⁴¹ A2 = Duitsi is do mhal na Mumhan

⁶⁴² A2 = Ni hiombhir

⁶⁴³ A2 = Nocho bhfuidhir fiacha dhe

⁶⁴⁴ A2 = Do mharbh tusa 7 [] Mumhan

⁶⁴⁵ A2 = Luach andearnuis diomargho

97. Is ann-sin do ionnsaigh cách a chéile dhíobh .i. Earc⁶⁴⁶ gona thrí chaoga laoch láidir lánchalma, 7 Conall iona uathadh 7 iona aonar 'na n-aghaidh uile .i. ríoghlaoch Éireann⁶⁴⁷ et fear taisdil 7 cuartaighthe an domhain, 7 aonuaithne catha na cruinne 'na chomhairsir féin achd Cú Chulainn amháin an tan do badh beó, óir is friu-sin araon nár ghabh uathadh nó sochaidhe ar muir nó ar tír do ló nó dh'oidhche riamh. Agus tugadar frasa dúra diana do-iong[h]abhála díogháire luatha lúthmhara leidmheacha dá n-armaibh áithe fhírneimhneacha in aoinfheachd ar Chonall, 7 do-rinne seisean roth rithneimhneach dá ruadhlainn ris na reamharghaoithibh, 7 táinig féin go calma confadhach ar a gceartlár gan choigill, 7 do thuairg iad do bhuilleadhaibh borba biodhbhamhla iona [thimcheall]⁶⁴⁸ go sanntach síorláidir seabhcamlail, et go fíochdha fírneartmhar fearamlail, gurbhó teasgtha taoibhghearrtha tréinfhir, et gurbhó leadhartha leathroinnte laoich, 7 gurbhó ciorrbhtha cneadhach créachdach caithmhíleadhaibh ó mhóirbhéimeannaibh meara meanmnacha an mhórchuraidh Conaill, gur ghabh gráin 7 gealtachd 'na [n]glanchuraibh, 7 criothmhaidhm chlaoinbrise 'na [g]caithmhíleadhaibh, uamhan 7 imeagla uafásach in airdríoghaibh, tuiseal 7 tréinteitheadh 'na dtréinfhearaibh, laige 7 láinghealtachd iona laochaibh, briseadh 7 buainréabadh ar a mbuidhnibh, ár 7 oirleach 7 athchuma ar a n-ánradhaibh, falach 7 fobairt ar a bhféinneadhaibh, siobhal 7 seachrán ar a sochaidhibh, ón luighe

§97⁶⁴⁶ A2 = (+) mac Chairbre Nía Fir

⁶⁴⁷ A2 = ríghlaoch iarthair Eorpa

⁶⁴⁸ A = iona mboirdthimcheall, A2 = na thiomchioll, A3 = na thimchiall,
B = ina thimpchioll, C = iona thímchioll

ainmhín ainiarmhartach chruaidh churata chathláidir-sin Conaill Chearnaigh⁶⁴⁹, gurbhó maidhm 7 teitheadh go tinneasnach gan chuimhne, gan chéill, gan chathughadh don chruadhchath-soin as an áit a rabhadar ar an maigh-sin 7 i dtighibh 7 i gcladhaibh 7 // [60] i gcaoim[h]chearnaibh na Claoin-Theamhra, gur fhágghadar a dtriath 7 a dtighearna 'na aonar in éagcomhlann, go dtug Conall sáthadh sanntach neartmhar neimhneach neamhthuirseach don Chúlghlais cheinngheir chruaidh chrainnreamhair chatha i mullach a ochda 7 a urbhruinne d'Earc, gur chuir ceann na sleighe tar a seamannaibh tréna cheirtmheadhón, gur dhiaibhris a dhruim iona cheartlár, et tug coilgbhéim cruadhhláidir tarrsna a thaoibh 7 a thromcholla don tréinmhílidh, go ndearna dhá órdain de eidir sgéith 7 chloidheamh 7 chorp 7 chathlúireach, et do bhean a cheann de as a haithle, 7 do chuir ar an ngad é. “Is maith leam,” ar Conall, “an ceann do bheith agam dá chur ar an ngad i ndíoghail chinn Chon gCulainn.” Agus do chuir an ceann go Teamhraigh, 7 táinig féin i ndiaidh na madhma-sin go Teamhraigh, 7 do ghabh ag marbhadh 7 ag móirdhíothughadh mhuintire Eirc go dtorchair leis caoga curadh um dhoirsibh na Teamhrach. Agus táinig Muireadhach mhac Fhearghusa .i. taoiseach teaghlaigh Eirc mhic Cairbre 7 luchd coimhéada na Teamhrach maille ris do dhíoghail Eirc ar Chonall Chearnach, 7 do fhógair Muireadhach comhrag ar Chonall, et do fhágaibh céad laoch ar gach doras do dhoirsibh na Teamhrach dá coimhéad ar Chonall, et táinig céad curadh iona fharradh féin do fhreagra comhraig do Chonall. Agus do ionnsaigh an caithmhílidh cosgrach .i. Conall, an comhrag-sin, et do ghabh agá slaidhe 7 agá síorbhualadh do bhuilleadhaibh sanntacha seadhmhara sruthbhorba, 7 do ghonaibh doimhne díomhóra

§97⁶⁴⁹ A2 = gur ghabh grain 7 eagla 7 crideanbais muintir Eirc onurladh ainiarmurtach sin Conaill Chearnaigh fortha

dlúithmheara. Achd atá ní cheana, do thuiteadar an céad laoch-soin timcheall Muireadhaigh san móirghleó-sin lé Conall. Agus táinig Muireadhach féin iona mhaidhm 7 iona mhíochosgar mhóirtheithidh d'ionnsaighe a mhuintire, et do ráinig ar dhoras do dhoirsibh na Teamhrach. Do ghreannaigh sé Conall do theachd dá ionnsaighe arís, 7 do fhógair comhrag fair. Agus do ghabh ag aithisiughadh 7 ag imdheargadh Conaill do bhriathraibh móra míleata, et mar do-chualaidh Conall na mórg[h]otha-sin⁶⁵⁰ Mhuireadhaigh, do líon ruathar róbhorb reachdmhar // [61] robharta san rímhílidh, et fiuchadh fíormhór feirge, 7 tonn anfadhach agarbh ainiarmhartach aingidheachda san ardfhlaith, et táinig go mear mórdhásachdach, 7 tug buille tothachdach tréanurlaidheach ar na treisbhéimeannaibh, 7 éasgaidheachd ullamh urm[h]aisneach ar a iombualadh, gur thuit céad laoch don chuinnsgleó-sin leis, 7 do-chuaidh Muireadhach ar éigin uadha an dara feachd, 7 do ionnsaigh an dara doras do Theamhraigh, 7 an tan ráinig ann do fhógair comhrag ar Chonall a gcéadóir, et táinig Conall go santach sírdhíochra dá ionnsaighe, 7 do ghabh go marbhtach mórairgtheach ag mudhughadh 7 ag míochórughadh Mhuireadhaigh 7 a mhuintire an treas feachd, gur thuit an céad laoch-sin leis go láinghníomhach leadarthach ar an láthair-sin, 7 do imthigh Muireadhach le toradh a reatha 7 a rionnluais 7 a láidreachda ó Chonall an treas feachd, 7 do ionnsaigh an treas doras do Theamhraigh. Ciodh thráichd, torchair céad laoch ar gach doras do dhoirsibh na Teamhrach le Conall, 7 do dhícheann sé Muireadhach féin fá dheireadh ar laochlár na Truim-Theamhra don tréanruathar-soin, 7 do chuir a cheann ar an ngad as a haithle. “Is maith leam,” ar Conall, “an ceann-so Muireadhaigh do chur ar an ngad ar son a ndearna dom ghríosadh 7 dom ghreannughadh, et dá madh dual d’Earc an baile-se do bheith aige

§97⁶⁵⁰ A2 = morbhriatra, C = mórgotha, B = ar lár

do loisgfinn-se é, et is é imleacán oireachais Éireann, 7 ní loisgeabh é,” agus adubhairt an laoidh, 7 ní fhuil annso⁶⁵¹.

98. As a haithle sin táinig Conall roimhe go maoidhmheach móiréachdach a Teamhraigh amach d’éis ar thuit leis do chéadaibh 7 do churadhaibh na Claoin-Teamhrach, et an t-eolas a dtáinig ó Theamhraigh tarla Colla Fáthach⁶⁵² dhó arna fhággháil do Lughaidh mhac Con Raoi ag foraire 7 ag forchoimhead air féin, et do fhreagair cách a chéile dhíobh, 7 do ghabhadar go calma caithbheódha ag comtharraing 7 ag comthurgain a chéile gan choigill, 7 tug Conall béim neimhneach náimhdidhe neartláidir do Cholla san chumasg-sin, gur bhean a cheann don chruaidhbhéim-sin don churaidh, 7 do chuir an ceann-soin ar an ngad⁶⁵³. “Dar ár mbréithir ámh,” ar Conall, “is maith linn ceann mhic Fáthaigh do bheith iona // [62] leadhbhaibh leadartha 7 iona chosair chró im fhiadhnaise,” agus adubhairt an laoidh ann:

99. ⁶⁵⁴Ceann Cholla mheic Fáitheamhail,

Do sgaras-[s]a re a mhéidhe,

Ní soraidh do dhearg a dhreach,

Ag foraire Chinn tSléibhe.

Is maith leam-sa mar do sguir,

§97⁶⁵¹ A3 = 7 adubhairt an laoi sni fhagham í, A2, B, C = ar lár

§98⁶⁵² A2 = Colla mac Faiteamhail, B = Colla mhac Fathamhuin, C = Colla mac Fathamhain

⁶⁵³ B = (+) 7 do bhíodh *Ceann Biorruide* ag goidh na cceann 7 dá léigion don ghad a ndóigh *gur móide* do dhéanadh Conall *éachta* é.

§99⁶⁵⁴ A2 = Tá an laoi le fáil, B, C = ar iarraidh

Mo shleagh d'fhothragadh 'na fhuil,
I ndíoghail Chon gCulainn sein,
Ionar fhothraig-sean a shleigh⁶⁵⁵.

Creamhnais curadh fá buan bladh,
Do ghabh sé le ruadhadh reann⁶⁵⁶,
Níor féadadh don chath a chlódh,
Achd gurbh iomdha slógh 'na cheann. Ceann.

100. Táinig Conall go cródha confadhach tar éis an chomhraig-sin, et an t-eolas do-chuaidh tarla Cuilleann Bhreagh dhó, 7 bá tréinfhear teann toghtha, 7 bá caithmhílidh calma comhradhach i gcathaibh 7 i gcomhlannaibh an Cuilleann-sin, 7 do dhícheann Conall go prap é, 7 do chuir a cheann ar an ngad, 7 do ghabh ag marbhadh 7 ag míochórughadh a mhuintire as a haithle, go ndearna aonmhaidhm anbhuaineach dá raibhe san gcathraigh uile roimhe eidir mhnaoi 7 fhior 7 chrodh 7 cheathra, 7 do ghabh Conall ag maoidheamh chinn Chuillinn do bheith ar a chur féin aige agus ad-bheart an laoidh:

101. ⁶⁵⁷Cuilleann Bhreagh a bruachaibh Meadh,

Atá sunn 'na chosair chró,
Do chlaochlaigh a dhealbh 's a dhreach,
Badh tearc neach fá comhlann dó.

§99⁶⁵⁵ A2 = Nar fotraic a thsleigh neimhnigh

§100⁶⁵⁶ A2 = Eadh ros gabh re ruadhadh reand

§101⁶⁵⁷ A2 = Tá an laoi le fáil, B, C = ar iarraidh

Cuilleann Bhreagh a bruachaibh Meadh,

Atá sunn 'na luighe cró,

Nochar thadhail fiadh nó [frao(i)ch]⁶⁵⁸,

[Ceathrar laoch fa chomhlann dó]⁶⁵⁹.

Ro fhearsamar comhlann cruaidh,

Ar bhéalaibh sluaigh t[h]oghtha t[h]ruim⁶⁶⁰,

Mo shleagh ag goin th'ochda in ágh,

Ro badh corcra bláth an chuill. Cuilleann.

102. Táinig Conall roimhe iar sin go Fíodh Rocaime⁶⁶¹, et do-chonnairc dheathaigh dhíomhóir do leataoibh an fheadha i gcomhghar dhó. “Is fíor sin,” ar sé, “is dream éigin d’fhearaibh Éireann atá ann-súd, 7 cuid do bhuar 7 do bhraighdibh Uladh aca ann.” Agus táinig Conall roimhe d’ionnsaighe na teineadh, 7 is iad do bhí ann Clann Chailitín, et mar do-chonnairc-sean na hamaideadha adhuathmhara urghrána-sin do aithin iad, 7 adubhairt gurob iad a bhíodhbhadha bunaidh do bhí ann .i. Clann Chailitín, 7 // [63] do ráidh Conall: “Beirim a bhuidhe ris na déibh dá n-adhram mé féin do bhreith oraibh, 7 ní tharla chugam riamh ar muir nó ar tír turchairthe badh fearr liom do chur chugam ioná sibh, et gion go dtuitfidhear leam-sa d’fhearaibh Éireann i ndíoghail Chon gCulainn achd Clann Chailitín ’na n-aonar do badh maith

§101⁶⁵⁸ A = frach, A2 = Nochair tharail fíodh no *fraoich*

⁶⁵⁹ A = Aran magh fá comaidh dhó, A2 = Ceathrar laoch fa *chomhlann* do

⁶⁶⁰ A2 = thogtha *thruim*

§102⁶⁶¹ A2 = Fíodh Chaomhe, B = Fíodh Cró Caoimhe, C = Fíodh Cró Caoimhe

mo thoisc 7 mo thuras in Éirinn do dhíoghail Chon gCulainn, 7 mochean do-bhéaradh na sé cinn-úd leis d'ionnsaighe na hEamhna⁶⁶², et is faoilteach do bheidís bantrachd 7 bannála, maithe 7 móruaisle Uladh agá bhfaicsin," agus adubhairt an laoidh ann:

103. ⁶⁶³Ní hiad na cairde rom char,

Theagmhas damh ó atú im aonar,

Budh foirdhearg an féar 'ga bhfuil,

Fúicfead-sa a mbaidhbh⁶⁶⁴ fa chonaibh.

Béarad-sa bhur gcinn budh thuaidh,

A Chlann[a]⁶⁶⁵ Chailitín chruaidh,

Tuitfidhthí⁶⁶⁶ liom gan taise,

Do neimh chruaidh na Cúlghlaise.

Gach ar mharbhas-[s]a uile,

Eidir mhagh mhín is mhuine,

Mór is fearr liom an líne,

Nó ar mharbhas do choimhdhíne. N. Í.

104. Is ann-sin do ionnsaigh Conall go dian díochra dásachdach dochum na teineadh⁶⁶⁷, 7 do ghabh ag slaidhe na sluagh et agá síorbhualadh, et do éirgheadar na

§102⁶⁶² B = as buídeach do bheinn díot a Chinn Biorruide 7 na cinn úd do bhreith go hEamhuin Mhacha, C = is buidhíoch do bheinn don tí do bhéaradh na sé cinn sin go hEamhain Macha

§103⁶⁶³ A2, B = Tá an laoi iontu, C = ar iarraidh

⁶⁶⁴ A2 = a ccuirp, B = a mbeal

⁶⁶⁵ A3, A4 = A Chlanna

⁶⁶⁶ A2 = Tuitfidh, B = Tuitfidhe

hamaideadha go huathfásach uireaglath ar a n-aonchosaibh 7 ar a n-aonlámhaibh, et do ghabhadar go fraochghonach firneimhneach ag lot 7 ag laochbhualadh ar Chonall, et ó fuair seisean in anbfhainne dhraoidheachda 7 diabhlaidheachda iad, do ghabh go lúthmhar láinbheódha luathghonach loinngníomhach agá laochbhualadh, 7 níor sguir do na hamaidibh taobhainmheacha trochamhla-sin, nó gur thuiteadar do na bráthbhuilleadhaibh borba buanmharbhthacha-sin, 7 do bhean na sé cinn díobh, 7 do chuir ar an ngad iad.

105. Táinig Conall go subhach soimheanmach san slighe ar mbreith chosgair 7 chomaoidhmhe Chloinne Cailitín dó, et táinig roimhe go Magh nAirgeadrais 7 tar Glaise Chroinn fris a n-abarthar Glaise Chró aniú, 7 mar do bhí ann do-chonnaire an cath // [64] coimheagair ceangailte arna chórughadh fana chomhair, 7 is é do bhí ann Connla .i. comhdhalta Lughaidh mheic Con Raoi, 7 teaghlach Lughaidh maraon ris. Agus do ionnsaigh an caithmhílidh 7 an curadh céadach cathbhudhach comhramhach curata-sin .i. Conall, iad et do ghabhadar ag comhthuargain a chéile gan choigill go hainiarmhartach éichdbheódha áitheasach ag cnáimhghearradh 7 ag coimhleadrath chorp 7 chaomhcholainn a chéile, et tugadar na sluaigh ceatha coimhthiugha, 7 sáitheadha sianluatha saighead, 7 frasa fíormhóra faobhairghéara foghadh d'ionnsaighe Conaill. Agus níor ghabh-san ó ghonaibh nó ó iombualaibh nó ó bhorburcharaibh na bruidhne-sin, ach do ghabh go marbhthach móiréachdach ag slaidhe 7 ag síorbhualadh na sochaidhe, gonach deachaidh aoinfhear as díobh achd muna dheachaidh duine i maidhm nó i míochosgar, et do thuit deich gcéad díobh in eochairimlibh an átha anonn 7 anall, et do chomhraig Conall 7 Connla re chéile fa

§104⁶⁶⁷ A2 = (+) 7 ro ghabh a lann *leathan lanfaobrath* 7 a leabhurga lan mor ina dha laimh

dheireadh re headh 7 re hathaigh fhada, 7 do ghabhadar ag iombualadh sgiath 7 cheann 7 chathbharr a chéile, et do thuit Connla fa dheóigh do bhuilleadhaibh cathardha cruaidhe calma Conaill, et do dhícheann Conall as a haithle é, et do chuir an ceann ar an ngad, 7 do ghabh ag féachain an áir anabaigh-sin⁶⁶⁸, 7 na méidheadha maoildearga ag snighe 7 a gcuirp uile comhosluigte ag coimhtheilgean a gcaomhfholá, et na sruthlinnte dearga dianluatha donnfhola ag sileadh sa nglaise gurbhó caoba cró 7 linnte fola foirdheirge an ghlaise ghlanfhuar ghainmhidhe-sin. “Budh Glaise Chró a hainm go bráth tar éis an ghníomha-so,” ar Conall, agus adubhairt an laoidh:

106. ⁶⁶⁹ An ghlaise-se Glaise Chró,

Leanfaidh dhi ní hiomarghó,

Cosair deich gcéad méidheadh fear⁶⁷⁰,

San sruth-so ro shileasdar⁶⁷¹.

Connla comhdhalta Lughaidh,

Ro ba taoiseach é tar lear⁶⁷²,

Nó go tarla meise ris⁶⁷³,

Dóigh leis go ndingéabhadh fear⁶⁷⁴,

Silidh gach méidhe san sruth,

§105 ⁶⁶⁸ C = ina thímchioll

§106 ⁶⁶⁹ A2 = Tá an laoi le fáil, le véarsa 2 agus 3 in áit a chéile, B, C = ar iarraidh

⁶⁷⁰ A2 = O choscar cedh meigheadh fear

⁶⁷¹ A = ro shileasdair

⁶⁷² A2 = Bu taoiseach luingeas is laochradh

⁶⁷³ A2 = Gur choisc misí an míli mear

⁶⁷⁴ A2 = Dar leis co coiscfeadh trenfhear

Mór sochaidhe ar a dtug uch⁶⁷⁵, // [65]

Nochar thadhail Brugh Banbha,

[Laoch mar Chonall chathchalma]⁶⁷⁶.

[D]ob⁶⁷⁷ inibhe an tráth-so ané,

[Uisce glan na glaise-se]⁶⁷⁸,

Ní bá hinibhe go se⁶⁷⁹,

Deoch d'uisge na glaise-se. A.

107. Táinig Conall roimhe go Magh nAirgeadrais ann-sin, óir is ann baoi Lughaidh mhac Con Raoi gona chath cóirighthe ar a chionn⁶⁸⁰. Ní teitheadh nó iong[h]abháil tugasdar Conall orra, achd do ionnsaigh iad i gceann chatha a gcéadóir⁶⁸¹, 7 ro badh samhalta lé hoireagar tuinne coirpghile Cliodhna ag diubhracadh a hiasgaigh fa

§106⁶⁷⁵ A2 = Sochaidh dar ab adbhar uch

⁶⁷⁶ A = Laoch [...] ar chomhlann calma, A2 = Laoch mar Chonall chathchalma

⁶⁷⁷ A2 = Dob

⁶⁷⁸ A = Deoch d'uisge na glaise-se, A2 = Uisce glan na glaise se

⁶⁷⁹ A2 = Ni ba hinibhe co brath de

§107⁶⁸⁰⁻⁶⁸⁰B = 7 maithe Chloinne Deághaidh ina fharradh, 7 míleadha meara móraigeantacha 7 laochradh lánláidir ina sochraide, is ann sin táinig fá na ríghbhuidhnibh rómhóra sin 7 do chuir Conall a ccéadóir gan chumasg gan choigilt an chraoiseach chrannteamhar chruaidhríghin a ccorpaibh curadh 7 cathmhíleadh gur bá leadartha laoich 7 gur bá maslaighthe riligh Chloinne Deághaidh go rabhadar ina sgiathbhuidhnibh sgaoilteacha go nach rac feidhm iná fóirighthin deise ná trír ná ceathrar dona céadaibh 7 dona curadhaibh sin ré cosnamh ná ré cothúghadh 7 níor gabhadh fris nó go ráinig mar a raibh Lúghaidh mhac Conraoi 7 do raidh iis do ghuth árdmhór fhollusghlan na briathra so, a Lúghaidh, ar sé, comhaill do mhionna 7 cuimhnidh ár ccomhra 7 ná seachuin iomghoin ná iombualadh 7 ná gabh coimeirce óir ní huaimse rachair muna ndeachair ar teitheadh gan do cheann do bhuaín díot, muna bhfuil Cú Chulainn sleamhuin slánchrechtach agad fám chómhair, ní bhfuil go deimhin, ar Lughaidh, 7 ó nach fuil sé beó agam ní bhfuilim ionchómraic lé curadh ná lé cathmhíleadh mar thusa oir do bhean an claidheamh cruaidhghéar colgdhíogain do bhí a láimh Chon gCulainn lúth mo láimhe deise dhíom 7 fós mo lámh chlí is fórdhearg 7 as fuileach í ó thoinnsiomh an tromchlaidhimh chéadna sin.

⁶⁸¹ A2 = (+) 7 ro ardaigh a aigneadh 7 ro mhéadaigh a mheanmna 7 ro iondsuighi na sluaigh go sothall so ullamh 7 ro ghabh ag slighe 7 ag sliosbhuaileadh amhlaidh oireagar tuinne comhmoire

cuirpghile crithnighe ag ccomhdhiubracadh a hiascaigh fo thir

thír⁶⁸² .i. Conall ag diansgaoileadh 7 ag dianmharbhadh Chloinne Deadhaidh iona thimcheall, nó go dtorchardar leis dóidh fria dóidh 7 uille fria huille 7 oirbhe fria oirbhe, go rabhadar go linntibh fola dá éis, et ro chomhraig sé féin 7 Lughaidh re chéile.⁶⁸⁰ “Maith, a Chonaill, ” ar Lughaidh, “nochan ionchathaighthe sinn ’nár ndís .i. tusa, 7 do lámh ar do chumas féin agad, 7 meise ar leathláimh .i. ceangailtear do lámh dheas-[s]a, a Chonaill,” ar sé. ⁶⁸³Do ceangladh lámh Conaill iar sin, et as a haithle sin do ghabhadar dá chloidheamh chlaisleathna chruaidhghéara chatha, 7 do ghabhadar ag gleóbhualadh a chéile go héasgaidh aduathmhar easmhuinteardha, go dtug Lughaidh béim cruaidhghéar cíocrach do Chonall, gur ghearr 7 gur ghéarleadair na ceangail 7 na cruadhchuibhrighthe do bhí ar leathláimh Chonaill.⁶⁸³ “A Chonaill chaoimh chosgarthaigh chathbhuaidhaigh,” ar Lughaidh, “ceangail mar do choimhgeallais do lámh go lán daingean.” “Ní dingeantar don duladh-so,” ar Conall, “óir an tan tugas ceangal 7 cuibhreach uirthé rob aithreach leam é, et an lámh do sgaoilis féin dod luathbhuillibh ní ceingeóltar budheasda.” As a haithle sin do luathaigneadar ar a lámhaibh, 7 do bhrosdaigheadar a mbuileadha, 7 do ghéaraigheadar go sanntach sruthbhorb ar na sárg[h]onaibh-sin 7 do [...]⁶⁸⁴ cruadhchroidheadha na gcuradh-soin go léimneach lúthmhar leómhanta, go

§107⁶⁸² C = ríó *badh* cosmhail ré héirghe tuinne tréine tromanfach ag briseadh fó thír, B = ar lár

⁶⁸³⁻⁶⁸³ B = Is ann sin do ceangladh 7 do cruaidhchuibhrigheadh lámh dheas Chonaill lé slabhradha iarnaidhe 7 as amhlaidh do bhí Conall ní thug sé goin ná urchur dá láimh clí a ló ná an oidhche riamh gus an am sin 7 as amhlaidh do bhí Lúghaidh do *badh* comhdheas é dá dheis 7 dá chlí 7 do ghabhadar ag cómhthuargoin a cheile dona lannaibh lánghéara gur ba cneadhach creachtnaighthe na cathmhílidh don choinnsgleó sin *gidh eadh* do bheireadh Lúghaidh dá bhéim fán mbéim do Chonall san cómhrag sin go *nach* lámhadh a ceann do thógbháil 7 ní bhfuair Conall roimhe sin riamh a ccath ná a ccómhrag árc ná éigion ná guasacht *badh* mó leis ná an cómhrag sin 7 tugus Lúghaidh buille borb dhíochra társna a chuirp 7 a thaoibh ar Chonall gur ghearr na téada 7 na slabhradha do bhí air don tuathbhéim sin go *nach* roibh feidhm ná fóghnamh ar ghlas ná ar shlabhra diobh ionnus go ro chumus a dhá lámh ré lúthmhaireacht ag an laochmhíleadh 7 dathruidh an claidheamh as a chléiláimh ina láimh deis.

⁶⁸⁴ A, A2, B, C = ar lár

confadach coimhfheargach conamhail iona gcaomhchorpaibh 7 cuimhnighis cách a bhfalta 7 a //[[66] bhfior[m[h]iosgais]⁶⁸⁵ fola go reachdmhar runalach dia roile. Achd atá ní cheana, [torchair]⁶⁸⁶ Lughaidh do chruaidhbhéimeannaibh curata Chonaill Chearnaigh, [7 dícheannais]⁶⁸⁷ é as a haithle. Do éirigh alla báidhe Chonaill le [a mhac]⁶⁸⁸, 7 is eadh adubhairt: “Muna dícheanntá-sa Cú Chulainn,” ar sé, “do badh [lán-leas]g⁶⁸⁹ liom-sa do dhíth-se 7 do dhícheannadh, uair is eisean [an treas]⁶⁹⁰ athair ar seilbh a raibhe sé .i. Conall Cearnach 7 Cú Chulainn 7 Cú Rai mac Dáire.

108. As a haithle sin do chomhraig Conall 7 Gabhal Ghlinne mhac [D]eadaidh⁶⁹¹, 7 tuiteas Gabhal Ghlinne don ghairbhghleó-sin Conaill Chearnaigh, 7 dícheannais Conall go deaghtapaidh é, et torchair Glas mhac Deadhaidh le [Conall]⁶⁹² 'na dheaghaidh sin⁶⁹³, et torchair [deichneabhar 7 dá]⁶⁹⁴ fhichid do chlannaibh datha Deadhaidh leis⁶⁹⁵ don toisg 7 don tréanturas-sin, et do chuir na cinn uile go hiomlán

§107⁶⁸⁵ A = ar lár, A2 = a seanfhalta 7 a nuathfhalta, A3 = a bhfalta 7 a bhfior miosgais, B = a bhfala 7 a bhfaltanus, C = ar lár

⁶⁸⁶ A = ar lár, A2 = thorcuir, A3 = torchair, B, C = thuit

⁶⁸⁷ A = ar lár, A2 = dicheannais, B = díthcheantar, C = díthcheannus

⁶⁸⁸ A = ar lár, A2 = re a mac, B = ré Lúghaidh, C = lé na mac

⁶⁸⁹ A = ar lár, A2 = lanleasc, B = leasg, C = ar lár

⁶⁹⁰ A = ar lár, A2 = an tres, C = treas, B = ar lár

§108⁶⁹¹ A = ar lár, A2 = Deagaidh, B, C = Deaghaidh

⁶⁹² A = ar lár, A2 = Conall, C = Conoll, B = ar lár

⁶⁹³ B = 7 do ghabh buile chatha Conall asa haithle sin 7 do bhí ag sloighe na slógh 7 do bhí ag marbadh 7 ag míchórúghadh na laochradh da gach leath nó gur thuit caogadh ríghmhíliodh do mhaithibh Chloinne Deaghaidh leis ar an láthair sin 7 do bhean a ccinn uile dhíobh do chuir ar an ngad iad. Téid Conall iar sin go hEamhuin iar mbuaidh gcosgair ar an mhéid df[.] Éireann nach ar thuit lé Cú Chulainn a mbreisligh mhóir Mhúighe Muirtheimhne 7 rug lán an ghaid leis do cheadnach maithe bhfear nEireann do bhean díobh ar an ndeargruathar sin a ndíoghuil bháis Chon gCuloinn 7 do badh dubhach drochmheanmach do bhádar uaisle 7 mná 7 mílidh na hEamhna ar bhfaicsin Conaill dá nionnstúighe 7 iar teacht Chonaill do láthair chúca do chuir a thín tromghártha caointe as ós áird maille ré hóguibh na hEamhna ag caoineadh a ccarad 7 a ccoigcéile ie Chon gCuloinn. Gonadh í sin Breisleach Múighe Muirtheimhne 7 Oíge Chon gCuloinn gonuige sin arna sgríobhadh lé hEóghan Ó Caoimh 1684.

⁶⁹⁴ A = ar lár, A2 = deichneamur 7 da fhichit, B, C = ar lár

⁶⁹⁵ C = do díthcheanadh ceithre taoisigh Chloinne Deaghaidh leis

ar an ngad. Ciodh tráchd, ro badh lán an gad do cheannaibh ríogh 7 ruireach 7 rodhaoine bhfear nÉireann, et ro chuir Conall ar a mhuinte iad as a haithle, 7 do imigh roimhe i bhfrithing na [conaire]⁶⁹⁶ céadna, nó go ráinig go Dún dreachsholas Dealgan mar a raibhe corp Chon gCulainn, 7 do léig na cinn ar lár ar an bhfaithche, 7 do chuir ar chuailleachaibh bioracha Bodhbha iad i dtimcheall na faithche ar gach leath, et do léigeadh griothgháir adhbhalmhór fan dúnadh ag faicsin na laoi-cheann ar na leabharchuailleachaibh dhóibh. Do éirigh Eimhir amach ann-sin⁶⁹⁷. “Déantar iaramh corp an chaithmhílidh d’adhlacadh budheasda,” ar sí. “Fáilte ród, a Chonaill,” ar Eimhir, “agus innis dúinn créad iad do línibh for a rabhadar na cinn adchiú for na biorchuailleachaibh Bodhbha,” agus do-rinne an laoidh ann.⁶⁹⁸

109. ⁶⁹⁹A Chonaill, gidh hiad⁷⁰⁰ na cinn,

Is dearbh linn gur dheargais t’airm,

Na cinn-sin do bhí ar an ngad,

Sloinntear leat na fir dan faidhb⁷⁰¹.

§108⁶⁹⁶ A = ar lár, A2 = *conaire*, C = conaire, B = ar lár

⁶⁹⁷ C = (+) 7 is *eadh* adubhairt, mo mhóirchean fiadh 7 fáilte romhat a ríghmhílidh 7 ní bás don Choin chéichtiomda na hEamhna ó do mhairis ad fhear díoghalta fala dUlltachaibh dá éis

⁶⁹⁸ A = (+)Ailidh trócaire dom anmain.

§109⁶⁹⁹ A2 = Tá an laoi le fáil, ach tagann v. 9-10 roimh v. 7-8, agus tá véarsa breise i ndiaidh véarsa 13. C = Tá an laoi le fáil, ach tá v. 24-25 ar lár, agus tá véarsa breise i ndiaidh v. 29, B = ar iarraidh. Tá cúig véarsa breise ag tús na laoi i roinnt lámhscríbhinní, agus tá teacht orthu mar laoi neamhspleách in áit *A Mhaine Móiebeart fochean* i roinnt lámhscríbhinní i ngrúpa A1. Tugaim anseo iad as RIA 23 C 22:

Sgeal Chú Chuluinn os árd, Aithris dúinn a Mhainne mhórgharg, Cionnas do fráochadh an Chú Eámhna, Sul traochadh a mhóirmeanna. / Is ámhlaidh fúaras an Cú chalma, Mar budh lánmhaith lem mheanna, Ag imtheacht anonn don laoi loinn, Na heóin ag luíge ar a choluinn. / Na habair sin a Mhainne, Is ná beir béim air an míleadh, Is ná cloistear é úait a bfad, *Air* uair cosgra do námhad. / Ní *air* fhúath adeirinsé, A Chonnaill mhóir is geal gné, Ní dúinne nách adhbhar uaille, Na heóin *air* choin na Cráoibherúaidhe. / Is a ndíoghal Con na hEámhna, Le Connall na celeas ccalma, Go téid Mainne an athrach sgéil, Curadh na *nairm* naidhbhéil.

⁷⁰⁰ A2 = ca sealbh

⁷⁰¹ A2 = *dar* faoidhbh, C = *dár* bainn

[A]⁷⁰² inghean Fhorghail na n-each,
A Eimhir úr na mbreath mbinn,
Is i ndíoghail Chon na geleas,
Tugas leam andeas na cinn. //[67]

Cuich an ceann malachdhubh mór,
Deirge ná an rós a ghruaidh ghlan,
Is é is neasa dom leith clí,
Ceann an rí[ogh] nár athraigh dath.

[C]eann⁷⁰³ rí[o]gh Midhe na n-each luath,
Earc mhac Cairbre na ngruadh ndearg⁷⁰⁴,
I ndíoghail mo dhaltáin féin,
Tugas liom i gcéin an ceann.

Cuich an ceann-so dom leith clí,
Deirge a lí, ní lochd dá dheilbh,
An ceann ó tharla gan chorp,
Is maith leam gidh olc le Meidhbh.

Maine [Móeibeart]⁷⁰⁵ na n-each,

§109⁷⁰² A = ar lár, A2, C = A
⁷⁰³ A = ar lár, C = Ceann, A2
⁷⁰⁴ A2 = na ccuach ceam

Mac Meidhbhe do chreach go⁷⁰⁶ cuan,
Ar sgarthain a chinn 'sa chuirp,
Liom uile do thuit a shluagh.

Cia an dá cheann-sa ar m'aghaidh thoir,
A Chonaill mhóir go ngoil ngaoith,
Geal a n-aignthe, dubh a bhfuil,
Deirge a ngruidhe ná fuil laoigh.

Ceann Mhaoil agus Mhiodhna mhóir,
An dá cheann-soin is dóigh linn,
Aca fuaras ceann na Con,
Ag múr Teamhrach na sgor slim.

Cia an ceann-soin ar m'aghaidh thall,
Go bhfolt bhfann, go maladh slim,
Rosg mar oighreadh, déad mar bhláth,
Áille sa⁷⁰⁷ chách cruth an chinn.

Is leis sin do thuit an Cú,
Do-rad a chorp fá chrú thais,
Lughaidh mhac Con Raoi na reann,

§109⁷⁰⁵ A = Mó Eibirt
⁷⁰⁶ A2 = *gach*, C = *gach*
⁷⁰⁷ A2 = *na*, C = *seach*

Tugas a cheann leam tar ais.

Cia an dá cheann-sa ar m'aghaidh theas,

A Chonaill mhóir na gcleas lúith,

Aon dath ar fholtaibh na bhfear,

Deirge⁷⁰⁸ a ngruidhe, geal a ngnúis.

Cuilleann Bhreagh is Connla cruaidh,

Dias do-bheireadh buaidh le a bhfeirg,

A Eimhir ag sin na cinn,

Tugas a gcuirp fa linn ndeirg.

[Cuich na sé cinn-se is olc néimh

Do-chím féin ar m'aghaidh thuaidh]⁷⁰⁹

Gorm a n-aighthe, dubh a bhfuil,

Siabhra a ruisg, a Chonaill chruaidh.

⁷¹⁰A dtéarna ó chleas na Con,

[Do Chloinn Chailitín modh ngnáth]⁷¹¹,

Do mharbhas-[s]a an seisear badhbh,

§109⁷⁰⁸ A2, C = *Dearg*, B = ar lár

⁷⁰⁹ A = Cuich na sé cinn-se is olc niamh, Do-chím ar m'aghaidh adtuaidh

A3 = Cuich na se cinnse is olc neimh, Do chím *fein ar maghaidh thuaidh*

⁷¹⁰ A2 = véarsa breise: As iad sud na se baidhbh, do ciu marbh sa mbel re gaoith, *Clann Cailitín lucht na ccleas, dream nach raibhe ar leas mo laoch*. B, C = ar lár

⁷¹¹ A = Do Chloinn Cailitín reir choir sgáth, A2 = Do Chloinn Chailitín fa [...],
C = Do Chloinn Chailitín modh ngnáth, B = ar lár

Do thuitsead lé m'arm seach chách.

Cia na cinn-se is faide amach,
A Chonaill mhóir do bhrath badhbh,
Ar ghrádh [t]h'oinigh ná ceif orm,
Ainm na deise do dhonn t'arm. //[68]

Ceann Laoghaire is Chláire Cuilt,
An dá cheann do thuit leam ghuin,
Do ghonsad Cú Chulainn cairn,
Tríd do dheargas mh'airm 'na bhfuil.

A Chonaill ó Áth Fir Dhiadh,
Cia hé an ceann-so dar ghiall cách,
Go n-ór fá thrilsibh an chinn,
Go gcumhdach slim d'airgead bhán.

Ceann mheic Finn mheic Rosa ruaidh,
Maicniadh do fuair bás leam neart,
A Eimhir ag sin a cheann,
Airdrí[o]gh Laighean na lann mbreac⁷¹².

Cia an ceann-soin ghabhais id láimh,

§109⁷¹² A2 = *Airdrígh Laighean na learg* ttais

A Chonail mhóir, ní báidh linn,
Ó nach maireann Cú na gCleas,
Ciodh fá bhfuile ar leas an chinn.

Ceann mheic Fearghusa na n-each,
Muireadhach do chreach go Colt⁷¹³,
Mac mo sheathar, an tuir theann,
Do sgaras a cheann ré a chorp.

A Chonail mhóir Mhaighe an Sgáil,
Créad do thuit réad láimh gan lochd,
Do na sluaghaibh do mhill sinn,
Leat i ndíoghail chinn na Con.

Naonmhar 's ceithre ficheid céad,
Adeirim riot fá léan sluaigh,
A dtorchair leam druim ar dhruim,
Do neimh mo chuilg choinnligh chruaidh.

A Chonail, cionnas atáid,
Mná Innse Fáil d'éis na Con,
[An bhfuil cumha orthu um ch[u]ilt nó um chéis]⁷¹⁴,

§109⁷¹³ C = Muireadhach na ccreach noch

⁷¹⁴ A = An bhfuil cumha um choit nó um ghéis, A7 = An bhfuil cumha orthu um cheilt nó um

Nó an dtabhraid sbéis 'na dhol.

An dá gháir do chráidh mo chorp,
A Eimhir óg na bhfolt mbláth,
Gáir chumhadh ní maith a bhfear⁷¹⁵,
Glangháir chaointe bhantrachd mbán.

A Chonaill, is mithigh dhúinn,
Cú Chulainn san úir [do]⁷¹⁶ chor,
Tochlam go foircheann an uaigh,
An leabaidh chumhang chruaidh chloch.

A Eimhir, ciodh do-ghéan féin,
Gan an Cú dom réir fá rath,
Gan mo dhalta fá glan groigh⁷¹⁷,
D'fhaicsin amuigh is amach⁷¹⁸.

A Chonaill, is oircheas damh,
Ní luigheabh lé fear go bráth,
Do-ghéabh bás dá chumhaidh-sin,
A Chonaill, ná ceil ar chách.

cheis
§109⁷¹⁵ A2 = Gair commaoidhthe bhfear ngeleth, C = ar lár
⁷¹⁶ A = dho, C = do
⁷¹⁷ C = Gan mo dhalta *badh teann gliadh*
⁷¹⁸ C = Dfaicsin san bhfiadh *badh maith*

A Chonaill, rachad fan bhfeart,
Is fann mo neart mar atá,
Cuir mo bhéal ar bhéal na Con,
Is oircheas damh dol 'na dhál. // [69]

An Dubh 's an Liath Mhacha mhear,
An dá each fá ghlan a ngníomh,
Gach neach lé a dtorchair a dtriath,
Orra thiar do imris fhíoch. A Chonaill.^{719 720}

110. As a haithle sin do dhéanamh dhóibh leath ar leath do fhuráil Eimhir ar Chonall feart fairsing foirleathan do chumhdach 7 do chomhchloidhe do Choin gCulainn⁷²¹, “ionnas go dtuillfinn-se féin ann,” ar sí, “maraon réam chéile comhaoise,” agus do-rinne an laoidh ann.

111. ⁷²²[Claoitear m[o] fheart budheasda,

Is measadh cach mo neart-sa,

§109⁷¹⁹ C = véarsa breise: Do bheirimhsi a Chonuill fhéil, mar choibhche dhuit féin go bráth, mo bheannacht is mo chur san bhfeart, daoibh is ceart a fhir nach tlath. A2, B = ar lár

⁷²⁰ A2 = FINID, Caillain Caimpbel leis mo laimh ag an peand in cuigeadh la do mi November aon mile se ced ceithre fithid 7 aon deg 1691.

§110⁷²¹ C = *et adubhairt*, a Chuagáin mhanma, ar sí, *et a chara* 7 a *chaoimhleannáin* 7 a aonroghain *dfearaibh na talman*, is iomdha bean do bhí tnúthach liomsa fád cheann gus anois, *et ní badh* beo mé tar héisi, *et do chuaidh a hanm aisde*, *et do hadhnacadh í féin* 7 Cú *Chulainn* ann sin lé Conoll 7 do thóg sé a liagh ósa leacht 7 do sgríobh a nanmanna an ogham *et do fearadh a ccluithe caointe leis féin* 7 lé *hUlaidh* uile. *Gonadh* í sin Bruisleach Mhór Mhuighe Mhuirtheimhne *et Deargruathar Chonuill Cearrnaigh* go nuige sin. FINIT. Ar ná sgríobhadh lé Aindrias mac

Cruitin an céad lá do mhí Iuilí anno domini 1727.

§111⁷²² A3 = Tá an laoi le fáil, A, A2, B, C = ar iarraidh

Innte dá gclaoitear feart,
Do-rad mo chroidhe [i] dtiughleachd.

Atá mo chroidh[e]-se⁷²³ ag maidhm,
Tar éis a reanna ruadh airm,
An t-arm ruadh dá bhfuil do fhirt,
Gan co[i]n⁷²⁴ nó Cú agá imirt.

Cionnas bheid ar tulchaibh thall,
[Cumhsgraidh]⁷²⁵, Cormac, is Conall,
Cionnas bheid ar tulchaibh thoir,
Deic[h]tin, Conchobhar, [Cathfadh]⁷²⁶.

Cionnas bheid an bhantrachd bhuan,
Agus [macraidh]⁷²⁷ na mórshluagh,
Cionnas bheid Ulaidh abhus,
Is iad uile gan mhórmhaitheas.

Maith é ag imdhídean [Uladh]⁷²⁸,
Maith é ag milleadh Mór-M[h]umhan,
Maith é ag méadhughadh na ófann,

§111⁷²³ A3 = chroid-se, A4 = chroidhesi
⁷²⁴ A3, A4 = con
⁷²⁵ A3 = Comscradh
⁷²⁶ A3 = Cathbhoith
⁷²⁷ A3 = macraidhe, A4 = macraidh
⁷²⁸ A3, A4 = Ulaidh

Maith é ag indabhadh eachdrann.

Dursan laoch i lighe cró,
Dursan [a] éag, dursan a oidheadh,
Dursan a chorp d'éis a chinn,
Do bheith in áit eisinnill.

Ionmhain aghaidh is lán d'fhuil,
Deagmhac seathar Chonchobhair,
In dingne neach tar a éis,
A oirbheart arna aisnéis.

Cosmhail liom-sa riochd na Con,
Cosmhail mo riochd-sa leis-sean,
Ro[b] beachd ionann ár ngeasa,
Robsad cubhaidh comeasa.

Ionann dúinn saoghal abhus,
Ionann feachd fríth ar fhlaitheas,
In éinfheachd ó sin i leith,
Fríth ar mba[i]this⁷²⁹ geintlidhe.

At-bheart Mannann méd nglainn,

§111⁷²⁹ A3 = bathis, A4 = baithis

Riom-sa is re Cú Chulainn,

Cosmhail bhar gciall is bhar gconn,

Cosmhail bhar bhfiadh is bar bhfea[rann]⁷³⁰.

Nochar chaith cuid 'na aonar,

Níor ghabh fearg achd re faobhar,

[Ní]⁷³¹ raibh a comhmaith ag mnaoi,

Ar druim an domhain dreachnaoi].

§111⁷³⁰ A3 = ar lár, A4 = bhfeairionn
⁷³¹ A3 = ar lár, A4 = Ni